

Eagarthóireacht
Phádraig Mhic Phiarais
ar an gClaidheamh Soluis

le

Regina Uí Chollatáin B.Ed.

Mórthráchtas M.A.

le cur faoi bhráid

Roinn na Nua - Ghaeilge

Coláiste Phádraig

Má Nuad

Iúil 1998

Ceann na Roinne:

An tOllamh Ruairí Ó hUiginn

Stiúrthóir:

Aisling Ní Dhonnchadha

Clár

Achoimre	vii
Nótaí Buíochais	x
Noda	xi
Réamhrá	xii
Caibidil a hAon:	1
Pádraig Mac Piarais agus an Claidheamh Soluis	
1.1 Pádraig Mac Piarais - an duine	2
1.2 An Claidheamh Soluis	18
Caibidil a Dó:	28
Eagarthóir	
2.1 Tús a thréimhse eagarthóireachta	28
2.2 Na modhanna a d'úsáid an Piarasach chun a chuspóirí a chur i bhfeidhm	30
2.2.1 Iris go Nuachtán	32
2.2.2 An bhéim ar Ghaelú an nuachtáin chun athbheochan na tíre agus na teanga a chur chun cinn	48

2.2.3 An tEagarthóir é féin: Na buanna eagarthóireachta a tháinig chun cinn i rith a thréimhse eagarthóireachta	55
Caibidil a Trí:	60
Oideachas	
3.1 An léargas a fhaightear ar fhealsúnacht oideachais an Phiarsaigh	60
Oideachas Gaelach Náisiúnta	60
A pholasáí sa CS chun a fhealsúnacht a chur i bhfeidhm	67
3.2 An tuiscint a léirítear sa CS ar stáid oideachais na hÉireann	
ó 1903 - 1909:	70
Bunoideachas	70
Meánoideachas	76
Ardoideachas	79
Caibidil a Ceathair:	90
Litríocht (agus na hEalaíona eile)	
4.1 Fealsúnacht liteartha an Phiarsaigh	90
4.2 An dul chun cinn a rinne an Piarsach ó thaobh litríocht na hÉireann a chur os comhair léitheoirí an CS i rith a thréimhse eagarthóireachta	101
4.3 An léargas a fhaightear ar Ealaíona na hÉireann ó 1903 - 1909 sa CS	108

Caibidil a Cúig:	110
An Teanga	
5.1 Teoiric ar fheidhm Theanga	110
5.2 Dátheangachas	111
5.3 An ceangal idir Teanga agus Náisiún	115
5.4 Cur i bhfeidhm na teorice faoin gceangal idir Teanga agus Náisiún	117
Caibidil a Sé:	124
Conradh na Gaeilge	
6.1 An tacaíocht, an spreagadh agus an chomhairle a thug an Piarasach do lucht léitheoireachta an <i>CS</i> chun fealsúnacht an Chonartha a chur i bhfeidhm	124
6.2 An obair a rinne an Piarasach mar eagarthóir an <i>CS</i> , ar son an Oireachtais agus ar son na bhféilte a ceiliúradh i rith na bliana	131
6.3 An pháirt ghníomhach a ghlac Pádraig Mac Piarais, mar eagarthóir an <i>CS</i> i gcúrsaí polaitíochta, i gcúrsaí airgeadais agus i gconspóidí an Chonartha	136
Caibidil a Seacht:	145
Tír na hÉireann	
7.1 Tuairimíocht an Phiarsaigh ar Éirinn	145
7.2 Cúrsaí Eacnamaíochta	149

7.3 Cúrsaí Sóisialta	157
7.4 Cúrsaí Polaitíochta	170
7.5 Cúrsaí Creidimh	173
Caibidil a hOcht:	178
Conclúidí	
8.1 An dóigh a ndeachaigh an Piarsach i ngleic le Gaelú na hÉireann agus an droichead a thóg sé idir muintir na Gaeltachta, agus gnáthmhuintir na hÉireann	181
8.2 An léargas a thug an Piarsach ar shaol na hÉireann agus a fheiliúnaí is atá an tuairimíocht a bhí aige ar chúrsaí na hÉireann don lá atá inniu ann	182
8.3 An léargas a fhaightear ar mheon an Phiarsaigh féin mar dhuine agus mar eagarthóir nuair a bhí sé i mbun eagarthóireachta	193
Tagairtí	197
Aguisíní:	
Aguisín a hAon	236
Aguisín a Dó	261
Aguisín a Trí	268
Aguisín a Ceathair	312
Aguisín a Cúig	317

Aguisín a Sé	323
Aguisín a Seacht	338
Leabharliosta	344

Achoimre

Sa tráchtas seo, pléadh an léargas a fhaightear ar mheon Phádraig Mhic Phiarais agus é ina eagarthóir ar an gClaidheamh Soluis. I réamhrá an tráchtais, gheofar forbairt ar chuspóirí, ar mhodh oibre, ar ábhar an tráchtais, ar phointí eolais ar leith agus ar phríomhábhar na hachóimre seo.

Chun treo na hoibre agus leagan amach na gCaibidlí a shoiléiriú, cuireadh réamhrá le gach caibidil.

I gCaibidil a hAon pléadh

- (i) saol an Phiarsaigh agus tionchar a shaoil ar a thréimhse eagarthóireachta
- (ii) bunú an *CS* agus tábhacht an nuachtáin in Éirinn ag an am

Pléadh forbairt eagarthóireachta an *CS* agus forbairt an eagarthóra féin - Pádraig Mac Piarais i gCaibidil a Dó.

Gheofar léargas ar fhealsúnacht oideachais an Phiarsaigh mar a léirítear í sa *CS* i gCaibidil a Trí. Gheofar léargas ar an seasamh a ghlac Pádraig Mac Piarais mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha, ar bhunoideachas, ar mheán oideachas agus ar ardoideachas na hÉireann sa chaibidil seo.

Rinne an Piarasach an - obair ar son chur chun cinn litríocht na hÉireann agus é i mbun eagarthóireachta ag tús an chéid. Pléadh an dul chun cinn seo agus dearcadh an Phiarsaigh ar litríocht agus na healaíona mar a léirítear é sa *CS* i gCaibidil a Ceathair.

Ba é tuairim Phádraig Mhic Piarais go raibh dlúthcheangal idir Teanga agus náisiúntacht agus rinne sé sár - iarracht teoiric an Dátheangachais a fhorbairt. Tá tuiscint na dteoiricí seo pléite i gCaibidil a Cúig.

I gCaibidil a Sé pléadh an pháirt ghníomhach a ghlac an Piarasach i ngníomhaíochtaí Chonradh na Gaeilge. Léiríodh fosta gurbh í ceann de phríomhaidhmeanna an Phiarsaigh mar eagarthóir an pháipéar oifigiúil an Chonartha ná fealsúnacht an Chonartha a chur os comhair léitheoirí an pháipéir.

Phléigh an Piarasach an - chuid gnéithe de shaol na Éireann i rith a thréimhse eagarthóireachta. Gheofar léargas ar mheon an Phiarsaigh ar chúrsaí eacnamaíochta, chúrsaí sóisialta, chúrsaí polaitíochta agus chúrsaí creidimh na hÉireann i gCaibidil a Seacht.

Tar -éis dom mo chuid taighde a chur díom ba léir gur eagarthóir den chéad scoth ab ea Pádraig Mac Piarais agus gur thréimhse thábhachtach, fhorbartha i saol an Phiarsaigh féin ab ea a thréimhse eagarthóireachta. Déanfar plé ar an tuiscint a fhaightear ar an dea - obair a rinne Pádraig Mac Piarais maidir le Gaelú na hÉireann agus ar an léargas a fhaightear ar shaol na tíre agus ar an bPiarasach féin de thoradh an tsaothair seo, i gConclúidí an tráchtais i gCaibidil a hocht.

Is buntaighde í an obair seo agus bhí sé riachtanach tuilleadh eolais a chur le corp na hoibre, sé sin, caibidlí an Tráchtais, chun eolas cruinn, cothrom a fháil ar ábhar an taighde. De dheasca sin, tá fiúntas agus tábhacht ar leith ag baint le hAguisíní an

Tráchtais agus is fiú aird a dhíriú orthu chun tréimhse eagarthóireachta an Phiarsaigh i gcomhthéacs ábhar an nuachtáin a thuiscint i gceart.

Nótaí Buíochais

Ba mhaith liom fíorbhuíochas a ghabháil

(i) le Roinn na Nua-Gaeilge, Coláiste Phádraig, Má Nuad as an tacaíocht a tugadh dom le linn mo chuid taighde

(ii) le foireann na leabharlainne i gColáiste Phádraig, Má Nuad as an cabhair a tugadh dom i rith na hoibre seo

(ii) leis na daoine a chuidigh liom ábhar a bhailiú agus eagar a chur ar an tráchtas seo:

An tAthair Cathal Ó Fearraigh, Clár Ní Fheabhail (a chuidigh liom leis an gclóscríbhneoireacht), Seán Mac Mathúna, Ard - Rúnaí, Conradh na Gaeilge, B.Á.C.

agus Iarsmalann an Phiarsaigh, B.Á.C. (a chuir tuairiscí agus ábhar breise ar fáil dom).

(iii) le Bord Bainisteoireachta, Scoil Bhríde, Portlaoise as an síntiús airgid a tugadh dom chun cuidiú le costaisí an tráchtais.

Gabhaim buíochas ar leith leis an Ollamh Ruairí Ó hUiginn, Ollamh le Nua - Gaeilge, Coláiste Phádraig, Má Nuad as an spreagadh a thug sé dom agus mé ag tosú ar an saothar seo.

Gabhaim fíorbhuíochas ó chroí le Aisling Ní Dhonnchadha, Roinn na Nua - Ghaeilge, Coláiste Phádraig, Má Nuad a threoraigh mé agus a chuidigh liom i ngach gné den tráchtas seo. Ba mhór an misneach agus an inspioráid a thug Aisling dom i rith na hoibre.

A bhuíochas do thacaíocht, fhoighne agus spreagadh mo chlainne, Declan, Donnchadh agus Máire, a d'éirigh liom an taighde agus an saothar seo a chríochnú.

Noda

An Claidheamh Soluis

CS

Fainne an Lae

FL

RÉAMHRA

Rinne Pádraig Mac Piarais eagarthóireacht ar an *gClaidheamh Soluis (CS)* ó 1903-1909. Sa tráchtas seo, pléifear na haidhmeanna a chuir an Piarasach os a chomhair, an modh eagarthóireachta a d'úsáid sé chun na h-aidhmeanna sin a chur i bhfeidhm agus an dearcadh a léirigh sé ar an - chuid gnéithe de shaol na hÉireann ag tús an chéid.

Is é cuspóir an tráchtais ná:

- (i) an léargas a fhaightear ar mheon an Phiarsaigh a phlé
- (ii) an obair a rinne sé ar son Ghaelú na hÉireann, mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha, a léiriú
- (iii) na modhanna ar bhain sé úsáid astu chun droichead a thógáil idir muintir na Gaeltachta, muintir na gcathracha agus gnáthmhuintir na hÉireann, a chíoradh
- (iv) a fheiliúnaí is atá tuairimíocht an Phiarsaigh ar chúrsaí na hÉireann don lá atá inniu ann, a scrúdú.

Modh Oibre:

Chun tuiscint shásúil a fháil ar na hábhair uilig a pléadh sa *CS*, caithfear trí rud a chur san áireamh:

- (a) saol an Phiarsaigh féin agus an tionchar a bhí ag a thaithí féin ar a thréimhse eagarthóireachta
- (b) bunú agus forbairt an nuachtáin-an *CS*
- (c) cúlra staire na linne a raibh an Piarasach ina eagarthóir ar an *CS*.

Caibidlí an Tráchtais:

De thoradh mo chuid taighde, ba léir gurbh é príomhchúram an Phiarsaigh agus é i mbun eagarthóireachta ná athbheochan na Gaeilge chun Gaelú na hÉireann agus forbairt na hÉireann a chur chun cinn. Bhí an - bhaint idir an teanga agus an - chuid gnéithe de shaol na hÉireann i rith a thréimhse eagarthóireachta agus ba mhór a thionchar, mar eagarthóir ar an *CS*, ar chúrsaí teanga agus ar ghnáthshaol na linne.

Shocraigh mé ar phríomhábhair an nuachtáin a roinnt suas sna caibidlí mar

(i) ba iad na gnéithe ba thábhachtaí agus ba éifeachtaí i bhforbairt an *CS* mar nuachtán oifigiúil an Chonartha agus

(ii) bhí baint ar leith ag an bPiarsach leis na hábhair chéanna.

Mar gheall air sin, faightear léargas níos cuimsithí ar fhorbairt mheon an Phiarsaigh ó 1903 - 1909.

I gCaibidil a hAon, pléadh saol an Phiarsaigh agus cúlra an *CS* féin agus i gCaibidil a Dó léiríodh polasaí eagarthóireachta Phádraig Mhic Phiarais. I rith a thréimhse eagarthóireachta tháinig forbairt mhór ar theoricí oideachais an Phiarsaigh. Tá an ghné seo dá thréimhse eagarthóireachta pléite i gCaibidil a Trí. Léiríodh an t-éacht a rinne sé ar son chur chun cinn litríocht na hÉireann i gCaibidil a Ceathair. Léirigh sé a dhiongbhailte is a bhí sé cúrsaí teanga a chur chun cinn tríd an taighde a rinne sé ar theoricí teanga i dtíortha áirithe. Tá cúrsaí teanga á bplé agam i gCaibidil a Cúig. Tá an dílseacht a léirigh sé do fhealsúnacht agus d'aidhmeanna an Chonartha agus é ina eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha pléite sa séú caibidil.

Cé gur éirigh leis an bPiarsach aird ar leith a dhíriú ar na gnéithe speisialta seo a raibh suim ar leith aige féin iontu, d'éirigh leis fosta nuacht na linne a chur os comhair léitheoirí an *CS*. Tar éis an tsaoil, nuachtán a bhí ann agus b'éigean dó nuacht a sholáthar dá lucht léitheoireachta. Tar éis dom mo chuid taighde a chur díom, chuaigh sé i gcion go mór orm an dóigh a ndeachaigh an Piarsach i ngleic le cúrsaí eacnamaíochta, cúrsaí sóisialta, cúrsaí polaitíochta agus cúrsaí creidimh na linne agus an ceangal a rinne sé idir cúrsaí na hÉireann agus athbheochan na hÉireann. Deineadh tagairt do nuacht na linne i ngach caibidil sa tráchtas ach tá cúrsaí na hÉireann pléite go mion i gCaibidil a Seacht.

Nuair a shocraigh mé, de thoradh mo chuid oibre, gurbh iad seo príomhábhair eagarthóireacht an Phiarsaigh ar an *CS*, samhlaíodh dom gurbh iad na lúba ba thréine sa slabhra, chun na hábhair seo uilig a cheangal le chéile ná an Piarsach féin agus an *CS* féin. Chun dearcadh cothrom a fháil ar eagarthóireacht an Phiarsaigh ar an *CS*, níorbh fholáir an Piarsach mar dhuine agus an Piarsach mar eagarthóir a chur san áireamh.

Shocraigh mé ar réamhrá gearr a chur le gach caibidil ionas go dtuigfí ábhar agus leagan amach na gCaibidlí. Is éard atá sa réamhrá ná achoimriú ar ranna na caibidle chun tuiscint níos leithne a fháil ar threo mo chuid oibre.

Aguisíní:

Is buntaighde í an obair seo agus de thoradh mo chuid oibre, feictear dom go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le hábhar na nAguisíní sa tráchtas seo. Níl an oiread sin ábhar léitheoireachta ar fáil don té ar spéis leis eolas a fháil faoin *CS* agus mar sin roghnaigh mé go ndéanfainn clárú ar na hábhair ba shuimiúla, dar liom, a pléadh sa *CS*.

Is fiú aird ar leith a dhíriú ar na hAguisíní chun léargas cuimsitheach a fháil ar:

- (i) na hábhair a pléadh sa *CS* agus tábhacht na n-ábhar sin i saol na hÉireann ag an am
- (ii) an bhéim a chuir an Piarsach ar ábhair ar leith i rith a thréimhse eagarthóireachta
- (iii) fhorbairt mheon an Phiarsaigh ó 1903 - 1909
- (iv) líon na n-údar a scríobh tuairiscí agus altanna sa *CS* i gcomhthéacs an tseasaimh a ghlac siad ar ábhair éagsúla na linne
- (v) a éifeachtaí is a bhí an *CS* mar uirlis chumarsáide do mhuintir na Gaeltachta, do mhuintir na Galltachta agus do ghnáthmhuintir na hÉireann ó 1903 - 1909
- (vi) thionchar thuairimíochta na Mór Roinne ar thuairimíocht na hÉireann maidir le cúrsaí oideachais, cúrsaí teanga, cúrsaí litríochta, cúrsaí an Chonartha agus gnáthchúrsaí na tire
- (vii) an iarracht a rinne an Piarsach féin dearcadh níos leithne ar na hábhair a pléadh sa *CS* a thabhairt do lucht a chomhaimsire.

Cé gur léiríodh réim na n-ábhar a pléadh sa *CS* agus an seasamh ar ghlac an Piarsach orthu, i gcorp na hoibre seo .i. Caibidil a hAon - Caibidil a hOcht, ba ró- léir dom nár leor é sin chun léargas cuimsitheach a fháil ar eagarthóireacht an Phiarsaigh ar an *CS*. Glacaimis cúrsaí litríochta chun sampla de seo a léiriú. Cé gur foilsíodh an - chuid altanna agus píosaí litríochta i rith thréimhse eagarthóireachta Phádraig Mhic Phiarais, chun fíorthuisicint a fháil ar an mórshaothar a rinne sé, bhí sé riachtanach príomhábhair na litríochta a phlé i gCaibidil a Ceathair ach chomh maith leis sin, ba ghá breis eolais a sholáthar chun tuiscint agus léargas cothrom a fháil ar an seasamh a ghlac an Piarsach ar ghnéithe áirithe de chúrsaí litríochta mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha. Gheofar an t-eolas sin sna hAguisíní. Mar sin de thoradh mo chuid oibre, dearbhaím

gur cuid riachtanach den taighde seo na hAguisíní agus go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo mar bhunfhoinse eolais de bhrí gur buntaighde atá ann.

Pointí Eolais don Léitheoir:

- Phléigh Pádraig Mac Piarais gach ábhar nach mór, a raibh baint aige le saol na hÉireann sa *CS* ach ba iad na gnéithe ba thábhachtaí a fuair tús áite ann ná an t-oidreachas, an litríocht, na h-ealaíona, an Ghaeilge, Conradh na Gaeilge, an tírghrá agus cúrsaí eacnamaíochta, cúrsaí sóisialta, cúrsaí polaitíochta agus cúrsaí creidimh na hÉireann.
- Chomh maith leis na haltanna a scríobh an Piarsach sa *CS*, scríobh sé sa cholún dar theideal ‘Gleo na gCath’. De ghnáth, bhíodh dhá Eagarfhocal sa pháipéar, ceann amháin i nGaeilge agus ceann eile i mBéarla.
- Pléadh cúrsaí reatha sna colúin ‘Cúrsaí an tSaoghail’ agus ‘Sgéala ó na Cúig Cúigí’ agus foilsíodh altanna a raibh baint acu le cúrsaí na hÉireann i ngach eagrán.
- Ó thaobh litríochta de, bhí colún ar leith sa *CS*. Ba é an t-ainm a bhí air ná ‘Guth na mBard’. I rith thréimhse eagarthóireachta an Phiarsaigh, foilsíodh seanscéalta, nuascéalaíocht, amhráin, dánta, caointe, drámaí agus léirmheasanna ar leabhair a cuireadh i gcló ag an am. Tá an litríocht seo cláraithe sna hAguisíní ag deireadh an tráchtais.

- ‘Cogarnach na gCraobh’ an teideal a bhí ar an gcolún ar foilsíodh tuairiscí ó chraobhacha an Chonartha ann.
- Tugadh seans do ghnáthphobal na hÉireann a gcuid tuairimíochta a nochtadh i gcomhfhreagracht an pháipéir. Ba é an teideal faoinar cuireadh na litreacha i gcló ná ‘Comhairle’.
- Shocraigh mé ar gan úsáid a bhaint as uaschamóga i gcás ainmneacha cleite.
- Is é an giorrú a úsáidtear sa tráchtas seo don pháipéar *An Claidheamh Soluis* ná *CS*.

Táim sásta go gcruthóidh an tráchtas seo gur eagarthóir ar leith ab ea Pádraig Mac Piarais. Bhí sé fadbhreathnaitheach, forásach, diongbhailte agus díograiseach i rith a thréimhse eagarthóireachta ar an *CS*. Faoi mar a deir Donnchadh Ó Súilleabháin: ‘Níl breith ar bith a thabhairt dom ar a thuairimí. Beidh sé soiléir don té a dhéanfaidh staidéar orthu go n-oirfeadh a bhformhór don lá atá inniu ann. Lá le Muire sa bhFómhar, 1980.’ (Ó Súilleabháin 1981, 5)

1. Pádraig Mac Piarais agus An Claidheamh

Soluis

Is Gaedheal mise agus mise 'mo Ghaedheal
Ní fearr d'fhear cách ná mé.
Is Gaedheal mise agus mise 'mo Ghaedheal, ní chasfainn mo chúl le fearaibh an domhain.
Is Gaedheal mise is ní thuigim gur náir damh é.
An tAthair R. De Henebre. (*CS*, 22 Iúil 1905,6)

D'oir an sliocht seo as an *CS* don eagarthóir ag an am - Pádraig Mac Piarais. Chuir sé an sliocht sin isteach, in áit eagarfhocail i nGaeilge don eagrán sin. Is suimiú maith é ar fhealsúnacht an Phiarsaigh. Ar ndóigh más féidir an teideal 'fior- Ghael' a chur ar dhuine, is dócha gur chreid an Piarsach gurbh 'fhíor- Ghael' amach is amach, a bhí ann féin, thar aon rud eile. Is iad na tréithe is láidre a bhraitear óna thréimhse eagarthóireachta ar an *CS*, ná an grá agus an dílseacht don Ghaelachas sin.

Sula dtosófar ar ábhair an nuachtáin agus ar struchtúr an nuachtáin a phlé, fiú amháin sula dtosófar ar eagarthóireacht an Phiarsaigh féin ar an bpáipéar a phlé, caithfear dhá rud a chur san áireamh. Is iad an dá rud sin ná:

(i) Pádraig Mac Piarais féin mar dhuine agus an dóigh a thugtar léargas air sa *CS* agus

(ii) Bunú agus forbairt an nuachtáin féin - *An Claidheamh Soluis*.

1.1 Pádraig Mac Piarais - an duine:

Cén sórt duine ab ea Pádraig Mac Piarais? Cad iad na gnéithe dá shaol a mhúnlaigh a aigne agus é ag fás aníos? Conas a shonraítear na tuairimí a bhí aige óna óige ina chuid scríbhneoireachta sa pháipéar? Cad iad na luacha a bhí aige? Caithfear na ceisteanna seo a chíoradh chun aithne a chur ar an bPiarasach - an duine. Is cinnte go dtuigfear dearcadh an Phiarsaigh ar a chuid eagarthóireachta, i bhfad níos fearr, nuair a thuigtear an sórt duine a bhí ann. Ar dtús, ní miste aird a dhíriú ar an tréimhse inar fhás sé suas.

Ba thréimhse dhorcha, ghruama, éadóchasach í an naoú haois déag do chúrsaí teanga na hÉireann: ‘The nineteenth century was the blackest that the language has ever known.’ (O’Leary, 1994, 2)

Saol cruá, doiligh, trioblóideach a bhí ann do mhuintir na hÉireann agus b’éigean dóibh a gcoíthe a chur isteach ina gcuid oibre chun cúrsaí eacnamaíochta na tíre a fheabhsú. Ba bheag a n-aird ag an am ar chúrsaí teanga ná, ar an ábhar sin, ar chúrsaí ‘teibí’ ar bith eile. Bhí saol na ndaoine agus fealsúnacht mhuintir na hÉireann fite fuaite le praiticiúlacht an tsaoil. Bhí orthu cloí leis na curáimí a bhí ag cur as dóibh ag an am:

Ní raibh cúrsaí na tíre idir 1878 agus 1893 fabhrach do chuspóir an chumainn. (*The Society for the Preservation of the Irish Language*). Ba ar cheisteanna polaitiúla agus eacnamaíochta, ar Chonradh na Talún, ar an bhFéinrialtas, ar éirí agus thitim Pharnell a bhí aire an phobail dírithe. (Williams JE, Ní Mhuiríosa, M., 1985, 337)

D’ainneoin chruatan an tsaoil ag deireadh na haoise, bhí dóchas ann fosta, agus ba ag an am sin ar 10 Samhain 1879 i 27 Sráid Mhór Brunswick a rugadh Pádraig Mac Piarais.¹ Níl fianaise ar bith a léiríonn go raibh an chlann ag streachailt leis an saol ach ní raibh mórán saibhris acu ach oiread. Tagraíonn sé dá óige sa *CS* agus é ag freagairt do litir ó Shéamas Clanníolún, a chuir i leith an Phiarsaigh, go ndúirt an Piarasach gur

chan sé cosúil le ‘peasant’. Ar ndóigh, caithfidh cuimhneamh gur shíl Pádraig Mac Piarais gur rud luachmhar, uasal ab ea an téarma ‘peasant’:

The editor of this paper is himself mainly of peasant extraction, the happiest hours of his childhood were hours spent at the fireside of peasant kinsfolk; from these peasant kinsfolk, he imbibed his love of Ireland and of all things Irish, including Irish traditional singing. Avowing ourselves of peasant stock, we are not conscious of insulting another by applying the same description to him. (‘Traditionalism’, *CS*, 16 Meitheamh 1906, 8)

James Pearse ab’ainm dá athair. Margaret Brady ab’ainm dá mháthair. Is fiú trácht orthu chun dearcadh agus cúlra an Phiarsaigh a thuiscint i gceart. Cé nach bhfuair a athair oideachas foirmiúil ar bith ach amháin an t-oideachas a fuair sé ar scoil an Domhnaigh, duine fiosrach, eolach, intleachtúil a bhí ann. De bhí nar sásaíodh é ar an scoil sin,² d’éirigh sé as agus d’iompaigh sé ó Chaitliceachas go ‘aetheism’. Idir 1870 - 1880, d’iompaigh sé ar ais arís go Caitliceachas. Fiú amháin, ó thaobh cúrsaí creidimh de, feictear ionraiceas athair an Phiarsaigh agus a dhílseacht dá phrionsabail féin agus dá luacha féin.

Mar eagarthóir ar an *CS*, ní raibh Pádraig Mac Piarais leithscéalach ó thaobh labhairt amach in aghaidh na hEaglaise (tréith a phléifear i gCaibidil a Seacht) ach ina ainneoin sin, thug sé tacaíocht mhaith di ar an iomlán. Léirigh sé doimhne a chreidimh féin ina eagarfhocal ‘At Christmastide’ (*CS*, 22 Nollaig 1906). D’admhaigh sé ann, gur shíl sé go raibh luach amháin a bhí níos tábhachtaí ná Gluaiseacht na Teanga agus gurbh é an creideamh an luach sin.

Snoíodóir cloiche ab ea a athair agus bhí substaint an ealaíontóra ann chomh maith leis sin. B’fhearr leis tagairt dó féin mar ‘dhealbhóir’ in ait ‘snoíodóra’. Bhí Pádraig Mac Piarais an-bhródúil as cruthaitheacht a athar agus bhí ardmheas aige ar cheardaíocht a athar. Is dócha gur mhúscail bua ealaíontóra a athar an claonadh céanna ann féin. Dúirt

sé : 'If ever in an Irish church you find, amid a wilderness of bad sculpture, something good and true and lovingly finished, you may be sure that it was carved by my father or by one of his pupils.' (Edwards, 1990, 5)

Cé nach polaiteoir amach is amach ab ea a athair, bhí suim aige i gcúrsaí polaitíochta na tíre agus ar ndóigh, i gcearta na gCaitliceach - rud a léirigh sé ón bhfreagra a d'fhoilsigh sé ar phaimfléad Thomáis Mhic Uidhir (Ollamh le Fealsúnacht mhorálta i gColáiste na Tríonóide). Deireann Edwards(1990) faoin bpaimfléad: 'for all its rambling prolixity, the pamphlet makes it clear that James knew a great deal about open mindedness and objectivity.' (ibid.)

Níl amhras ar bith ach gur shíl Pádraig Mac Piarais gurbh fhearr do dhaoine seasamh suas ar son a gceart agus a nguthanna a ardú, má bhí gá leis. Léirigh a athair a mhisniúla is a bhí sé nuair a scríobh sé an paimfléad sin. Ní raibh sé sásta ligint don ollamh, na hÉireannaigh a mhaslú. Shocraigh sé go ndéanfadh sé machnamh ar an ábhar agus léirigh sé gur duine gníomhach a bhí ann. B'amhlaidh don Phiarsach é agus lean sé leis an ngníomhaíocht i rith a shaoil: 'Na bí ag clamhsán acht déan rud éigin.' ('Imtheacht na nGaedheal', Eagarfhocal, CS, 11 Aibreán 1903, 4) 'Níl éan-rud is fearr chun na fírinne a thabhairt amach ná aighneas beag do dhéanamh ar cheist.' ('An tOireachtas', Eagarfhocal, CS, 9 Bealtaine 1903, 4)

Ar an iomlán d'fhéadfaí a rá go bhfuil sé soiléir gur tógadh Pádraig Mac Piarais le smacht agus le cothroime, agus go raibh sé cleachtaithe le agus go raibh taithí aige ar dhíospóireachtaí oscailte ar ábhair chonspóideacha: 'Discipline means thoroughness. [...] It means system and order and a scientific attention to detail instead of happy go lucky

methods.' ('Discipline', CS, Eagarfhocal, 19 Meán Fómhair 1903, 4) Chleacht sé féin-smacht ina lán rudaí a raibh baint aige leo.

Tríd is tríd, cé gur duine intleachtúil, príobháideach, uaillmhianach ab ea a athair, duine 'warm, impulsive, traditional in her catholicism and very simple in outlook' ab ea a mháthair. (Edwards 1990, 3) Cé nach féidir a rá gur fear simplí a bhí i bPádraig Mac Piarais, (a mhalairt atá fíor i ndáiríre), bhí dearcadh simplí ag an bhfear casta seo ar na hábhair ba chongaraí dá chroí - an náisiúntacht, an teanga agus an t-oideachas:

'Sí Éire agus ní hí a mhalairt, bun agus barr agus tús agus deireadh an sgéil. Is ar Éirinn badh cheart dúinn smaoineadh ar dtús, is d'Éirinn badh cheart tús onóra agus tús grádha a bheith ag dul. ('An Gnó atá romhainn', Eagarfhocal, CS, 14 Deireadh Fómhair 1905,6)

Is dócha gur chuir aintín a mháthar- Aintín Máiréad - síolta na náisiúntachta ann. Pé scéal é, níl dabht ach go bhfuair sé an dúil as cuimse a bhí aige i stair agus i gcúrsaí na hÉireann ó ghaolta a mháthar. Chuidigh Aintín a mháthar le múnlú a aigne:

She loved all who had striven for Ireland from the shadowy heroes of old to those of her own blood and ours who had died in '98 or been imprisoned in '67. Her heart had a corner for the Fianna of Fionn and another for the Fenians of John O'Mahony. ('Folklore and the Zeitgeist', Eagarfhocal, CS, 19 Bealtaine 1906, 6)

Deir Ruth Dudley Edwards gur threoraigh sí dearcadh an Phiarsaigh agus gurbh as sin a d'fhás 'crann na náisiúntachta' ann.³

Léirigh sé tréithe ceannais i rith a shaoil. Cé go raibh ceathrar páiste ina chlann - Pádraig, Liam, Máighréad agus Máire Bríd,⁴ bhí caidreamh ar leith aige lena dheartháir Liam:

Later acquaintances were to be classed as 'friends' certainly but Willie's position in Patrick's hierararchy of affections points to a deficiency in the language: comrade, confidant, intimate support, mirror, doppelganger, Willie

satisfied al these needs and nobody else came so close to Patrick. (Edwards, 1990, 12)

Chuaigh sé féin agus Willie ar Scoil na mBráthar, Sraith an Iarthair i 1891, tar -éis dó freastal ar naíscoil phríobháideach i Sráid na bhFininí.(Féach nóta a Ceathair) Chríochnaigh sé a chúrsa scoile i 1896 agus bhain sé duais ar leith sa scrúdú sinsearach. Pléifear a pholasaithe oideachais i gCaibidil a Trí ach tá dhá ghné dá chuid tuairimíochta arbh fhiú trácht orthu anseo de bhrí gur dócha go raibh an-tionchar ag an bhfealsúnacht seo ar a shaol i gcoitinne agus ar a thréimhse eagarthóireachta ar an *CS*. Is léir go raibh dlúthcheangal idir a fhealsúnacht agus a oideachas féin agus gur fhorbair sé na luacha seo óna oideachas pearsanta.

Ar an gcéad dul síos, mheas sé gurbh ionann oideachas ceart agus déanamh charachtar an duine: ‘The real education consists in the forming of the child’s character, the drawing out of his faculties, the disciplining of his intellect.’(‘The Philosophy of Education’, Eagarfhocal, *CS*, 12 Samhain 1904, 6)

An dara tuairim a bhí aige ná go raibh géarghá le hoideachas chun

(i) forbairt agus náisiúntacht na tíre a chur chun cinn agus

(ii) chun fíorshaoirse an Éireannaigh a bhaint amach: ‘Is í an cheist seo an bun rúta ar a bhfásann crann mór ár Náisiúntachta is ár nirt, craobh ár leasa is ár lán-tsaoirse.’ (‘An tAos og’, Eagarfhocal, *CS*, 8 Deireadh Fómhair 1904, 6) Shíl sé san eagarfhocal seo go rabhthas ag brath ar an oideachas chun aigne an aois óig a mhúnlú agus a threorú i dtreo na náisiúntachta. Shíl sé, i ndáiríre, go raibh sé de dhualgas ar na scoileanna, Gaelachas a fhorbairt agus a chothú: ‘In fact every moment and incident of the school life may be made to contribute its quota towards fostering Irish Nationality, Irish Self-

respect and Irish Culture.’ (‘Sham Teaching and Real Teaching’, Eagarfhocal, CS, 14 Samhain 1903, 4)

I 1901, bhain sé amach Céim B.A. agus B.L. i gColáiste na Tríonóide cé nár chleacht sé an dlí ach aon uair amháin i 1905.⁵ (Cás faoi ainmneacha Gaeilge ar chairteacha.) Ar ndóigh, phléigh sé ceist na n-ainmneacha Gaeilge ar chairteacha sa CS agus thagair sé go minic don chás thuasluaite (Féach Caibidil a Seacht). Níl dabht ach gur chuidigh a oiliúint seo lena chuid scríbhneoireachta sa pháipéar. Deir Séamas Ó Buachalla :

D’fhág an oiliúint intinne a fuair sé mar dhlíodóir a lorg ar stíl scríbhneoireachta an Phiarsaigh agus ar an módh argóna a chleachtadh sé i gcúrsaí iriseoireachta sa Chlaidheamh Soluis. (Ó Buachalla, 1979,18)

Ní gá dúinn ach amharc ar an tslí oscailte, dhána as ar bhain sé úsáid chun ceisteanna na tréimhse sin a phlé - ceisteanna oideachais, ceisteanna litríochta, ceisteanna teanga, ceisteanna tíre agus conspóidí an Chonartha. Pléifear na hábhair sin uilig sna caibidilí atá le teacht.

Ar ndóigh, d’eascair stíl scríbhneoireachta agus cumas argóna an Phiarsaigh ón oideachas a fuair sé féin, nach mór. Bhí bráthair amháin dárbh ainm Justus Maunswell a raibh an-tionchar aige air agus é ag freastal ar Scoil na mBráithre. Deir Donnchadh Ó Súilleabháin: ‘Chuaigh teagasc na mBráithre go mór i bhfeidhm air agus go háirithe teagasc na beirte seo ó thaobh na Gaeilge de, an Bráthair Móinséil agus an Bráthair Ó Cabháin.’ (Ó Súilleabháin, 1981, 7) Ba é ceann de na céad léirmheasanna a scríobh sé sa CS ná an léirmheas ar *Gráiméar na Gaedhilge* leis na Bráithre Críostaí. Críochnaíonn sé an léirmheas le: ‘An exhaustive index completes what is beyond question, the best Irish Grammar ever published.’(‘Gráiméar na Gaedhilge’,CS, 16 Bealtaine 1903, 3)

Bhí ardmheas aige fosta ar an Athair Ó Gramhnaigh. Tá a lán tagairtí déanta aige dó, go háirithe sna blianta 1903 agus 1904: ‘Ní misde dúinn a rádh, ná gur cailleadh ceann de leomhain na Gaedhilge nuair d’éag an deagh-fhear ealadhnta sin.’ (‘An tAthair Ua Gramhnaigh’, Eagarfhocal, CS, 26 Meán Fómhair 1903, 4) Sa chéad eagarfhocal eile chlúdaigh sé sochraid an Athar Uí Ghramhnaigh i nGaeilge agus i mBéarla (‘An tSochraid’, ‘An example and a memory’, Eagarfhocal, CS, 3 Deireadh Fómhair 1904, 4). Bhain sé úsáid as *Simple Lessons* Uí Ghramhnaigh, chun an teanga a chur ar fáil do scoláirí sna leathanaigh ar ‘oideachas’ sa pháipéar. Ina eagarfhocal ar 27 Eanáir 1906, scríobh sé gurbh é an leabhar ab fhearr é mar fhoinsé eolais don oide. Chuir sé an leabhar i gcomparáid leis *An Módh Réidh* agus *An Mac Leighinn* (‘The Function of a text book’, Eagarfhocal, CS, 27 Eanáir 1906, 6). Nuair a chuir Úna Ní Fhaircheallaigh an *O’Growney Memorial Volume* i gcló, dúirt sé gurbh éard a bhí ann ná: ‘a beautiful record of the most beautiful life that has been lived in Ireland in our time.’ (‘Father O’Growney’, Eagarfhocal, CS, 21 Bealtaine 1904, 6)

Ard-mholadh a bhí ann agus cé gur fios dúinn go raibh an claonadh ann dul thar fóir le moladh agus gur chleacht sé úsáid shárchéimeanna na n-aidiachtaí de ghnáth, ní féidir a shéanadh go ndeachaigh saol an tsagairt seo i bhfeidhm go mór ar an bPíarsach. Is teastas é don mheas a bhí aige air, an méid tagairtí a rinne sé dó agus é ina eagarthóir ar an CS.⁶

Duine eile a raibh ardmheas aige air ná Dubhghlas de hÍde. Níl aon dabht ach go raibh an t-ómós a thug sé dó tuillte go maith aige. Ní gá dúinn ach na píosaí a luann sé é iontu a léamh. Ó mhí na Samhna 1905 go mí Meithimh 1906, choinnigh sé súil ghéar ar thuras an Chraoibhín go dtí na Stáit Aontaithe:⁷ ‘Ireland has sent forth the noblest

and the best loved of her sons to speak for her to America; and America knows it.’
(‘The Capture of New York’, *Eagarfhocal*, *CS*, 2 Nollaig 1905, 7)

Bronnann sé an teideal ‘Ard rí na nGaedheal’ air nuair a dhéanann sé tuairisc ar an bhfáilte a cuireadh roimhe nuair a tháinig sé ar ais arís (‘Ard rí na nGaedheal’, *Eagarfhocal*, *CS*, 30 Meitheamh 1906, 6). Is cinnte áfach, go raibh sé beagainín baothdhóchasach nuair a d’iarr sé ar lucht léitheoireachta an *CS* áras an Chraoibhín a cheannach ar ais dó nuair a cuireadh ar díol é. Tagraíonn sé don ghníomh seo dhá uair in aon eagrán amháin: ⁸

Tá seanárus an Chraoibhín. i. Rath -Treagh i gCo. Ros Comáin le díol anois. Ar n-a clos sin do roinnt dá chairdibh, cheapadar go mb’uasal agus go mb’ionmholta an gníomh é dá mbaileochadh Gaedhil a oiread airgid is a cheannóchadh thar barr amach é agus annsin é a bhronnadh ar an gCraoibhín mar ionad comhnaidhte dó féin agus dá chlainn a fhaid’s is buan iad. Is dóigh liom go mbeidh Gaedhil na hÉireann ar aon aigneadh leis an gcomhairle sin. (‘An Craoibhín’, ‘Cúrsaí an tSaoghail’, *CS*, 22 Feabhra 1908, 3)

Is cruthú é seo ar an dearcadh meánaicmeach a bhí aige maidir le Gaeilgeoirí na tíre. Ina ainneoin sin is uile, rinne sé sár-iarracht i gcónaí imeachtaí agus taisteal an Chraoibhín a chur i bhfianaise léitheoirí an *CS* agus scríobh sé faoi gach uair le hómós agus le meas.

Luann Séamas Ó Buachalla daoine ar leith a raibh tionchar acu ar Phádraig Mac Piarais.⁹ Duine amháin díobh ab ea Tomás Ó Flannghaile, a scríobh a lán altanna ar ‘Irish Family Names’ agus ‘Notes on the New Irish Dictionary’ sa *CS* i 1904 agus 1905.¹⁰ Scríobhann an Piarasach faoin tionchar mór a bhí aige air agus é ag déanamh léirmheasa ar a leabhar *For the Tongue of the Gael*:

The present writer remembers selecting the first edition of *For the tongue of the Gael* as portion of a school prize. A few months later, liberated from the tyranny of the Intermediate, his first act was to ferret out the haunt of the pioneer Gaelic Leaguers in a certain dim room at the top of a house in Dame Street.

Leanann sé ar aghaidh

Irish the lad had known in a way for several years previously, but the spirit of the Irish Revival first blew in upon him from the pages of Tomas Ó Flannghaile. It is a debt which he will never be able to repay. ('For the tongue of the Gael: By Tomas O Flannghaile', *CS*, 5 Deireadh Fómhair 1907,8)

Luann Séamas Ó Buachalla an Dochtúir G. Sigerson, Tone, Emmet, Davis agus Mitchel fosta. As a bheith ag féachaint ar an méid scríbhneoirí eile a chuir altanna i gcló sa *CS*, is léir go raibh ard-mheas aige ar scríbhneoirí áirithe thar scríbhneoirí eile - 'Madra Maol', 'Beirt fhear', 'Torna', 'Gruagach an Tobair', 'Dairbreach Dána', 'Máire Ní Shíthigh', 'Eibhlín Nic Niocaill', 'Cú Uladh', 'Pádraig Ó Dálaigh', 'Conan Maol', 'Diarmuid Donn', 'Marbhán', 'Máire De Buitléir', 'Eoin Mac Néill', 'Seosamh Laoide', 'Úna Ní Fhaircheallaigh', 'Alice L. Milligan', 'Uilliam Ó Riain', 'Íbh Máine'. Tá príomhaltanna agus léirmheasanna na n-údar seo cláraithe sna hAguisíní.

Chun an duine príobháideach sa *CS* a thuiscint, caithfear na gnéithe atá luaite go dtí seo a chur san áireamh. Bhí sé dian air féin agus ar ndóigh bhíodh sé ag súil leis an gcaighdeán céanna óna chomhdhaoine: 'Tá aon rud amháin atá ar chumas gach éinne - a dhícheall.' ('Déanam ár ndícheall', Eagarfhocail, *CS*, 5 Eanáir 1907, 3)

Níor ghéill sé do thuairimíocht an Éireannaigh ach oiread. Nuair a bhí sé ag scríobh faoi Choláiste na Tríonóide i 1903, d'admhaigh sé: 'Irishmen are often prone to think that the hand of God has been heavy upon them.' ('The British University', Eagarfhocail, *CS*, 31 Deireadh Fómhair 1903, 4) Scríobh sé nárbh ionann sin is a rá go raibh leithscéal acu gan díospóireacht a dhéanamh ar an ollscoil Ghaelach.

I ndáiríre, is cinnte go ndearna sé a dhícheall i rith a shaoil, ach léirigh sé a dhéine is a bhí sé ar mhuintir na hÉireann agus é ag ceistiú díograis agus dílseacht na nÉireannach i

1906: ‘Níor chaill Dia ar náisiún riamh nár chaill uirthi féin.’ (‘Os cionn na Farráige’, Eagarfhocal, *CS*, 13 Deireadh Fómhair 1906, 6) Roimhe sin, bhí sé amhrasach faoi cheangal na nGael don chúis. Is léir gur shíl sé nár leor dóibh a bheith ag fanacht le duine eile chun tús a chur leis an ngníomh. Bhain sé úsáid anseo as an dóchas a bhí aige féin le náisiúntacht na tíre a chur i gcrích, chun a chomhÉireannaigh a ghríosú:

But there is an individuality which shows itself in power of judgement, power of initiation and execution, power of co-operation and organisation, the individuality which is ready to accept personal responsibility and to utilize its own resources, which pours out what it has of good rather than wait for a suction pump to extract it. (‘The Individual’, Eagarfhocal, *CS*, 1 Meán Fómhair 1906, 6)

Duine réabhlóideach a bhí ann. Deir Críostóir Mac Aonghusa: ‘Ba réabhlóidí an Piarsach ó bhun go barr. Ba réabhlóidí é i gcúrsaí polaitíochta agus i gcúrsaí oideachais agus ba réabhlóidí i gcúrsaí scríbhneoireachta é.’ (Mac Aonghusa, 1972, 116) Tá an tréith seo le mothachtáil i rith a chuid scríbhneoireachta sa *CS* ach uaireanta, tagann sé amach lomnacht ag craobhscaoileadh a chreidimh féin:

cia an chomhairle atá ceaptha ag Dia dúinn? [...] is tairbheach an rud é machtnamh do dhéanamh ar an gceist. Déanaimis gníomhartha. Bímis ag corruighe. Bímis ag obair. Bímis ag troid. (‘Leanam Lorg na Laochradh’, ‘Cúrsaí an tSaoghail’, *CS*, 20 Deireadh Fómhair 1906, 3)

agus arís nuair a bhí sé ag scríobh faoi cheist na hollscoile Gaelaí: ‘Bhí dúil ag Gaedhealaibh sa troid riamh. Is fearrde iad é.’ (‘Anois nó riamh’, ‘Cúrsaí an tSaoghail’, *CS*, 5 Nollaig 1908,3)

Rinne sé sár-iarracht a bheith dílis don chúis agus dá chuid oibre. As an dílseacht sin a d’eascair an diongbhailteacht a chleacht sé i ngach rud a raibh baint aige leis. Léirigh sé

a dhiongbhailte is a bhí sé nuair a chuir sé isteach ar phost an eagarthóra don *CS*.¹¹ Pléifear an gné seo d'eagarthóireacht an Phiarsaigh i gCaibidil a Dó. Bhíodh sé i gcónaí réidh cibé rud a bhí riachtanach a dhéanamh, chun a chuid 'idéal' a chur i gcrích. Nuair a bhí sé ag iarraidh baill an Chonartha a ghríosú chun a ndícheall a dhéanamh do sheachtain an Oireachtais sa bhliain 1903, scríobh sé: 'Our reply may take the form of that great reply of Parnells to one who asked a similar question: "I shall never be the one to say: Thus far and no further" .' ('Next Week', *Eagarfhocal, CS*, 9 Bealtaine 1903, 4)

Léirigh sé an tréith seo fosta agus é ina bhall ar Chonradh na Gaeilge. D'fhreastail sé go rialta ar na cruinnithe agus chuir sé suim dhochreidte in aon choiste ar ar toghadh air é.¹² I mí Meithimh 1900, toghadh é mar rúnaí ar Choiste na bhFoilseachán agus d'éirigh leis éacht a dhéanamh nuair a bhí sé ann.¹³ Ar ndóigh, d'fhéadfaí a rá gur tugadh aitheantas ceart do Chonradh na Gaeilge mar fhoilsitheoir aitheanta de thoradh dhiongbhailteacht an Phiarsaigh:

The range and score of the committee's publications over this period provide the universal truth than one man with determination can force his will on a group of less single-minded fellows. (Edwards, 1990, 41)

Ní féidir a shéanadh ach go raibh Pádraig Mac Piarais cúnagaieantach uaireanta agus dá shine a d'éirigh sé is ea is cúnagaieantaí a d'éirigh sé. Ní thagann an tréith seo trasna ró-mhínic sa *CS*, i ndáiríre a mhalairt atá fíor.

Níor chaill sé riamh a dhúil sa dúlra agus i saol na tuaithe áfach - rud a thagann trasna arís is arís eile sa *CS*:

Níorbh áille aon tréith de thréithibh uaisle an tsean-Ghaedhil ná an grád do bhí i n-a gcroíde do chnocnaibh agus do ghleanntaibh, d'aibhnibh agus d'esaibh, do choilltibh agus do chuantaibh a thíre dúthchais. [...] Tréith eile nach maireann i nGaedhealaibh an lae indiu, an bháidh do bhíodh ag an sean -

Ghaedheal le hainmhidhthibh agus le héanlaith agus le miondaoinibh éagsamhla na coille. ('Smaoineadh', Eagarfhocal, CS, 21 Aibreán 1906, 6)

Deireann sé gur ábhar filíochta a bheadh ann dúinn dá mbeadh an 'ghrádh don áilneacht' sna Gaeil sa fichiú haois. ('Sóisgéal', 'Cúrsaí an tSaoghail', CS, 12 Eanáir 1907, 3) Ar ndóigh, braitear an tuiscint a bhí aige don dúlra ina chuid scríbhneoireachta i gcoitinne, ach tagann láidreacht an mhothaithe trasna ina altanna agus ina eagarfhocail sa CS de bhí go labhraíonn sé go díreach le muintir na hÉireann. Pléann Aisling Ní Dhonnchadha na háistí seo. Deir sí gur chóir dúinn smaoinemh ar: 'na háistí úd a d'fhoilsigh sé in CS 1906-7, áit ar thaispeáin sé cé chomh domhain is a bhí an tuiscint agus an chomhbhá aige don dúlra is do na héin.'

Leanann sí ar aghaidh ag rá gur:

cóngaraí go mór é an Piarsach do dhéine mothúcháin is d'áilleacht fise na seanfilíochta dúchasáí ná d'aon fhoinse ionspioráide eile ina thuiscint do shaibhreas an dúlra.' (Ní Dhonnchadha, 1981, 530)

B'fhéidir gur mhothaigh sé féin go raibh caidreamh ar leith aige leis an dúlra agus go raibh sé i dteagmháil le nadúr dúchasach na hÉireann. In aon chor, bhíodh sé i gcónaí ar thóir na firinne. Mar sin, ní haon ionadh gur fhág an dúil sin a bhí ann, chun an fhírinne a thoraíocht, a rian ar a chuid scríbhneoireachta sa CS:

Ár gcéad chomhairle do Ghaedhealaibh, biodh cuspóir uasal 'ideal' mar a déarfadh an Béarlóir, i gcómhnaidhe os a gcomhair amach aca. [...] An dara comhairle, biodh smaointe móra uaisle de shíor i lár ár gcroíde againn [...] Siúbhal amach fán tuath. Rud eile an té mar chomhairlighmid, beidh sé 'na dheaghdhuine. Beidh urraim aige don cheart agus don bhfírinne. ('Seanmóir', 'Cúrsaí an tSaoghail', CS, 27 Deireadh Fómhair 1906,3)

Bhí tréith an ionraicis go láidir ann fosta. Phléigh Cathal Brugha an tréith sin ann agus é ag scríobh air i 1922:

He became editor of *An Claidheamh Soluis* early in the present century and held that position until he started St. Endas. The organ of the Gaelic league did real solid work while he was in charge of it. He and some of his contemporaries

did not always agree on language matters and Pádraig was no mean controversialist when he took up his pen. Still there were no bones broken, for no-one could help admiring the sterling honesty of the man. (Ó Súilleabháin, 1981,115)

Ar ndóigh, bhí conspóid idir Cathal Brugha agus Pádraig Mac Piarais ar ábhar na dtaillí don Ghaeilge mar ábhar breise. Tagraíonn Pádraig Mac Piarais don easontas seo agus léiríonn sé an dearcadh a bhí aige ar ionraiceas agus ar dhíospóireacht oscailte:

The views of Gaels who disagree with us are just as sure of a place in our columns as the views of the Gaels who agree with us, always provided that the ordinary journalistic decencies are observed. 'Hear all sides' has been the motto of 'An Claidheamh', since its foundation. ('The Fees Controversy', Eagarfhocal, CS, 4 Aibreán 1908, 9)

Chuir an Piarasach litir Chathal Bhrugha i gcló anseo ach i ndeireadh na dála bhí Cathal Brugha carthannach agus cothrom go leor a chearta a thabhairt don Phiarsach agus ionraiceas, macántacht agus simplíocht an duine féin a aithint. Mar a dúirt an Piarasach féin faoin gCraobhín: 'A characteristic of most men who have great stuff in them is their simplicity.' ('An Craobhín Aoibhinn', CS, 18 Aibreán 1903, 5)

Chreid sé go láidir i gcomhbhráithreachas agus shíl sé go raibh aontacht de dhith chun tír na hÉireann a chur ar bhealach a leasa: 'Tá, go mbadh cheart dúinn oibriúghadh le chéile guala ar ghualainn.' ('Gabhaim le chéile', Eagarfhocal, CS, 26 Lúnasa 1905, 6)

Chuir sé an milleán ar easpa aontachta, do na heachtraí tubaisteacha a tharla i Stair na hÉireann:

Is é an rud is mó a ghoilleann ar dhuine ag léigheamh staire na hÉireann dó, ná an mí-ádh a thagadh ar ghach deagh-obair dár cuireadh ar siúbhal i nÉirinn riamh tré easbaidh aondachta is comhbhráithreachais. ('Cuidigheam le chéile', Eagarfhocal, CS, 21 Bealtaine 1904. 6)

Níor tugadh seans dó, i ndáiríre a fhorbairt iomlán a chomhlíonadh. Bhíodh sé i gcónaí ag iarraidh an t-éacht ba dhéine agus ba fhiúntaí a chríochnú go hiomlán is go foirfe. Níor éirigh leis é sin a chomhlíonadh i gcás a shaoil féin, ach sna blianta gearra dá shaol, chuir sé a lán síolta agus cé go bhfaca sé toradh a chuid oibre, bhláthaigh formhór na síolta tar éis a bháis.

Chreid sé go daingean sna cúiseanna a bhí faoi chaibidil aige. Thar aon rud eile, bhí muinín aige as féin agus thuig sé a thábhachtaí is a bhí sé don duine daonna bheith muiníneach chun a aidhmeanna agus a chuspóirí a chur chun cinn. D'fhéadfaí a rá, gur shíl sé nárbh fhiú don ghnáthdhuine dul i mbun oibre gan muinín a bheith aige no aici, as nó aisti féin: 'Ní dhéanann éinne rud ar bith gan muinghín bheith aige as féin.' ('Buídhne léighte', Eagarfhocal, *CS*, 12 Nollaig 1903, 4) Bhí sé ag caint anseo ar an ngéarghá a bhí le mothachtáil i measc Ghaeilgeoirí na hÉireann, an teanga a chloisteáil agus a léamh, chun misneach a chothú iontu féin dul i mbun léitheoireachta. Léirigh sé na luacha seo uilig a bhí aige idir 1903 -1909 agus é ina eagarthóir ar an *CS*.

Ag an deireadh, b'éigean dó éirí as, chun a fhuinneamh a chur i dtionscnamh eile a bhí níos giorra dá chroí -bunú Scoil Naomh Éanna. Bhunaigh sé a shaol ar dhóchas. Choinningh sé na cuspóirí a bhí aige díreach os a chomhair i rith an ama. Fiú amháin nuair a bhí gach rud ag dul ina choinne, níorbh eagal dó an íobairt ba mhó a dhéanamh. Is féidir a admháil, ar ndóigh, gurbh é seo nadúr an Phiarsaigh, - dul ó mhaol go mullach agus gur spreag dóchas bréagach é in amanna, sa dóigh gur chaill sé fis an tsuímh réadaigh. Ach is é an nóta is treise a shonraítear óna scríbhneoireacht sa *CS* ná nóta an dóchais. Mar a scríobh sé féin in *The Story of Success*, agus é ag scríobh faoi Sgoil Éanna: ' "I have constantly found that to desire is to hope, to hope is to believe,

and to believe is to accomplish." So it was to be throughout his life.' (O Leary, 1994, 129)

Go dtí seo, pléadh, ar an iomlán taobh príobháideach an Phiarsaigh. Cosúil le cách, bhí dhá thaobh aige - an duine poiblí agus an duine príobháideach. Nuair a bhí sé ina eagarthóir ar an *CS* chualathas guth an duine phoiblí taobh le guth an duine phríobháidigh. Cloistear an duine poiblí sa *CS* i bhfad níos minice ná mar a chloistear an duine príobháideach. Ní féidir scoilt iomlán a dhéanamh eatarthu. Gan dabht, bhí na hábhair a phléigh sé go poiblí an - tábhachtach dó féin, mar dhuine daonna ann féin cé nach raibh i gceist aige ag an am, ach guth poiblí agus ardán a thabhairt don ghnáthduine. Curáimí na tréimhse inar fhás sé suas ab ea na hábhair sin. Mar sin, cé go labhraíonn sé amach agus go scríobhann sé mar dhuine poiblí, ta blas phearsantacht an Phiarsaigh sna tuairiscí sin chomh maith.

Bhí trí bhunsmaoineamh aige ar ar bhunaigh sé a scríbhneoireacht poiblí sa *CS*.

Chreid sé

(i) go raibh náisiúntacht na tíre agus saoirse na tíre fite fuaite le hathbheochan na

teanga:

If the nation is resolved to do this thing - to save its language, and with its language its nationality, what earthly power can prevent it?. [...] If we really WILL that the Irish nation should live, then to doubt the success of the language movement, is to doubt the existence of God. ('Misneach!', Eagarfhocal, *CS*, 3 Lunasa 1907, 7)

(ii) gurbh iad an dá uirlís ab'fhearr a bhí ag muintir na hÉireann, chun a smaointe agus a mothúcháin a chur in iúl, ná teanga náisiúnta na tíre agus litríocht náisiúnta na tíre. Ba é a chreideamh go raibh dluthcheangal eatarthu:

A Language is evolved by a nation for the purpose of expressing its thought .
[...] Thus a nation's speech is, in a real sense the creation of that nation. [...] A
literature is the expression in literary form of the mind of a race. ('What is a
national language?', *Eagarfhocal, CS*, 28 Eanáir 1905, 6)

Ar ndóigh scríobh sé a lán altanna ar chúrsaí oideachais agus rinne sé a dhícheall chun
córas oideachais na hÉireann a chur ar bhealach a leasa agus a fheabhsú. Chreid sé

(iii) gurbh amhlaidh dul chun cinn náisiúnta agus oideachas maith: 'for good education
is at the root of all national progress and bad education is at the root of all national
decadence.' ('Irish Education', *Eagarfhocal, CS*, 28 Bealtaine 1904, 6)

Tá fuinneamh i ngach rud a scríobh sé. Ní hamháin go ndearna sé fíoriarracht muintir
na hÉireann a ghríosú chun obair a dhéanamh ar son na teanga, ar son na litríochta, ar
son na tíre agus ar son an Chonartha ach chomh maith leis sin, bhí sé réidh i gcónaí cibé
gníomhartha a bhí riachtanach, a dhéanamh chun an tásca a chomhlíonadh. Mar sin is
léir gur labhair an duine poiblí in éineacht leis an duine príobháideach. Tagann tréithe
príobháideacha an Phiarsaigh trasna go soiléir arís is arís nuair a scríobhann an Píarsach
poiblí. B'fhéidir gurb é sin an fath gur éirigh leis an oiread sin dá aidhmeanna féin a
chomhlíonadh i dtréimhse ghearr: 'D'fhág a shaothar lorg buan ar an teanga. [...] Níor
fhorbair sé go hiomlán ná baol air. Dála Sheáin Uí Chinnéide, chuir piléar an mharfóra
deireadh leis.' (Mac Aonghusa, 1972, 119)

Ar ndóigh, d'ainneoin ghíorracht a shaoil, agus d'ainneoin a bháis breis is ochtó bliain ó
shin, tá sé á phlé go fóill. Is teastas é sin don obair a rinne sé agus do na constaicí a
sháraigh sé i Ré na hAthbheochana. Bheadh sé suimiúil, beagainín machnaimh a
dhéanamh ar a éifeachtaí is a bheadh sé dá bhfanfadh sé ina eagarthóir ar an *CS*. Ní

féidir a shéanadh gur fianaise é, ar a éifeachtaí is a bhí sé nuair a bhí sé ina eagarthóir, gur féidir formhór na n-altanna agus na n-ábhar a pléadh sa *CS* ag an am sin, a chur in oiriúint don lá atá inniu ann. Mar a dúirt an Canónach Matt Ó Riain: ‘muna bhfuil breall arm, cloisfear trácht ar an bhfear so i stair na hÉireann fös.’ (Ó Súilleabháin 1981, 20) agus b’fhior dó!¹⁴

1.2 An Claidheamh Soluis:

Rinne Pádraig Mac Piarais tairngreacht ag tús a thréimhse eagarthóireachta go mbeadh Éire beo, bríomhar agus gníomhach sna míonna a bhí le teacht. D’fhéadfaí a rá, nach raibh an ceart aige ó thaobh chúrsaí tíre de i 1903, ach tharla a lán eachtraí agus a lán athruithe sa nuachtán féin:

Striking events will come thick and fast over the next few months. Not a week but will have its important fixture in some corner or other of the five provinces. Life, in Ireland, is in truth, very full and interesting just now. It is as if the history of a century were being crowded into a generation. (‘Gleo na gCath’, *CS*, 6 Meitheamh 1903, 4)

Ar ndóigh, ba í an ghlúin a bhí i gceist aige anseo ná a ghlúin féin. Díograis agus idéalachas tógalach atá sa sliocht sin ach, ag tús na haoise nuair a thosaigh an Piarasach ar a thréimhse eagarthóireachta, b’shin mar a bhí cúrsaí an tsaoil in Éirinn. Bhí fuinneamh nua ann. Bhí beocht nua ann. Bhí dóchas ann. Bhí gile ann.

Ní raibh baint ag na tréithe sin le saol na hÉireann le fada an lá . Bhí sé in am do chách múscailt agus an chúis a chur chun cinn. Deir Aisling Ní Dhonnchadha (1987):

‘gur furasta dúinn an t-idéalachas ardaigeanta sin a shamhlú leis an nglúin óg (mheánaicmeach?) ag tús na haoise.’ Baineann sí úsáid as líne Wordsworth chun an

dóchas a bhí ann a léiriú: ‘Bliss was it in that dawn to alive, but to be young was very heaven.’ (Ní Dhonnchadha, 1987,239)

Mar sin, cad iad na riachtanais a bhí ag an bpobal ag an am? Cén bhearna a bhí le líonadh isteach, a líonfadh páipéar nuachta dóibh? Cén tábhacht a bhain leis an bpáipéar i rith na tréimhse inar scríobhadh é?

Ag deireadh an naoú haois déag ba róléir do mhuintir na hÉireann gur rud práinneach a bhí ann, an teanga a chur chun cinn arís. Mura ndéanfaí rud éigin gan mhoill, ‘tír’ agus ní ‘náisiún’ a bheadh i dTír na hÉireann. As an dearcadh sin a cuireadh tús le hathbheochan na teanga agus cuireadh síolta an dóchais. Bhí riachtanas mór le heagraíocht Ghaeilge sa tír agus: ‘Ar an Luan, an lá deiridh d’lúil na bliana 1893 in Uimhir 9, Sráid Sackville, Íochtair, i mBaile Átha Cliath a bunaíodh Conradh na Gaeilge.’ (Mac Aonghusa ,1993, 1)

Chomh maith leis sin, bhí géarghá le meán cumarsáide a phléifeadh gnáthshaol na ndaoine agus ag an am céanna a d’fhorbródh litríocht na Gaeilge. Rinneadh iarracht roimhe sin, irisí agus nuachtáin Ghaeilge a chur ar bun chun stáid na Gaeilge a fheabhsú. D’éirigh go maith le cuid acu ach ní raibh fiorthacaíocht ag a bhformhór.

Is fiú tagairt do na nuachtáin agus do na hirísí roimh bhunú an *CS* ionas gur féidir caighdeán na hiriseoireachta a mheas mar aonad iomlán ann féin:

(i) *Ancient Ireland* Eanáir 1835

Scríobhadh i gclár na hirise gur ‘solely and altogether a literary publication’ a bhí ann. Níor tháinig ach cúig uimhir de amach.

(ii) *An Fíor Éireannach* Márta 1862

B’éard a bhí faoi chaibidil acu ná an teanga Ghaeilge a thabhairt ar ais. Tháinig seacht n-uimhir de amach.

(iii) *Keltic Journal and Educator* 1965 ¹

(iv) *An Gaodhal* 1881- 1904

Nuair a theip ar *An Gaodhal* bhunaigh an Canónach De Burca an

(v) *Tuam News and Western Advertiser* 1870

Ba é an ‘Gaelic Department’ faoi eagarthóireacht John Glynn, sa pháipéar sin, an meán scríbhneoireachta ba thábhachtaí sna seachtóidí sa naoú haois déag.

(vi) *Irisleabhar na Gaedhilge*

Iris dhátheangach a bhí ann. (O’Leary, 1994, 6- 8)

Bhí an-dul chun cinn déanta i gcúrsaí teanga le foilsiú *An Gaodhal* agus le foilsiú *Irisleabhar na Gaedhilge* ach ina ainneoin sin, bhí gá le hiris nó le nuachtán a d’oirfeadh níos fearr do ghnáthphobal na Gaeilge. Bhí Conradh na Gaeilge: ‘ag glacadh páirte i réabhlóid shóisialta agus i réabhlóid chultúrtha.’ (Ní Dhonnchadha, 1981, 21)

D’aithin siad láithreach an phráinn a bhí sa tír chun gléas cumarsáide don ghnáthGhaeilgeoir a bhunú. Bhí fhios acu go mbéidís in ann cuspóirí an Chonartha a chomhlíonadh, trí suim sa Ghaeilge a mhúscailt sna gnáthdhaoine arís. B’éigean dóibh

nuachtán a reachtáil sa tír a bheadh oiriúnach do chách- nuachtán a spreágfadh muintir na hÉireann chun an Ghaeilge a léamh, a scríobh agus a labhairt arís. As an mbunchloch sin a d'fhásfadh an tsuim sa litríocht agus an tsuim i gcúrsaí teanga arís.

Bhí na Gaeil faoi chois le fada an lá agus bhí sé thar am dóibh éirí suas arís as a stuaim féin agus a n-áit a ghlacadh i measc thíortha agus i measc náisiúin na hEorpa. Chun é sin a dhéanamh, bhí uirlis chumarsáide de dhith orthu chun a dtuairimí ar a lán gnéithe den saol a nochtadh arís. Bhí siad réidh chun seilbh a ghlacadh ar a náisiúntacht agus bhí muintir na réabhlóide sóisialta agus muintir na réabhlóide litríochta bródúil as tréithe dúchasacha a dtíre: 'Braitheadh an borradh suaithinseach céanna faoi chúrsaí náisiúnachais i mórán tíortha ar fud na hEorpa san am.' (Ní Dhonnchadha, 1981, 21)

Tháinig laghdú mór ar líon lucht labhartha na teanga i rith an chéid seo caite, mar gheall ar dhá chúis (i) Bunú Bhord Oideachais Náisiúnta 1831, a chuir cosc iomlán le teagasc na Gaeilge go dtí 1878 agus (ii) An Gorta Mór (1846 - 1847). Cé go raibh feabhas ag teacht ar stáid na Gaeilge sa tír agus sa chóras oideachais, i ndaonáireamh na bliana 1881, an bhliain sular tháinig *Irisleabhar na Gaedhilge* amach, labhair 64,167 daoine Gaeilge amháin, i gcomparáid le 885, 765 daoine a labhair Gaeilge agus Béarla (Ó Súilleabháin 1981, 3). Mar sin cé go raibh géarghá le huirlis chumarsáide, b'éigean don nuachtán a bheith dátheangach chun dul i bhfeidhm ar ghnáthphobal na hÉireann.

Caithfear a chur san áireamh ag an bpointe seo, go raibh sé ar intinn ag an gConradh, an nuachtán seo a úsáid mar uirlis litríochta chomh maith. Idir 1878 agus 1893: 'bhí drochbhail ar an nGaeilge [...] í ag fáil bháis go scioptha agus gan aon mheas ag an ngnáthphobal uirthi mar ghléas beo-litríochta.' (Williams , Ní Mhuiríosa , 1985, 338)

Ghlac Conradh na Gaeilge seilbh ar *Irisleabhar na Gaedhilge* i mí Bealtaine 1895 agus bunaíodh *FL* i 1898:

Tháinig an chéad pháipéar dhátheangach seachtainúil amach ar an séú lá de mhí Eanáir 1898. Brian Ó Dubhghaill clódóir anseo i mBaile Átha Cliath a bhunaigh é agus bhí Eoin Mac Néill ina eagarthóir air. (Ní Dhonnchadha, 1987,236)

Ní raibh Conradh na Gaeilge an-sásta le *FL* agus tharla scoilt idir an dá pháirtí. Shocraigh Coiste Gnótha an Chonartha, ar pháipéar dá gcuid féin a bhunú agus ba é an páipéar sin ná *An Claidheamh Soluis*:

At the end of 1898 the committee came to the conclusion that its connection with *Fainne an Lae* could not be maintained satisfactorily and therefore discontinued that paper as an organ of the League. Arrangements were made to publish a weekly paper under the name of *An Claidheamh Soluis*, which should be the League's own property and exclusively under its management. The first number which appeared on 17th March, 1899, was welcomed as a distinct advance on anything of the kind previously attempted, and the paper received very gratifying support from the outset. (*Report of the Gaelic League 1899-1900*, 3)

Lean Brian Ó Dubhghaill ar aghaidh le *FL* ag an am céanna. D'éirigh an t-esaontas níos measa le himeacht aimsire de bharr cheist na bPan-Cheilteach.² Faoi dheireadh, 'deineadh páipéar amháin de *FL* agus *CS* ar an 28ú lá de mhí Iúil, 1900.' (Ní Dhonnchadha, 1987, 247) Sasaíodh gach duine leis an socrú seo:

The amalgamation of *An Claidheamh Soluis* and *Fainne an Lae*, which was brought about in August last by the considerate action of Mr. B. Doyle, was an event very gratifying to all concerned. (*The Gaelic League - Representative Congress 1901*,10)

Ni hamháin anois go raibh deis ag lucht an Chonartha, litríocht na Gaeilge a chur chun cinn ach chomh maith leis sin, ní rud seachtrach a bhí ann. Bhí muintir na hÉireann páirteach ann. Bheidís in ann suim sa litríocht a chothú trí mheán an nuachtáin de bhri go mbeidís ag plé le gnáthimeachtaí an ghnáthdhuine fosta. Bheadh litríocht na Gaeilge fite fuaite i gcaint agus i saol na ndaoine. Bhí sé d'iallach orthu aitheantas a thabhairt do chaint na ndaoine sula dtosóidís ar stór litríochta a cheapadh agus a bhailiú agus d'éirigh leo:

Seo cuid na rudaí is mó do chabhruigh le réim cainnte na ndaoine sa ré atá i gceist againn: An tOireachtas.i. cruinniú bliadhantamhail ó 1897 ar nós Eisteddfod na Breatain, na Feiseanna.i. Oireachtais bheaga ar fud na tíre (tionóladh an chéad cheann i Magh Chromtha i Lúghnasa 1899); *Fainne an Lae* páipéar Gaedhilge i n-aghaidh na seachtmhaine agus *An Claidheamh Soluis*. (Ó Droighneáin, 1937,45)

B'éard a bhí sa *CS* ag an am, ná droichead cumarsáide idir (a) muintir na Gaeltachta, (b) lucht na Gaeilge sna cathracha agus sna bailte móra agus (c) na gnáthdhaoine.

Maidir le (a) muintir na Gaeltachta, a raibh an Ghaeilge acu, ach a bhí leithscéalach as an nGaeilge a bhí acu a labhairt, bhí siad ag iarraidh slite maireachtála a ghearradh amach dóibh féin. Mar gheall air sin agus ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta de, bhí sé i bhfad níos praiticiúla dóibh an Béarla a fhoghlaim agus a chleachtadh mar theanga chumarsáide. D'fhéadfaí a rá go raibh siad ag brath ar an mBéarla ar bhealach amháin ach i ndeireadh na dála, ní thógfadh an dearcadh sin an tír, agus ar shlí, thabharfadh an nuachtán seo seans dóibh an Ghaeilge a fhí isteach, i ngnáthshaol an lae arís: 'Tar éis na mbeart go léir is ar an muintir go bhfuil an Ghaedhilg aca anois a thuitfidh an buadh a bhaineann le hÉire a dhéanamh Gaedhealach arís.' ('Ag Ullmhúghadh', *Eagarfhocal*, *CS*, 11 Meitheamh 1904, 6)

Ar ndóigh d'admhaigh an Piarsach san eagarfhocal thuasluaite, go raibh muintir na Gaeltachta ag déanamh sár-iarrachta, an Ghaeilge a chur chun cinn. Thabharfadh an 'droichead' seo seans dóibh a bheith gníomhach in athnuachan náisiún na hÉireann.

(b) Bhí dúil as cuimse sa Ghaeilge ag lucht na Gaeilge sna cathracha agus sna bailte móra agus chreid siad go láidir gurbh amhlaidh náisiún agus teanga. Thuig siad gur: 'Díspeágadh agus díothú teanga na gcínocha cloíte ba chuid de pholasáí na n-impireachtaí riamh.' (Williams, Ní Mhuiríosa, 1985, 311)

Ba léir do na Sasanaigh ag an am, gurbh í an Ghaeilge an príomhbhac a bhí acu maidir lena bpolasaithe a chur i gcrích:

Tuigean sé - rud nach dtuigean cuid againn féin fós - gurab í an Ghaedhilg bun is an baránta is treise ag Náisiúntacht na hÉireann. Tuigean sé, má mhaireann an Ghaedhilg go mairfidh Éire n-a náisiún. ('Cia shabhálfas an Ghaedhilg?', Eagarfhocal, CS,30 Meán Fómhair 1905, 6)

Bhí an Píarsach ag iarraidh a chur ina luí ar mhuintir na hÉireann san eagarfhocal seo, gur thuig an Sasanach an géarghá a bhain le hathbheochan na teanga agus le hathbheochan an náisiúin. D'admhaigh sé ag deireadh an ailt gur chreid sé go sabhálfadh 'Muintir na hÉireann is go mór - mhór Gaedhilgeoirí na hÉireann' an teanga. Mar sin thuig sé an phráinn a bhain le tógáil dhroichead cumarsáide idir lucht na gcathracha agus muintir na Gaeltachta.

(c) Bhí gnáthmhuintir na hÉireann an-ghnóthach ag tús na haoise. Bhí suim acu i ngnáthchúrsaí na tíre ach bhí siad ró-ghnóthach ag iarraidh a gclanna a choinneáil in Éirinn agus ag iarraidh slite beatha a ghearradh amach dóibh féin, le bheith freagrach as curáimí na teanga agus le bheith freagrach as polaitíocht na tíre. Ar ndóigh, bhí sé ar a gcumas, nuachtán dátheangach a cheannach agus a léamh agus spreághadh an nuachtán iad chun obair a dhéanamh ar son a dteanga. Chuirfeadh an nuachtán síol an dóchais agus síol an tírghrá iontu. Léiríonn díol na nuachtán ag tús thréimhse eagarthóireachta an Phiarsaigh gur droichead cumarsáide a bhí sa CS:

It is now becoming rather the rule than the exception for *An Claidheamh* to be sold out in a day or two of publication. In spite of further increase in our order to the printers, our last issue was exhausted by Friday evening. This week we are again increasing our printing order. ('Gleo na gCath', CS,30 Bealtaine 1903, 5)

Ba é an chéad eagarthóir ar an CS ná Eoin Mac Néill (1899 -1901). Lean Eoghan Ó Neachtáin ar aghaidh ansin ó 1901 go 1903. Ní raibh cúpla ball de Choiste Gnó an

Chonartha sásta le eagarthóireacht Eoghain Uí Neachtáin agus d'éirigh sé as a phost.³ Léirigh Pádraig Mac Piarais a dhiongbhailte is a bhí sé, post an eagarthóra a fháil.⁴ Forbrófar air seo i gCaibidil a Dó. Níl dabht ar bith, as a bheith ag déanamh stáidéir ar a chuid eagarthóireachta ar an *CS* ach go raibh an post lán tuillte aige agus ar ndóigh léirigh an tuairisc ar cheapadh an Phiarsaigh i bpost an eagarthóra gur toghadh é go cúramach agus le dea-thoil an Choiste:

Mr Eoghan Ó Neachtáin, having in February, 1903, given notice of his intention to resign his position as editor of *An Claidheamh Soluis*, it became the duty of An Coisde to proceed to the appointment of a new editor. Applications were invited, and four candidates came forward for the position. The responsible task of selecting the most suitable candidate was carried out by the Coisde with the greatest possible care, and with the best judgement at their command. After the most exhaustive investigation and the fullest consideration, the choice of An Coisde fell on Mr. P. H. Pearse, B.A., B.L., who had for three years acted as Hon. Sec. to the Publication Committee, and who took up his duty as Editor of *An Claidheamh* on the 10th March 1903. (*Annual Report of the Gaelic League, 1902-3, and Proceedings of Ard-Fheis, 1903, 12*)

Dá dhíograisí is a rinne sé a chanbhasáil do phost an eagarthóra is ea is déine a bhí sé air féin agus é ina eagarthóir ar an bpáipéar. Ní raibh teorainn lena dhílseacht don phost. Ní raibh mórán constaicí nach ndearna sé iarracht iad a shárú de réir a acmhainne.

Fiú amháin i 1908, nuair a bhí sé ag iarraidh Scoil Naomh Éanna a chur chun cinn, bhí ualach trom le hiompar aige. Bhí sé ag iarraidh Scoil Éanna a reachtáil agus é ina eagarthóir ar an *CS* ag an am céanna. Níor tháinig domheanma ná drochmhisneach air. Lean sé ar aghaidh agus sháraigh sé na deacrachtaí a bhí aige. Pléann sé na deacrachtaí a bhí aige i bhfreagra a thug sé ar eagarthóir *An Peasant* a scríobh go raibh sé 'mellow' in alt a scríobh sé faoin nGaeilge. Freagraíonn an Piarasach:

It exhorts us to be 'mellow'. Personally we think we are about as mellow as anyone who at once a schoolmaster and the editor of an 'official organ' can in reason be expected to be. [...] For ourselves our editorial and sub - editorial work (for we still have a good deal of both to do) is got through either in a crowded

classroom where we are supposed to be presiding over study or else after midnight in a certain very icy apartment in the lower region of Scoil Éanna, some hours after professors and pupils have gone off on their nightly visit to 'Tír na nÓg'. To be continuously 'mellow' under these circumstances is a height of heroism to which we aspire but which we have not yet attained. ('Gleo na gCath', *CS*, 31 Deireadh Fómhair 1908, 7)

Scríobhann Proinsias Mac Aonghusa gur: 'duine cumasach, díograiseach, dúthrachtach, duine nach raibh ceird an ionramhaláí ná an teagmhálaí dhioplómaitiúil riamh aige' a bhí ann. (Mac Aonghusa 1993, 64) Níl aon dabht ach gur féidir a rá gur mar seo a tháinig sé trasna le linn a thréimhse eagarthóireachta. Cé nach diplómat amach is amach a bhí ann, bhí sé de dhánacht ann i gcónaí a thuairim féin a chur in iúl agus cothrom na féinne a thabhairt do dhuine ar bith ar mhaith leis nó leí a dtuairimí a fhoilsiú. Deir Séamas Ó Buachalla:

Nuair a ceapadh an Piarsach mar eagarthóir [go raibh] sé i gceist aige go ndéanfadh an páipéar freastal ar gach gné de shaol na hÉireann agus go gcuideodh sé le saoirse intleachtúil na tíre a bhaint amach. Bhí nuacht idirnáisiúnta á foilsiú aige agus saothar litríochta ó scríbhneoirí eile. Is minicí cúrsaí oideachais agus cúrsaí cultúir á bplé aige sna heagarfhocail ná aon ábhar eile. (Ó Buachalla, 1979, 37)

Rinne sé sár-iarracht an-chuid ábhar a phlé agus é i mbun eagarthóireachta. Níor fágadh mórán ar lár. Sonraítear ó thús a thréimshé eagarthóireachta an fuinneamh agus an dóchas a bhí ann, - muinín, fuinneamh, dóchas agus díograis an duine óig:

We submit that we have redeemed these promises. From the Land Bill to the Motor race, from the Language Movement in Hungary to the new fiscal policy of Mr. Chamberlain, every topic that has claimed public attention during the past three months has been the subject of crisp and interesting comment at the hands of Irish writers. We do not think that better Irish has ever been printed than the Irish which has been appearing in our news columns for some twelve or thirteen weeks past. ('Gleo na gCath', *CS*, 6 Meitheamh 1903, 4)

Lean sé ar aghaidh ag rá go raibh lochtanna le fáil ar iriseoireacht an pháipéir ach go réiteofaí na botúin sin le taithí agus le himeacht aimsire: 'But these things will come with experience.' (ibid.)

Tríd is tríd, ní féidir a shéanadh ach gur páipéar ceannasach, éifeachtach, tábhachtach a bhí sa *CS* agus is cinnte gur chothaigh an Píarsach beocht agus spiorad ar leith ann - rud a chuidigh go mór le spiorad na náisiúntachta agus le spiorad athbheochan na tíre agus na teanga le linn na tréimhse sin. Mar a deir Aisling Ní Dhonnchadha: 'Páipéar éifeachtach, bríomhar ba ea an *Claidheamh Soluis*. Ba mhór an tábhacht a bhain le tréimhse eagathóireachta an Phiarsaigh.' (Ní Dhonnchadha, 1981, 23)

Eagarthóir ar leith a bhí ann; duine ar leith a bhí ann; páipéar den chéad scoth a bhí ann agus an Píarsach i mbun eagarthóireachta air: 'His devotion is evident in every issue of the paper.' (Edwards, 1990, 6)

2. Eagarthóir

Sa chaibidil seo, pléifear a éifeachtaí is a bhí an *CS* mar uirlis chumarsáide, do Chonradh na Gaeilge agus don Phiarsach féin. Scrudófar na cuspóirí a bhí ag an bPiarsach agus na módhanna a d'úsáid sé chun a chuspóirí a chur i gcrích.

Léireófar na h-athruithe a chuir sé i bhfeidhm i rith a thréimhse eagarthóireachta:

- (a) an t-athrú ó iris go nuachtán
- (b) an bhéim ar Ghaelú an nuachtáin agus
- (c) na buanna eagarthóireachta a tháinig chun cinn agus an Piarsach i mbun eagarthóireachta.

2.1 Tús a thréimhse eagarthóireachta:

Toghadh Pádraig Mac Piarais mar eagarthóir ar an *CS*, ag cruinniú an Chonartha ar 2 Márta 1903. Thosaigh sé go hoifigiúil ar 10 Márta 1903,¹ ach de réir mar a dúirt sé féin, ní raibh sé freagrach as eagarthóireacht an *CS* go dtí an ceathrú la déag de mhí Márta 1903: 'The present editor's responsibility begins with the issue dated March 14th .' ('Gleo na gCath', *CS*, 28 Meitheamh 1903, 5) Ón chéad eagrán thug sé aitheantas

- (i) do Chonradh na Gaeilge mar eagraíocht náisiúnta inti féin agus
- (ii) d'aidhmeanna an Chonartha.

Níl amhras ar bith ach gurbh éard a bhí le déanamh ag an bPiarsach agus é ina eagarthóir ar fhoilseachán oifigiúil an Chonartha ná, cuspóirí agus idéil Chonradh na Gaeilge a chraobhscaoileadh trí mheán an nuachtáin. Chreid sé go raibh sé d'iallach ar mhuintir na hÉireann an teanga Ghaeilge a choinneáil beo, ionas gurbh fhéidir leis na hÉireannaigh a smaointe agus a náisiúntacht a chur in iúl. Sna heagarfhocail sa chéad eagrán ceanglaíonn sé tuairimíocht an Chonartha le géarghá mheán chumarsáide do

Ghaeilgeoirí na tíre. Pléann sé bunchloch na Gluaiseachta agus déanann sé idirdhealú idir cuspóirí an Chonartha nuair a bunaíodh é, agus cuspóirí Chonradh na Gaeilge mar ghluaiseacht bheo nua-aimseartha:

The young men who founded the League grasped primary truths and clung to them as shipwrecked men cling to a plank. They gripped the fact that the language of this country enshrines the mind and soul of this country. That was the first step. They then grasped that other primary fact, that a language is a living energising force only so long as it is a living idiom on the lips of living men and women. From that moment forth the programme of the Gaelic League was shaped: it was to conserve the living Irish Language as the living medium for expressing the thoughts of this land. ('The Issue at Stake', Eagarfhocal, *CS*, 14 Márta 1903,4)

Níl aon dabht ach gur uirlis chumarsáide a bheadh sa *CS*, uirlis a chuideodh le hathbheochan na teanga, le hathbheochan na tíre agus uirlis a thógfadh droichead idir na Gaeilgeoirí uilig ar fud na hÉireann.

Ar ndóigh, thuig an Píarsach an phráinn agus an tábhacht a bhain lena phost agus rinne sé a dhícheall cloí le haidhmeanna agus le riachtanais an Chonartha ag an am. D'éirigh leis an-dul chun cinn a dhéanamh ach braitear séala an Phiarsaigh go láidir sa nuachtán chomh maith leis an tuiscint domhain a bhí aige d'obair an Chonartha. Deir Proinsias Mac Aonghusa gur: 'Chuir sé dearcadh an Chonartha , os comhair an phobail ar bhealach níos gairmiúla ná mar a deineadh roimhe sin.' (Mac Aonghusa, 1993, 70)

D'éirigh leis dearcadh an Chonartha a chur in iúl agus lean sé ar aghaidh lena chuspóirí féin don nuachtán féin. Chuir sé béim ar leith ar riachtanais agus ar fhadhbanna an lae inniu agus shíl sé gurbh iad sin príomhchúraimí an *CS* nua. Ar an lámh eile, d'admhaigh sé go raibh 'nationalisation of its official organ' ag teastáil ó Chonradh na Gaeilge chun 'nationalisation of the League's work' a chomhlíonadh. ('Sinn Féin', Eagarfhocal, *CS*, 14 Márta 1903, 4)

2.2 Na modhanna a d'úsáid an Piarsach chun a chuspóirí

a chur i bhfeidhm:

Bhí a aidhmeanna soiléir ag an bPiarsach agus ba iad na modhanna a bhí aige chun a chuspóirí a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm ná:

(i) nuachtán a sholáthar a phléifeadh nuacht an lae - nuacht a bhainfeadh le gnáthshaol an ghnáthdhuine

(ii) cúrsaí reatha an domhain a chur os comhair an Ghaeilgeora agus claonadh na Gaeilge orthu:

Our ideal is to place in the hands of the Irish speaker in Glenties or Aran a newspaper giving him, in vivid idiomatic Irish, a consecutive and adequate record of the home and foreign history of the week. ('Sinn Fein', Eagarfhocal, 14 Márta 1903,4)

(iii) colúin liteartha a fheabhsú sa dóigh go mbeadh scoth na litríochta le léamh ag cách agus go mbeadh litríocht na Gaeilge ar fáil go héasca

(iv) cúinne ar leith a chur ar leataobh don aos óg sa dóigh go mbeadh sé in ann aos óg na hÉireann a spreagadh agus a ghríosú chun an teanga a choinneáil beo agus a fhoghlaim.

Thuig an Piarsach go huile is go hiomlán a thábhachtaí is a bhí sé don ghluaiseacht, óige na tíre a thabhairt leo: 'It will not be for us, but, for our children, to carry the cause to final success. Much, therefore, depends on Young Ireland.' (ibid.)

Ba ró-léir dó an tásca a bhí os a chomhair agus ba é an tásca sin ná aitheantas a thabhairt do na Gaeil ina dtír féin, trína dteanga féin. Ar ndóigh, bheadh sé de dhánacht ann, an tásca sin a chomhlíonadh go míleata agus go réabhlóideach trí uirlis an Chonartha féin - an CS: 'As the organ of militant Gaeldom, this paper has a well defined mission before it. It will be its duty to put clearly the point of view of the Gael.' (ibid.) Arís, léirigh sé

ag deireadh an eagarfhocail seo go raibh muinín aige as féin mar eagarthóir agus chríochnaigh sé ar nóta dóchasach: ‘this paper will gradually become the leading organ of opinion in the country.’ (ibid.)

Seo mar a cuireadh tús le thréimhse eagarthóireachta an Phiarsaigh - tús dána, dearfach, deimhnitheach, tús eagraithe, dóchasach, muinéach. Bhí polasaí soiléir sothuigte leagtha amach aige ón chéad eagrán agus lean sé ar aghaidh leis an bplean seo i rith a thréimhse eagarthóireachta. Deir Seamas Ó Buachalla:

Nuair a ceapadh an Piarsach mar eagarthóir, bhí sé tar éis plean forbartha don pháipéar a chur ar aghaidh. Bhí sé i gceist aige go ndéanfadh an páipéar freastal ar gach gné de shaol na hÉireann agus go gcuideodh sé le saoirse intleachtúil na tíre a bhaint amach. Bhí nuacht idirnáisiúnta á foilsiú aige agus saothar litríochta ó scríbhneoirí éagsúla. (Ó Buachalla, 1979, 37)

Conas a chuir sé a chuspóirí i bhfeidhm? Conas a d’éirigh leis nuacht Ghaelach an lae agus nuacht idirnáisiúnta an lae a chur os comhair an ghnáthphobail? Ar chloígh se leis an bpolasaí céanna i rith a thréimhse eagarthóireachta? Cad iad na constaicí agus na deacrachtaí a bhí le sárú aige agus é i mbun eagarthóireachta?

Caithfear cuspóirí an Phiarsaigh a phlé ó thaobh laimhseáil a eagarthóireachta ar an CS ionas gur féidir linn dul i ngleic lena pholasaí eagarthóireachta. Ta trí ghné de seo arbh fhiú trácht orthu:

1. An modh a d’úsáid sé chun an CS a athrú ó irisleabhar go nuachtán Gaeilge a d’fhoilseodh tuairiscí ar nuacht na hÉireann chomh maith le cúrsaí reatha idirnáisiúnta
2. An bhéim a chuir sé ar Ghaelú fhoilseachán oifigiúil an Chonartha agus ar Ghaelú iriseoireacht na hÉireann, chun athbheochan na teanga agus athbheochan na tíre a chur chun cinn

3. An tÉagarthoir é féin: na tréithe agus na buanna eagarthóireachta a tháinig chun cinn i rith a thréimhse eagarthóireachta, d'aineoinn na ndeacrachtaí a bhí os a chomhair.

2.2.1 Iris go Nuachtán:

Ba é an chéad tásca a bhí le déanamh ag Pádraig Mac Piarais mar eagarthóir ar an *CS*, chun an páipéar a athrú ó nuachtán liteartha go nuachtán a d'oirfeadh do chách, agus go nuachtán a scaipfeadh nuacht na seachtaine ar fud na tíre, ná leagan eile a chur ar chruth an pháipéir. Cé nach raibh freagracht na heagarthóireachta faoina chúram go dtí an deichiú lá de mhí Márta 1903, chuir sé plean forbartha os comhair an Choiste Airgeadais ag cruinniú an Choiste ar an séú lá de mhí Márta 1903. D'admhaigh sé go raibh na hathruithe déanta aige cheana féin. Ghlac an Coiste leis na moltaí a rinne sé a fhad is nach rachadh costas breise an nuachtáin thar dhá phunt agus deich scilling in aghaidh na seachtaine.¹ Nuair a cuireadh amach an *CS* do na craobhacha ar an dara lá déag de mhí Márta 1903, cuireadh isteach bileog leis an bpáipéar ag insint do na léitheoirí cad a bheadh i gceist leis an *CS* nua. B'éárd a bhí ar an mbileog i ndáiríre, ná an plean a leag sé amach ina eagarfhocal 'Sinn Féin' (14 Márta, 1903) ach mhínigh sé fosta go mbeadh gá le hathrú crutha chun a chuspóirí a chomhlíonadh:

It is felt that, with the nationalisation of the Gaelic League's work, the time has now come for the nationalisation of the League's weekly organ. On the other hand, the rising tide of native thought, now becoming for the first time in recent history an educated and disciplined force, demands an adequate outlet for its expression. To attain these two objects, and at the same time to move effectually to cope with the present needs of the organisation, it has been decided to make a radical alteration in the character and appearance of *An Claidheamh Soluis*. In future, *An Claidheamh* will be an Irish-Ireland newspaper in the largest sense of the words. It will be issued in broadsheet form, the space available will be increased by one-third and a still further economising will be effected by a new disposal of the matter. (Féach Edwards, 1990, 65)

Níl aon dabht ach go raibh sé diongbhailte agus gur chuir sé ina luí air féin go raibh gá le hathrú crutha. Fiú amháin ag Ard Fheis an Chonartha i 1903, thug Uilliam Ua Seanlaoich, Bainisteoir na nIrisí, tuairisc ar an *CS* ag rá go raibh éileamh an nuachtáin ag dul i méid:

orders to the printer house have increased 20 per cent, unsold copies decreased in some cases as much as 50 per cent. As yet it is impossible to trace the increased sale to any particular district, but as far as we can ascertain it appears to be general. ('Manager's Report re An Claidheamh Soluis agus Irisleabhar na Gaedhilge', *Annual Report of the Gaelic League 1902-3, and Proceedings of Ard Fheis 1903*, 97)

Ach níorbh leor é sin de bhrí gurbh ionann costas fhoilsiú an pháipéir agus praghas an pháipéir nó teacht isteach an pháipéir.² Ní raibh brabach air.

Ar ndóigh ní raibh an Píarsach go maith maidir le cúrsaí airgeadais. Ba thréith é a léirigh sé i rith a shaoil. Ní raibh sé fadbhreathnaitheach ná práiticiúil go leor chun cursaí airgeadais a riaradh i gceart. Bhí an - dul chun cinn déanta aige i rith na chéad bhliana mar eagarthóir. D'éirigh leis an páipear a athrú ó iris go nuachtán agus bhí gach rud faoi smácht aige maidir le riaradh an pháipeir ach amháin cúrsaí airgeadais. Fadhb mhór a bhí ann dó fein agus do Sheán Ó Ceallaigh (bainisteoir an pháipéir). Sa litir seo ó 'Séiplíneach' mhol an scríbhneoir an t-eagarthóir as ucht a chuid oibre:

In deciding to convert *An Claidheamh* from a literary magazine to a newspaper, you showed, Mr. Editor, that you had grasped the needs of the situation with unerring instinct: what our people want is news of the doings of the world in their own homely idiom and this is exactly what you are giving them.[...] The only plan is for the readers of *An Claidheamh* to come to the rescue, and start a subscription list for the free circulation of *An Claidheamh* amongst Irish speakers in the poorer Irish - speaking districts. (*CS*, 31 Deireadh Fómhair 1903, 3)

D'fhreagair Pádraig Mac Piarais an litir agus thug sé tacaíocht do mholtaí an scríbhneora. Chuir sé teannadh le tuairimíocht an údáir: 'We ourselves have had

substantially the same scheme under consideration but for various reasons did not care to take public initiative on the matter.' (ibid.)

Cé go raibh sé ag déanamh a dhíchill an *CS* a chur chun cinn, bhí fhios aige go raibh sé práinneach go dtiocfadh feabhas ar chúrsaí airgeadais a bhain le riaradh an pháipéir.³

De dheasca sin, chuir sé amach bileog i mí na Samhna 1903. Scríobh sé ann:

AN CLAUDHEAMH now occupies with regard to the Irish Ireland movement at large, the commanding position which rightfully belongs to the official journal of the Gaelic League.

Luaigh sé an dul chun cinn a bhí déanta acu le hocht mí anuas: 'Since the change in its form and character, the circulation of the paper has increased by **more than 50 per cent.**' Chuaigh sé tríd na ranna áirithe sa pháipéar agus mhínigh sé cad a bhí i gceist iontu. Rinne sé liosta de na scríbhneoirí a scríobh tuairiscí agus giotaí litriúchá ann. Chríochnaigh sé le moltaí do na craobhacha: 'What the Branches can do for *An Claidheamh.*' Mhol sé do gach craobh, oifigeach a thoghadh, a bheadh i gceannas ar chúrsaí an *CS* sa cheantar. Bheadh sé d'iallach ar an oifigeach sin cúrsaí fógraíochta agus díol na nuachtán a chur chun cinn trí mhódhanna áirithe. Luaigh sé dhá cinn déag de mholtaí do na craobhacha chun dul i mbun na hoibre seo.⁴

Ní féidir a shéanadh go ndearna sé sár-iarracht díol agus scaipeadh an nuachtáin a fheabhsú. Chreid sé go daingean i bhfiúntas an pháipéir agus bhí sé réidh a dhícheall a dhéanamh, scéimeanna a chur ar bun a chuideodh le forbairt an nuachtáin. Chreid sé gur chóir dóibh tosnú leis an aos óg. Léiríonn sé an dearcadh seo i bhfreagra a thug sé do litir ó Sheághan S. Ó Maoláin:

In an Intermediate school of our acquaintance, the plan suggested by our correspondent is actually in operation. The Principal of the school mentioned to us the other day that a number of the boys willingly spend a penny per week on

An Claidheamh and that the half hour spent over its columns is the most popular of the week. ('Intermediate Schools and Colleges and the Language - A Suggestion', *CS*, 12 Nollaig 1903,3)

D'ainneoin na n-iarrachtaí a rinné se, b'éigean dó féin géilleadh do mholtaí an Choiste Airgeadais ag deireadh na chéad bhliana dá thréimhse eagarthóireachta. Ba é Seán T. Ó Ceallaigh an stiúrthóir ar irisí an Chonartha ón ochtú lá de mhí Meithimh 1903. Thug sé tuairisc don Ard fheis i 1904 a léirigh 'gur thug an Coiste Gno £611 don pháipéar i rith na bliana.' (Ó Súilleabháin, 1981, 95) Mhínigh Seán Ó Ceallaigh ina thuairisc go ndeachaigh costaisí an *CS* thar fóir don bhliain agus gurbh éigean dóibh gearradh siar. (*An Claidheamh Soluis agus Irisleabhar na Gaedhilge, Cunntas bliadhantamhail an Stiurthora, 1903-4* lch. 132-133)

An geallúint a tugadh nuair a athraíodh foirm an 'Chlaidhimh' go páipéar nuachta ná beadh an costas níos mó ná dhá phunt agus deich scilling sa tseachtain. Míníonn sé gur chosain clóbhualadh an pháipéir sa chruth nua £4 sa tseachtain níos mó ná mar a chosain sé sa tsean-fhoirm. Nuair a tháinig deireadh le himleabhar a cúig, athraíodh cruth an pháipéir arís ach, chun nach mbeadh laghdú ar an bhar leitheoireachta socraíodh ar chlò mion a úsáid sa Bhéarla. (*Tuarasgabháil Bliadhna Chonradh na Gaedhilge 1903-4 agus Cunntas ar Ardfheis 1904*, lch 126, Ó Súilleabháin, 1981, 95)

Thagair sé dá chéad bhliain eagarthóireachta ina eagarfhocal ar an gcúigiú lá de mhí Márta 1904 - 'Baramhail an tSeóinín'. San eagrán céanna leag sé amach an polasaí a bhí aige don bhliain a bhí le teacht. Phléigh sé lochtanna an pháipéir agus d'admhaigh sé go raibh na hidéil a bhí aige i bhfad i gcéin ach:

on the other hand, we believe that the work on *An Claidheamh* during the past year has brought the realisation of the ideal perceptibly nearer. At any rate, we have brought Irish minds and Irish pens to bear on the discussion of the largest problems, home and foreign of the day.

Lean sé ar aghaidh agus phléigh sé cúiseanna na n-athruithe a cuireadh i bhfeidhm ar an eagrán sin:

In the first place, we have found, that the large size of the present page of *An Claidheamh* has involved certain inconveniences; the paper is too large to be comfortably handled, too large for binding, too large for slotting in a drawer of ordinary size [...] the adoption of a smaller page will also allow us to pull down expenses, which during the past year have been very large; but by more economical disposal of our space, we shall be able to give our readers substantially the same amount of reading matter as heretofore. In its new form *An Claidheamh* will contain twelve moderately large pages; the character of a newspaper will still be retained but the paper will not be large for convenient handling or for binding. ('Sinn Féin', 'Gleo na gCath', CS, 5 Márta 1904, 4)

Mar sin, i ndeireadh na dála, d'éirigh leis 'nuachtán' a dhéanamh den CS ach is léir gurbh éigean dó ceachtanna diana a fhoghlaim ar a bhealach. D'ainneoin sin, lean sé ar aghaidh lena chuid oibre go dúthrachtach, dícheallach agus d'éirigh iriseoireacht agus ábhar an pháipéir níos fearr de réir mar a chuaigh sé i dtaithe ar an obair a bhí idir lámha aige. Bhí fhios aige go raibh cúrsaí airgeadais an pháipéir níos fearr agus bhí muinín aige as féin mar eagarthóir. Ar ndóigh, faoin am seo, bhí brabach ar an bpáipéar:

Bliadhain an taca so bhíodh dhá phunt beagnach de chailteanas ar an bpáipéar gach seachtain, acht san mí dár bh críoch Meádhon Fógmhair 24adh, 1904 níor cailleadh acht deich scilleacha. San chéad mhí eile, 'sé sin an mhí dár bh críoch Deireadh Fógmhair 22adh, 1904, bhí £640 de bhrabach againn - an chéad uair riamh, is dócha, go raibh an scéal mar sin againn. Is maith liom a rádh go raibh brabach againn gach mí ó shin, agus is ag dul i méid atá an brabach ó mhí go mí. Mar is léir ó'n gCunntas Airgid, bhí £77 17 9 de bhrabach againn de bharr saothair na leath-bhliadhna dár bh críoch Feabhra 28, 1905. (*An Claidheamh Soluis agus Irisleabhar na Gaedhilge - Cunntas bliadhantamhail an Stiúrthóra, 1904-5*, lch. 103)

Pléann Ruth Dudley Edwards dearcadh an Phiarsaigh ar an mbrabach seo:

In March 1904, with the commencement of Volume Five, drastic economies were imposed by the Coiste. Pearse was obliged to admit to his readers that the paper was too large and too expensive and was being reduced in size. The League did not again make the mistake of letting Pearse have his financial head, despite his pleas to them to set the paper up as a separate company with capital of £1,000, and the paper began to pay its way. By early 1905, it was making a small profit and it continued to do so for some years. It also steadily increased its circulation. (Edwards, 1990, 68)

Ba léir gur aithin Pádraig Mac Piarais gurbh fhearr dó, cúrsaí airgeadais a fhágáil don Choiste as sin amach, ach níor chaill sé a dhóchas riamh go bhforbrófaí cruth an pháipéir. Ag tús an octhtú leabhair den *CS* thagair sé do sheanchruth an nuachtáin idir 1903 agus 1904 ach is léir óna scríobhann sé ann, gur shíl sé gur fadhb ab ea í a bhain leis an tréimhse sin - tús a thréimhse eagarthóireachta. Chreid sé gurbh é an ganntanas airgid ag an am sin de ghluaiseacht na teanga, a chuir cosc lena phlean:

During its fifth year it appeared as a broadsheet and whilst it established its reputation more firmly and extended its sphere of usefulness more widely than ever, the elaborate format proved too expensive to enable the paper at that stage of the movement to be worked at a profit. Two years ago, *An Claidheamh* adopted the convenient and distinctive shape in which it is now familiar, and since then it has been a paying property.' ('Gleo na gCath', *CS*, 17 Márta 1906,7)

Críochnaíonn sé an t-eagarfhocal ag iarraidh cabhrach agus ag iarraidh tacaíochta ó na léitheoirí trí fhógraíocht agus trí dhíol an nuachtáin.

Níor stad sé ansin ach oiread. Léirigh sé a dhiongbhailte is a bhí sé a pholasáí féin a chur chun cinn nuair a d'iarr sé ar na léitheoirí arís i mí Dheireadh Fómhair, díol an nuachtáin a mhéadú. Faoin am seo, afách, bhí fhios aige go raibh ag éirí go maith leis agus go raibh seans ann go gcuirfi a mhian i gcrích:

That *An Claidheamh* is too small for its mission everyone feels. At present we cannot afford to enlarge it. The paper, it is true, has doubled its circulation during the past three years; but it would require to double it again before we should feel quite justified in recommending any material increase in its size. Will our readers help to bring about that condition?. (*CS*, 20 Deireadh Fómhair 1906, 8)

Faoi dheireadh, socraíodh ar fho-choiste a bhunú chun cuidiú le dul chun cinn agus le forbairt an *CS*. Socraíodh go mbeadh sé d'iallach ar Chonradh na Gaeilge: 'páipéar amháin a dhéanamh de'n Chlaidheamh agus den Irisleabhar .i. an Claidheamh a mhéadughadh agus an tIrisleabhar a ghlacadh isteach ann.' (*An Claidheamh Soluis agus Irisleabhar na Gaedhilge: Tuarasgabháil an Stiúrthóra' Ard Fheis 1907*, 43)

I mí na Nollag 1906, chuir an Piarsach in iúl do léitheoirí an *CS* go raibh an Coiste Gnótha réidh chun tacaíocht a thabhairt dá phlean do mhéadú an *CS*:

It will be observed from the Report of the Coiste Gnótha that plans for the enlargement of *An Claidheamh Soluis* with a view to the inclusion of new and attractive features are at present engaging the attention of a League sub-committee. ('Gleo na gCath', *CS*, 15 Nollaig 1906, 8)

Ach i ndáiríre labhair sé amach i bhfad ró-luath. Níor cuireadh na hathruithe i bhfeidhm go ceann bliana eile,⁵ ach i ndeireadh na dála bhí an lámh in uachtar faighte aige ar an gcéad deacracht a bhí os a chomhair agus ar an bhfadhb ba thábhachtaí ó thaobh eagarthóireachta de:

Our readers will be glad to hear that we are now completing our arrangements for the promised increase of *An Claidheamh Soluis* in size. Early in December, four pages will be added to the news and literary matter. (*CS*, 9 Samhain 1907, 3)

Thagair sé arís don eagrán nua seo ina eagarfhocal 21 Nollaig 1907. Dúirt sé go raibh neart spáis acu anois chun a dtuairimí a chur in iúl agus a chur i gcló.⁶ Bhí sé cliste agus foighneach go leor fanacht chun muinín an Choiste Ghnó ann féin mar eagarthóir, a fháil. Bhí fhios aige gurbh éigean dó a chruthú, go mbeadh sé in ann obair an eagarthóra a láimhseáil agus an *CS* a fheabhsú trí dhíograis a chuid oibre.

Ba é an dara tásc a bhí le déanamh aige chun an CS a athrú ó iris go nuachtán ná, nuachtán a sholáthar a phléifeadh nuacht na seachtaine. Caithfidh an páipéar a roinnt suas chun an tslí a d'úsáid sé chun an nuachtán a fhorbairt, a phlé. Phléigh sé cúrsaí reatha

(i) sna hEagarfhocail

(ii) i 'nGleo na gCath'

(iii) i 'gCúrsaí an tSaoghail' agus in altanna áirithe tríd an bpáipéar

(iv) i 'Sgéala ó na cúig Cúigí'

(v) i 'ón Domhain Thoir agus ón Domhain Thiar'. Tagrófar do na ranna seo go minic nuair a phléifear nuacht an pháipéir.

Sna hAguisíní gheofar liosta na n-ábhar a pléadh sna heagarfhocail agus gheofar clárú ar na hábhair ar scríobh sé féin futhu i 'gCúrsaí an tSaoghail'. Ar an iomlán scríobh sé timpeall trí chéad eagarfhocal. Chloígh sé le cúrsaí reatha na hÉireann sna heagarfhocail a raibh cúrsaí reatha pléite iontu. Ba iad na príomhábhair a phléigh sé sna heagarfhocail a raibh baint acu le cúrsaí reatha na hÉireann ná, an imirce, na boird poiblí agus an teanga, na bóithre iarainn (go háirithe an 'Great Southern and Western railway'), eacnamaíocht na tíre, slite beatha, ard-oideachas, Lá na gCrann, an Bord Náisiúnta, an Taispeántas Náisiúnta, na Coimisinéirí Oideachais, leabharlanna, an dlí agus an teanga (ainmneacha ar chairteacha), cúrsaí sóisialta na hÉireann (béim ar leith aige ar ólachán), polaitíocht na hÉireann (béim ar leith aige ar pholaiteoirí agus ar an nGaeilge), an Eitinn. Ar an iomlán, d'fhéadfaí a rá gur chloígh sé le cúrsaí teanga, le cúrsaí an Chonartha agus le cúrsaí oideachais sna heagarfhocail. Deir Séamas Ó

Buachalla gur: ‘minicí cúrsaí oideachais agus cúrsaí cultúir á bplé aige sna heagarfhocail ná aon ábhar eile.’ (Ó Buachalla, 1979, 37) Is fíor dó.

Tharla conspóid bheag idir an Piarsach agus ‘London contemporary’ i lár na bliana 1903. I ‘nGleó na gCath’ phléigh an Piarsach an tslí ar bain sé úsáid as chun nuacht an lae a fháil. Bhí an scríbhneoir ón ‘London contemporary’ ag gearán gur baineadh bunús na nuachta a pléadh i nGaeilge sa *CS* ó nuachtáin Ghallda. D’fhreagair an Piarsach:

Of course *An Claidheamh Soluis*, like all weekly newspapers, to a certain extent depends for its facts on the daily press; but unlike the majority of papers published in Ireland, it does not take either its facts or its views wholesale from English sources. For its facts it draws quite as largely on the continental press, and for its views it depends on itself. (‘Gleó na gCath’, *CS*, 6 Meitheamh 1903, 4)

Lean sé ar aghaidh ag rá go raibh tuairisceoir speisialta acu i Londain, a scríobh óna fhoinse féin - as a bheith ag éisteacht le cúrsaí parlaiminte.

Chruthaigh sé ag an deireadh gur nuacht bhunaidh ab ea an chuid ba mhó den nuacht agus gurbh í an phríomhaidhm a bhí acu, ná dearcadh an Ghaeil a chur chun cinn: ‘In point of fact, three quarters of our news matter is really original comment rather than a *resumé* of facts and the comment is always that of Gaels with the Gaelic viewpoint.’ (ibid.)

Baineann sé úsáid as searbhas chun a phointe a mhíniú in eagrán eile. Molann an scríbhneoir dó conas ab fhearr dó cúrsaí reatha a láimhseáil agus colúin an pháipéir a roinnt suas. Tugann sé comhairle dó faoi na hábhair ba chóir dó scríobh futhu ina eagarfhocail. Deir an Piarsach gurb éard atá ann ná: ‘a little grandmotherly advice’!.

Leanann sé ar aghaidh ansin agus mothaítear an mhuinín atá aige as féin mar eagarthóir agus braitear a dheimhníthí is atá sé i dtaobh a pholasaí eagarthóireachta féin: ‘We are sorry that we must persist in hugging the prejudice that we ourselves are, all things considered, the most competent persons, to think out our own line of action.’ (‘Gleo na gCath’, *CS*, 20 Meitheamh 1903, 4)

Tagann an tréith seo dá chuid tuairimíochta chun tosaigh arís sa chéad eagrán eile: ‘This to all whom it may concern. We have made up our minds to do our own thinking.’ (‘Gleo na gCath’, *CS*, 27 Meitheamh 1903,4)

Ba léir gur chuir an ‘chomhairle’ seo isteach go mór air mar i ndáiríre, eagarthóir diongbhailte, forásach, lán-eagraithe a bhí ann. Ba ró-léir dó fios a ghnó féin. Labhair sé amach go láidir i gcoinne na n-irisí a raibh moltaí acu dó, conas a pháipéar a chur in eagar :

The amount of interest winced in this paper by other organs, at home and abroad is really flattering, not to say touching[...] We would throw out the suggestion that the various periodicals interested in our welfare should each open a special department under the heading ‘Hints to the Editor of the Official Organ as to how to do his business’. (‘Gleo na gCath’, *CS*, 4 Iúil 1903, 4)

I mí na Bealtaine 1907 thosaigh scríbhneoirí ó na cúig Cúigí ag scríobh tuairiscí ar imeachtaí an Chúige i rith na seachtaine. B’éard a bhí ann ná deis a thabhairt do mhuintir na gCúigí a nuacht áitiúil féin a chur i gcló. B’iad na tuairisceoirí a bhí i mbun na hoibre seo ná, Pádraig Mac Suibhne do Chúige Mumhan, Pádraic Ó Dómhnalláin do Chúige Chonnacht agus Séamus Ó Searcaigh do Chúige Uladh.⁷ De bhrí go raibh

nuacht áitiúil á plé acu anois, bhí seans ann go n-éireodh leo aire mhuintir na gCúigí a dhíriú ar an nuacht i nGaeilge. Is dócha go raibh sé ag súil go gcothódh an scríbhneoireacht sin mórtas cine sna daoine sin agus go mbéidís bródúil as a náisiún agus as a dteanga.

I mí na Bealtaine 1908, cháin Diarmaid Stóice na scríbhneoirí seo de bhrí gurbh é a thuairim nár chloígh scríbhneoirí na gCúigí le himeachtaí na gCúigí agus go raibh barraíocht béime ar chúrsaí tíre sna colúin seo. D'fhreagair an Píarsach:

Ní aontuighmid le Diarmaid chor ar bith. Ní dóigh linn go mbadh ceart ceisteanna móra tábhachtacha mar Home - Rule agus Ard - Sgolaidheacht a fhágáil fá na Béarlóiribh. Ró - fhada atáimid ag géilleadh don bharamhail nach n-oireann an Ghaedhilg d'aon nídh acht do chúrsaibh na Gaedhilge féin a chur trí chéile. Níor mhór dúinn úsáid a bhaint as an nGaedhilg chun gach sgéal dhá thábhachtaighe agus gach ceist dhá achrannaighe a nochtadh agus a phléidhe. (CS, 2 Bealtaine 1908, 3)

Ar an iomlán ní féidir a shéanadh ach go raibh an dearcadh ceart aige i dtaobh na nuachta áitiúla. Dá mbeadh suim ag muintir na gCúigí sa pháipéar, léifidís é. Dá mbeadh baint acu le nuacht an pháipéir, chothódh sé sin a suim i bhfoghlaim na teanga agus i gcúrsaí náisiúnachais. Mar a deir Aisling Ní Dhonnchadha:

Ní cóir bheith ró-dhian ar na scéilíní is na heachtraí beaga atá chomh flúirseach sin i F.L. agus sa CS. Caithfear cuimhneamh gur ag soláthar i gcóir ranganna agus foghlaimoírí Gaeilge a bhíodas cuid mhaith agus ó thaobh cuspóra de, gur ag tathant ar dhaoine bród a bheith orthu astu féin mar Éireannaigh agus mar dhaoine / chine a raibh a dteanga dhúchais féin acu a bhíodas. (Ní Dhonnchadha, 1987, 248)

I gcoitinne, rinne sé sár-iarracht imeachtaí agus conspóidí na tíre a chur os comhair a lucht léitheoireachta. Scríobh Fearghus Finnbhéil altanna ar an ollscoil Ghaelach ó mhí

na Samhna 1904 go mí Aibreáin 1905.⁸ Ar ndóigh, phléigh an Piarsach ceist na hollscoile agus ceisteanna ar bith a raibh baint acu le cúrsaí oideachais go mion i rith a thréimhse eagarthóireachta. Tugadh ardán do na scríbhneoirí a raibh tuairimí fiúntacha acu ar cheisteanna oideachais. Tugadh áit ar leith do scríbhneoirí a scríobh faoi imeachtaí agus faoi nuacht an Chonartha, go háirithe na Feiseanna agus na ‘haeridheachtaí’. Pléadh cúrsaí spóirt go minic sa *CS*, go háirithe ó 1905 ar aghaidh. Ba é ‘Oscar na Féinne’ an tuairisceoir agus ba é an gnáththeideal faoin ar pléadh lúthchleas na nGael ná ‘Ar Fhaithe na hImeartha’.⁹ Scríobh Tomás P. Ua Nualláin a lán altanna faoi chrainn na hÉireann. Pléadh cúrsaí eacnamaíochta, cúrsaí tionsclaíochta, cúrsaí sóisialta, cúrsaí creidimh, cúrsaí sláinte agus tugadh cothrom na féinne do gach Cúige sa tír. Ní rachfar isteach go mion sna tuairiscí agus sna haltanna seo ag an bpointe seo ach beifear ag déanamh tagairte do na haltanna thuasluaite sna caibidlí a bhfuil baint acu leis na hábhair áirithe sin. Chomh maith leis sin feicfead go bhfuil príomhaltanna an nuachtáin luaite sna hAguisíní ag deireadh an tráchtais faoi ainmneacha na n-údar agus faoi theidil na n-altanna.

Bhí sé de nós ag an bPiarsach ó am go ham, úsáid a bhaint as nuachtáin eile chun nuacht áirithe a chur os comhair an phobail, nó chun treise a chur lena chlaonadh féin ar phársa nuachta. I mí Aibreáin 1906, mhol sé dul chun cinn Chill Chainnigh faoin ‘Kilkenny Project’. D’úsáid sé sliocht as an *Irish Homestead* chun béim a chur ar an bpáirt a ghlac Conradh na Gaeilge sa tionscnamh.¹⁰ Roghnaigh sé sleachta as nuachtáin náisiúnta agus nuachtáin idirnáisiúnta i mí Aibreáin go mí Bealtaine i 1906, chun béim a chur ar oideachas agus ar cheangal na teanga le náisiúnachas. Scríobhadh na sleachta seo faoin gcolún ‘Thoughts’. Ba iad na páipéir as ar baineadh sleachta ná ‘The London Daily News’, ‘La Gazette de Boulogne’, ‘London Standard’, ‘Guth na nGaedheal’, ‘The Speaker’, ‘Le Soir’, ‘All Ireland Review’.¹¹ Ar an iomlán, phléigh sé ábhar

conspóideach ar bith a scríobhadh i nuachtáin eile, a raibh baint aige leis an teanga, le hoideachas, le naisiúnachas nó le gluaiseacht na teanga. Pléifear na nuachtáin agus na sleachta seo sna caibidlí atá le teacht.

Bhí gealltanais amháin eile le comhlíonadh aige ó thaobh athrú an *CS* ó iris go nuachtán agus ba é an gealltanais sin, ná go mbeadh blas idirnáisiúnta na nuachta le léamh ar an bpáipéar. Chreid sé go raibh sé riachtanach go mbeadh an teanga Ghaeilge beo agus go mbeadh tuairimíocht na nGael Gaelach, ionas gurbh fhéidir le hÉire a h-áit a ghlacadh mar thír Eorpach. Léirigh sé gur shíl sé go raibh ceangal mór idir Éire mar náisiún neamhspleách inti féin agus eorpachas sa tír. Bhí an dá rud fite fuaite le chéile sa dóigh go raibh gá le fíor náisiúnachas sula mbeadh Tír na hÉireann in ann an stádas a bhí tuillte aici san Eoraip a bhaint amach. Scríobh sé faoin dearcadh seo a bhí aige i 1904:

That most of the great continental Celtologists are subscribers to *An Claidheamh* goes without saying, but in addition to these, a number of Continental litterateurs, journalists and politicians think the language movement in Ireland of sufficient interest and importance to merit their close attention. ('Resuming her place in Europe', 'Gleo na gCath', *CS* 16 Eanáir 1904, 4)

Rinne sé tagairt ansin do dhá pháipéar a raibh tuairiscí acu ar Éirinn mar náisiún san Eoraip - an *Swedish Daily* le tuairisc ó 'Mr Thornberg' agus *L'Eclair* i bPáras le tuairisc ó 'M. Joann Morvran'. Ba é an teideal ar an tuairisc ná 'L' Irlande reprend sa place en Europe'. D'fhorbair sé an pointe a bhí a dhéanamh aige ansin:

It is significant to find this keen French observer thus re-echoing a thought which has more than once found expression in our own columns: Ireland English - thinking and English - speaking is hopelessly cut off from the world of European thought; Ireland Irish - thinking and Irish - speaking will 'resume her place in Europe'. (ibid.)

Rinne an Píarsach sár-iarracht ó thús a thréimhse eagarthóireachta ar aghaidh, cúrsaí idirnáisiúnta a chur os comhair lucht léitheoireachta an *CS*. Ba iad na tuairisceoirí a scríobh faoi na cúrsaí seo ná ‘Torna’, ‘An Matal’, ‘Uilliam Ó Riain’, ‘An Madra Maol’, ‘Pádraig Ó Dálaigh’, Diarmuid Donn’, ‘Mícheal Breathnach’.

Scríobh na tuairisceoirí seo sna colúin ‘Thall is abhus’, ‘Sgéala ón Domhan Thoir’, ‘Sgéala ón Domhan Thiar’, ‘Thar Lear’ agus ‘Thar Sáile’. Bhí na tuairiscí seo go rialta i rith na bliana 1903 agus pléadh, cúrsaí i Sasana, ‘Petrarch- the sixth centenary of the birth of Petrarch or rather Petrarca [...] great Italian poet of the fourteenth Century.’ (‘On both sides of the Alps’, ‘Thall is Abhus’, *CS*, 21 Márta 1903, 5) Pléadh laochra na hUngaire,¹² cogadh san Iodáil,¹³ cúrsaí san Afraic Theas. I ndáiríre is leor a rá go ndearnadh an-dul chun cinn maidir le hiriseoireacht na Gaeilge ar chúrsaí idirnáisiúnta i rith na bliana 1903. Ní gá dúinn ach féachaint ar na tíortha agus ar na hábhair a pléadh sna colúin thuasluaite - Ceanada, an tSomáil, troid idir ‘An Rúiseánach agus an Mhannchuir’, ‘Éirighe amach an Bhídhéin’, an Astráil, An Ghearmáin, an Aifric Thiar, ‘Bruíghean ag na Turcaigh agus na Bulgarians’, an tSeirb, ‘an Teas i Nua - Eabhrac’, ‘An Pápa’ (faoina bhás), an Fhrainc, na Rúiseánaigh agus na Seapánaigh, an Bhulgáir, an Mhachadóin, an Ungair, Cuba agus na hOileáin Philibín.¹⁴

Ní raibh an oiread céanna tuairiscí sa bhliain 1904 ach ag an am sin caithfear coinneáil i gcuimhne go raibh an páipéar faoi bhrú maidir le cúrsaí airgid. Is dócha gurb í sin ceann de na cúiseanna leis an ngearradh siar a fheictear i 1904. Ba é an príomhscéal ar scríobhadh faoi, ná an cogadh idir na Rúisigh agus na Seapánaigh ach bhí an chuid is mó de na tuairiscí sin idir mí Eanáir agus mí Márta. Bhí bearna mhór ansin go dtí mí Lúnasa 1904.¹⁵ Bhí alt amháin faoi chúrsaí san Afraic Theas le ‘Torna’ (*CS*, 26 Márta 1903, 3). Scríobh Diarmuid Donn alt eile faoi ‘Ainchreideamh sa bhFrainc’ (*CS*, 13 Lúnasa 1904, 3) agus i mí Dheireadh Fómhair scríobh Pádraig Ó Dálaigh alt faoi ‘Ais - Éirighe na hUngaire’ (*CS*, Deireadh Fómhair 1904, 3). Bhí tuairiscí idirnáisiúnta ag dul

i laghad as sin amach. Ní raibh ach ceithre cinn i 1905, thart ar deich gcinn i 1906 agus dhá chinn i mí na Nollag i 1907.¹⁶ Tháinig feabhas mór ar uimhir na dtuairiscí sa cholún ‘Ón Domhan Thoir’ sa bhliain 1908.

Ar ndóigh chuir Pádraig Mac Piarais in iúl dá léitheoirí ag deireadh na bliana 1907 go raibh sé ar intinn aige comhfhreagracht ó Mheiriceá agus ón Mór - Roinn a fhí isteach sa pháipéar mar chuid dá pholasaí don bhliain a bhí le teacht, agus do mhéadú an pháipéir: ‘Among the new features we intend to introduce are a continental letter and an American letter (which will not be a *tout* for emigrants) and a weekly short story, all in Irish.’(CS, 9 Samhain 1907)

Ba é Mícheal Breathnach an príomh - thuairisceoir i rith na bliana 1908. Scríobh sé faoin ‘Rúis’, faoin ‘bPortaingéal’, faoin mBeilg, faoi na hIndiacha Thoir, faoin Eilbhéis, faoin nGearmáin, faoi Thír na Macadóine.¹⁷ Thosaigh na litreacha ó Mheiriceá i mí na Bealtaine 1908. Pádraig Ó hEigearthaigh i ‘Massachusetts, U.S.A.’ a scríobh iad.¹⁸

Ar ndóigh, scríobhadh a lán altanna speisialta sa CS chomh maith leis na tuairiscí rialta. Ba iad ábhair na n-altanna seo ná, bás an Athar Fahy san Airgintín,¹⁹ an cogadh idir na Rúisigh agus na Seapánaigh,²⁰ an réabhlóid i gcoinne na heaglaise caitlicí sa Fhrainc,²¹ comparáid idir Éirinn agus an Ioruaidh,²² Féilte éagsúla,²³ Lá Fhéile Pádraig i dtíortha eile,²⁴ cúrsaí an Chonartha i Lobháin,²⁵ teangacha eile i dtíortha eile,²⁶ an t-easaontas sa Spáinn,²⁷ an Ghréig,²⁸ agus altanna áirithe faoi imeachtaí an Chonartha faoi litríocht, faoin dteanga agus faoi chúrsaí reatha i Londain.

Ar an iomlán d'oibrigh an Piarsach go dúthrachtach chun a pholasáí a chur i gcrích agus b'amhlaidh a bhí an scéal maidir le nuacht idirnáisiúnta an pháipéir. Rinne sé a dhícheall de réir a acmhainne, na deacrachtaí a bhí os a chomhair a shárú. Ar ndóigh bhí a dhearcadh pearsanta ar Éirinn mar náisiún san Eoraip taobh thiar dá thuairmíocht eagarthóireachta ar uirlis oifigiúil an Chonartha. Ní hamháin gur cheap sé gur ghá do na Gaeil a n-aird a dhíriú ar athbheochan na teanga agus ar athbheochan na tíre, ach chun é sin a dhéanamh, léirigh sé ó na tuairiscí agus ó na haltanna idirnáisiúnta sa *CS* gur chreid sé go raibh sé riachtanach do Ghaeil na hÉireann an teanga a chur in oiriúint d'imeachtaí agus do chúrsaí reatha an domhain.

Pléadh formhór na n-ábhar idirnáisiúnta i nGaeilge agus tháinig an claonadh Gaelach trasna go soiléir. Cé gur féidir a rá nach raibh an oiread tagairtí sa *CS* do chúrsaí reatha na Mór - Roinne agus d'imeachtaí an domhain i gcoitinne, chomhlíon sé an gealltanais a rinne sé ag an tús - go mbeadh an nuacht ann agus go mbeadh sé ann i dteanga dhúchais na hÉireann. I ndeireadh na dála, ba é sin bunús a fhealsúnachta - an teanga Ghaeilge beo mar shiombal agus mar shéala an náisiúnachais agus mar thoradh air sin, an Ghaeilge in úsáid mar uirlis chumarsáide náisiúnta. Léirigh sé a dhaingne is a chreid sé sa luach sin nuair a scríobh sé nóta ag bun an ailt 'The Value of a National Language'. Alt a bhí ann a scríobh Max Muller i 'Chips from a German Workshop'. Bhí sé ag plé Coirnise sa Chorn. D'fhreagair an Piarsach:

These are not the words of a 'hot-headed' Gaelic enthusiast. They are the words of a coldly logical German writer whose object was merely the establishment of a great truth. Cornwall allowed its language to die; it is now simply an unimportant English shire. Ireland must decide today whether she will remain an Irish nation or become an English shire. St Comlmcille pray for us. ('The Value of a national Language', *CS*, 13 Feabhra 1909, 6)

Chreid sé go raibh saoirse na hÉireann ag brath ar dhearcadh an phobail, agus ar dhílseacht mhuintir na hÉireann d'athbheochan na teanga agus d'athbheochan na litríochta Gaeilge. Duine fadbhreathnaitheach, forásach, a bhí ann agus thuig sé a thábhachtaí is a bhí sé d'Éire mar náisiún, a háit a ghlacadh i measc thíortha an domhain agus i measc náisiúin na hEorpa.

Chun é seo a dhéanamh bhí fhios aige gurbh éigean dó, mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha, suim agus fuinneamh na ngnáthdhaoine a mhúscailt agus a chothú sa dóigh go mbeidís réidh an chéim ar aghaidh a ghlacadh:

as editor of the League's official weekly organ for six critical years, years in which he published an imposing number of thoughtful and provocative editorials, leaders and reviews in the two languages, he was the point man for the progressives in the formulation and promulgation of an aesthetic philosophy for the revival. Central to that philosophy was a vision of Ireland reclaiming her legitimate and traditional place as a full member of the contemporary European cultural community. (O'Leary, 1994, 74)

2.2.2 An bhéim ar Ghaelú an nuachtáin chun athbheochan na tíre agus na teanga a chur chun cinn:

Chreid cúpla ball de Choiste an Chonartha i 1903 gurbh fhearr dóibh cainteoir dúchasach a fháil don phost de bhrí go raibh forbairt láidir ar Ghaeilge an pháipéir riachtanach. Bhí ceathrar istigh ar an bpost - Pádraig Mac Piarais, Sean Ó Ceallaigh, (a tháinig isteach go mall), Pádraig Mac Suibhne (cainteoir dúchasach) agus Liam P. Ó Riain (níor tháinig sé os comhair an Choiste sa deireadh). Bhí an tAthair Pádraig Ua Duinnín, Seán Ó Ceallaigh, an tAthair Cathaoir Ó Braonáin, an Dochtúir Domhnall Ó Loingsigh, an Dochtúir Dubhghlas de hÍde agus an Dochtúir Micheal Ó hIcheadha i gcoinne an Phiarsaigh mar eagarthóir. D'ainneoin sin fuair sé naoi déag vótaí as fiche is

a sé bhall. Chuir an Dochtúir Mícheal Ó hIcheadha in iúl a láidre is a chreid sé gurbh fhéarr dóibh an post a thabhairt do chainteoir dúchasach nuair a d'éirigh sé as, nuair nár toghadh cainteoir dúchasach ón nGaeltacht.¹ Ach i ndáiríre, is deacair a chreidiúint go ndéanfadh cainteoir dúchasach a oiread is a rinne an Píarsach ar son Ghaelú an pháipéir agus ar son Ghaelú iriseoireacht na hÉireann i gcoitinne. Deir Donnchadh Ó Súilleabháin: 'Is mar eagarthóir na hIrise sin agus mar smaointeoir is mó a chuidigh sé le cur chun cinn obair an Chonartha sna blianta 1903-1909.' (Ó Súilleabháin, 1981, 73)

Rinne sé a dhícheall túsáite a thabhairt do pháisí ar bith a raibh baint acu le Gaelachas nó le cúrsaí Gaeilge. Bhíodh sé i gcónaí ag iarraidh luacha Gaelacha a chur chun cinn agus aird a lucht léitheoireachta a dhíriú ar an taobh seo den ábhar - ba chuma cén t-ábhar a bhí a phlé aige - bhí an taobh Gaelach chun tosaigh.

Ó thaobh cúrsaí iriseoireachta de, rinne sé sár - iarracht nuachtáin agus iriseoireacht na hÉireann a Ghaelú. Ba í an aidhm a bhí aige ná pobal an *CS* a ghríosú i dtreo an Ghaelachais in áit an Ghalldachais. Chuir sé an plean seo i bhfeidhm trín mhódh scríbhneoireachta a bhí aige. Bhí dearcadh agus claonadh Gaeilge ar na haltanna uilig nach mór, cé gur aithin sé go raibh sé de cheart ag cách a thuairim phríobháideach féin a bheith aige no aici:

gur chóir dúinne, muintir na Gaedhilge, dá mhéid ár ndúil i n-ár dtuairim féin, gur chóir dúinn a bheith ullamh i gcómhnaidhe chun géilleadh beagán do thuairim daoine eile ar son leasa ar dtíre. ('Ár dTuairim', *CS*, 26 Samhain 1904 6)

Scríobhann Críostóir Mac Aonghusa faoin bPíarsach mar scríbhneoir liteartha, i gcomhthéacs an Ghaelachais:

Mar scríbhneoir tá airíonna ar leith le feiceáil ann. Tá díocas cruthaithe ann nach bhfuil i mórán dár scríbhneoirí Gaeilge. Sin an fonn dochoscáithe lena scéal a chur in iúl. Chíonn cách é seo ann ach cuireann siad ainm eile air. An

riachtanas agus an deifir seo, síleann siad gur eagla a bhí air go gcaillfí gach ní Gaelach. Ní léir dom sin. Ach is léir dom gur fonn a bhí air a anam a chur romhainn mar a ní gach file. Déanann sé a chuid oibre chomh díocasach sin go n-aithníonn tú nach ag cumadh ach ag cruthú atá sé. (Mac Aonghusa, 1972, 116)

B'amhlaidh a bhí an scéal maidir lena chuid scríbhneoireachta sa *CS*. Bhí sé ag éirí nuachtán Gaelach a chruthú trí mheán na scríbhneoireachta agus trí mheán na heagarthóireachta.

A luaithe is a bhí freagracht na heagarthóireachta faoina chúram, labhair sé amach ar son an Ghaelachais. Nuair a scríobh sé faoi imeachtaí Sheachtain na Gaeilge i 1903, scríobh sé go raibh muintir na hÉireann áthasach, gealgháireach, 'misneamhail, meanmach agus muinghin aca gur gearr [...] go mbídh Gaedhil ar a gceart sa deireadh agus áit aca i measg ríoghachtaí an domhain.' ('Seachtmhain na Gaedhilge', *CS*, 28 Márta 1903, 4) Thosaigh sé ag gríosú a lucht léitheoireachta ón tús agus bhí an dóchas a bhí aige do thodhchaí na hÉireann tógalach. I mí Lúnasa 1903, bhain sé úsáid as guth an eagarthóra chun a chur ina luí ar na Gaeil gur chóir dóibh nósanna Gaelacha a fhorbairt arís agus nósanna Gallda a chaitheamh ar leataobh:

'Sé an sean-nós so an gnás do tháinig anuas chugainn le linn an Béarla do bheith i n-éifeacht i nÉirinn. Níl duine anois i n-aois fearachta nár b'é an gnás nuair a bhí sé ag éiríge suas go raibh meas ar fhoirinn an Bhéarla agus droch-mheas ar an gcuid eile. [...] Bhí cead ag an nGaedheal maireachtáil, dá n-admhuigheadh sé nár Ghaedheal é acht Gall.[...] 'Sé is mithid dúinn ár súile osgailt, breathnúghadh i n-ár dtimcheall, na nósanna Gallda a cáineadh agus na nósanna Gaedhealacha do mholadh agus a chur ar siúbhal arís. ('An Sean -Nós-Cuir amach é', *CS*, 22 Lúnasa 1903, 4)

Bhí polasaí an Ghaelachais i gcónaí os a chomhair amach agus ba é an gléas a bhí aige chun an polasaí seo a chur i gcrích ná an *CS*. Bhíodh sé dóchasach i gcónaí go ndéanfaí páipéar Gaeilge den *CS* - páipéar Gaeilge ó thús go deireadh. I 1906 scríobh sé faoi

athruithe an *CS*. Chríochnaigh sé an píosa le súil go mbeadh páipéar iomlán Gaeilge acu sa deireadh agus gheall se go n-oibreodh sé i dtreo an idéil sin i gcónaí: ‘the proposal to make *An Claidheamh* a purely Irish newspaper has not been approved of, though the tendency will be consistently in that direction.’ (‘Gleo na gCath’, *CS*, 15 Nollaig 1906, 8)

Chreid sé go daingean go gcuideodh an bhéim ar Ghaelú an nuachtáin le hathbheochan na teanga agus na tíre. Chun forbairt Ghaelú an nuachtáin a chur chun cinn, bhí sé ag brath ar mhuintir na Gaeltachta chomh maith le muintir na Galltachta. Bhí sé ag iarraidh suim mhuintir na Gaeltachta a mhúscailt. Chun aigne agus smaointe na ndaoine a dhíriú ar nuachtán an Chonartha rinne sé ‘plé ar gach gné de obair na Gaeilge agus ar gach rud a bhain le saol na tíre.’ (Ó Súilleabháin, 1981, 75) ach ba mhinic a bhíodh sé ag gearán faoin easpa Gaeilge sna ceanntair Ghaeltachta agus níor lig sé dóibh suí siar agus sos a ghlacadh: ‘Is déine a bhí sé ar Chonraitheoirí agus ar lucht Gaeltachta ná ar aon aicme eile.’ (ibid.) Mar sin cé go raibh sé ag iarraidh dul i dtreo an Ghaelachais i rith a thréimhse eagarthóireachta, bhí constaic mhór le sárú aige sna ceanntair Ghaeltachta. Bhíodh sé i gcónaí ag forbairt. Thriail sé bealaí éagsúla chun na daoine a raibh an teanga go líofa acu a spreághadh chun a réimse foclóra a leathnú agus a roinnt leis na daoine a raibh suim acu sa teanga ach a bhí bacach nó leithscéalach a labhairt.

Nuair a cuireadh an ‘*CS* nua’ i gcló i 1907, d’éirigh leis an-chéim chun cinn a dhéanamh i nGaeltacht amháin ar a laghad:

This week most of the new *Claidheamh* departments are in full swing. Already we have reason to know that in districts as far apart as Oileán Reachra and Ibh - Ráthach, the ampler Irish news section has found a warm welcome. In the former place a *Claidheamh* Reading Circle has just been formed, and that it is of very substantial dimensions we deduce from the size of an tAthair Mac Gabhann’s order of copies. (‘Our New Features’, ‘Gleo na gCath’, *CS*, 1 Meitheamh 1907, 7)

Ba mhínic a labhair sé amach i gcoinne na nuachtán Gallda agus an ‘truailiú’ a bhí á dhéanamh acu ar iriseoireacht na hÉireann. Arís is arís eile, rinne sé iarracht a chur ina luí ar a lucht léitheoireachta go raibh sé de dhualgas orthu páipéar nuachta Gaeilge a léamh mar phríomhfhoinsé iriseoireachta agus eolais. D’admhaigh sé i gcónaí go raibh meas aige ar iriseoireacht Angla - Éireannach ach d’ainneoin sin chreid sé nár ghá d’éinne leithscéal a ghabháil as a bheith dílis do iriseoireacht Ghaeilge:

Good allies the Gaelic League has in the Anglo-Irish press but there is only one IRISH newspaper and that is *An Claidheamh*. *An Claidheamh* should then be the paper of the Irish Irelander. (‘A Word with our readers’, Eagarfhocal, *CS*, 21 Mí na Nollag 1907, 9)

Sonraítear a chreideamh daingean i nGaelú na tíre i ngach ábhar ar scríobh sé faoi sa *CS*. Mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha labhair sé amach ar son na ndaoine iad féin agus bhíodh sé ag moladh dóibh de shíor, conas ab fhearr dóibh gnéithe áirithe de shaol na hÉireann a Ghaelú. Bhain sé úsáid as an *CS* mar uirlis chun béim a chur ar na bpráinn a bhain le Gaelú na tíre. Chuir sé an - bhéim ar an riachtanas a bhí ann, aigne agus dearcadh na ndaoine a threorú i dtreo náisiúnachas na hÉireann ionas go mbeadh an tír Gaelach arís. Bhí Gaelú na tíre agus athbheochan na teanga agus na tíre ag brath ar mhuintir na tíre, dar leis:

‘Siad na daoine a ghníós an tír [...] acht is córtha ná sin dúinn cuimhniúghadh nach bhfuil aon dul ar aghaidh i ndán dúinn gan an teanga agus an croíche bheith Gaedhealach.

Lean sé ar aghaidh ag plé réiteach fhadhb an Ghalldachais sa tír:

Cé an leigheas atá againn air? Tá, [...] gan smaointe na nGall, do réir mar nochtaighthear iad sna páipéir nuaidheacht Gallda, a léigheamh. Gan an Ghalldacht a shúghadh isteach agus bealaigh na nGaedheal a sgaoileadh le fán. Gan seanimeachta ná stair na tíre a chaitheamh uainn acht a saothrúghadh, a léigheamh, a sgrúdúghadh, a leasúghadh agus a n-aithleasúghadh. (‘An Gaedheal ar féin’, Eagarfhocal, *CS*, 26 Meán Fómhair 1903, 4)

Rinne sé iarracht trí mheán an nuachtáin, fir, mná agus óige na hÉireann a mhealladh isteach i nGluaiseacht na Teanga. Nuair a bhí sé ag cáineadh rialtas Shasana faoin gconspóid ar chearta na mban, léirigh sé arís a thuairim ar an gceangal idir Gaelachas agus meas ar dhaoine áirithe sa tsochaí:

Is náir do Shasana an tslighe a bhfuil na páipéir nuaidheachta ann ag sgríobhadh i dtaoibh na mBan uasal atá ag éileamh a gcirt chomh fada is a bhaineas le riaghlúghadh na tíre. Acht ní raibh meas ag Gallaibh ar mhnáibh riamh [...] Níor mhar sin do Ghaedhealaibh fad ó agus ní dóigh linn gur mar sin dóibh anois féin. Chomh luath is bhéas an lámh i n-uachtar ag an nGaedheal nÉirinn arís, beidh a gceart féin le fagháil ag mnáibh na tíre. ('I dtaoibh na mBan', *CS*, 3 Samhain 1906, 4)

Léirigh sé a thábhachtaí is a bhí ról na mban i gcúrsaí athbheochan na Gaeilge i Meán Fómhair 1906.²

Thagair sé d'Óige na tíre agus do reiligiúin na tíre go minic chomh maith agus scríobh sé faoin dóigh a mbeidís in ann cuidiú le Gaelú na tíre agus le hathbheochan na teanga. (Beidh na hábhair seo á bplé arís i gCaibidil a Seacht)

Chun Gaelú iomlán na hÉireann a bhaint amach, chreid sé go raibh sé d'iallach ar scríbhneoirí na hÉireann a dtuairimíocht a chur in iúl ina dteanga dhúchais féin. Shíl sé go raibh dluthcheangal idir an Ghaeilge agus litríocht na hÉireann. Deir Antain Mag Shamhráin: 'gur dual don litríocht scathántacht a dhéanamh ar mheon an phobail agus na haoise ina gcumtar í.' (Mag Shamhráin, 1986, réamhrá). Chreid an Píarsach sa phrionsabal céanna i bhfad roimhe sin. Is dócha go ndeachaigh sé thar fóir leis an dearcadh seo, nuair a thug sé tacaíocht do cháineadh ar fhilíocht Yeats i 1904. Ach is fearr coinneáil i gcuimhne go raibh sé á cáineadh i gcomhthéacs Athbheochan na Gaeilge:

The writer of the 'Gaelic Notes' in the New York, *Irish World* of January 16th [...] has some very telling comments on a review of the poetry of Mr W.B. Yeats and the late Lionel Johnson, which recently appeared in the New York *Evening Post*. The writer of the review, who signs himself P.E. M. makes the mistake of regarding the work of Mr Yeats and Mr. Johnson as a product 'of the Gaelic Revival' and 'in this so-called Gaelic Revival' as reflected in the poetry of Mr Yeats 'this endeavour to resuscitate a by gone past and to temper the needs of the present to outworn emotions' he sees 'a movement of defeat'. Whilst personally, we have a high admiration for much of Mr Yeats work, we agree with 'P.E.M.' that the movement of which that work is a product is just what he describes it - 'a movement of defeat' and necessarily so, for it is a movement to achieve the psychologically impossible - the expression of Irish Nationality in English. But the Gaelic Movement is fundamentally different. ('A Movement of Defeat', 'Gleo na gCath', *CS*, 6 Feabhra 1904,5)

Scríobhann sé ceithre bliana níos moille gurb é an t-aon réiteach ar fhadhb na drochlitríochta Gallda a bhí ag sleamhnú isteach sa tír, ná Gaelú na hÉireann. Tosaíonn sé an t-eagarfhocal ag cáineadh na nuachtán Gallda agus leanann sé ar aghaidh ag cáineadh na leabhar a bhí ar fáil in Éirinn ag an am 'ón gCló - Chumann Fathmhar (nó Rationalist Press) i Londain':

Ar an ádhbhar sin, duine ar bith atá ag iarraidh críoch a chur le droch - litridheacht Ghallda i nÉirinn, déanfaidh sé a dhícheall cuidiúghadh le Connradh na Gaedhilge an tír so a Ghaedhealúghadh - sin é amháin an leigheas a bhéas buan. ('Droch - litridheacht Ghallda', Eagarfhocal, *CS*, Iúil 4 1908, 3)

Ba ró-léir gur chreid sé go raibh Gaelú na tíre agus Gaelú an *CS* fite fuaite le gach gné de shaol na hÉireann. Pléifear an taobh liteartha i gCaibidil a Ceathair.

Ar an iomlán níor fhág an Piarsach conspóid ná ábhar nuachta, a raibh tionchar aici nó aige ar Ghaelú nuachtán an Chonartha nó ar Ghaelú iriseoireacht na hÉireann, ar leataobh. Chuaigh sé i ngleic leis na fadhbanna uilig agus le gnéithe shaol na hÉireann

uilig chun athbheochan na teanga a chur ar aghaidh. Sa tslí sin, d'éirigh leis an-bhéim a chur ar phráinn Ghaelú na tíre trí mheán an CS agus é ina eagarthóir air.

2.2.3 An tEagarthóir é féin : Na buanna eagarthóireachta a tháinig

chun cinn i rith a thréimhse eagarthóireachta:

Bhí Coiste Gnótha an Chonartha lánchinnte agus deimhnitheach faoi na buanna a bhí riachtanach d'eagarthóir an CS:

The ideal editor, said O'Hickey, needed first -rate Irish, good English, journalistic instinct and aptitude, loyalty to the League and the Coiste, complete acceptance of its constitution (which at the time was under fire from the Keating branch) and its ideals, and well balanced judgement. (Edwards, 1990, 58)

Is íorónta an rud go ndeachaigh an Dochtúir Ó hIcheadha i gcoinne an Phiarsaigh mar níl amhras ar bith ach gur léirigh sé na tréithe thuasluaite i rith a thréimhse eagarthóireachta ar an CS. Ar ndóigh, léirigh Pádraig Mac Piarais a dhílse is a bhí sé don bhfear céanna nuair a briseadh as Cathaoir na Gaeilge é, i Má Nuad i mí Meithimh 1909.¹

Ba mhaith ab eol don Phiarsach féin cad a bheadh i gceist. Sna litreacha a scríobh sé do J.J. Doyle agus é ag iarraidh a dhearcadh féin i dtaobh na heagarthóireachta a chur in iúl, leag sé amach na tréithe a shíl sé a bheadh riachtanach d'eagarthóir an CS:

It seems to me that whilst, of course, our editor must be a capable writer of Irish and English, he must also bring to the management of the paper a steady level head and a strong hand: clear some notions of things; the faculty of grasping issues and facts and being able to gather round him a loyal band of competent

writers; he must be able to give a lead to the country and inspire the country's confidence. (Edwards, 1991, 60)

Níor éirigh leis an bPíarsach áfach, a chur ina luí air, gurbh eisean an duine ab'oiriúnaí don phost. Bhí an Coiste ag lorg cainteora dúchais agus bheadh sé deacair don Píarsach a n-intinn a athrú. Léirigh sé ina fheagra, a dhoimhne is a thuig sé an difear idir bainisteoireacht agus iriseoireacht. Ba róléir as an bhfreagra gur feasach dó gur ceannaire a bhí de dhith orthu thar aon rud eile. Bheadh sé de dhualgas ar an gceannaire sampla maith, stiúradh agus ceannas a thaispeáint do mhuintir na hÉireann.

His own duty should be to keep things going, to organise his forces, to keep in touch with all the workers and centres, to arrange and set in order. We want a man who will make the best use of the writers at his command and give the country a lead. (ibid., 61)

Níl aon dabht ach gur chuir an Píarsach a shéala ar an nuachtán ó thús go deireadh a thréimhse eagarthóireachta. Tháinig feabhas mór ar ábhar an nuachtáin agus ar struchtúr an nuachtáin agus cé go ndearna sé botúin ar a bhealach, d'fhoghlaim sé ceachtanna luachmara astu agus bhain sé úsáid astu chun an páipéar a fhorbairt. Ba thréith é a léirigh sé i rith a shaoil agus b'amhlaidh a bhí an scéal dó mar eagarthóir ar an *CS*. Ar ndóigh, chuaigh an tréith seo ina choinne ó am go ham de bhrí go raibh sé chomh diongbhailte agus chomh dílis dá chúis féin in amanna ach chuir sé chun socair dó féin é, i gcás an *CS*. Deir Ruth Dudley Edwards: 'During his six years as editor of the *Claidheamh* he had shown more inclination to lead than to follow.' (ibid., 153) Ba bhua ar leith é a bhí aige agus d'úsáid sé é ar son leas an pháipéir.

Ní raibh eagla air riamh dul sa bhfiontar agus ceisteanna conspóideacha a chíoradh. Phléigh sé a lán ábhar i rith a thréimhse eagarthóireachta agus ba léir go raibh eolas forleathan aige ar na hábhair. Cé nach raibh an ceart aige i gcónaí, sonraítear an fonn

eolais ina chuid scríbhneoireachta. Rinne sé sár-iarracht litríocht na hÉireann agus nuacht an domhain agus nuacht na hÉireann a chur os comhair a lucht léitheoireachta. Cé nach raibh sé ina sháineolaí ar chúrsaí na tíre agus ar chúrsaí litríochta, rinne sé a dhícheall, na gealltanais a thug sé, a chomhlíonadh. Deir Philip O' Leary: 'At worst, Pearse was an enthusiastic, knowledgeable and up-to-date amateur' i gcúrsaí litríochta. (O'Leary, 1994, 253) D'fhéadfaí a rá gurbh ionann dó maidir le hiriseoireacht ach is léir gur tháinig feabhas a eagarthóireachta chun tosaigh ina lán gnéithe den *CS*.

Chreid sé go daingean i gcothrom na féinne agus is tréith é a bhraitear go láidir i rith a thréimhse eagarthóireachta. Thuig sé gá an lochtú agus cé nár ghéill sé ró-mhinic dá cháinteoirí, i gcoitinne, ghlac sé leis an gcomhairle a tugadh dó agus phléigh sé é chomh hoscailte agus ab'fhéidir leis i gcomhthéacs a eagarthóireachta ar an *CS*. I 1906 phléigh sé gá an lochtú i gcomhthéacs an nadúir dhaonna, an tírghrá agus an náisiúnachais:

Into this Ireland the language movement brought a critical spirit. It taught Irishmen the full meaning and duties of Patriotism; it showed them that in their own hearts and minds a struggle must be fought as keen as that which they waged against those who differed from them, that in their own conduct they must show their loyalty and love for the motherland; it placed before them the fundamental meaning of nationality and an ideal of nationality at once intense and comprehensive, above all parties and embracing all creeds.

Lean sé ar aghaidh ag taispeáint na slí a chuideodh lochtú le duine dá mba lochtú ceart a bheadh ann:

For legitimate criticism is not only a wholesome and embracing tonic, it is also both an essential to and a symptom of healthy vigorous life. ('The Critic', Eagarfhocal, *CS*, 8 Meán Fómhair 1906,6)

Ní hamháin gur uirlis oifigiúil an Chonartha a bhí sa *CS* ach is cinnte gur uirlis dó féin a bhí ann, a thuairimíocht agus a scríbhneoireacht a phoibliú chomh maith. Nuair a scríobh sé in iris *Sgoil Éanna - An Macaomh* i 1909, d'admhaigh sé go raibh sé riachtanach dó, uirlis a bheith aige a thuairimí a fhoilsiú. D'ainneoin sin, tá blas searbh ar an bpíosa, a chuireann in iúl dúinn gur mhothaigh sé go raibh na srianta a bhain le huirlis phoiblí oifigiúil dian air. Mar gheall air sin, as a bheith ag léamh an píosa, is léir gur ghoill sé air, a dhéine is a bhí lucht a cháinte air agus é i mbun eagarthóireachta:

During the past six or seven years, I have grown so accustomed to having an organ at my disposal for the expression of my views and whims that I have come to look on an organ as some men look on tobacco and others on motor cars and aeroplanes, as among the necessities of life. [...] It will thus be understood that it is a fortunate thing for me, if not for the public that I founded *An Macaomh* before I descended from the bad eminence of the editorship of *An Claidheamh Soluis*. I have still my organ; and it is a luxury to feel that I can set down here any truth, however obvious, without being called a liar, any piece of wisdom, however sane without being docketed a lunatic. ('By Way of comment', Féach Ó Buachalla, 1980, 328-329)

Duine poiblí a bhí ann. Bhí sé riachtanach dó uirlis a bheith aige ach i ndáiríre bhain sé úsáid, uaireanta, as an *CS* chun a fhealsúnacht phearsanta a chur ina luí ar a lucht léitheoireachta, ach mar a deir Donnchadh Ó Súilleabháin:

Má dhein féin, níor fhág sé aon údar eile gan chothrom na féinne a thabhairt dó sna tuairiscí a scríobh sé d'Ardfheiseanna agus na tuairiscí a scríobh sé a a scríobhadh dó le linn a thréimhse eagarthóireachta ar an *Claidheamh Soluis*. (Ó Súilleabháin, 1981, 49)

Ar an tríú lá is fiche de mhí Dheireadh Fómhair 1909, bhí fógra d'eagarthóir nua ar leathanach 14 den *CS*.

Chríochnaigh an Piarsach a thréimhse eagarthóireachta i mí na Samhna 1909. Bhí freagrachtaí eile faoina chúram ach chríochnaigh sé ar an ábhar ba thábhachtaí dó i rith

a thréimhse eagar thóireachta agus i rith a shaoil. Níor stad sé. Níor ghéill sé. Lean sé ar aghaidh ag troid ar son an oideachais náisiúnta. 'Foilsíodh a phríomhalt deireanach mar eagarthóir 'The Senates Opportunity' ar 13 Samhain 1909.' (Ó Súilleabháin, 1981, 158) Cuireadh fógra isteach sa *CS* faoi nótaí an Choiste Ghnótha ar 20 Samhain 1909: 'Seán Mac Giolla an Átha was appointed Editor of *An Claidheamh Soluis* in room of Pádraic Mac Piarais resigned.' (*CS*, 20 Samhain 1909, 8) Bhí ré eagarthóireachta an Phiarsaigh ar an *CS* thart.

3. OIDEACHAS

Forbrófar na pointí seo a leanas sa chaibidil seo:

- a) fealsúnacht oideachais an Phiarsaigh mar a léirítear í sa *CS*
- b) an bhéim a chuir an Piarsach ar Ghaelú chóras oideachais na hÉireann sa *CS* agus an polasaí a bhí aige chun a chuid tuairimíochta a chur i bhfeidhm
- c) an tuiscint a léirítear ar bhunoideachas, ar mheánoideachas agus ar ardoideachas na hÉireann sa *CS*, ó 1903 go 1909.

3.1 An léargas a fhaightear ar fhealsúnacht oideachais an

Phiarsaigh:

'Is maith an rud é an teagasg ach is seacht bhfearr é an sampla.' ('Céad Fáilte abhaile', Eagarfhocal, *CS*, 12 Meán Fómhair 1903, 4)

Bhí Pádraig Mac Piarais ag tagairt don heisimircigh i Meiriceá nuair a scríobh sé an t-eagarfhocal seo. Bhí súil aige go dtiocfaidís abhaile chun a dtailte a éileamh. Dá dtiocfaidís abhaile, bhí sé lánchinnte go leanfadh na heisimircigh eile iad chomh maith. Bheadh sé i bhfad níos éifeachtaí dá bhfeicfeadh na heisimircigh go raibh a gcomhdhaoine réidh dul sa bhfiontar agus teacht abhaile chun a gcearta a éileamh. B'fhearrde iad an sampla.

Oideachas Gaelach Náisiúnta:

Cé gur oideachasóir ar leith a bhí ann, bhí fhios ag Pádraig Mac Piarais nár leor do mhúinteoirí na hÉireann an Ghaeilge a mhúineadh sna scoileanna chun córas oideachais

na hÉireann a ghaelú agus chun athbheochan na teanga a chur ar aghaidh. Go bunúsach, níorbh fholáir do chách saol na scoile a Ghaelú. As sin a d'fhorbrófaí Gaelú an Chórais Oideachais. Bheadh gach duine páirteach sa ghluaiseacht i dtreo an Ghaelachais ón scoilire óg go dtí bainisteoirí na scoileanna agus na coimisinéirí oideachais. Níor mhór dóibh uilig a ndícheall a dhéanamh agus dea-shampla a léiriú trína ngníomhartha agus trína n-urlabhra. Bhí gach gné de shaol na scoile ceangailte le Gaelú an chórais oideachais agus dar leis an bPiarsach go raibh baint ag gach ceist agus ag gach conspóid Ghaelach le hoideachas. Dá n-éireodh le muintir na hÉireann, oideachas na hÉireann a Ghaelú, bheadh an chéad chath buaite acu.

Chun an aidhm seo a chomhlíonadh, thuig sé gurbh éigean dóibh tosnú leis na scoileanna iad féin. Thuig sé gur ghá dóibh atmaisféar na scoileanna a Ghaelú agus dearcadh an Ghaelachais a chothú iontu: 'Nuair a tháinig na Scoileanna náisiúnta chun cinn ó 1831 amach, bhí sé d'aidhm acu Sasanú a dhéanamh ar na daltaí.' (Mac Aonghusa, 1993, 29) Thuig an Piarsach go raibh a lán oibre le déanamh ag muintir na hÉireann. Ní hamháin go raibh sé riachtanach ábhair a mhúineadh sna scoileanna a raibh baint acu le náisiúntacht, le stair agus le Gaelachas na tíre ach, chomh maith leis sin, bhí sé d'iallach orthu tosnú le hatmaisféar na scoileanna. Bhí fhios aige mura gcothófaí atmaisféar Gaelach sna scoileanna nárbh fhiú dóibh iarracht a dhéanamh Gaeilge a mhúineadh mar theanga agus mar ábhar. Bhí saol, nósanna, agus traidisiún na nGael sáite sa Ghaelachas agus bhí athbheochan an Ghaelachais ag brath ar athbheochan na teanga. Mar sin cé go raibh an Bord Náisiúnta ag géilleadh beagainín de bhrí gur tugadh cead do na scoileanna an Ghaeilge a mhúineadh faoin am sin, bhí fhios aige go raibh i bhfad níos mó ná sin le déanamh acu má bhí siad i ndáiríre faoi theagasc na teanga:

We have more than once insisted that the question of Irish in the schools is not disposed of by the mere allotting of so many hours per week to the study of the 'National' Boards official programme. It will not do to carefully mark out a special half hour or hour during which children may be Irish - you must Irishise

the whole school life and nothing short of this will solve the problem. ('Gleo na gCath', *CS*, 15 Lúnasa 1903,4)

Labhair sé arís ar Ghaelú na scoileanna i 1904, nuair a chuir sé in iúl nárbh ionann teagasc na Gaeilge agus tirghrá a chothú sna páistí:

You may teach a child Irish and yet not make a patriot of him; the character of a youth is formed and his sympathies determined less by the consciously didactic instruction which he receives, than by, the general atmosphere, the *milieu* in which he lives. ('The School Atmosphere', 'Gleo na gCath', *CS*, 3 Nollaig 1904, 6)

Scríobh an Piarsach i 1907 go raibh atmaisféar Gaelach na scoileanna níos tábhachtaí fiú ná múineadh na teanga de bhrí gur ghá don Chóras Oideachais tírghrá agus tuiscint don dualgas a mhúscailt agus a fhorbairt sna daoine óga.¹

Chreid sé nárbh fhéidir le hoideachasóirí na tíre, múineadh na teanga agus na staire a scagadh óna chéile. Mar sin chun Gaelú na tíre a chur chun cinn agus chun tuiscint dhualgas mhuintir na hÉireann a spreagadh, chreid Pádraig Mac Piarais go raibh múineadh staire náisiúnta sna scoileanna éigeantach, ionas go dtuigfeadh gach saoránach doimhne an tírghrá:

In one ideal nation every citizen would be conscious of a feeling of affection and duty to the State. In Ireland, the ignorance of history is turning the people into a selfish indifferent race. ('History and Economics', 'Gleo na gCath', *CS*, 21 Lúnasa 1909,7)

Ach i ndeireadh na dála, cé go raibh cead ag na múinteoirí anois, an Ghaeilge a mhúineadh mar ábhar breise, níorbh ionann sin is a rá go raibh an lámh in uachtar faighte ag Gaeilgeoirí na tíre ar an rialtas i gcúrsaí oideachais.

Ní raibh ann ach céim bheag ar aghaidh agus níorbh fhiú trácht air mar chéim ar aghaidh i ndáiríre, de bhrí go raibh an oiread sin le déanamh acu go fóill, chun córas oideachais na hÉireann a Ghaelú. Bhí tasc mor le comhlíonadh acu sula mbeidís in ann 'oideachas Gaelach' a chur ar oideachas náisiúnta na hÉireann. Bhí baint ag oideachas Gaelach le gach gné de shaol na hÉireann agus bheadh sé d'iallach ar chách an t-

oideachas Gaelach a leathnú ar fud na tíre sa dóigh go mbeadh gach duine páirteach ann. Bhí seans ann ansin go dtuigfeadh muintir na hÉireann luach an oideachais agus as sin a d'eascródh an tírghrá a chuirfeadh an tír ar bhealach a leasa arís:

We have got to Irishise education in this country from the smallest national school on a western mountainside, through all the stages of primary, intermediate and university education institutions in the land. ('An Educational Programme', Eagarfhocal, CS, 7 Samhain 1903,4)

Chreid sé go huile is go hiomlán gurbh éigean d'oideachasóirí na hÉireann an 'Galldachas' a dhíbirt as an gCóras Oideachais sula n-éireodh leo céim chun cinn a ghlacadh. Ba é sin fréamh an smachta. Bhí an oiread sin smachta ag an nGalldachas ar an gcóras oideachais faoin am sin, nárbh eol do na scoláirí féin fiú, gur sclábhaithe faoin gcóras Gallda a bhí iontu. Niorbh éigean don rialtas a chur ina luí ar na Gaeil gurbh fhearr dóibh cloí leis an nGalldachas sa chóras, mar chreid na Gaeil iad féin i bhfiúntas an Ghalldachais ina ngnáthshaol. Bhí siad cleachtaithe leis faoin am seo. Mar sin sula mbeidís in ann tús a chur le córas Gaelach sa tír agus oideachas agus oiliúint cheart a chur orthu féin, bheadh sé d'iallach orthu an córas Gallda a scrios:

It is all bound up with this vital education question. Other nations, at a moderate outlay, succeed in educating themselves and prosper; we, at the cost of millions, have been de-educated - educated into serfs and mental castrates - with the inevitable result that we - decay. And so it shall be until foreignism is crushed in the high places and in the low places of our educational systems. ('The Ignoramus of Europe', 'Gleo na gCath', CS, 30 Eanáir 1904, 4)

Ar ndóigh léirigh sé sa *Murder Machine*, blianta tar éis an phiosa seo, gurbh amhlaidh dó. Níor shéan sé riamh go raibh sé in aghaidh an Ghalldachais agus chreid sé gur thábhachtaí athchóiriú oideachais ná neamhspleáchas polaitíochta chun réiteach fhadhb smacht na nGall ar na hÉireannaigh a fháil. Deir Séamas Ó Buachalla:

According to Pearse in the *Murder Machine*, the English education system in Ireland, by eliminating the national factor had succeeded so well in making slaves, that the slaves no longer were conscious of their slavery. To achieve the

abolition of that slavery required educational reform as much as it required political independence. (Ó Buachalla, 1980, (xiii))

Scríobh léitheoir an *CS*, P.S. Ó hEigearthaigh ar dhearcadh an Phiarsaigh faoi dhroch thionchar Shasana ar oideachas na hÉireann.²

Ba mhinic a bhain an Piarsach úsáid as córas oideachais thíortha eile chun samplaí a thabhairt do léitheoirí an *CS* conas ab' fhearr dóibh náisiúnachas sna scoileanna agus sa chóras oideachais a chur chun cinn. Cé go raibh sé diongbhailte agus dílis do chúrsaí oideachais in Éirinn, bhí fhios aige go raibh ceachtanna le foghlaim ó thíortha eile a raibh fíoroideachas náisiúnta ar bun sa tír acu. Phléigh sé na módhanna a úsáideadh i Meiriceá, sa Bheilg, sa Dhanmhairg, sa Ghearmáin agus sa Bhreatain Bheag chun tírghrá agus náisiúnachas a chothú sna scoileanna agus sa chóras oideachais i gcoitinne.³

Deir Ruth Dudley Edwards:

The *Claidheamh* between 1903 and 1909 logged the development of Pearse's views on education and his growing conviction that in the schools lay the raw material for good Irish men and women. [...] None of his educational ideas was his own, but he studied Continental educational thinking and applied it intelligently to the Irish situation. (Edwards, 1990, 105-106)

Thuig Pádraig Mac Piarais a thábhachtaí is a bhí sé do mhuintir na hÉireann gluaiseacht i dtreo an oideachais náisiúnta, ach de dheasca thionchar an Ghalldachais ar an gcóras oideachais, bhí fhios aige go mbeadh sé deacair do na hÉireannaigh a n-aighe a dhíriú i dtreo an Ghaelachais arís. Ba léir dó go raibh sé d'iallach air mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha, cruthú do mhuintir na hÉireann, an leas a bhainfidís as oideachas Gaelach. Thaispeáin sé sa *CS* gurbh éigean d'oideachasóirí na tíre, mórtas cine a chothú sna daltaí sna scoileanna ionas go gcuirfí Éire ar bhealach an náisiúnachais agus ar bhealach a leasa arís. Ba mhaith ab eol dó gurbh í an uirlis ab' fhearr a bhí aige chun na pointí seo a chur in iúl ná an t-eolas a bhí aige ar chórais

oideachais thíortha eile. I 1904, phléigh sé béim an tírghrá i gcóras oideachais Mheiriceá. Scriobh sé gur aontaigh sé le Alfred Mosely gurbh é an t-oideachas i scoileanna Mheiriceá faoi deara dhul chun cinn an naisiúin sin:

the first fact that stands out is that education in America is frankly national [...] The Americans in short, have recognised that education is far and away the most important secular subject that can engage the attention of a people; and they have further recognised that education, to be really effective from the moral, as well as from the industrial standpoint, must be chiefly directed towards the building up of character. ('A National Education', *Eagarfhocal, CS*, 16 Aibreán 1904, 6)

Seachas atmaisféar na scoile agus Gaelú an chórais oideachais féin, b'fheasach dó go raibh modhanna eile chun plean an Ghaelachais a chur i bhfeidhm. Ceann amháin de na modhanna sin ab ea múineadh na Gaeilge agus córas múinteoireachta na scoileanna ar an iomlán. Chreid sé go raibh dluthcheangal idir oideachas maith agus oide maith agus go raibh siad ag brath ar a chéile chun forbairt a dhéanamh: 'In the matter of effective Irish teaching much necessarily depends on the personaility, attainments and methods of the teacher.' ('Gleo na gCath', *CS*, 12 Nollaig 1903, 5)

Bhí fhios aige go raibh i bhfad níos mó i gceist ná líofacht Ghaeilge chun oide Gaelach a thraenáil. Níorbh ionann 'eolas ar an ábhar' agus oide maith, dar leis. I 1903, scríobh an Piarsach faoin ngné seo de thraenáil na múinteoirí. Tá sé soiléir ón bpíosa nár ghéill sé don bharúil gurbh ionann scileanna múinteoireachta ag cainteoir dúchais agus teagasc maith. I ndáiríre ba é a thuairim gur a mhalairt ar fad a bhí fíor agus go raibh an baol ann go mbeadh torthaí millteacha ar an gcóras oideachais Gaelach de bharr easpa traenála. ⁴

Ní féidir a shéanadh go raibh an Piarsach dian ar mhúinteoirí i gcoitinne nuair a scríobh sé sa *CS*. Bhíodh sé i gcónaí ag iarraidh caighdeán na múinteoireachta a ardú ach cé nár

éirigh leis a dhearcadh a léiriú i gceart i gcónaí, ba é an cuspóir a bhí aige ná, oidí na hÉireann a ghríosú i dtreo na múinteoireachta Gaelaí. Bhíodh sé chomh corraithe lena idéil féin go ndearna sé dearmad ó am go ham go raibh oideachasóirí na tíre ag déanamh a ndíchill de réir a n-acmhainne, nuair a cuireadh gach taobh den scéal san áireamh:

Pearse expected of teachers a totally unrealistic level of commitment but he was sensible of the fact that they were ill-equipped to introduce new teaching methods to Irish schools. (Edwards, 1990,107)

Ní hamháin gurbh é a bharúil gurbh í ceist an oideachais bun agus barr cheist an náisiúnachais agus dhul chun cinn na tíre, ach chomh maith leis sin, chuir Pádraig Mac Piarais an milleán ar oidí na tíre de bharr easpa Gaeilge sa tír. Ba í an droch mhúinteoireacht a ba chúis le teip an chórais, cainteoirí Gaeilge a chruthú: 'Imperfect teaching is really at the root of our failure to produce Irish speakers in largers numbers.' ('Are we creating speakers', 'Gleo na gCath', *CS*, 21 Deireadh Fómhair 1905,7)

Dá láidre agus dá éifeachtaí a thuairimíocht ar an gceangal idir oideachas Gaelach agus múinteoirí na tíre ag tús a thréimhse eagarthóireachta, is ea is doimhne a mhuinín astu ag deireadh a thréimhse eagarthóireachta. Faoin am seo bhí Scoil Éanna ar bun agus bhí an-dul chun cinn déanta aige maidir le modhanna múinte. Ba léir don Phiarsach, as an táithí múinteoireachta a bhí aige faoin am sin, an chumhacht agus an tionchar a bhí ag oidí na tíre ar scoláirí agus ar fhorbairt an náisiúin i gcoitinne. Is dócha go raibh díoma air faoin easpa dul chun cinn i gcúrsaí Gaelachais, tar-éis dó sé bliana a chaitheamh ar eagarthóireacht an *CS*. Samhlaíodh dó gurbh é réiteach na faidhbe faoin am seo, ná iomlán a airde a dhíriú ar chúrsaí oideachais agus mar a ba ghnách leis ina lán gnéithe dá shaol, rinne sé a dhícheall an réiteach seo a fhorbairt agus a chur in iúl dá chomhÉireannaigh. Rinne sé iarracht a chur ina luí ar oidí na hÉireann a thábhachtaí is a bhí ról na n-oidí i bhforbairt náisiúnachas na hÉireann, agus i gceannas na tíre:

The teachers of Ireland have today a glorious opportunity. They are, if they but understood it aright, the nations real leaders. They have in their hands the making or the marring of Ireland. ('Gleo na gCath', *CS*, 21 Lúnasa 1909, 7)

A Pholasaí sa CS chun a fhealsúnacht a chur i bhfeidhm:

Bhain Pádraig Mac Piarais úsáid as na heagarfhocail chun tábhacht an oideachais a léiriú. Bhí a lán eagarfhocal bunaithe ar oideachas agus ba mhinic a luaigh sé cúrsaí oideachais sna heagarfhocail eile. Ba iad na téamaí oideachais ar scríobh sé futhu sna heagarfhocail ná, Ollscoil na hÉireann, na Scoileanna Náisiúnta, an tábhacht a bhain leis an gceangal idir oideachas sa bhaile agus oideachas ar scoil, an gnó a bhí le déanamh ag tuismitheoirí na hÉireann i gcúrsaí oideachais, múinteoirí, na Coláistí Samhraidh, ranganna Gaeilge an Gheimhridh, módhanna múinte, litríocht sa chóras oideachais, an Bord Náisiúnta, an clár dátheangach, oideachas náisiúnta i dtíortha eile, na coimisinéirí oideachais, an Ghaeilge mar ábhar breise, taillí, riall 127 (b), na Coláistí Traenála, Comhdháil na múinteoirí, foghraíocht, oideachas Gaelach sa Ghaeltacht, na meánscoileanna, an Bille nua i 1907, náisiúnachas sna scoileanna, cúrsaí Gaeilge i Má Nuad (1907), na hEaspaig, agus Seanad na hOllscoile.¹

Thug sé seans do Ghaeilgeoirí na tíre an Ghaeilge a fhoghlaim trí na ceachtanna oideachais a chuir sé i gcló sa pháipéar. Ón chéad eagrán ar aghaidh, léirigh an Piarasach a dhiongbhailte is a bhí sé faoi fhorbairt chúrsaí oideachais sa *CS*:

In this section we propose to cater for the wants of students who are not sufficiently advanced to grapple with the Irish of our news and literary columns. We commence today with the publication of a series of reading lessons, which can be taken up by any student who has mastered part III of O'Growney.[...]We shall also give each week an exercise for translation into Irish, of which an Irish version will be published the succeeding week. (*CS*, 14 Márta 1903, 3)

I 1904, thagair sé arís don bhéim sa *CS* ar chúrsaí a bhain le scoláirí na hÉireann.² I 1905 agus i 1906, scríobh sé go leanfadh sé ar aghaidh lena pholasaí ar oideachas.³ Scríobh an Píarsach féin altanna a raibh baint acu le cúrsaí oideachais. Níl aon amhras ná gurbh iad na sleachta ba thábhachtaí a scríobh sé sa *CS*, ná na sleachta ar 'Belgium and its Schools'.⁴

Scríobh sé féin léirmheasanna ar leabhair oideachais agus ar an iomlán, scríobhadh léirmheasanna ar níos mó ná seachtó leabhar oideachais i rith a thréimhse eagarthóireachta.⁵ Tá na sleachta agus na léirmheasanna uilig cláraithe sna hAguisíní ag deireadh an tráchtais.

Ní hamháin gur chuir sé a pholasaí oideachais in oiriúint do léitheoirí an *CS*, ach chomh maith leis sin, rinne sé sár-iarracht polasaí oideachais náisiúnta a bhunú.

Pléann Séamas Ó Buachalla a pholasaí ar chúrsaí oideachais i rith a thréimhse eagarthóireachta ó 1903-1909, mar shampla:

As editor of *An Claidheamh Soluis* 1903 -1909, he was instrumental in making educational issues, matters of public interest, in moulding public opinion and in educating league members in a national philosophy. (Ó Buachalla, 1980 (xxiii))

Mar eagarthóir ar an *CS*, ní dhearna sé faillí ina dhualgas do ghluaiseacht na teanga.

Bhí dearcadh agus idéil an Chonartha i gcónaí os a chomhair amach:

When all is said, the task which the language movement has set itself largely resolves itself into the recasting of Irish Education along Irish lines.[...] education in this Irish land must be Irish. ('The Education Question', Eagarfhocal, *CS*, 13 Lúnasa 1904 ,6)

Nuair a luaigh sé i 1904 gur moladh an *CS* mar gheall ar bhéim an oideachais ann, bhain sé úsáid as an ócáid chun dearcadh an Chonartha ar chúrsaí oideachais a phoibliú agus a chraobhscaoileadh:

The other day an Irish Bishop remarked that , apart from the professional publications, *An Claidheamh Soluis* is the only journal in Ireland which takes an intelligent interest in education. [...] the Gaelic League is the one body in Ireland which at all realises the capital importance of the education question or which concerns itself with any of its phases. ('Education', 'Gleo na gCath', *CS*, 15 Deireadh Fómhair 1904, 7)

Is léir on *CS* go raibh fhios ag an bPiarasach go raibh géarghá le hathbheochan oideachais ghaelaigh sa tír. Chun é seo a chur chun cinn bhí sé práinneach go mbeadh tuismitheoirí, daoine óga, agus múinteoirí na tíre páirteach agus gníomhach san obair a bhí faoi chaibidil ag Conradh na Gaeilge. Bhain sé úsáid as an *CS* mar uirlis chumarsáide, chun a chur ina luí ar mhuintir na hÉireann, a thábhachtaí is a bhí forbairt an oideachais sa tír. Ba mhínic a labhair sé go díreach le haos óg na tíre faoi chúrsaí oideachais. Chreid sé go raibh athbheochan na tíre ag brath ar an aos óg: 'muna bhfaighidh an tAos óg scolaídheacht náisiúnta is suarach is fiú dúinn bheith ag casadh le hÉire a chur ar a bonnaibh arís.' ('Scolaídheacht Cheart', Eagarfhocal, *CS*, 1 Deireadh Fómhair 1904, 6) I 1905 nuair a bhí sé ag scríobh faoi luach agus fhiúntas an oideachais don aos óg, thug sé teachtaireacht do thuismitheoirí na hÉireann cad a b'éigean dóibh a dhéanamh dá ndaoine óga:

Is eol do gach éinne caidé an tairbhe do dhaoineibh, oideachas oireamhnach d'fhagháil 'na n-óige. Cuireann sé ar ród a leasa iad i gcomhair a saoghail; músclann misneach agus ard - aigeantacht ionnta. [...] Caithfeam a chur 'na luighe ar aitreachaibh is ar máithreachaibh cloinne, go bhfuil sé de dhualgas ortha i láthair Dé féachaint chuige go bhfuighidh a gclann an tabhairt suas a fhoghnfaidh chun Éireannaigh is chun Gaedhil i ndáiríribh a dhéanamh dhíobh. ('Oideachas Oireamhnach', Eagarfhocal, *CS*, 1 Aibreán 1905, 6)

I mí na Samhna i 1905, scríobh sé faoi thionchar an oideachais Ghaelaigh ar fhostaíocht na nGael.⁶ Níl aon amhras ach gur léirigh sé a dhaingne is a chreid sé, go raibh oideachas Gaelach na hÉireann fite fuaite le dul chun cinn na tíre i ngach gné den saol, i rith a thréimhse eagarthóireachta. I ndáiríre rug sé ar gach fail a cuireadh os a chomhair chun an *CS* a úsáid mar uirlis, chun an tuairim agus an creideamh seo a chur chun cinn.

Rinne sé sár-iarracht an t-oideachas a fhorbairt agus a chur ar aghaidh ach bhí doimhneacht eile ag baint lena chuid oibre, doimhneacht agus buntomhas nach raibh ag cuid mhaith de lucht a chomhaimsire. Ba é an buntomhas sin ná an buntomhas idirnáisiúnta. Is ró-léir as na haltanna agus na sleachta uilig a scríobhadh sa *CS* gur mhaith ab eol dó, na ceachtanna a bhí le foghlaim ó thíortha eile.⁷ Bhí sé fadbhreathnaitheach agus forásach go leor, na samplaí sin a úsáid, chun a phobal léitheoireachta a mhealladh agus a ghríosú i dtreo an oideachais náisiúnta agus an dátheangachais. Deir Séamas Ó Buachalla:

In his case, however, his educational work was coloured by an international dimension which was lacking in many of his contemporaries who were concerned with education in Ireland. He had established a network of contacts in Wales, Scotland, Belgium, France and Denmark, in which educational questions figured predominantly. [...] His educational theories on freedom and inspiration in education on individual differences, on nature study and school environment, on language teaching and bilingualism and on the role and status of the teacher place him securely with the *New Education* movement. (Ó Buachalla, 1980, (xxiv))

3.2 An tuiscint a léirítear sa CS ar stáid oideachas na

hÉireann ó 1903-1909:

Bunoideachas:

Ag tús na bliana 1904, chuir Pádraig Mac Piarais in iúl do léitheoirí an *CS* go raibh fhios ag an mBord Náisiúnta faoi dheireadh, go raibh dul amú orthu maidir le cúrsaí oideachais na hÉireann. D'admhaigh ceannaire an Bhoird nach raibh sé de cheart acu oideachas Gallda a bhrú ar scoláirí na hÉireann agus go raibh gá le hathruithe ar dhéanamh an Bhoird sula ndéanfaí dul chun cinn.¹ Sonraítear an dóchas agus an díograis chun oibre i ngach abairt a scríobhann sé, ach de réir a chéile, sleamhnaíonn an díomá agus an lagmhisneach isteach arís, go dtí go labhraíonn sé amach i 1905 i gcoinne pholasáí gorta an rialtais i gcúrsaí bhunoideachais. Faoi dheireadh ba léir dó gur namhaid do chóras oideachais na hÉireann Císte an Stáit:

The British Treasury is the real enemy of Education in Ireland. The National Board and the Intermediate Board have sinned mainly, though not only, in being the submissive servants of the British Treasury. The British Treasury is now committed to the deliberate policy of starving Primary Education in Ireland. ('The Real Foe', 'Gleo na gCath', CS, 18 Feabhra 1905)

Ar an iomlán phléigh an Piarsach athchóiriú an Bhoird Náisiúnta agus an Ghaeilge mar ábhar breise go mion sna heagarfhocail i 1905.² I mí Lúnasa cháin sé an Bord go láidir de bharr easpa tacaíochta do

- a) chealú na dtáillí don Ghaeilge agus
- b) easpa aitheantais don Ghaeilge sna scoileanna sna ceantair Ghalltacha.

Léirigh sé an drochmheas a bhí aige ar an mBord:

In the fight which is about to be entered upon, the National Board may be eliminated as a factor. It has ceased to think and to act for itself. It is functionless. ('A National Board Minute', Eagarfhocal, CS, Lúnasa 1905, 7)

Lean sé ar aghaidh ag cáineadh an Bhoird de bhrí nár éiligh siad a gcearta agus de bhrí gur lig siad síos na daoine a raibh muinín acu astu agus na daoine a bhí ag brath orthu chun ionadaíocht a dhéanamh ar a son:

Why did it not fight? Why did it make a formal protest and then run away? Why did it not take the people of Ireland into its confidence, appeal for their support on this and the other large question in dispute between it and the Treasury and atone in some measure for its disastrous part by putting itself at the head of a National movement for the freeing of Irish Education from the domination of a foreign bureaucracy?. (ibid.)

Chuir An Madra Maol lena cháineadh ar an mBord nuair a chuir sé 'Whately' i gcomparáid le Cromail i mí Meán Fómhair ach dá dhéine an Piarsach ar an mBord ba sheacht n-uaire níos déine é an Madra Maol orthu. Ba é a thuairim gur mó dochair a rinne Whately na Cromail!³

Ó 1905 ar aghaidh léirigh an Piarsach a dhiongbhailte is a bhí sé go n-athródh oideachas na hÉireann. Bhí rialtas dúchais i gcúrsaí oideachais riachtanach sa tír, agus chuir sé in

iúl do dhuine ar bith a raibh baint aige nó aici le cúrsaí na tíre, go raibh sé d'iallach orthu a ndícheall a dhéanamh. Bhíodh sé i gcónaí ag iarraidh brú a chur ar oidí agus ar bhainisteoirí na scoileanna, módhanna múinte Gaeilge a chur chun cinn:

The British Treasury must be fought; the Boards must be reconstructed on a representative basis. Meanwhile Ireland expects the managers and the teachers to do their duty. ('The Education Fight', 'Gleo na gCath', 10 Samhain 1906, 7)

Tháinig an chonspóid faoi tháillí don Ghaeilge mar ábhar breise chun cinn i 1907 agus 1908. I mí Márta 1907 phléigh sé cúlra tháillí don Ghaeilge mar ábhar breise agus d'inis sé éirim éilimh ghluaiseacht na teanga.⁴ Mhol sé 'Mr Birrell' don obair a rinne sé ar son Ghaeil na hÉireann maidir le hoideachas na tíre agus don aitheantas a thug sé d'obair oideachais Chonradh na Gaeilge: 'testimony which, coming from a man of the intellectual calibre and educational experience of Mr Birrell is of no little value.' ('The Grant for Irish', Eagarfhocal, CS, 30 Márta 1907, 7)

Ag cruinniú an Choiste Ghnótha i mí Feabhra 1908 shocraigh an Coiste gurbh fhearr dóibh béim a chur ar an gcóras dátheangach in áit táillí don Ghaeilge mar ábhar breise.⁵ Phléigh an Piarsach an socrú sin ina eagarfhocal 'The Schools', CS, 15 Feabhra 1908. Ar ndóigh, níor aontaigh a lán daoine leis agus cuireadh tús le conspóid mhór. Scríobh Cathal Brugha agus Piaras Béaslaí litreacha chuig an nuachtán, ag rá go raibh an Piarsach ag obair i gcoinne thoil an Choiste Ghnótha.^{6,7} Ach scríobh P. Ó Catháin agus M. Ua Maoláin litreacha chuige freisin, ag tabhairt tacaíochta don Phiarsach agus ag aontú leis, gur chóir don Choiste a aird a dhíriú ar an gcóras dátheangach. (Féach nóta a sé agus nóta a seacht) Mar Chathaoirleach ar Choiste Oideachais an Chonartha, scríobh Úna Ní Fhaircheallaigh litir ag míniú chonspóid na dtáillí sa Chonradh. Chuir sí béim ar leith sa litir ar bhunfhealsúnacht an Chonartha - athbheochan na teanga. Is fiú an litir

a léamh, chun tuiscint agus dearcadh an Choiste Ghnótha ar cheist na dtáillí a thuiscint i gceart:

You have stated very clearly the position of the Coiste Gnótha with regard to the question of fees for Irish as an Ordinary subject. [...] The Gaelic League is said to be inconsistent with regard to this question of fees. [...] The Gaelic League exists for one great object - the revival of the native language. How that is to be brought about is a new question each day. Our circumstances change, our methods of working change. [...] The aim of the Gaelic League is bilingualism, and bilingualism in which Irish will come in time to take its place as the native language. [...] At the February meeting we had confirmation of the rumour with regard to a second language being obligatory in the Training Colleges after 1911. That was why the Coiste Gnótha decided to give up the agitation about the fees. ('The Fees Question', Eagarfhocal, CS, 18 Aibreán 1908, 9)

Sa chéad eagrán eile, phléigh an Píarsach an litir a scríobh Peadar Ó Laoghaire (Leas - Uachtarán Chonradh na Gaeilge) go dtí an *Freemans Journal* ag rá go raibh sé ag éirí as an Leas - uachtaránacht de bharr chonspóid na dtáillí. Phléigh sé dearcadh mhúinteoirí na tíre agus an tacaíocht a thug siad do mhúineadh na Gaeilge mar ghnáthábhar, ag Comhdháil na Múinteoirí i gCill Airne: 'The voting however, showed that the teachers, as a body, are not made of this mercenery and unpatriotic stuff.' ('The Teachers and the Movement', Eagarfhocal, CS, 2 Bealtaine 1908, 9)

Ar an iomlán thug an Píarsach seans do gach taobh den chonspóid a n-argóintí a phlé. Chuir sé tuairimíocht na ndaoine i gcló agus is ró-léir ó na tuairiscí uilig, a dhoimhne is a bhí an t-aighneas agus an choimhlint idir an dá thaobh.⁸ D'ainneoin na dtuairimí uilig a phléann sé, sonraítear a láidre is a chreid sé sa chóras dátheangach i rith an ama. Níor ghéill sé in aon chor do thuairimíocht 'lucht an Fheill' agus cheistigh sé dílseacht na ndaoine a bhí ina choinne:

Tá an Conradh i gcontubhairt, a Ghaedheala.[...] níl ins an ngleo so i dtaoibh 'táillí na Gaedhilge' acht dalla púicín. B'fhéidir gur dóigh le fúmhór an dreama atá ag éileamh na dtáillí go ndéanfaidís an Ghaedhilg a chur ar aghaidh ins na sgoltachaibh. Acht ní hiad na táillí atá ó na daoineibh a chéad - mhúsgail an t-achrann so. Níl uatha ach leithsgéal chun easaontais a chur ar bun. Da mbeadh na táillí aca i mbárach bheadh ádhbhar troda éigin eile aca. ('An Feall dá ullmhughadh', 'Cúrsaí an tSaoghail', CS, 23 Bealtaine 1908, 3)

Faoin am seo, bhí a lán ceisteanna conspóideacha á bplé ag Conraitheoirí. Níor mhór dóibh sa deireadh Ard-Fheis speisialta a eagrú. Pléifear na ceisteanna eile a pléadh ag an Ard Fheis níos faide ar aghaidh sa chaibidil seo agus i gCaibidil a Sé. I mí Meithimh 1908, scríobh sé faoin 'tionchar' a bhí aige féin mar eagarthóir, ar dhuine nó ar eagraíocht ar bith a raibh baint aige nó aici le hathbheochan na tíre. Tá an sliocht feargach agus searbhasach agus is léir uaidh nach n-aontaíonn an Píarsach le tuairimíocht Chathail Bhrugha, Phiarais Bhéaslaí nó an Leipreachan, faoin 'gcumhacht' a tugadh dó i rith na míonna deireanacha. Críochnaíonn sí:

Why, the Editor of *An Claidheamh*, on the showing of his opponents, must be the strongest man in the movement, nay, must be stronger than everyone else in the movement put together, for he can drag after him in his 'blunders or worse' Coiste Gnótha, Craobhacha Coistí Ceanntair, Teacher's Congress and unless the Fee- Faw - Fummers look sharp - the special Ard -Fheis itself!. ('Father Dineen, The Coiste Gnótha, and the Policy of Bilingualism', *Eagarfhocal, CS, 6 Meitheamh 1908,9*)

Socraíodh na ceisteanna conspóideacha ag an Ard Fheis, ach i rith na tréimhse sin, léirigh an Píarsach, a dhiongbhailte is a bhí sé maidir le cur chun cinn fhealsúnacht an dátheangachais, mar chéim ar aghaidh do chóras oideachais na hÉireann. Pléifear a tuairimíocht ar dhátheangachas i saol na ngnáthdhaoine agus sa chóras oideachais i gCaibidil a Cúig. Chomh maith leis sin, is léir ón argóint uilig gur chreid sé go docht, daingean, gurbh fhearr do mhuintir na hÉireann an teanga Ghaeilge a mhúineadh sna scoileanna mar ghnáthábhar laethúil. Bhí éifeacht theagasc na teanga ag brath ar thraenáil na n-oidí agus ar na módhanna múinte a úsáideadh sna scoileanna. Chuir sé isteach go mór ar an bPíarsach nár ceadaíodh an Ghaeilge mar ábhar éigeantach do na scrúdaithe chun dul isteach sna Coláistí Traenála. Chreid sé go raibh sé práinneach go mbeadh sé éigeantach do scoláirí, an teanga a bheith á foghlaim acu, sula dtosódís ar chúrsa múinteoireachta:

We publish in another column a letter received from the National Board, in which it is stated that Irish has now been placed as an optional subject on the Programme of Examination for 1905 candidates for Entrance to the Training

Colleges. Of course, it took a great deal of pressure to bring forth even this result. The League, however, demands and will continue to demand that Irish shall be made a compulsory subject for this examination. ('Gleo na gCath', *CS*, 10 Deireadh Fómhair 1903, 4)

Thagair sé go minic do fhorbairt agus do bhunú na gColáistí Traenála i gCúige Chonnacht agus i gCúige Mumhan i 1904, agus i mBaile Átha Cliath ag tús 1906. I 1905, phléigh sé stáid na Gaeilge sna coláistí agus chuir sé an milleán ar na Boird faoin easpa Gaeilge iontu.⁹ Sonraítear go láidir, an t-áthas a bhí air nuair a scríobh sé i 1908, faoin scrúdú éigeantach i dteanga eile seachas an Béarla, chun fáil isteach sna Coláistí Traenála. Ní chuirfí an riail i bhfeidhm go dtí 1911, ach ba an - chéim chun tosaigh í ar son bhunoideachas náisiúnta na hÉireann.

Ní féidir a shéanadh gur dhírigh sé a aird ar na heilimintí ba thábhachtaí a bhain le bunoidéachas na hÉireann. Ní raibh sé ró-ídéalach agus ba mhaith ab eol dó gurbh éigean do mhuintir na hÉireann agus don Chonradh géilleadh beagainín chun a chuspóirí a chur i gcrích. Thug sé aire d'imeachtaí an Bhoird Náisiúnta mar ba leo an chumhacht. B'fheasach dó go raibh meán oideachas agus ard oideachas na tíre fite fuaite le ceist an bhunoideachais.

Mura bhforbrófaí oideachas náisiúnta ag an gcéim ab'isle, ní oibreodh an córas ag na céimeanna eile. Bhí tuiscint domhain aige ar na gnéithe a bhain le hoideachas agus le múinteoireacht i gcoitinne. As sin a d'eascair an fhealsúnacht a bhí aige ar dhul chun cinn oideachas na hÉireann. Deir Desmond Ryan: 'He became the educationalist of the movement. He studied as it was easy for him to study, since he was, by nature, a born teacher.' (Ryan, 1939,239)

Meánoideachas:

Chreid an Piarsach go raibh an rialtas i gcoinne theagasc na Gaeilge sna meánscoileanna. Ó thaobh chigireacht na scoileanna agus ó thaobh scrúdaithe rinne siad a ndícheall, constaicí a chur i mbealach oideachasóirí na meánscoileanna. I 1904 cháin sé na cigirí de bhrí nár tháinig siad in am chun na daltaí a scrúdú ach bhí dóchas aige go mbeadh cuma eile ar an scéal i gceann tamaill de bhrí gur cuireadh foireann cigirí Gaeilge speisialta ar bun:

We have known repeated instances in which the inspector arrived to examine a class in Irish, long after the majority of the members had not merely left school, but left the country for Scotland or America. ('Muddling', 'Gleo na gCath', *CS*, 28 Bealtaine 1904, 7)

Bhí fhios aige nach raibh an Clár Meánoideachais ag tabhairt cothrom na féinne don Ghaeilge. Ar an gcéad dul síos, chreid sé gur laghdaíodh ar an seans a bhí ag scoláirí a roghnaigh an Ghaeilge gradaim onóracha a bhaint amach.¹ Ar an dara dul síos, bhí sé lánchinnte go raibh Coimisinéirí an Bhoird Mheánoideachais i bhfad níos fabhraí do scoláirí a roghnaigh Francís nó Gearmáinis nuair a bhídís ag marcáil na scrúduithe.² Léirigh sé an bua géaranailise seo a bhí aige nuair a bhí sé an - óg. Thuig sé i rith a thréimhse eagarthóireachta, a thábhachtaí is a bhí sé, dul chun cinn na n-oidí agus na modhanna múinte sna scoileanna a mheas. Scríobh Séamas Ó Buachalla faoin ngné seo dá phearsantacht, nuair a scríobh sé litir faoi 'Irish in the Schools' i 1900:

This item of his writings shows Pearse to have developed a very early interest in educational policy and an ability to analyse systematically the contemporary issues which arose in Irish Education - an ability which he further developed in the editorial chair of *An Claidheamh Soluis*. (Ó Buachalla, 1980, (xi) - (xii))

Ar ndóigh bhí súil aige go réiteodh an rialtas nua i 1906 fadhbanna an mheán oideachais sa tír. Gheall siad go ndéanfaidís athruithe sa chóras ach nuair a tháinig siad i gcumhacht, ghéill siad don Bhord agus fágadh córas an mheánoideachais mar a bhí sé.³

Ba mhaith ab eol don Phiarsach gur bhraith freagracht dhul chun cinn na modhanna múinte ar mhúinteoirí na hÉireann: 'The most important factor in moulding the character of the education given in a school, whether secondary or primary is the teacher.' ('The Secondary School', Eagarfhocal ,CS, 25 Samhain 1905, 6) Chuir sé an-bhéim ar mhodhanna múinte agus ba láidre a chreideamh i moladh an dalta ná i bpíonós corportha: 'To inflict corporal punishment for a *mistake* is surely the very aim of stupid and purposeless folly.' ('The Secondary School: Thoughts and Suggestions', Eagarfhocal, CS, 13 Eanáir 1906, 6)

Is léir go raibh sé ag smaoineamh go géar ar chóras meánoideachais eile faoin am seo. Bhí ardmheas aige i gcónaí ar theagasc na nBráithre Críostaí ach i dtratha an ama sin, ba dhéine é ar lochtanna na mBráithre Críostaí ná ar a mbuanna. Ag tús 1906, phléigh sé go mion na modhanna múinte a bhí á n-úsáid i dtíortha eile agus an dóigh a bhféadfadh múinteoirí na hÉireann iad a chur in oiriúint do theagasc na Gaeilge.⁴ Shíl sé gurbh é an córas faoi deara fadhbanna an mheánoideachais ach chuir sé an milleán ar oidí na tíre chomh maith. Thuig sé gur le múinteoirí bunscoile na tíre a luigh freagracht bhunchloch mhúineadh na Gaeilge. I 1907, bhí an Craoibhín ag gearán gurb é scrúdú scríofa amháin a d'úsáidí i gcomhair scrúdú teanga ach d'fhreagair an Piarsach gur mhó é an obair a bhí le déanamh ag múinteoirí na meánscoileanna ná a bhí ag múinteoirí na mbunscoileanna:

Forty - six out of every hundred boys and girls attending the secondary schools of Ireland passed in Irish last year: probably less than fifteen out of every hundred are learning the language in the primary schools and less than five out of every hundred are presented for examination in it. ('The Work of the Schools', Eagarfhocal, CS ,20 Aibreán 1907, 7)

Mar ba ghnách don Phiarsach, ní raibh sé sásta fanacht go dtí go gcuirfi na hathruithe ar chóras múinteoireachta na meánscoileanna i bhfeidhm. Mura ndéanfadh na múinteoirí féin iarracht drochstáid theagasc na Gaeilge a athrú, rachadh sé féin i mbun oibre:

But if exhortation could not rouse the teachers of Ireland, perhaps example would succeed. As with poetry and prose, as with journalism and League work, so with education. He saw the need and would attempt to lead the way. In September 1908 he opened his ideal school. (Edwards, 1990, 110)

Chuir Pádraig Mac Piarais fealsúnacht Scoil Éanna i gcomparáid le fealsúnacht mheánscoileanna an rialtais i 1909. Sonraítear an drochmheas a bhí aige ar an gclár agus ar an mBord Meánoideachais. D'fhéadfaí a rá go raibh sé ar intinn aige scoil idéalach a bhunú, ach spreag méid a mhíshástachta leis an gCóras Meánoideachais in Éirinn é, chun scoil dhátheangach a bhunú. Déanann sé achoimre ar láidreacht a dhoichill i gcoinne an chórais sa sliocht seo:

The programme is the primal curse. That persons sitting round a table in Hume Street, Dublin, should prescribe in the minutest detail, the subjects to be studied, the authors to be read, the books of each author, the chapters of each book, by every pupil in every Intermediate School in every corner of every Province in Ireland, is an arrangement to which no true educationalist can ever reconcile himself. At Sgoil Éanna, we take the view that we alone, in consultation with our pupils and their parents, have the right to decide what subjects we shall study, what books we shall read. [...] We do not allow Government Departments to dictate what we shall put on our children's backs: Why should we allow them to dictate what we should put into their heads?. ('The Tyranny of Programmes', *Eagarfhocal*, CS, 27 Márta 1909, 9)

Dúirt Desmond Ryan go raibh sé riachtanach aithne a chur ar Phádraig Mac Piarais mar mhúinteoir, chun aithne cheart a chur air.⁵ Bhí formhór a shaoil tugtha don mhúinteoireacht ar shlí amháin nó ar shlí eile. Gníomhaí agus réabhlóidí ab ea é i rith a shaoil. Má bhí rud éigin le déanamh chun fadhb a réiteach, rinne sé é, ba chuma cén srian a chuirfeadh sé air. B'amhlaidh a bhí an scéal aige maidir le cúrsaí meánoideachais na hÉireann. Ba léir dó nach raibh aon éalú as. Bhí Éire i bhfostú sa chóras millteach seo. Chreid sé gur fearrde daoine an sampla. Idéalaí a bhí ann agus ba é a mhian go gcuirfí meánscoil dhátheangach ar bun.

Níorbh fhéidir leis réiteach na faidhbe a shocrú don tír go léir ach d'fhéadfadh leis gníomh a dhéanamh a chuideodh leis an bhfadhb ar shlí amháin ar a laghad. Pléann Aisling Ní Dhonnchadha fuinneamh an Phiarsaigh agus a dhearcadh idéalach i 'Three Lectures on Gaelic Topics' i 1889:

Bhi misneach, dásacht, anamúlacht agus dúshlán na hóige le brath sna trí léachtaí agus ba mar seo a chuir sé críoch leis an tríú léacht *The intellectual future of the Gael*: 'If you wish to accomplish anything great, place an ideal before you and endeavour to live up to that ideal' (57 - 8). (Ní Dhonnchadha, 1987, 238 - 9)

Is é sin go díreach an beart a rinne sé, maidir le córas meán oideachais na hÉireann agus bhain sé úsáid as an *CS* chun fiúntas an idéil sin a léiriú do mhuintir na hÉireann.

Ard - Oideachas:

Ba é tuairim an Phiarsaigh go raibh dlúthcheangal idir bunoidéachas, meánoidéachas agus ardoideachas. Níorbh fhéidir le hardoideachas na hÉireann a bheith náisiúnta agus Gaelach mura mbeadh bunoidéachas na tíre mar an gcéanna. Ar an taobh eile, thuig sé nárbh fhéidir leis an gcéim ab'ísle a bheith Gaelach gan ollscolaíocht náisiúnta a bheith ann. Ba léir dó go raibh oideachas na hÉireann ag brath ar ollscoil náisiúnta:

But the purpose of a university is something vastly higher and greater and the purpose of an Irish University is nothing more or less than the restoring of Ireland to her intellectual balance. *The Homestead* seems to suggest that by making a fuss about Irish in the Universities, we are commencing at the wrong end. [...] This would be true, perhaps, if a University were an isolated item in the national education system affecting only those who came into its halls. But a University affects both directly and indirectly the whole teaching community and hence the whole population of the schools, secondary and primary - in other words the whole future population of the country. ('The University and the Schools', *Eagarfhocal, CS*, 23 Eanáir 1909, 9)

Sa chead eagarfhocal a scríobh Pádraig Mac Piarais sonraítear an ceangal idir bunoidéachas agus ardoideachas na hÉireann. Chreid sé go mbeadh an :

tOideachas uachtair beagnach díreach ar nós an oideachais íochtair [sa dóigh] go raibh an dá chóras i lámhaibh lucht stiúrtha na sgoileanna agus muna mbeidh

sé mar badh chóir do bheith is iad an lucht stiúrtha amháin a bheidh cionntach. ('Ard - Sgoilighacht na hÉireann', Eagarfhocal, *CS*, 14 Márta 1903, 1)

Níor leor do mhuintir na hÉireann a n-aird a dhiriú ar chéim oideachais amháin agus ar ndóigh thug an Piarasach deis scríofa do scríbhneoirí a raibh tuairimíocht fhiúntach acu ar an ábhar seo. Scríbhneoir amháin a scríobh go minic faoi chúrsaí oideachais ab ea Eoin MacNéill. Phléigh sé ceist na hollscoile, i gcomhthéacs oideachas iomlán na hÉireann, i 1908.¹

Ní raibh ardoideachas na hÉireann Gaelach faoin am seo agus níor cuireadh deiseanna ar fáil do Ghaeil na hÉireann a raibh suim acu i gcúrsaí cultúrtha, i gcúrsaí litríochta, ná i gcúrsaí teanga na tíre seo, a dtuairimíocht a fhorbairt agus a fheabhsú. Phléigh an Piarasach na gnéithe ba thábhachtaí a bhain le náisiúntacht na hÉireann agus ollscoil na hÉireann i 1903, nuair a phléigh sé tuairisc Choimisiún na hOllscoile.² Bhí fhios aige, faoin am seo, nach n-oibreodh córas Gallda sa tír seo choíche. Ní raibh sé ag freastal i gceart ar riachtanais mhuintir na hÉireann mar níor cuireadh riachtanais mhuintir na hÉireann san áireamh. B'éigean do mhná agus d'fhir na tíre córas a chur ar bun a d'oifreadh don mheon Gaelach:

The time has however arrived when Irishmen and Irish women have discovered that imported systems are always bad and that no education system can be productive that does not bend and form itself to the temperament and mind of its subjects. (Kathleen M. O' Brennan, 'Irish women and Higher Education', *CS*, 15 Iúil 1905, 7-8)

Mura gcuirfí córas i bhfeidhm a d'oifreadh do Ghaeil na hÉireann ní bheadh smacht acu ar chúrsaí oideachais na tíre. Gan an smacht seo, ní fhónfadh an t-oideachas do riachtanais na scoláirí ná do riachtanais na n-oideachasóirí a mbainfeadh úsáid as. Rinne Donnchadh Ó Súilleabháin comparáid idir William Bulfin agus an Piarasach nuair a luaigh sé an pointe seo:

Thuig Bulfin chomh maith leis an bPiarasach go gcaithfeadh smacht a bheith ag dream éigin in Éirinn ar oideachas sula bhféadfadh an tOideachas fónamh do leas na tíre. (Ó Súilleabháin, 1981, 188)

Bhí an Píarsach forásach. Thuig sé go raibh sé cúngaigeantach agus beagainín seafóideach bheith ag súil le córas ardoideachais a chur ar siúl, gan cuidiú a fháil ó tíortha eile, ná sampla tíortha eile a ghlacadh chun tuiscint níos doimhne a fháil ar an obair agus ar an dílseacht don fhealsúnacht a bheadh riachtanach, chun córas nua náisiúnta a fhorbairt agus a chothú. Ba léir dó gurbh iad na tíortha ba chumhachtaí ná na tíortha a raibh airgead infheistithe acu i gcúrsaí ardoideachais. Ba é bunchloch agus fréamh dhul chun cinn na tíre ná ceist an ardoideachais:

Tá náisiúin ag brúghadh is ag cumhangthas ar a chéile san margaidheacht ar fuid an domhain acht is iad na náisiúin go bhfuil an lámh - uachtair aca na náisiúin go bhfuil tabhairt suas ar a muinntir is mórán airgid dá chaitheam aca ar ard oideachas. [...] Má's maith linne ár dtír féin d'ardach as umar na haimiléise[...] is éigin dúinn sinn d'ullmhúghadh chun an chomhraic. Ní fuláir sciath chosanta an Ard-oideachais d'fhághail ar ais nó ar éigin chuige sin. ('Ar Oideachas', Eagarfhocal, *CS*, 29 Deireadh Fómhair 1904, 6)

Bhí an bua aige i rith a thréimhse eagarthóireachta, cúrsaí tíortha eile a ionannú le cúrsaí na hÉireann. As an mbua sin a d'eascair an cumas a bhí aige dearcadh agus léargas níos doimhne a léiriú ar stáid na tíre:

His committed nationalism would seem to have been complemented by an enlightened internationalism which advocated for other cultures the acceptability and respect which he demanded for that of his own country. (Ó Buachalla, 1908, (xxiv))

Thagraíodh an Píarsach go minic d'imeachtaí i dtíortha eile agus má cuireadh forbairt ar bith nua ar bun sa chóras ollscoile, chuir sé os comhair a lucht léitheoireachta é. Phléigh sé an ollscoil i Learpholl, córas ollscoile na hUngaire, na Breataine Bige agus Mheiriceá.³

B'ar an rialtas a bhraith an fhreagracht don ollscoil Ghaelach. Ó thús a thréimhse eagarthóireachta cháin sé dearcadh Shasana ar oideachas. Nuair a phléigh sé an t-ardoideachas i 1903, chreid sé go raibh barraíocht béime ar leabhair agus ar chailíochtaí. I ndáiríre shíl sé go raibh an córas Gaelach difriúil ar fad agus gur léirigh an rialtas an

easpa tuisceana a bhí acu ar fhíoroideachas. B'fhearrde scoláirí an t-ardoideachas de bhí go mbeidís in ann féinscrúdú a dhéanamh orthu féin agus mar thoradh air sin d'fhorbrófaí a dtuairimíocht:

Sin é bun an oideachais go gcuirfeadh duine aithne air féin agus ar a chomhursain agus go dtuigfeadh sé iad agus dá mbeadh sé ag dul do leabhraibh dhá lá a shaoghail ní bhfuigheadh sé ceathrúmhadh cuid chomh maith agus gheobhadh sé í le dhul i measg daoine agus a shúile agus a chluasa a osgailt. ('Ard-Oideachas', 'Sgéala ó na Cúig Cúigí', CS, 21 Márta 1903)

Arís ba ró-léir dó as a bheith ag déanamh stáidéir ar ardoideachas tíortha eile, nach raibh an rialtas ag tabhairt cothrom na féinne d'ollscoil na hÉireann. Ó thaobh cúrsaí airgeadais, dar leis go raibh feall déanta ag an rialtas ar oideachasóirí na hÉireann. Ba é bun agus barr an scéil ná nach raibh siad sásta géilleadh d'éilimh na nGael .i. airgead a thabhairt dóibh chun ollscoil dá gcuid féin a bhunú:

Íoctar os cionn ceithre mhilliún go leith sa mbliadhain ar Oideachas in aon chathair amháin i Meiriceá i Nua Eabhrac. Agus atá siad ag priocaireacht linn annso fá aon ollscoil amháin. ('Mionsgéala', CS, 2 Eanáir 1904, 2)

Ag deireadh na bliana 1904 agus ag tús na bliana 1905, léirigh sé gur chreid sé gurbh é réiteach na faidhbe ná dul amach agus an t-airgead a bhailiú dóibh féin. Mura ndéanfaí amhlaidh, bhí an baol ann nach gcuirfí ollscoil náisiúnta, Ghaelach ar bun in Éirinn choíche.⁴

Ar ndóigh ba mhaith ab eol dó gurbh é Coláiste na Tríonóide, an t-aon ollscoil a bhí acu i mBaile Átha Cliath. Níor fholáigh sé riamh an drochmheas a bhí aige ar Choláiste na Tríonóide. Nuair a scríobh 'Vice Provost' an Choláiste san *Irish Times* gurbh é Coláiste na Tríonóide 'the only successful British Institution in Ireland' ('The British University', Eargarfhocal, CS, 31 Deireadh Fómhair 1903, 4), d'fhreagair an Píarsach:

'Nobody who is anybody' nowadays will allow his sons go to Trinity. [...] It is just as easy to send them to really successful British Institutions in England. So the *elite* go to Oxford and Cambridge and Dublin gets the Leavings. (ibid.)

Ní raibh ollscoil Ghaelach chaitliceach sa tír agus bhí na hollscoileanna i ngach aird den tír ag obair faoi thionchar Shasana. Bhí siad ag fanacht go géar le gníomh éigin ón rialtas:

There was no acceptable university for nationally - minded Irish Catholics. Trinity was still resolutely a Pale Institution; the Royal University had no teaching facilities; the two Queen's Colleges at Cork and Galway were run on British Lines and made few concessions to resurgent Irish cultural nationalism. (Edwards, 1990, 75)

Cuireadh an gníomh i gcrích ag tús na bliana 1908, nuair a cuireadh tús le hacht nua na nOllscoileanna. Phléigh an Piarasach an tAcht nua sular cuireadh i bhfeidhm é agus ba é an t-aon rud a bhí ag cur isteach air, ná go dtabharfaí saoirse do na Gaeil iad féin an ollscoil Ghaelach a riaradh agus a fhorbairt dóibh féin:

'God Bless me!' we hear Mr Birrell exclaiming, 'do you expect me to do all this?' No, we don't - but we demand from him, and from those for whom he stands for the moment -LIBERTY- to accomplish all this for ourselves. ('Irish Ireland and the University Question', Eagarfhocal, CS, 8 Feabhra 1908, 9)

Faoi dheireadh, nuair a tháinig an Bille amach bhí dhá ghné den Bille a chuir tús le conspóid mhór sa CS. Ar an gcéad dul síos ní raibh an Ghaeilge ar cheann de na hábhair ab éigeantaí chun fáil isteach ar an ollscoil agus mar gheall air sin ní raibh sé riachtanach don scrúdú máithreánach. Thug an Piarasach áit ar leith don díospóireacht seo sna heagarfhocail i rith na bliana 1908 agus ag tús na bliana 1909.⁵ Ní gá a rá gur chreid sé go daingean go ndéanfaí éagóir ar áit na Gaeilge san ollscoil nua dá gcuirfi an Bille seo i bhfeidhm. Ba é dearcadh an Chonartha ná go raibh dul chun cinn na hOllscoile nua ag brath ar thábhacht na Gaeilge ar an gcúraclam:

Anois bíodh a fhios agaibh gurab é rud atá ón gConnradh so againne ádhbhar léighinn éigeantach do dhéanamh den Ghaedhilg i gcomhair aosa léighinn is foghluma ar ndul isteach san Iolsgoil dóibh. [...] Is eadh is ciall dó, ámh, gur Iolsgoil Ghaedhealach do bheidh ann má bhíonn an Ghaedhealg san áit ar chóir di san Réim Oidis, agus muna mbeidh, gur Iolsgoil Ghallda do bheidh ann. (P. Ó D., 'An Iolsgoil - Gallda nó Gaedhealach?', CS, 21 Samhain 1908, 3)

Chomh maith leis an díospóireacht oscailte sa *CS* cuireadh an - bhéim ar thacaíocht na gComhairlí Contae don Ghaeilge mar ábhar éigeantach. Ag tús na bliana 1909, cuireadh i gcló ainmneacha na gComhairlí Contae a thug tacaíocht don Ghaeilge san Ollscoil nua.⁶ Léirigh méid na tacaíochta an phráinn a bhain le cothrom na féinne don Ghaeilge san Ollscoil Náisiúnta. Bhí an pobal féin ag labhairt amach - gnáthmhuintir na tíre agus ba é an gléas a bhí acu chun a dtuairimí a chur in iúl ná an *CS*:

In spite of all the threats of the learned doctors, who are finding themselves strangers in their own land, that the making of Irish an essential subject in the New University would drive away many students into Trinity, the representative councils of the country continue in ever increasing numbers to record their opinion that in a national university the national language should be an essential subject. ('The Opinion of the People', *CS*, 6 Márta 1909, 10)

Thuig sé a thábhachtaí is a bhí sé, fógraíocht mhaith a thabhairt do shocraithe na gComhairlí Contae mar gur ghuth na nGael ab ea iad agus ag an deireadh ba mhór an tionchar a bhí acu ar cheist na hOllscoile: 'Is léir ó thuairisc an Ardrúnaí do Ardfheis 1909 gurbh iad na Comhairlí Contaetha is mó a chuidigh leis an gConradh i gCath na hOllscoile.' (Ó Súilleabháin, 1981, 144)

De bhí nár tugadh an t-aitheantas a bhí tuillte aici don Ghaeilge i mBille na hOllscoile nua, bhí fadhbanna le déanamh an tSeanaid nua chomh maith. Cé go raibh easaontas faoin Seanad, chreid an Piarsach gurbh fhearr do Ghaeil na hÉireann ionadaíocht a bheith acu ar an Seanad nua ná ligint don rialtas a rogha rud a dhéanamh faoi chúrsaí agus faoi bhainisteoireacht na hOllscoile. Arís phléigh sé gach gné don argóint ach ba léir dó go raibh difríochtaí móra idir fealsúnacht oideachais na ndaoine eagsúla a bheadh i Seanad na hOllscoile nua.⁷ Gan guth na nGael i Seanad na hOllscoile, ní bheadh cumhacht ag na Gaeil i gcúrsaí oideachais ach de bhí nár socraíodh ceist thábhacht na Gaeilge san ollscoil, bhí sé deacair do Ghaeil na hÉireann tacaíocht iomlán a thabhairt don Seanad. Chreid an Piarsach gur crosbhóthar i gcúrsaí oideachais na hÉireann a bhí ann:

It is not a mere figure of speech to say that Ireland is again at The Crossroads. [...] On the Senate, there are three classes of members: those who have faith in Ireland and who think only of her interests; those who wish to serve Ireland but who are satisfied to see her become what Cardinal Newman wished her to be, a cultured English province; and those who, like Sir William Butler and Mr Butcher could not even entertain the resurrection and rehabilitation of Irish civilisation. ('The University Crisis', *Eagarfhocal, CS*, 1 Bealtaine 1909,9)

I rith na tréimhse seo, léirigh sé gur eagarthóir neamhchlaonta a bhí ann. Bhí sé ag obair ar son idéil an Chonartha. Ba mhaith ab eol dó gurbh éigean do mhuintir na hÉireann seasamh suas agus a gcearta a éileamh, chun cothrom na féinne a fháil. Bhí sé misniúil agus dícheallach. Cé nach raibh sé ina eagarthóir ar an *CS* ar feadh cúpla mí i 1908, tháinig sé ar ais de bhrí gur iarradh air teacht ar ais. Bhí sé ar an duine ab oiriúnaí chun ceist na hollscoile a chur ar an mbealach ceart:

Bhí sé ina eagarthóir ar iris oifigiúil an Chonartha arís agus thuig sé go maith cad chuige ar iarradh air teacht ar ais. Bhí na héilimh déanta ach bheadh gá le gníomhartha má bhí aon ráth agus aon toradh fóna le bheith ar na h-éilimh. (*Ó Súilleabháin*, 1981, 131)

Bhraith réiteach fhadhb na hollscoile Gaelaí ar an rialtas ach b'fheasach don Phiarsach chomh maith, go raibh ceist na hOllscoile fite fuaite le cúrsaí eaglaise na hÉireann. Thuig sé go maith an chumhacht a bhí ag an Eaglais maidir le cúrsaí oideachais agus cúrsaí teanga na hÉireann agus go deimhin maidir le gach gné de ghnáthshaol na nÉireannach:

Bheadh ar dhuine ardmholadh a thabhairt do na sagairt a thug faoi shlánú na Gaeilge le dícheall is le dúthracht. Is beag duine a shéanfadh gur mhór agus gurbh fhiorthábhachtach í an chabhair a thug an Eaglais Chaitliceach do Ghluaiseacht na Gaeilge. Agus an méid sin ráite, bheadh ar dhuine tagairt go neamhbhalbh don díobháil a bhain le role na hEaglaise in imeachtaí na Gaeilge toisc an iomarca smachta a bheith aici ar shaol na tíre i gcoitinne. (*Ní Dhonnchadha*, 1987, 247)

Nuair a phléigh Pádraig Mac Piarais ionadaíocht na hEaglaise i Seanad na hOllscoile i 1903, rinne sé idirdhealú idir an ról a bhí ag an Eaglais sa Seanad agus an ról a bhí ag mhuintir na hÉireann i gcoitinne: 'The nominees of the Hierarchy [...] will certainly enjoy

confidence; but their specific function on the Board will be to safeguard the interests of the Church.' ('The University Commission report', *Eagarfhocal*, *CS*, 28 Márta 1903, 4)

Ní raibh ceangal díreach idir cúrsaí creidimh na hÉireann agus Gluaiseacht na Teanga. I ndáiríre, bheadh sé deacair a chruthú go raibh béim ar leith ar chaitliceachas i gcúrsaí athbheochan na tíre ar chor ar bith, ach d'ainneoin sin ba mhaith ab eol do mhuintir na hÉireann nach raibh ollscoil na hÉireann ag freastal ar riachtanais Chaitlicigh na hÉireann. Léirigh an Piarsach an difear idir ollscoil chaitliceach agus ollscoil a chomhlíonfadh an dualgas, chun ardoideachas Gaelach a chur ar fáil do Chaitlicigh na tíre ag tús 1905.⁸ Nuair a phléigh sé dearcadh 'Mr Sweetman' ar an ábhar, d'admhaigh sé: 'The University question is not a religious question though it has a religious aspect.' ('Mr Sweetman and ourselves', '*Gleo na gCath*', *CS*, 14 Eanáir 1905, 6)

Ar ndóigh, bhí ardmheas aige ar Choláiste Phádraig i Má Nuad mar gheall ar an iarracht a rinneadh ann, ollscoil Ghaelach chaitliceach a chur chun cinn:

Bhi tábhacht ar leith ag baint le bunú an Choláiste oiliúna sagartóireachta i Maigh Nuad sa bhliain 1795 le cabhair airgid ó rialtas London. Béarla teanga Mhaigh Nuad; ní móide go ligfeadh an stát don choláiste a bheith ar a mhalairt de bhealach ach ní fios gur chuir sin isteach ar na hEaspaig a bhí i mbun an Choláiste. (Mac Aonghusa, 1993, 25)

Ag deireadh na bliana 1904, foilsíodh altanna sa *CS* a raibh ardmholadh iontu don obair a bhí ar bun do ghluaiseacht na teanga sa choláiste.⁹ Phléigh an Piarsach tuarascáil bhliantúil Chonradh Choilm Naofa go mion sna hEagarfhocail i 1903, 1904 agus i 1905.¹⁰ I 1907 nuair a baineadh Gaeilge éigeantach de churaclam an Choláiste, bhí an Piarsach ar buile. Ba ró-léir dó an tábhacht a bhain le Gaeilge éigeantach i Má Nuad. Bhí muinín aige as easpaig Mhá Nuaid agus as an uachtarán ach mhill an socrú sin an mhuinín a bhí aige as stádas na Gaeilge sa choláiste. Nuair a scríobhann sé faoin socrú seo i 1907, sonraítear an fhearg, an díomá agus an scanradh atá air de bharr an ghnímh

thobainn seo.¹¹ Ní hamháin gur chuir sé an milleán ar uachtarán an choláiste ach chreid sé gur fheall easpaig na hÉireann uilig ar oideachas na hÉireann:

And those who seek to inflict this huge wrong on Irish Education, on the Irish language, on the faithful simple people who speak Irish as their vernacular are not the 'National' Board, nor the Intermediate Board, nor Trinity College, nor Dublin Castle, nor the British Treasury. They are the Bishops of Ireland. ('Maynooth and Irish', Eagarfhocal, CS, 16 Samhain 1907, 7)

Ghoill an eachtra seo go mór ar an bPiarsach agus ar chonraitheoirí i gcoitinne. Go dtí seo thug Conradh na Gaeilge tacaíocht do Choláiste Phádraig agus bhí ardmheas ag lucht na Gaeilge ar an gcoláiste. Chreid siad go raibh dlúthcheangal idir imeachtaí Ghaeilge Mhá Nuad agus imeachtaí Ghaeilge na tíre. Mar eagarthóir ar iris oifigiúil an Chonartha, léirigh Padraig Mac Piarais a dhílse is a bhí sé don obair a bhí á déanamh i Má Nuad. Ní féidir a shéanadh gur chreid an Piarsach go raibh an Dochtúir Mannix tar éis gníomh fealltach, millteach a dhéanamh i gcoinne athbheochan na Gaeilge.¹²

I mí na Samhna agus i mí na Nollag 1907, chuir sé méid a dhíomá in iúl. Ní hamháin gur thuig sé éifeacht agus tionchar na heachtra ar athbheochan na teanga ach chomh maith leis sin, chuir údarás agus seasamh uachtarán an choláiste deistean air de bhrí nach dtiocfadh sé amach chun an cheist a phlé agus a chíoradh go poiblí agus go hoscailte. Chreid an Piarsach go raibh míniú ar an scéal ar a laghad tuillte ag Gaeil na hÉireann:

It will be observed that the President of Maynooth takes up the attitude that the public is not entitled to any information as to what goes on in the College beyond that which is contained in the College Calender. [...] The Dr Mannix whom it has been our pleasure and honour to know, was a man of fine mental balance, rich in saving common sense; the new Dr Mannix with his extravagant assumption of autocratic power is a phenomena which is as amazing as it will assuredly be ephemeral. ('Dr Mannix and the Coiste Gnótha', Eagarfhocal, CS, 28 Nollaig 1907, 9)

Ag tús na bliana 1908, thug cliarlathas na hEaglaise an chonspóid seo ceim níos faide ar aghaidh. Níor aontaigh siad le Gaeilge éigeantach san ollscoil agus ní raibh siad sásta tacaíocht a thabhairt do Chonradh na Gaeilge ar an ábhar sin. Chuir siad cosc indéach le freastal sagart ar chruinnithe an Chonartha agus léirigh siad trína ngníomhartha go raibh siad i gcoinne díospóireachta oscailte ar an ábhar. Phléigh an Píarsach an díospóireacht seo sna heagarfhocail ag tús na bliana 1908.¹³ Cé gur shíl na hEaspaig gur 'Fair argument' a bhí ann is léir ón díospóireacht sa *CS* go raibh eagsúlacht tuairimíochta ar fud na tíre agus i ndáiríre go raibh formhór na ndaoine a raibh suim acu i gcúrsaí Gaeilge san ollscoil, ar thaobh an Chonartha. I mí Feabhra, d'fhoilsigh an Píarsach litir ón gCoiste Gnó, ag léiriú go raibh an Coiste amhrasach faoi sheasamh na n-easpag ar an gceist chonspóideach seo:

Although the Bishops Committee has declared the question to be 'one for fair argument' it has become evident that their pronouncement is effectively preventing any thing like fair argument. [...]Priests in many instances are constrained now in certain dioceses, to regard themselves as no longer free to argue the question in public. ('Manifesto for the Coiste Gnótha on the question of Irish in the National University', *CS*, 6 Feabhra 1909, 9)

Ba é dearcadh an Phiarsaigh ná go raibh Gaeilge éigeantach don scrúdú máithreánach riachtanach chun ollscoil náisiúnta Ghaelach a bhunú. Ba í sin an t-aon tslí amháin a bheadh réadúil agus cothrom, chun ardoideachas Gaelach a chur chun cinn sa tír, dar leis. Bhí an Dochtúir Mícheal Ó hIcheadha ar aon intinn leis agus lean sé ar aghaidh le feachtas láidir chun an t-idéal seo a chur i gcrích. Nuair a briseadh as a phost i Má Nuad é, i mí Iúil 1909 de bharr a thuairimíochta ar an ábhar seo, thug an Píarsach iomlán a thacaíochta dó mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha.¹⁴ Níor stad sé ansin ach oiread. Faoin am seo bhí an Píarsach ar buile le Cliarlathas na hEaglaise. Thuig sé go maith an dochar a bhí déanta do Ghluaiseacht na teanga. Bhí eagla air nach réiteófaí fadhb na Gaeilge éigeantáí choíche agus ba mhaith ab eol dó, nach raibh sé in

ann mórán a dhéanamh faoi. Bhain sé úsáid as an *CS* mar uirlis phoiblí chun ionsaí a dhéanamh ar easpaig na hÉireann. Cé go raibh fhios aige gurbh ionann a dhearcadh pearsanta féin agus stáid oifigiúil an Chonartha, sonraítear méid a fheirge agus doimhne a mhothúchan ar an ábhar ina chuid scríbhneoireachta sa *CS*. I ndeireadh na dála, b'éigean do na heaspaig, ráiteas oifigiúil a chur isteach sa *CS* ar 7 Lúnasa 1909 á gcosaint féin.¹⁵ D'fhreagair an Piarsach:

But we claim and will always exercise the right to criticise any action of the Bishops as of any other body of Irishment which affects the welfare of the Irish Language; The Irish Language is our charge and to that charge we must be faithful.[...] Our words had in them, as the occasion demanded, a certain passion, but they had in them nothing of disrespect for episcopal authority, nothing of disrespect for the Bishops either in their episcopal or in their personal capacity. ('The Bishops Statement', *Eagarfhocal*, *CS*, 7 Lúnasa 1909,8)

I rith an ama agus i rith na ndíospóireachtaí uilig, d'aithin sé an gá a bhí le smacht ar chúrsaí oideachais agus thug sé aitheantas ceart do na heaspaig agus don eaglais sa deireadh.

Níl aon dabht ach go ndearna Pádraig Mac Piarais sár obair ar son chúrsaí oideachais na hÉireann agus é i mbun eagarthóireachta ar an *CS*. Arís is arís eile, cloistear an tOideachasóir ag caint agus cé nach míníonn sé go díreach a fhealsúnacht agus a thuairimíocht ar oideachas, faightear léargas cruinn ar a pholasaí eagarthóireachta maidir le cúrsaí oideachais. Tagann dearcadh an Phiarsaigh chun cinn sna hábhair ar scríobh sé futhu sa *CS*, ach i ndáiríre bhí ceist an oideachais náisiúnta chun tosaigh i rith a shaoil. Deir Séamas Ó Buachalla:

It is quite obvious that education dominated Pearse's life almost from the time he graduated from school in 1896. [...] By any criteria his educational work was significant, original, extensive and progressive; his wider recognition as an innovative educationalist has been impeded by the manner in which his literary and political achievements have tended to obscure its significance in the popular image. (Ó Buachalla, 1980, (xxiv))

4. LITRÍOCHT (AGUS NA hEALAÍONA

EILE)

Léireófar an tuiscint a bhí ag an bPiarsach ar chúrsaí litríochta agus ar chúrsaí ealaíon na hÉireann, mar a léiríodh í sa *CS*, sa chaibidil seo. Chun í seo a phlé, caithfear

a) fealsúnacht liteartha an Phiarsaigh mar a léirítear í sa *CS*, a chioradh

b) an dul chun cinn a rinne sé chun litríocht na hÉireann a sholáthar do léitheoirí an *CS*, a léiriú

c) féachaint ar ealaíona na hÉireann, mar a pléadh iad sa *CS*.

4.1 Fealsúnacht liteartha an Phiarsaigh:

Ba léir do Chonraitheoirí ó 1896 ar aghaidh, an tábhacht a bhain le hathbheochan litríochta Gaeilge, chun an teanga a chur chun cinn in Éirinn. Sa chéad bhliain mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha, chuir Pádraig Mac Piarais in iúl do léitheoirí an *CS* gurb é sin cuid de pholasaí an Chonartha. Bhí sé ag féachaint siar ar obair an Chonartha le deich mbliana anuas agus á cur i gcomparáid le hobair a thréimhse féin, ag an am:

The only important change in policy has been the formal adoption of the cultivation of Irish Literature as an object of the League. This, if we remember aright, was done in 1896. ('Gleo na gCath', *CS*, 1 Lúnasa 1903,5)

Ar ndóigh bhí an ceart aige mar ba léir do Chonraitheoirí ansin fiúntas na litríochta Gaeilge agus chreid siad gurbh fhiú, ó thaobh chúrsaí teanga de, litríocht bheo náisiúnta a chruthú.¹

Tá éagsúlacht tuairimíochta faoi scríbhneoireacht an Phiarsaigh agus tá a lán díospóireachta faoin gcineál litríochta a chum sé. Níl sé de chuspóir ag an tráchtas seo dul isteach go mion ina scríbhinní liteartha, ach is fiú trácht ar an bPiarsach mar scríbhneoir liteartha ann féin chun

- a) a dhearcadh agus a fhealsúnacht ar an litríocht i gcoitinne agus ar litríocht náisiúnta a phlé agus
- b) chun a dhearcadh i gcomhair cur chun cinn litríocht náisiúnta na hÉireann, mar eagarthóir an *CS*, a léiriú.

Thar aon rud eile, bhí tuiscint domhain aige ar mheon an ealaíontóra, rud a léirigh sé i rith a thréimhse eagarthóireachta ar an *CS*. Phléigh Críostóir Mac Aonghusa an Piarsach 'mar fhear liteartha amháin' (féach Mac Aonghusa, 1972, 115). Scríobh sé:

Tá fúm trácht air, scrúdú a dhéanamh ar an gcineál ealaíontóra a bhí ann, ar an intinn a bhí aige dá cheird; ar an ngléas a bhí air lena chleachtadh agus ar an méid a rinneadh sular maraíodh é. (ibid.)

Is é seo an tuiscint a bhí ag Críostóir Mac Aonghusa air mar 'fhear liteartha':

Is é an chéad rud a thugaim faoi deara, go raibh dearcadh nádúrtha an scríbhneora aige don ghairm uasal a lean sé agus go ndúirt sé nithe breátha ina taobh. Bhí tuiscint iontach aige don ealaíontóir agus dá shaothar. (ibid.)

Níor cuireadh mórán de chuid scríbhneoireacht an Phiarsaigh i gcló i rith a thréimhse eagarthóireachta. I 1903-1904, cuireadh a leagan féin de *Bodach an Chóta Lachtna* i gcló.² Níos faide ar aghaidh i 1904 cuireadh leagan de *Toraidheacht Fhiacail Ríogh Gréag* a scríobh sé féin agus Eoghan Ó Neachtáin, i gcló.³ I 1905 foilsíodh *An tÁdhbhar Sagairt* agus *Poll an Phiobaire* faoin ainm cleite *Colm Ó Conaire*.⁴ Bhí a scéalta uilig curtha i gcló faoin ainm cleite *Colm Ó Conaire* as sin amach *Eoghainín na nÉan*, *Aisling*, *Bairbre*, *Íosagán*, *Brighid na Gaoithe*.⁵ Bhí ardmheas aige i gcónaí ar scríbhneoirí dúchais na Gaeilge ach bhí fhios aige go raibh bua agus substaint an

ealaíontóra ann féin agus ba mhian leis cur le litríocht náisiúnta na Gaeilge. Ba é an bealach ab fhearr a bhí aige chun a chuid scéalta a fhoilsiú na an *CS* féin, ach shocraigh sé ar ainm cleite a úsáid:

Although Pearse had still the greatest respect for those born to the tongue, he felt that with application and intelligence, a non-native speaker could learn to speak and write good Irish. By 1905, he had been a dedicated student of the language for fifteen years, and he felt qualified to make a contribution. He wanted to be taken seriously, so he published his own pseudonymous work in his newspaper and kept his secret well. (Edwards, 1990, 94)

Ba í tuairimíocht an Phiarsaigh ná gur chóir go ndéanfadh litríocht thíre scathántacht ar mheon an phobail inar cumadh í agus go léireodh litríocht náisiúnta carachtar an náisiúin. Shíl sé gur chóir go bhfaighfí léargas ar shaol an duine as an litríocht:

As Frank O'Brien has discussed at length, a Keystone of Pearse's literary philosophy, was the Arnoldian principle that literature should be a criticism of life. (O Leary, 1994, 122)

Phléigh an Piarsach an dearcadh seo a bhí aige i gcomhair litríochta i 1906. 'Literature is a deliberate criticism of actual life.' ('About Literature', *Eagarfhocal, CS*, 26 Bealtaine 1906, 6)

Seachtain ina dhiaidh sin, mhínigh sé go mion a thuairimíocht ar litríocht mar léirmheastóireacht an tsaoil. Níl aon amhras ach nuair a scríobh sé féin, go raibh sé ag iarraidh léargas ar leith a thabhairt don ghnáthdhuine ar shaol na hÉireann. Is fiú an sliocht a scríobh sé a léamh, chun tuiscint an Phiarsaigh ar litríocht a phlé:

Our view of literature as a criticism of life has been objected to as partial - as covering only one aspect of the function of literature. This however, is to restrict unduly the connotations both of 'criticism' and of 'life'. We do not mean that every piece of literature must be didactic in aim - the world's greatest literature is for the most part singularly undidactic; neither do we suggest that every writer ought to take up the discussion of snotty problems, psychological, social political and so forth. We simply put in compedious form the undoubted fact that every piece of literature, as indeed every piece of art, expresses the *views* of its creator on whatsoever may happen for the moment to be his theme. ('Literature, Life and the Oireachtas Competitions', *Eagarfhocal, CS*, 2 Meitheamh 1906, 6)

De bhíri gur chreid sé go raibh dlúthcheangal idir náisiúntacht agus teanga, bhí sé riachtanach dó, go mbeadh litríocht náisiúnta scríofa i dteanga dhúchais mhuintir na tíre, sa dóigh go dtabharfadh an litríocht léargas ar shaol na ndaoine agus ar character agus ar luacha na tíre. Bhí teanga na ndaoine fite fuaite le litríocht na ndaoine. Bhí litríocht na hÉireann ag brath ar mheon an Éireannaigh chun fírlitríocht Éireannach a chruthú:

a nation's language and literature must always remain the most important channels for national self-expression, a nation's language and literature must always remain the fullest and most understandable record of its thought. Thus if we want to get at the mind of Ireland, we must go to her language and literature. ('What is a national language?', *Eagarfhocal*, CS, 28 Eanáir 1905, 6)

Ní féidir a shéanadh go raibh tionchar ag an dearcadh seo ar a chuid litríochta féin agus as na sleachta seo éiríonn cuspóir a scríbhneoireachta i bhfad níos soiléire. Bhí fis aige féin agus d'éirigh sé chomh tógtha suas leis an bhfis sin ar náisiún na hÉireann, gur fágadh fíricí a raibh baint acu le saol na hÉireann ag an am sin, ar leataobh. Ní gá ach féachaint ar an mbéim a chuir sé ar mhná agus ar pháistí ina chuid scéalta féin. Mar a deir Philip O Leary, chruthaigh sé sórt 'Utopia' dó féin: 'a Gaelic utopia against which to measure the contemporary Ireland with which he was so utterly disillusioned.' (O Leary, 1994, 127)

Ba mhaith ab eol dó ag an am, cruatan agus anró an tsaol sna ceanntair Ghaeltachta. Chreid sé gurbh éigean dó, saol na Gaeltachta a chur os comhair a léitheoirí chun teanga na hÉireann a choinneáil beo, ach chun é sin a dhéanamh b'éigean dó beagainín 'idéalú' a dhéanamh ar shaol na ndaoine ann. In áit 'idéalú' d'fhág sé fíricí a raibh baint acu leis an saol sin ar lár. Ba í an ghné a d'fhág sé ar lár, ná saol na bhfear. Chloígh sé le saol na mban agus le saol na bpáistí. Mar a deir Philip O Leary:

To write of men would of necessity, have involved a direct confrontation with contemporary social and economic for whose discussion he lacked any coherent ideological frame work until quite late in his life and which, more relevant here, he may have felt that he could deal with more appropriately, as a journalist. In this sense, his exclusion of men from his Gaelic utopia provides further

confirmation that his stories are not the work of a man out of touch with reality, but rather those of a writer deliberately seeking to preserve his personal vision and method from being overwhelmed by the sheer presence of that reality. (O Leary, 1994, 124)

Chreid sé féin go raibh tábhacht ar leith ag baint le léitheoireacht an ghnáthdhuine chun suim sa litríocht a mhúscailt agus a chothú. Dá mbeadh léamh na leabhar rialta i saol na ndaoine, bhí sé cinnte go leanfadh suim sa litríocht agus cruthaitheacht na litríochta. Bhí sé riachtanach samhlaíocht na ndaoine a spreagadh agus ba é an bealach ab' fhearr chun é seo a dhéanamh na muintir na hÉireann a spreagadh agus a ghríosú i dtreo na leabhar. As an síol sin a d'fhásfadh forbairt na litríochta náisiúnta: 'Mar adúbhairt an 'Bheirt Fhear' le déigheanaíge, níl aon síol chomh maith le síol na leabhar.' ('Sgaipimís na Leabhra', Eagarfhocal, *CS*, 10 Feabhra 1906, 6)

Phléigh an Piarsach tábhacht na leabhar agus na léitheoireachta go minic sa *CS* i rith a thréimhse eagarthóireachta. Gan dabht, shíl sé go raibh sé riachtanach suim sna leabhair a chothú chun síolta na litríochta a chur.⁶ Chaith sé a óige ag léamh agus cé nár éirigh leis i gcónaí luach na litríochta a scagadh ó shubstaint na litríochta, bhí tuiscint domhain aige ar ábhair na leabhar agus ar fhiúntas na léitheoireachta.⁷ Chreid sé go raibh sé d'iallach ar mhuintir na hÉireann, leabhair a léamh agus léitheoireacht a fhí isteach ina ngnáthshaol, ionas go mbeidís in ann léargas a fháil ar shaibhreas na litríochta.

Gné eile de shaol na ndaoine a bhí ceangailte go mór le litríocht náisiúnta ab ea 'caint na ndaoine'. Bhí tábhacht ar leith ag baint leis an ngné seo de shaol mhuintir na hÉireann de bharr easpa litearthachta sa teanga Ghaeilge. Ba thoradh dhrochchóras oideachais Ghallda é seo. Ionas go dtabharfadh litríocht fíorléargas ar shaol na

ndaoine, níor mhór do scríbhneoirí náisiúnta teanga dhúchais mhuintir na tíre a úsáid ina chuid scríbhneoireachta. Dar leis an bPiarsach gurbh fhéidir leis an scríbhneoir meon mhuintir na hÉireann a léiriú agus a chur in iúl, dá scríobhfadh sé i dteanga a labhródh na daoine agus dá mbainfeadh sé úsáid as stíl a thuigfeadh an gnáthdhuine. Chreid sé go raibh sé deacair do lucht na Gaeilge an teanga a athbheochaint gan litríocht fhiúntach a bheith acu, chun staidéar a dhéanamh ar an teanga agus ar luach na litríochta:

Cad do thug ar na daoineibh gan a bheith ag labhairt na Gaedhilge? [...] bhí aon cheann amháin do rinne mórán díoghbhála, 'sé sin ná raibh aon litridheacht thaitneamhach saor ann le sgaipéadh i measc an tsluaigh Ghaedhealaigh ar fuaid gleannta agus machairí na hÉireann-litridheacht i n-a bhfaghaidhe cunntas lonnrach ar imtheachtaibh agus ar ghníomharthaibh a sean agus a sinnsear - litridheacht i n-a bhfaghaidhe sgéala ar an saoghal do bhíodh gá chaitheamh ag sluaightibh Gaedheal sa dúithche seo ó thús na n-aimsear; agus an saghas saoghail do bhí aca féin do láthair leis; litridheacht i n-a mbeadh spioraid agus leoithne na ngleann is na ngarbh-chnoc agus i n-a bhfeicfidhe-ar nós sgaothain-toradh inntleachta agus dúr - anam do-bhriste na nGaedheal. ('Buídhne Léighte', Eagarfhocail, *CS*, 21 Samhain 1903, 4)

Ba é a thuairim go mbeadh litríocht fhiúntach náisiúnta in Eirinn, dá mbeadh an teanga go maith ag scríbhneoirí na litríochta. Chomh maith leis sin, ba mhaith ab eol dó, go mbeadh an Ghaeilge go maith ag lucht na litríochta dá mbeadh léann orthu. Ní raibh na seanchaithe fágtha agus mar sin ní raibh foinse litríochta fágtha i gcaint na ndaoine. Bheadh ar mhuintir na hÉireann léann agus foghlaim na ceirde a fhorbairt dóibh féin:

Níl na seanchaidhte againn anois, níl an t-aon duine ard -aigeantamhail orainn a chumfadh sgéal, mar cheann de na sgéalta móra breágha sin 'Diarmuid agus Grainne' agus a leithéid. [...] Ní raibh an tOideachas ar an nGaedheal ná ní raibh an tabhairt suas Gaedhealach ar an nGall-Gaedheal. Dá mbeadh foghlaim ar an Reachtaire bocht lá, ní chuirfeá Milton an Bhéarla i gcomórtas leis i bhfilidheacht. ('An Ghaedhilg bharántamhail', Eagarfhocail, *CS*, 28 Samhain 1903, 4)

Ach i ndáiríre bhí i bhfad níos mó ná léann, foghlaim agus caint na ndaoine i gceist chun litríocht na hÉireann a athbheochaint. Mar a deir Philip O'Leary: 'A literature suppressed and largely oral for two centuries could not simply be resumed by an act of patriotic will.' (O Leary, 1994, 9)

De réir a chéile, bhí litríocht náisiúnta na hÉireann ag dul i méid agus ag dul i bhfeabhas. Níl aon amhras ach gurbh é an Píarsach ceann de na príomhdhaoine a bhí freagrach as an dul chun cinn i bhfoilseachán agus i scaipeadh na leabhar. Rinne sé a dhícheall mar eagarthóir an *CS*, na léitheoirí a ghríosú i dtreo staidéar na litríochta. I rith an ama ba é a dhlúthchreideamh gurbh í caint na ndaoine an phríomhfhoinsé a bhí ag Gaeil na hÉireann chun litríocht fhiúntach a bhunú. Bhí sé riachtanach go dtuigfeadh na Gaeil tábhacht na litríochta sa ghnáthshaol, ach thuig sé go maith gur ghné amháin den litríocht a bhí sa chaint - gné thábhachtach a chuirfeadh scríbhneoirí ar bhealach na scríbhneoireachta. Bhí tuiscint domhain aige ar a thábhachtaí is a bhí an litríocht d'athbheochan na teanga agus ar a thábhachtaí is a bhí an teanga d'athbheochan na litríochta, ach de bharr a thuisceana, ba léir dó, nár leor dóibh a n-aird a dhíriú ar chaint na ndaoine amháin chun litríocht Éireannach a chruthú agus a fhorbairt. Ní raibh sé ar aon intinn le cuid de lucht a chomhainisire ar an ábhar seo:

Progressives like Pearse and Mac Neill could hardly dissent from such sentiments, but they did point out that *caint na ndaoine* was just that, the *speech* of the people, the raw material of literature which it was the writers duty to fashion for the expression of a personal aesthetic vision. (O Leary , 1994, 45-46)

Phléigh sé an tuairim seo i 1908. D'admhaigh sé ag an am sin, nach raibh caighdeán na litríochta chomh hard agus a ba mhaith leis agus go raibh a lán oibre le déanamh go fóill ach ar a laghad, bhí litríocht ar fáil arís. Faoin am seo, bhí fhios aige go raibh suim ag scríbhneoirí (é féin san áireamh) nach raibh an Ghaeilge acu ó dhúchas i gcúrsaí litríochta agus go raibh feith na scríbhneoireachta iontu. Is léir gur shíl sé go raibh stíl an scríbhneora chomh tábhachtach le líofacht teanga agus dá líonmhaire na scríbhneoirí, ba éagsúlaí an stíl a bhí acu. Ghlac sé scríbhneoireacht an athar Pheadaír mar shampla chun a phointe a léiriú:

Its distinguishing quality is not 'Irishness' but vividness and vigour - a quality personal to an tAthair Peadar, innate in him, and not at all due to any exceptional mastery of the language of his part. ('Is Irish a living language?', Eagarfhocal, *CS*, 21 Samhain 1908, 9)

Lean sé ar aghaidh ansin ag moladh scríbhneoirí Gaeilge as ucht a gcuid oibre de bhí go raibh litríocht á cur ar fáil acu:

Irish literature has taken its path - the path of the living speech. [...] Séamas Ua Dubhghaill and the others who, like him, are writing a simple vigorous living Irish are doing the most thoroughly useful piece of work that is being done in Ireland today. They may not be producing very exalted literature but at any rate, they are answering the cry of the awakening thousands of Irish Speakers for something to read in their own language - something that they can understand, something that is pleasant and familiar and homely, something that is filling a place in their daily lives. (ibid.)

Ar ndóigh cé go ndearna sé féin éacht ar son litríocht na Gaeilge, go háirithe nuair a bhí sé ina eagarthóir ar an *CS*, bhí blas na seanstíle ar na hiarrachtaí tosaigh chomh maith. Rinne sé sár - iarracht litríocht fhónta a chur ar fáil agus chun é sin a dhéanamh i gceart, b'éigean do páirt ghníomhach a ghlacadh i ngluaiseacht na litríochta. Pléann Muiris Ó Droighneáin stíl an Phiarsaigh:

Is inspéise a thabhairt fé ndeara, adeir Aodh De Blacam, go mbíodh stíl an Phiarsaigh ins na sgríbhinní sin cosamhail le stíl scríbhneoirí an tseachtmhadh aois deag. [...] B'é a thuairim go raibh cainnt na ndaoine oireamhnach chun sgéil nó eachtra d'innsint acht nár mhór feidhm do bhaint as prós níb uaisle agus níba sgolardha ag pléidhe mór-cheisteanna. (Ó Droighneáin, 1937, 150)

De bhí gur chreid an Piarsach go raibh dlúthcheangal idir an teanga Ghaeilge agus litríocht na hÉireann, bhí sé dian ar na scríbhneoirí Angla-Éireannacha. Ba léir dó gurbh amhlaidh litríocht náisiúnta thíre agus litríocht i dteanga dhúchais na tíre. Bhain sé úsáid as litríocht thíortha eile chun an pointe seo a chur in iúl do léitheoirí an *CS*. I 1904 phléigh se litríocht náisiúnta na hUngaire: 'Tá a dteanga féin i ngnáth-úsáid aca agus litridheacht á scríobhadh innti atá ar an litridheacht is mó cáil san Eoraip.' ('Ceacht ón Ungáir', Eagarfhocal, *CS*, 3 Nollaig 1904, 6)

Ba é a thuairim gur a mhalairt ar fad a bhí fíor maidir le litríocht na hEilbhéise. De bhri nach raibh teanga náisiúnta ag an tír, ní raibh litríocht náisiúnta acu ach oiread. Ba leis an tír as ar tháinig an teanga inar scríobhadh an litríocht, an litríocht féin chomh maith:

It inevitably follows from the circumstances of Switzerland that there is no such thing as a Swiss national literature. [...] She has a literature in French, and a literature in German but these literatures are not the expression of a common intellectual life. [...] In order to convince ourselves that the work of 'Swiss' writers really belongs to German or French or Italian literature, according as one or other of these languages was used by the writer, we need merely recall the personality and writings of the more distinguished of 'Swiss' litterateurs. ('Switzerland', Eagarfhocal, CS, 18 Feabhra 1905, 6)

Ní raibh sé claonta i gcoinne litríocht na hEorpa ná litríocht thíortha eile ach shíl sé go raibh an bhaint idir teanga, litríocht agus náisiúntacht thíre ró-láidir, chun ligint don litríocht Angla-Éireannach an lámh in uachtar nó tús áite a fháil i litríocht na hÉireann.

Deir Gearóid S. Mac Eoin:

Pádraic Mac Piarais, too, wrote in the modern style and in his critical writing advocated the creation of a new literature which would take modern European literature for its model and which would be based on the living speech of the Gaeltacht. (Mac Eoin, 1969, 60)

Thug sé aitheantas don tábhacht a bhain leis an litríocht Angla-Éireannach ach ba é a thuairim go raibh áit ar leith ag litríocht den chineál sin i litríocht na hÉireann. Samhlaíodh dó nach litríocht náisiúnta a bhí ann de bhri nár scríobhadh í i dteanga dhúchais na ndaoine. I 1904, scríobh sé nach raibh i scríbhneoireacht liteartha an Bhéarla ach ábhar bolscaireachta, cé gurbh í tír na hÉireann inspioráid na scríbhneoireachta.⁸ Fiú amháin nuair a bhí sé ar Choiste na bhFoilseachán i 1902, mhínigh sé ina thuairisc don Ardfheis go raibh aird an choiste dírithe ar:

the production of original work in Irish and the publication of existing Irish Literature and folklore rather than to the output of propogandist literature in English. (Ó Súilleabháin 1981, 41)

Tharla díospóireacht bheag idir Pádraig Mac Piarais agus 'Mr Russell' sa CS i 1905 faoi litríocht náisiúnta Ghaelach.⁹ Is suimiúil an difear idir tuairimíocht na beirte. Ach cé go síleann Mr Russell gurbh amhlaidh coincheap na litríochta Gaelaí scríofa i mBéarla agus litríocht na Gaeilge, is léir gurb é tuairim an Phiarsaigh, gur litríocht náisiúnta í litríocht na Gaeilge agus gur litríocht Angla Éireannach í litríocht Ghaelach scríofa i mBéarla. Déanann sé achoimire maith ar a thuairimíocht féin ar an gceist chonspóideach seo ag deireadh na díospóireachta. Is fiú an sliocht a léamh chun dearcadh an Phiarsaigh ar an litríocht Angla - Éireannach a thuiscint:

Every piece of literature in Irish forms, in our view, part of the national literature whereas no piece of English does, however it may glow with love of Ireland. [...] Mr Russell is probably a more patriotic Irishman than was Eoghan Ruadh Ó Suilleabháin but Eoghan Ruadh was admittedly an Irish poet whereas Mr Russell at best belongs to the Anglo-Irish School in English poetry. [...] As literature, we rate their work high. We regret that it has not been done in Irish that it might be altogether ours. But we prefer that it should be done in English than that it should remain undone. We are broad-minded enough to believe that the world is always the better of the work of a true artist, thinking conscientiously and giving of the best that is in him. ('About Literature', 'Gleo na gCath', CS, 29 Aibreán 1905, 6)

Chreid Pádraig Mac Piarais go mairfeadh litríocht na Gaeilge. Cé go raibh lucht léitheoireachta na litríochta Angla-Éireannaí i bhfad níos fairsinge agus níos mó ná pobal litríocht na Gaeilge, ba é a chreideamh gur mhó an tábhacht a bhain le litríocht na Gaeilge ná le litríocht ar bith eile in Eirinn, ó thaobh litríochta náisiúnta de.¹⁰ Ach ag an am sin, níor thug sé an t-aitheantas ceart do Yeats, Synge, Lady Gregory ná na scríbhneoirí Angla-Éireannacha eile. Mar a deir Ruth Dudley Edwards:

His love for native literature appeared again and again in his paper. [...] Unfortunately the Gael failed to flock to this call with a new vital literature. Although there was some talented work being produced in Irish, it was poor stuff beside the luminous creations of the galaxy of Irish writers in English. No amount of exhortation could produce literature of the calibre of Yeats, Lady Gregory, AE, or George Moore. Pearse applied himself with his customary thoroughness to the analysis of contemporary Gaelic literature, and to concocting the recipe for a renaissance; by 1906 he had begun to realize that mediaeval Irish literature was not enough. (Edwards, 1909,91)

Nuair a phléigh se tuairim Yeats ar chúrsaí drámaíochta agus ealaín na drámaíochta i 1905, léirigh sé nach raibh suim aige i litríocht an Bhéarla ó thaobh chúrsaí tíre de, mura raibh an scríbhneoireacht ceangailte le hathbheochan na tíre agus na teanga.

Mr Yeats is at pains to combat the theory that the dramatist ought to be a propogandist. [...] To us it seems clear that the artist mar or may not be a propogandist and that if he be really an artist, the fact that he is also a propogandist does not affect his art. [...] But we would have our writers deliver us their own message in their own way, and if that message serve a cause we have at heart so much the better. We refer here to writers in Irish. As for writers in English, they interest us only when they directly or indirectly help us on our work, as, we think, Mr Yeats himself has done in *Cathleen Ní Houlihan* and to a certain extent in *On the King's threshold* and *On Baile's Strand*. ('Mr Yeats on the Drama', 'Gleo na gCath', *CS*, 28 Eanáir 1905, 6)

Ar a laghad, bhí meas aige ar Yeats¹¹ agus thuig sé go raibh ceachtanna le foghlaim uaidh. Níorbh amhlaidh dó le Synge. Mar eagarthóir ar an *CS*, níor thug sé cothrom na féinne dó, agus labhair sé amach go láidir i gcoinne a dhrámaí. Cé go raibh clú agus cáil ar Synge faoin am seo in Amharclann na Mainistreach, ní raibh an Píarsach réidh chun géilleadh don chineál dráma Angla-Éireannach a bhí á scríobh aige. Níor aontaigh sé leis an léargas a thug drámaí Synge ar shaol na hÉireann. Cháin sé é go láidir tar éis an chéad léiriú de *The Playboy of the Western World*:

Mr Synge's play was indefensible. [...] The serious resentment of the play as a libel on Irish character was almost as inept. Irish character does not need to be vindicated against Mr J.M. Synge; and if it did, the audience went a passing strange way about vindicating it. But we do not believe that Mr Synge intended his play either as picture or as a caricature of Irish life. The charge which we bring against him is graver. Whether deliberately or undeliberately, he is using the stage for the propogation of a monstrous gospel of animalism, of revolt against sane and sweet ideals, of bitter contempt for all that is fine and worthy, not merely in christian morality, but in human nature itself. He lays the scenes of his plays in Ireland merely because Ireland is the country with whose scenery and life he is best acquainted; but it is not Ireland he libels so much as mankind in general, it is not against a nation he blasphemes so much as against the moral order of the universe. [...] As for Anglo-Irish drama, its is the beginning of the end. ('The Passing of Anglo-Irish Drama', *Eagarfhocal*, *CS*, 9 Feabhra 1907, 7)

Ar ndóigh, sa chéad eagrán eile, chuir sé in iúl méid a dheistíne don drámaíocht a bhí ar siúl in Amharclann na Mainistreach nuair a bhí sé ag scríobh faoi thuairimí an athar

Mhic Cana ar na Gaeil. Bhí an tAthair Mac Cana i bPort Láirge agus dúirt sé go raibh salachar, aineolas agus aisiompú in áit ar bith a raibh Gaeil ann. D'fhreagair an Piarsach:

Father Mac Cana ought to write a play for the Abbey Theatre. He seems to have the necessary qualifications in the matter as well of vocabulary as of outlook on life. ('An Anti-Irish P.P.', 'Gleo na gCath', *CS*, 16 Feabhra 1907,7)

Bhí sé in am dó obair eile a chur ar bun - obair a chuideodh le stáid na litríochta agus le stáid na drámaíochta in Éirinn. Arís, bhí fhios aige gurbh í an uirlis ab fhearr a bhí aige chun a chuid oibre a chur i gcrích ná uirlis oifigiúil an Chonartha-an *CS*.

4.2 An dul chun cinn a rinne an Piarsach ó thaobh litríocht na hÉireann a chur os comhair léitheoirí an *CS* i rith a thréimhse eagarthóireachta:

Thuig an Piarsach cumhacht agus tionchar na drámaíochta ar an ngnáthdhuine mar ábhar bolscaireachta agus mar ábhar litríochta. Mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha, bhí sé ag iarraidh aird mhuintir na hÉireann a dhíriú ar thábhacht na drámaíochta i gcúrsaí athbheochan na teanga:

Bhí daoine ann leis, mar eagarthóir an *Chlaidhimh Soluis*, i. Pádraic Mac Piarais, a thuig comhacht an dráma chun misneach a mhúsgailt (14.2.03 *Claidheamh Soluis*). Níl ann ach go samhluightear an gníomh; acht má déintear go maith é, is beag nach gcorróhadh sé thú chomh mór agus dá ndéantaí án gníomh.[...] Má léiríghhear drámanna 'na ndéintear gníomhartha laochais, ardóchaidh sé sin meanma na ndaoine . (Ó Droighnéain, 1937, 97)

Bhí scríbhneoirí i mbun oibre cheana féin agus bhí drámaí á scríobh acu, ach ba é tuairim an Phiarsaigh, gur cruthaíodh na drámaí Gaeilge seo chun drámaí a léiriú agus gur dráma ar son dráma amháin a bhí sa chuid is mó díobh. Bheadh sé d'iallach ar an bPiarsach, ní hamháin an dráma Gaelach a phoibliú, ach suim na nÉireannach a

mhúscailt agus a spreagadh sa dóigh go leireófaí drámaí fiúntacha, luachmhara. Phléigh sé buanna an dráma fhíorghaelaigh i 1903, agus mhínigh sé fáth na difríochta idir dráma Gaelach agus drama Sasanach:

Taisbeáineann sé go bhfuil uaisleacht ár sinnsear gan bheith imthighthe asainn fós. [...] Tá a fhios ag an saoghal nach mar a chéile saoghal na nÉireannach agus saoghal na Sasanach agus dá bhrígh sin, gur éigean do dhrámanna an dá tír bheith gan cosamhlacht ar bith aca le chéile. [...] Tabharfaidh an t-árdan congnamh mór duinn le hÉire a dhéanamh Gaedhealach, acht amháin é d'oibriúghadh. ('Dráma na nGaedheal', Eagarfhocal, CS, 14 Samhain 1903, 4)

De réir a chéile ba léir don Phiarsach nár leor aird na ndaoine a dhíriu ár fhiúntas an dráma Ghaelaigh. Bhí i bhfad níos mó i gceist ná drámaí Gaeilge a chur ar fáil. Bhí fíordhrámaí de dhíth chun forbairt na drámaíochta Gaelaí a chur chun cinn. Ar ndóigh, chun dráma maith a léiriú, bhí aisteoirí maithe a raibh ealaín na haisteoireachta cleachtaithe go maith acu riachtanach. Ba dheacair an tásca a bhí os a chomhair. Mar eagarthóir ar an CS, rinne sé iarracht a chur ina luí ar lucht na drámaíochta a thábhachtaí is a bhí feabhas na haisteoireachta. In eagarfhocal i mí Meitheamh 1906, phléigh sé trí dhráma a léiriódh i dtrátha an ama sin. Scríobh sé go raibh an-obair déanta ag an gCraoibhín le *Teach na mBocht* agus *Pósadh* ach d'admhaigh sé, cé go raibh siad 'note worthy' nárbh fhéidir an téarma 'Dráma' a chur orthu. Luaigh sé iarrachtaí an Athar Pheadair chomh maith agus shíl sé go raibh substaint mhaith iontu ach, arís d'admhaigh sé nár leor an scríbhneoireacht gan ceird na haisteoireachta. Ba é an tríú scríbhneoir a phléigh sé ná Tomás Ó hAodha agus shíl sé gurbh é siúd an scríbhneoir ba chóngrarái d'fíordhrámaíocht i litriocht na Gaeilge. Mhol sé go háirithe an iarracht a rinne sé le *Seabhac na Ceathramhan Caoile*. Ag tús an eagarfhocail mhínigh sé cad a bhí i gceist aige le 'dráma':

The Language movement has not yet produced a drama. [...] A drama is a picture of human life intended and suitable for representation by means of action. [...] We have the same 'Bean-tighe', the same 'Sean-fhear', the same 'Fear Óg', the same 'Buachaill Aimsire', the same 'Cailín Comhursan' in a dozen plays: and these worthy folk foregather in the kitchen; and dance the same dances and

chat in the same way about the same topics, no matter what part of Ireland they hail from, what period they are supposed to be living in, what events -grave or gay- they are taking part in. ('The Irish Stage', *Eagarfhocal*, *CS*, 16 Meitheamh 1906, 6)

Ba é creideamh an Phiarsaigh gurbh é an t-aon bhealach ar aghaidh, ná amharclann Ghaeilge a bhunú. Ní raibh aon dul as má bhí muintir na hÉireann dáiríre faoi dhrámaíocht Ghaeilge. Rinne sé tagairt don 'Itinerant Irish Theatre' i 1907 ach is léir ón bpiosa nach mbeadh sé sásta le háistriú chun drámaíocht na Gaeilge a fhorbairt. Ba mhaith ab eol dó, gurbh éigean do scríbhneoirí agus d'aisteoirí na hÉireann seasamh ar a mboinn féin chun amharclann fhiór-Ghaelach a thosnú.¹ Rinne sé féin an-iarracht mar eagarthóir an *CS*, aird a lucht léitheoireachta a dhíriú ar dhráma Gaeilge ar bith a léiríodh nó a scríobhadh i rith a thréimhse eagarthóireachta.² Cuireadh seacht ndrámá iomlán i gcló i rith a thréimhse eagarthóireachta: *Lá an Chiosa* le Labhras UaTuathail, *Seabhac na Ceathramhan Caoile* le Tomás Ó hAodha, *Pisreogai* le Enrí P. Mac Pilibín, *Guth na nGaedheal* le Torna, *An Fógmhar* leis an tAthair Tomás Ó Ceallaigh (Íbh Máine), *Sídheoga na mBláth* le Máire Ní Chinnéide agus *An Leoirghníomh* le Searloit Ní Dhunlaing.³

Scríobhadh cúig léirmheas déag ar dhrámaí ó 1903 go 1909 agus scríobh sé féin dhá léirmheas déag astu.⁴ Ach cé go raibh sé ag déanamh a dhíchill fógraíocht mhaith a chur ar fáil do dhrámadóirí na tíre, bhí fhios aige go raibh i bhfad níos mó ná sin de dhith chun drámaíocht Ghaeilge na hÉireann a chur chun tosaigh. Bhain sé úsáid as léacht a thug Lady Gregory don Chonradh chun an pointe seo a léiriú i 1908:

The League will never call a real dramatic movement into life while it continues to ignore acting and fails to provide for the proper training of its players. Acting no less than dramatic writing has its 'ancestry' and its principles which cannot be learned in a day or in a year. On the other hand, if writers and actors continue to ignore the Irish language, they are doomed to failure as is every other movement that ignores the Gaelic basis of the Irish nation. ('Drama', 'Gleo na gCath', *CS*, 21 Samhain 1908,7)

I ndáiríre ba é an gléas ab fhearr a bhí ag Conradh na Gaeilge chun litríocht na Gaeilge uilig a chur chun cinn ná an tOireachtas. Cuireadh an chéad Oireachtas ar siúl ar 17 Bealtaine 1897.⁵ Bhí an-bhéim ar litríocht na Gaeilge agus úsáideadh í chun cuidiú le hobair an Chonartha:

Ar an tslí cheanna a deineadh obair an Oireachtais ar feadh na mblianta dár gcionn agus go dtí an lá inniu; is ar chomórtas liteartha agus ardáin a bhí an fhéile bunaithe. Is éasca sin a dhéanamh anois; rud nua ar fad as an bpíosa a bhí ann sa bhliain 1897 agus chuaigh Oireachtas na Gaeilge, agus obair an Chonartha á cur ar siúl, i gcion ar shlí nach ndeachaigh aon bheart eile dá bhain le Gaeilge roimhe sin. (Mac Aonghusa, 1993, 61)

Má rinne an tOireachtas féin an-obair ar son litríocht na Gaeilge, b'amhlaidh an scéal don Phiarsach agus é ina eagarthoir ar an *CS*. Cuireadh thart ar thrí chéad amhrán i gcló i rith thréimhse eagarthóirtheachta an Phiarsaigh agus bhíodh cúlra na n-amhrán foilsithe aige chomh maith. Cuireadh na hamhráin i gcló faoin gcolún 'Guth na mBard'. Ba mhinic a scríobh sé faoi fhiúntas agus luach an Oireachtais i litríocht na Gaeilge agus i bhforbairt labhairt na teanga.⁶ Rinne sé a dhícheall i gcónaí a léitheoirí a ghríosú i dtreo na scríbhneoireachta agus i dtreo na litríochta. Rinne sé sár-iarracht tábhacht na litríochta a chur ina luí ar a léitheoirí. Chuir sé 'Duilleachán an Oireachtais' i gcló ó 1904 ar aghaidh. I rith an ama, léirigh sé gur thábhachtaí gné na litríochta san Oireachtas ná gné ar bith eile:

Is í an Roinn liteardha an chuid is tábhachtaí den gClár so. ('Bídh ag Scríobhadh', Eagarfhocal, *CS*, 20 Bealtaine 1905, 6)

Is í cuid na scríbhneoirí, cuid na litridheachta, an chuid is tairbhighe den Oireachtas. ('An Sean - Léigheann', Eagarfhocal, *CS*, 23 Iúil 1904, 6)

Nay an tAthair Peadar apart, what prominent writer have we, who was not discovered, if not actually 'created' by the Oireachtas?. ('Art and Literature at the Oireachtas', 'Gleo na gCath', *CS*, 16 Meán Fómhair 1905, 7)

Thuig Pádraig Mac Piarais an tábhacht a bhain le caomhnú na seanlitríochta i bhforbairt na nualitríochta. Mar eagarthóir ar an *CS*, phléigh sé luach na seanlitríochta agus d'iarr sé ar mhuintir na hÉireann na lámhscríbhinní á bhailiú⁷ agus eagarthóireacht a

dhéanamh ar sheanlitríocht na nGael.⁸ De bhí go raibh athbheochan nualitríocht na Gaeilge á cur chun cinn ag an am, ba léir don Phiarsach go raibh sé práinneach go dtuigfeadh muintir na hÉireann luach na seanlitríochta agus go ndéanfaidís iarracht í a mheas i gcúlra an ama inár scríobhadh í:

Tá an claon ionainn go léir, chun sean-rudaí do chur i gcomparáid le rudaí nua, chun sord caighdeáin do dhéanamh de litridheacht ár n-aimsire fein agus an tsean a mheas dá réir. Ní thugann san comhthrom na Féinne don tseanlitridheacht. An meas a bhí ag lucht a comhaimsire féin uirthi is ceart é luadh i gcomhnuíde. (Ó Droighneáin, 1937, réamhrá le Torna)

Gan tuiscint ar na seanscéalta, agus gan stór na seanscéalta a bheith ar fáil do scríbhneoirí na nualitríochta, ba é tuairim an Phiarsaigh go mbeadh sé deacair do na scríbhneoirí, litríocht nua Ghaeilge a chur ar aghaidh: 'Ar na seanscéaltaibh seo is eadh chaithfear nualitridheacht na Gaedhilge a cheapadh is a thógáil.' ('Sean Scéalaídeacht', Eagarfhocal, CS, 27 Bealtaine 1905, 6)

Mar ba ghnách leis, rinne sé féin sár-iarracht na seanscéalta a bhí ar fáil dó féin a chur os comhair léitheoirí an CS. B'iad na seanscéalta a cuireadh i gcló sa CS i rith a thréimhse eagarthóireachta ná, 'An nós gur bhuaidh Oscar Mac Oisín cuid an ghaisgidh Ó Gholl Mac Moirne', 'Cat Mháighe tuireadh theas', 'Cat Máighe tuireadh na bhFómhorach', 'Gadaíde Dubh na Slóna', 'Bodach an chóta Lachtna agus Gluais', 'Toraídeacht Fhiacail Ríogh Gréag', 'Scolb glas Mac Ríogh 'n Éirinn', 'Bruídhean Choise Chorainn', 'Deódrúisc Dhúna Bhriste', 'Filleadh na Féinne', 'Faistine Fhinn', 'Tuaras ar Ere No', 'Aodh Mac Ainmireach Ard Rí Eireann'.⁹

Thug sé deis scríofa do scríbhneoirí ar bith a raibh tuairimíocht fhiúntach acu ar ábhair a bhain le seanlitríocht na nGael. B'iad na sleachta a cuireadh i gcló ná 'Trácht ar sheanleabhraibh Gaedhilge' le Pádraig Ó Briain, 'Éire' - Léigheachta do léigh Conan Maol do Ghaedhealaibh Lonndain 1903-1904', 'File de'n tSean-aimsir' le P Ó Dalaigh, 'Tús

Staire na hÉireann' le Uilliam Ó Riain, 'Seanlitrídheacht na nGael agus Nuadh - Litrídheacht na hEorpa' le Caoilte na gCos, 'Conchubhar Mac Neasa Rí ULadh' le Cú Uladh, 'Sean - ainmneacha na nGaedheal' le An Pócaire, 'An Historical Nemesis being leaves from the diary of a travelled Irishman A.D. 3005', 'Background of Irish history' le Uilliam Ó Riáin.¹⁰ Chomh maith leis sin, bhí colún aige i 1906 agus ag tús 1907 dárbh ainm 'Seoda na Sean'.¹¹ Phléigh sé saibhreas an cholúin i 1906.¹² B'éard a bhí ann ná 'Giotáí ar n-a mbaint as litrídheacht na hÉireann' (CS ,28 Aibreán 1906, 5). Tá na haltanna, na léirmheasanna agus na seanscéalta seo uilig cláraithe sna hAguisíní ag deireadh an tráchtais.

Ba mhaith ab eol don Phiarsach an saibhreas a bhí i seanlitríocht na hÉireann ach ba rud difriúil ar fad í an nualitríocht a bhí á cur chun cinn ag Gaeilgeoirí na tíre ag tús na haoise seo. Mar a deir Aisling Ní Dhonnchadha :

Ar ndóigh, thuig an Piarsach nach bhféadfaí bheith ag súil go n-oirfeadh meon agus múnlaí na seanlitríochta do théamaí agus éilimh an fichiú haois. (Ní Dhonnchadha, 1981, 50)

Thuig sé go maith an difear idir coinbhinsin an bhéaloidis agus ábhar na nualitríochta. Scríobh sé ceithre eagarfhocal i 1906 faoi litríocht i gcoitinne¹³ agus léirigh sé an difear idir an seanscéal béaloidis agus na scéalta nua i gceann amháin díobh:

In point of form , the folk tale is bound by a convention, which (by the way) is not a distinctively Irish but rather a distinctively folk convention -that is to say, a convention which, in essentials obtains amongst the folk universally, whether in Ireland, in Bohemia, in Afghanistan. [...]This is the twentieth century and no literature can take root in the twentieth century which is not of the twentieth century. [...]We would love the problems of today fearlessly dealt with in Irish: the loves and hates and desires and doubts of modern men and women. The drama of the land war, the tragedy of the emigration-mania; the stress and poetry and comedy of the language movement; the pathos and vulgarity of Anglo-Ireland; the abounding interest of Irish politics, the relations of priest and people; the perplexing education riddle; the drink evil; the increase in lunacy; such social problems as (say) the loveless marriage;-these are matters which loom large in our daily lives; which bulk considerably in our daily consideration

but we find not the faintest echoes of them in the Irish books that are being written. ('About Literature', *Eagarfhocal*, CS, 26 Bealtaine 1906,6)

Sa cheathrú eagarfhocal 'Literature, Life and the Oireachtas Competitions' scríobh sé gur chóir do na scríbhneoirí nua, an tseanlitríocht a chioradh chun foirm na nualitríochta a fhorbairt agus ábhair na nualitríochta a ghlacadh ón saol thart timpeall orthu. Phléigh sé stíl agus fuincsin na nualitríochta anseo fosta. Ba léir dó go raibh a lán rudaí in easnamh i nualitríocht na Gaeilge agus go raibh sé thar am aird na scríbhneoirí a dhíriú ar ghnáthshaol na ngnáthdhaoine agus nascadh idir saol na ndaoine agus litríocht na Gaeilge a chothú. Phléigh sé a lán gnéithe de nualitríocht na Gaeilge san eagarfhocal seo:

Gan amhras tá scéalta ag baint leis an ngrádh is n-easnamh orainn. Nó b'fhearr linn a rádh go bhfuil sgéalta ag baint le gnáthshaoghal an lae indiu i n-easnamh orainn; agus dár ndóigh cuid de ghnáthshaoghal an lae indiu an grádh agus an crádh, an sólás agus an dólás, an sonas agus an donas. Is ait í nua-litridheacht na nGaedheal. Ag léigheamh na n-amhrán duit, cheapfá nach raibh dúil ag lucht a gcumtha i n-aon nídh acht i mnáibh agus i n-ól; ag léigheamh na n-úrsgéal agus na ndrámá duit, an méid díobh atá againn, cheapfá gur do bheithidheachaibh agus do chearcaibh agus do fhathaibh bhí tús onóra ag dul i measg Gaedheal na haimsire seo. Ní mar sin atá... ('Nua-litridheacht', *Eagarfhocal*, CS, 19 Bealtaine 1906, 6)

Ba léir dó ag an am sin fath theip na nualitríochta ag tús na haoise. Ní raibh an doimhneacht sa scríbhneoireacht agus ní raibh leigheas air ag an am. Bheadh ar Ghaeil na hÉireann litríocht dá gcuid fein a fhorbairt, litríocht a mbeadh doimhneacht shiceolaíoch na nualitríochta eorpaí le brath inti. Ní raibh ann ag an am sin ach céim chun tosaigh. B'fhada an ród a bhí le taisteal acu go fóill:

Dhein na scríbhneoirí Gaeilge a bhfuair dualgas an chaomhnóra nó gradam iompróir an traidisiúin an lámh uachtair ar fhíordhúchas an scríbhneora iontu fáilli mhór (iomlán?) i bhforbairt shiceolaíoch na nualitríochta. Dá thoradh sin, theip ar an-chuid de na scríbhneoirí seo, comhshnaidhmeadh éifeachtach idir buanna na scéalaíochta traidisiúnta agus éilimh na nualitríochta a chur i gcrích. (Ní Dhonnchadha, 1981, 10)

Ar an iomlán rinne Pádraig Mac Piarais an-obair ar son na nualitríochta.

D'fhoilsigh sé níos mó ná céad is fiche scéal nua agus scríobhadh breis is dhá chéad go leith léirmheas ar leabhair de gach sórt. Tá na hamhráin, na scéalta (nua agus sean) agus na léirmheasanna uilig cláraithe sna hAguisíní ag deireadh an tráchtais. Déanann Philip O Leary coimriú maith ar obair an Phiarsaigh i leith litríocht na hÉireann:

In hindsight, we can see a real decline in creative innovation, effort and achievement after the first years of this century, a decline that to a considerable extent coincided with the end of Pearse's inspirational and heratary tenure as regular and full-time editor of *An Claidheamh Soluis*. (O Leary, 1994, 458)

4.3 An léargas a fhaightear ar Ealaíona na hÉireann ó 1903-

1909 sa CS:

Chreid an Píarsach go daingean go raibh athbheochan na teanga, athbheochan na tíre agus athbheochan na nEalaíon fite fuaite le chéile. Thuig sé nach mbeadh fás ná forbairt i gcúrsaí ealaíne na hÉireann gan tuiscint 'Ghaelach' ag na healaíontóirí ar an obair a bhí faoi chaibidil acu. I 1906 phléigh sé an taispeántas san 'Hibernian Academy'. Thosaigh sé an t-eagarfhocal ag rá gur chreid lucht an CS: 'that a literary revival, an art revival and an industrial revival would infallibly follow in the wake of the Language revival.' ('The Art Revival', Eagarfhocal, CS, 5 Bealtaine 1906, 6)

Tar éis dó an taispeántas a fheiceáil ba é a thuairim, go raibh na Gaeil ar bhealach athbheochan na healaíne de bharr Ghaelachas na healaíne sa taispeántas: 'Apart from the two exceptions hinted at, it seems to us that there is no artist here who is not looking out on Ireland and on the world with Irish eyes.' (ibid.)

Mhínigh sé nár ghá do dhuine a bheith Gaelach, chun ealaín Ghaelach a chruthú, nuair a cuireadh in iúl dó nach duine Gaelach í, duine de na healaíontóirí (Mrs Elsie O'Keeffe).

An tseachtain ina dhiaidh sin, mhínigh sé cad a bhí i gceist aige le 'Gaelachas' na healaíne:

It is no more impossible for a foreigner to produce Irish Art, than it is for a foreigner to produce Irish Literature. In order to produce Irish Literature one must first learn to look at things from an Irish viewpoint and next to express oneself in an Irish way. ('Gleo na gCath', 12 Bealtaine 1906, 7)

Chun an Gaelachas seo a fhorbairt i gcúrsaí na nEalaíon, bhí fhios aige gurbh éigean d'ealaíontóirí, do cheoltóirí agus do dhamhsóirí Gaelacha, filleadh ar a bhfréamhacha dúchais agus ceachtanna a fhoghlaim uathu:

Thus it comes to us that the only arts which have survived to us, from Ireland's past are peasant arts. [...] And those who would build up a great national art - an art capable of expressing the soul of the whole nation - peasant and non-peasant - must do even as we propose to do with regard to the language, they must take what the peasants have to give them and develop it. ('Traditionalism', Eagarfhocal, CS, 9 Meitheamh 1906, 6)

Rinne Pádraig Mac Piarais a dhícheall, mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha, bunsmaoineamh an Chonartha maidir le cúrsaí ealaíon a chur chun cinn. Phléigh sé a lán gnéithe d'ealaíona na hÉireann agus chuir sé os comhair a lucht léitheoireachta iad. Pléadh ceol, damhsa agus ealaín na hÉireann i gcolúin an CS, rud a fheictear go soiléir as liosta na n-altanna, na léirmheasanna agus na leabhar sna hAguisíní ag deireadh an tráchtais. Fógraíodh na feiseanna agus na haerídheachtaí ar fud na tíre i rith míonna an tSamhraidh go háirithe agus scríobhadh tuairiscí orthu nuair a bhí siad thart.

Chreid sé go daingean i bhfiúntas a chuid oibre i bhforbairt na nEalaíon Gaelach. Ar ndóigh, sonraítear torthaí a chuid oibre ar shaothar ré na hAthbheochana.

5. AN TEANGA

Beidh na pointí seo á bplé i gCaibidil a Cúig:

- a) fealsúnacht an Phiarsaigh ar fheidhm theanga
- b) teoiricí an Phiarsaigh ar mhodhanna áirithe chun an teanga Ghaeilge a chur chun cinn
~teoiric an Dátheangachais
~teoiric ar theanga agus fhorbairt náisiúin
- c) na modhanna eagarthóireachta a d'úsáid Pádraig Mac Piarais chun na teoiricí sin a chur i bhfeidhm sa *CS*.

5.1 Teoiric ar fheidhm Theanga:

A Language is primarily a speech - a collection of articulate sounds. If you do not produce the identical speech sounds of a language as spoken by those to whom it is native, you do not speak that language but only a sorry and unlovely approximation. ('The Teaching of Sounds', Eagarfhocal, *CS*, 24 Meitheamh 1905, 6)

San eagarfhocal seo bhí Pádraig Mac Piarais ag iarraidh a chur ina luí ar oidí Gaeilge na hÉireann, an tábhacht a bhain le foghraíocht i bhfoghlaim agus i dteagasc teanga. Bhí sé ag baint úsáide as na léachtaí a thug an Dochtúir Ó Dálaigh san Astráil chun a theoiric féin ar fhoghraíocht a neartú. Is léir óna thréimhse eagarthóireachta ar an *CS* gur shíl sé gurbh éigean do mhuintir tíre an teanga dhúchais a labhairt, ionas go mbeadh teanga bheo sa tír acu. Ní hamháin go raibh gá le labhairt na teanga, ach bhí sé tábhachtach fosta go mbeadh na fuaimanna go cruinn beacht ag daoine- mar a labhródh cainteoirí dúchais í. I 1909, foilsíodh alt le Seághan Ua Broin a léirigh, ní hamháin tionchar na teanga ar náisiúntacht thíre, ach chomh maith leis sin, a léirigh an tábhacht a bhain le teanga mar mheán cumarsáide. Scríobh sé go bhfuil sé deacair bheith i dteagmháil cheart le duine ar bith gan teanga:

Language fulfills two important functions. In the first place it is necessary (in fact almost indispensable) to the individual thinker in ordering and developing his thoughts about any particular subject. [...] Secondly, language serves, and is absolutely necessary for the transmission of thought from one person to another. ('The Importance of National Languages psychogonically considered', *CS*, 30 Eanáir 1909, 8)

Ar ndóigh, b'amhlaidh don Phiarsach maidir leis an teanga Ghaeilge. Ba é a thuairim go raibh sé riachtanach do mhuintir na hÉireann agus go háirithe d'aos óg na hÉireann, an teanga Ghaeilge a bheith ar eolas acu, sa dóigh go mbéidís in ann fios a fháil ar luacha a dtíre dhúchais féin. B'shin an uirlis a bhí acu chun a smaointe, a dtuairimíocht agus a nGaelachas a nochtadh dá gcomhdhaoine:

'Sí a dteanga féin í. 'Sí an teanga i 'na bhfaghaidh siad eolas ar gach nídh bhaineas le n'a dtír féin. Is aisti gheabhaidh(sic) siad eolas ar gach cnoc is gleann, ar gach páirc is beann agus ar gach lios is fotharach do thimchealluígheann siad. ('Mol an Óige', *Eagarfhocal*, *CS*, 14 Eanáir 1905, 6).

5.2 Dátheangachas:

It is a profound truth that it is easier to teach two languages than to teach one. ('The Bilingual Programme', *Eagarfhocal*, *CS*, 24 Meán Fómhair 1904, 6)

Chreid an Piarsach go daingean i bhfiúntas an dátheangachais mar chéim ar aghaidh in athbheochan na teanga. Ba léir dó gurbh é sin an t-aon bealach a bhí réalaióch. Bhí fhios aige agus é i mbun eagarthóireachta, nach raibh sé praiticiúil bheith ag súil le Gaeilge éigeantach i scoileanna na hÉireann ach ar a laghad, bhí seans ann go musclófaí suim sa teanga da gothófaí an córas dátheangach sa chóras oideachais:

We welcome its re-statement by an tAthair Pádraig Ó Murchadha of Inis Chorthaidh in our last issue. In his and our opinion, the way to solve the language question in the schools - THE ONLY WAY - is by applying the Bilingual Programme to all Ireland. An tAthair Pádraig says 'make Irish compulsory in every school in Ireland'. We prefer (for reasons of practical politics) to put it: Make BILINGUALISM compulsory in every school in Ireland. ('The Schools', *Eagarfhocal*, *CS*, 11 Eanáir 1908, 9)

Ar ndóigh, i bhfad sular thosaigh sé ar a thréimhse eagarthóireachta thuig an Píarsach tábhacht an dátheangachais i gcúrsaí athbheochan na tíre agus na teanga. Phléigh sé féin agus Eoghan Ó Neachtáin 'That a bilingual Ireland is a possibility' sa 'New Ireland Literary Society' i mí Áibreáin 1898.¹ Ba chúis inní don Chonradh í, ceist an dátheangachais sa bhliain 1899 agus foilsíodh na díospóireachtaí uirthi i FL.² Mar eagarthóir ar an *CS* ghlac an Píarsach an deis chun teoiric an dátheangachais a mhíniú dá lucht léitheoireachta. Ba ar an gcóras oideachais a dhírigh sé an chuid is mó dár scríobh sé faoin dátheangachas, mar shampla:

At this stage, it may be well to iterate that the object at which the bilingual system aims is the education of the child in two languages. [...] Its object is the teaching of Irish just as much as the teaching of English and the teaching of English just as much as the teaching of Irish; or to be more accurate, its object is not so much the teaching either of Irish or of English, as the education of the child through the medium of both Irish and English. [...] both as written and spoken tongues. ('The Bilingual Programme in practice', *Eagarfhocal, CS*, 1 Deireadh Fómhair 1904, 6)

Phléigh sé teoiric agus fealsúnacht an dátheangachais i gcúrsaí oideachais na hÉireann go minic sna heagarfhocail agus i 'Gleo na gCath' ó 1904 ar aghaidh.³ Chreid sé go raibh práinn le cur i bhfeidhm an chórais dhátheangaigh agus go raibh géarghá le clár dátheangach sna scoileanna. Chuir sé an córas seo i bhfeidhm i Scoil Éanna agus d'admhaigh sé i 1909 go raibh córas dátheangach Scoil Éanna bunaithe ar an bhfealsúnacht a chuir sé in iúl agus é i mbun eagarthóireachta ar an *CS*:

Bilingualism in practice implies the teaching of the vernacular of the pupils; the teaching, in addition, of a second language and the gradual introduction of that second language as a medium of instruction in the ordinary curriculum, with the proviso, however, that any further languages taught, be taught always on the direct method. This is the bilingualism I have been advocating in *An Claidheamh Soluis* for the past six years; this, is the bilingualism of Sgoil Éanna. (Féach Ó Buachalla, 1908, 325)

Nuair a bhí sé i mbun eagarthóireachta, d'úsáid Pádraig Mac Piarais córas dátheangach thiórtha eile chun teoiric an dátheangachais a chur os comhair a lucht léitheoireachta. Thagair sé don chóras sa Bheilg agus sa Bhreatain Bheag go minic ó 1904 ar aghaidh.⁴ Luaigh sé fosta i mí Aibreáin 1906, an córas nua a cuireadh ar bun sa Ghearmáin, an Béarla nó an Fhraincis a mhúineadh mar dhara teanga sna scoileanna.⁵ D'fhoilsigh sé dhá shraith d'altanna ar chóras na Beilge i rith a thréimhse eagarthóireachta. Cuireadh an chéad shraith i gcló idir 1905 agus 1906 agus cuireadh an dara sraith i gcló idir 1906 agus 1907.⁶ Phléigh sé an difríocht idir an dá sraith agus ábhar na n-altanna sular chuir sé na sleachta i gcló. Seo mar a mhínigh sé cad a bheadh i gceist sa chéad shraith:

The series now projected will embody the personal experiences of the writer, who through the kindness of the Belgian minister of the Interior and of Public Instruction, has been enabled to visit over a score of primary, secondary and higher schools in various parts of Belgium. The articles will deal exhaustively with the subjects of organisation and method; the teaching of the mother tongue, of the 'second language' and of foreign languages; the bilingual teaching of geography, history, maths, science etc; the text-books in vogue; the new methods of teaching by 'images animees', 'croquis' and the magic lantern; nature study; the Froebel system as extended for the purpose of teaching a second language to infants, and various other topics which will interest teachers in general as well as those who are called upon to administer the Bilingual Programme. During the next two months this series will replace Dr. Henry's weekly lessons. ('Gleo na gCath', CS, 22 Iúil 1905, 7)

Nuair a thosaigh sé ar an dara sraith, rinne sé achoimriú ar shraith a haon agus rinne sé idirdhealú idir ábhar an dá sraith. Is fiú a thuiscint ar na sleachta seo a léamh, chun léargas a fháil ar na sleachta féin agus a fhealsúnacht ar dhátheangachas a léiriú:

In the series of articles on this subject which I contributed to an *Claidheamh Soluis* last year, I described the organisation of the Belgian School system, primary and secondary, and explained in detail the bilingual principle summarised in the four propositions:

- I Every child has the right to be taught in his mother tongue
- II Every child ought to be taught at least one other language as soon as he is capable of learning it
- III Such a second language should be gradually introduced as a medium of instruction in other subjects
- IV All language teaching should be as far as possible on the Direct Method.

In this second series of articles, I propose to describe the *methods of teaching* which I observed in use in the primary and secondary schools in Belgium. ('Belgium and its Schools', *CS*, 29 Meán Fómhair 1906, 5)

Bhí fhios ag an bPiarasach, dá n-éireadh leis teoiric an dátheangachais a chur ina luí ar mhuintir na hÉireann go mbeadh sé in ann modhanna múinte d'oidí na tíre a fhoilsiú ansin. Ba mhaith ab eol dó nár leor dóibh bheith ag brath ar theoiric amháin, gan aird a thabhairt ar mhodhanna múinte. Bhí sé riachtanach go mbeidís in ann scileanna an dátheangachais a chur i bhfeidhm go praiticiúil sa seomra ranga chomh maith. Nuair a scríobh sé sa *The Murder Machine* i 1916, d'admhaigh sé nach n-oirfeadh córas na Beilge, mar a chuir sé síos air sa *CS*, do chóras dátheangach na hÉireann. Thuig sé ag an am sin, méid na deighilte idir Béarla agus Gaeilge in Éirinn. Níorbh amhlaidh a bhí an scéal sa Bheilg. Bhí an tír roinnte in dhá leath ó thaobh chúrsaí teanga de - Pleimeanais agus Francis. Mar sin ní raibh le déanamh ag náisiúnaithe na Beilge ach an dá theanga a chaomhnú agus a gcearta féin a thabhairt do gach ceann acu.⁷

Faoi dheireadh d'éirigh leis an-dul chun cinn a dhéanamh sa *CS* maidir le córas dátheangach na tíre. Ag tús na bliana 1908, scríobh sé go raibh an córas dátheangach ag dul i bhfeabhas agus go raibh sé i bhfeidhm i gcéad is a deich gcinn de scoileanna na tíre. Chomh maith leis sin, bhí scoileanna i dTír Chonaill á úsáid i bhfad níos mó ná mar a bhí siad roimhe sin agus ag an am sin bhí siad ar chomhchéim le scoileanna na Gaillimhe.⁸ Ag deireadh a thréimhse eagarthóireachta bhí an-dóchas ag an bPiarasach go ndéanfaí dul chun cinn le dátheangachas na hÉireann.⁹ Bunaiódh an Cumann Náisiúnta Dátheangachais ag Oireachtas na bliana 1909 agus ba léir dó, gurbh é sin an gníomh ba thábhachtaí a deineadh ag an Oireachtas: 'The most important thing done at the

Oireachtas of 1909, was the inauguration of the National Bilingual Society.' ('Gleo na gCath', *CS*, 21 Lúnasa 1909, 7)

Chomh fada siar le tús na haoise, ba mhaith ab eol don Phiarsach an tábhacht a bhain le córas dátheangach chun labhairt na Gaeilge a leathnú ar fud na tíre. Thuig sé go maith gurbh é sin an eochair a bhí ag gnáthmhuintir na hÉireann chun foghlaim a dteanga féin a fhorbairt agus a chur chun cinn. Dá n-éireadh leo córas an dátheangachais a leathnú, bheadh an-obair déanta acu, ní hamháin ar son na Gaeilge, ach ar son náisiúntacht na hÉireann. Anois agus muid ag druidim le deireadh na haoise is é 'polasaí oifigiúil an Stáit' anois fosta (Caerwyn Williams, *Ní Mhuiríosa* 1985, 386). Ba léir don Phiarsach gurbh í sin an t-aon tslí a bhí réalaíoch chun teanga dhúchais na nGael a shlánú:

cé go bhfuil daoine sa dá thír (An Bhreatain Bheag chomh maith) a chreideann nach leor é sin chun an teanga dhúchais a shlánú, an féidir a rá go bhfuil a mhalairt de rogha ann? Agus an dtuigtear go cruinn nach mbeidh sé éasca cuspóir an dátheangachais féin a bhaint amach? Is dúshlán é, dúshlán a gcaithfear dul i ngleic leis go hoilte agus go héifeachtach. (ibid.)

Ba chuid d'idéil an Phiarsaigh an dátheangachas agus níl aon amhras ach go ndeachaigh sé i ngleic leis an dúshlán go huile is go hiomlán agus go ndearna sé a dhícheall ar son dhul chun cinn an dátheangachais agus é ina eagarthóir ar an *CS*.

5.3 An ceangal idir Teanga agus Náisiún:

I rith a shaoil, léirigh an Piarsach a dhiongbhailte is a bhí sé, go seasfadh náisiún na hÉireann ar a boinn féin arís, ach ba léir dó, nach dtarlódh sé sin gan teanga náisiúnta in úsaíd sa tír. Mar eagarthóir ar an *CS*, chuir sé in iúl dá léitheoirí méid an cheangail idir Teanga agus Náisiúnachas:

Tá an léiriú is fearr ar thuiscint an Phiarsaigh ar an gcoibhneas tábhachtach úd idir Teanga agus náisiúnachas le fáil ina chuid scríbhinní mar eagarthóir ar an *gClaidheamh Soluis* 1903 - 1909. (Muiris Ó Laoire, 'Athbheochan Teanga:

Má bhí muintir na hÉireann reidh iarracht mhaith a dhéanamh ar son athbheochan na Teanga, ní raibh aon dabht ach go gcuideodh sé sin le hathbheochan na tíre. Chuir sé an fhealsúnacht seo i bhfeidhm agus é ina eagarthóir ar an *CS*: 'Seas ar son do theangan agus seasfaidh sise ar do shon-sa.' ('An Sean-nós-Cuir amach é', Eagarfhocal, *CS*, 22 Lúnasa 1903, 4)

Ar ndóigh, chreid an Piarsach gurbh é sin an eochair a bhí ag muintir na hÉireann chun a náisiúntacht féin a bhaint amach agus a chur i gcrích i ngnáthshaol an lae. I 1905, phléigh sé an teoric a bhí aige faoi cad a bhí i gceist le 'teanga náisiúnta' agus cén fheidhm a bhí aici.¹ D'oscail sé an díospóireacht le: 'The English language is not *our* language: in stating that fact we have stated our whole case against it.' ('The Case for Irish', Eagarfhocal, *CS*, 21 Eanáir 1905, 7)

San eagarfhocal deireanach ar an ábhar seo, léirigh sé gurbh é a chreideamh gur chumasc é teanga agus náisiúntacht agus má bhí ceann amháin díobh in easnamh, nach cumasc ceart a bhí ann. Niorbh fhéidir le ceann amháin díobh maireachtáil gan an ceann eile:

so that, if the statement 'language is nationality' be true only when regarded as a figure of speech, the statement 'there is no nationality independent of language' is true absolutely and universally. ('Language and Nationality', Eagarfhocal, *CS*, 4 Feabhra 1905, 6)

Ní hamháin gurbh fhéidir an teoric seo faoi theanga agus náisiún a chur in oiriúint d'Éirinn, ach b'amhlaidh a bhí an scéal do thíortha ar fud an domhain, dar leis. Phléigh sé an ceangal idir náisiúntacht agus teanga i dtíortha eile go minic i rith a thréimhse eagarthóireachta. Phléigh sé an ceangal idir náisiúntacht agus teanga sna Stáit

Aontaithe i 1905. Ba é a thuairim go raibh difríocht mhór idir Meiriceá agus Éire de bhrí nár thréig sí a teanga dhúchais, cé gur coilíneacht Shasana a bhí inti chomh maith uair amháin. Dúirt sé gur a mhalairt ar fad a bhí fíor i ndáiríre agus gur inis stair an náisiúin an scéal. Mar sin, cé go ndearna Sasanaigh ionsaí ar an tír, náisiún a bhí ann go fóill. Chríochnaigh sé an t-eagarfhocal le comparáid idir Sasana agus Meiriceá, a léirigh gur fhás agus gur fhorbair náisiún a raibh a teanga féin in úsáid aici:

Both may be and are nations: but everyone who has eyes to see and a mind to think recognises that there is between them a link stronger than any mere physical bond - the link of a common language and literature. ('About the United States', Eagarfhocal, *CS*, 11 Feabhra 1905, 7)

Chomh maith leis sin, foilsíodh altanna a scríobh údair eile ar an ábhar seo sa *CS*. Tá na haltanna seo uilig cláraithe sna hAguisíní ag deireadh an tráchtais. Thuig sé dá n-éireodh le hionsaitheoirí, teanga dhúchais na ndaoine a leagadh, go n-éireodh leo ansin seilbh a ghlacadh ar bhunchloch na tíre, sé sin náisiúnachas na tíre:

The Language of the people is the fortress which the enemy first assails; and once that fortress is captured and its stones levelled with the ground, every other stronghold of nationality must inevitably fall. ('The Language of the Outlaw, *CS*, 2 Eanáir 1909, 8)

5.4 Cur i bhfeidhm na teoirice faoin gceangal idir Teanga agus Náisiún:

B'fheasach don Phiarsach mura labhrófaí teanga nach teanga bheo a bheadh inti. Dá mbeadh an teanga beo, bheadh náisiúntacht na tíre beo. Rinne sé sár-iarracht a chur ina luí ar léitheoirí an *CS* an fiúntas agus an tábhacht a bhain le labhairt na teanga: 'The

main objective is that Irish should enter as a matter of course, into the ordinary routine of our daily lives.' ('The Public Bodies and Irish', *Eagarfhocal*, *CS*, 18 Iúil 1903, 4)

Cé gur mó a mheas ar chainteoirí dúchais ná aon duine eile sa tír ó thaobh na Gaeilge de, chreid sé go raibh práinn le foghlaim na Gaeilge i saol an ghnáthdhuine. Phléigh Madra Maol brí an fhocail 'cainteoir' i 1903:

Cuireann daoine bearna mhór idir na cainteoirí agus na daoine d'fhoghlaim le déigheannaíge í. Tá cuid den cheart acu agus cuid den mhícheart ámh. Má tá duine in-a chainteoir mhaith bhlasta is cuma cionnus fuair sé í nó canad thoir, thiar, theas nó thuaidh. ('Cainteoirí agus Teangthacha treasna', *CS*, 5 Meán Fómhair 1903, 3)

Chuir an Piarsach an milleán ar 'fhaisiún' an Bhéarla agus bhí fhios aige gur rud faiseanta ab ea labhairt an Bhéarla. D'fhéach sé leis an nGaeilge a chur san fhaisean arís. Chreid sé dá mbeadh sé 'faiseanta' an Ghaeilge a labhairt agus dá mba 'comhartha na huaisleachta' í an Ghaeilge go labhrófaí í.¹ Ar ndóigh, ní hamháin go raibh sé riachtanach an teanga a labhairt agus a fhi isteach i ngnáthobair an lae, ach chomh maith leis sin, rinne sé iarracht a chur ina luí ar léitheoirí an *CS* gurbh éigean dóibh an Ghaeilge a labhairt gach uile lá sa tseachtain, gach uile seachtain sa mhí agus gach uile mhí sa bhliain chun an teanga a choinneáil beo:² 'Sé an tslíge is fearr chun teanga do choimeád beo ná í do LABHAIRT.' ('Buídhne Léigte', *Eagarfhocal*, *CS*, 21 Samhain 1903, 4)

Bhí sé de nós aige bheith dian ar mhuintir na Gaeltachta agus é i mbun eagarthóireachta ar an *CS*. Chreid sé go raibh athbheochan na teanga ag brath ar mhuintir na Gaeltachta. Bhí an teanga acu ó dhúchas agus mar gheall air sin, ní hamháin gur chóir dóibh an Ghaeilge a labhairt ach bhí sé de dhualgas orthu an teanga a choinneáil beo. Ní féidir a shéanadh go raibh sé beagainín idéalach faoi shaol na Gaeltachta. Dar leis an bPiarsach go raibh saibhreas le fáil sa Ghaeltacht nach raibh le fáil in áit ar bith eile ar domhan.

Ba ghnách leis, mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha, muintir na gcathracha a ghríosú agus a mhealladh i dtreo na Gaeltachta don Samhradh chun sos intinne a fháil:

rud ná fuil le fághail acht 'sa nGaedhealtacht.[...]ná an puth-anáil a chuirfidh brígh agus beatha 'n-a gcuid Gaedhilge chum an tairbhe ceart a bhaint as an saothar cruaidh atá déanta aca. ('I gcomhair an tSamhraidh', Eagarfhocal, CS, 27 Meitheamh 1903, 4)

D'fhás an tsuim a bhí aige sna ceanntair Ghaeltachta ó na turais a thug sé féin ar an nGaeltacht. Bhí fhios aige gur bhraith freagracht dhul chun cinn labhairt na teanga ar na cainteoirí dúchais:

Pearse's first visit to Aran in the Summer of 1898, when he began to study the living Irish language at the feet of J.M. Synge's first Irish Teacher, had left him with a passionate love of the Gaeltacht, and the West of Ireland Gaeltacht in particular was to be a life-long passion. From that time on, he had contrived to visit the West three or four times a year, and he realized more quickly than many of his colleagues that the future of the language was in the hands of the native speakers rather than the Dublin enthusiasts. (Edwards, 1990, 50)

Níl aon dabht ach go bhfuair sé féin an sos intinne a bhí i gceist aige sa CS, nuair a chaith sé féin tamallín sa Ghaeltacht. Nuair a scríobh sé i FL faoin am a chaith sé in Árann, bhí an-dóchas aige do na ceanntair Ghaeltachta. Ba é a chreideamh nach bhfaigheadh an Ghaeilge bás go deo in Árann agus gurbh é an ceantar seo, an ceantar ba mhó Gaeilge á labhairt inti.³ Mar a deir Cathal Ó Háinle:

Bhí sé faoi dhraíocht go hiomlán ag an nGaeltacht, ag saol na Gaeltachta, ag muintir na Gaeltachta agus go háirithe ag leanaí na Gaeltachta. Toisc gurb í an Ghaeltacht fuíoll an áir a himríodh ar an dúchas, ba rud naofa aige í agus feiceann sé í trí cheo mistiúil. An saol atá á chaitheamh ag pobal na Gaeltachta, is iarsma é, dar leis, don saol Gaelach a bhí ann sular briseadh na slata draíochta - dream uasal, neamhurchóideach, sona, soineanta daoine is ea an pobal sin, go háirithe na leanaí. (Ó Háinle, 1979, 23)

B'fhéidir gur de bharr na 'draíochta' sin a shamhlaigh an Píarsach leis an nGaeltacht, a bhíodh sé chomh dian sin sa CS ar mhuintir na Gaeltachta. Ba mhinic a cháin sé clanna

na Gaeltachta toisc gan go leor Gaeilge á labhairt acu sa bhaile. Pléifear an ghné sin de shaol na hÉireann i gCaibidil a Seacht. I mí Lúnasa 1903, rinne sé sórt sáinmhíniú ar mhuintir na Gaeltachta: 'ag cur síos ar an mhuintir go bhfuil an Ghaedhilg aca ó thúis.' ('Na Ceanntair Ghaedhealacha', Eagarfhocal, CS, 29 Lúnasa 1903, 4)

Lean sé ar aghaidh san eagarfhocal, ag iarraidh a chur ina luí ar mhuintir na Gaeltachta a thábhachtaí is a bhí a ról in athbheochan na teanga: 'Is mithid innsint do na ceanntair so, go bhfuilimid ag brath orra chum Éire a dhéanamh Gaedhealach arís.' (ibid.)

I 1905 bhain sé úsáid as na heagarfhocail chun teachtaireacht a thabhairt do lucht na Gaeilge sa Ghaeltacht. Bhí sé an dian orthu agus cháin sé iad go láidir as an droch-iarracht a bhí á déanamh acu an teanga Ghaeilge a chaomhnú.⁴ Fiú amháin, mhol sé do mhuintir na Gaeltachta suirbhé a dhéanamh ar labhairt na teanga sa Ghaeltacht. D'fhoilsigh sé treoracha don suirbhé, sa dóigh go bhféadfáidís caighdeán labhartha na teanga a mheas dóibh féin.⁵ Chreid sé go daingean gur ar na Gaeilgeoirí a bheadh an milleán dá bhfaigheadh an teanga Ghaeilge bás: 'Má chailtear an Ghaedhilg is ar na Gaedhilgeoiribh bhéas an locht.' ('Am Faigh a' Ghaidhlig Bás', Eagarfhocal, CS, 23 Meán Fómhair 1905, 6)

Ach i ndáiríre, bhí Pádraig Mac Piarais chomh tógtha suas lena fhís féin don Ghaeltacht, nár lig sé do féin, an tuiscint don bhochtanas a d'fhulaing siad, a fhorbairt. Shamhlaigh muintir na Gaeltachta an teanga Ghaeilge le bochtanas agus le hanró an tsaoil. Thuig siad nárbh fhéidir leo dul chun cinn a dhéanamh gan Béarla. Ní raibh siad in ann slite maireachtála a bhaint amach dóibh féin sa Ghaeltacht, mar sin bhí siad ar brath ar fhoghlaim an Bhéarla chun iad féin a fhorbairt agus chun caighdeán maireachtála a ghearradh amach dóibh féin.

I rith a thréimhse eagarthóireachta, níor léirigh sé an taobh seo den scéal. Ar ndóigh, ba é an cuspóir a bhí aige mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha ná, an Ghaeilge a chur chun cinn agus chun é sin a dhéanamh, ba mhaith ab eol dó go raibh sé ag brath ar na cainteoirí dúchais. Is léir óna scríbhneoireacht sa *CS* gur chreid sé i bhfiúntas na Gaeltachta mar ba í sin an áit a luigh freámhacha dúchais na nGael inti. Arís bhí sé chomh tógtha suas leis an bhfís a bhí aige, go ndearna sé dearmad de na constaicí praiticiúla a bhí os comhair na gcainteoirí sa Ghaeltacht. Scríobh Ruth Dudley Edwards faoin tréimhse a chaith sé in Árainn:

His idealization of the family with whom he stayed was one thing; his apparent total incomprehension of the unpleasant aspects of poverty was another. [...] It was not that Pearse was unsympathetic. His love for the Connacht people was wholly sincere: but he had no understanding of the poverty and the fears of famine that drove them to emigrate. (Edwards, 1990, 52)

Ar ndóigh, ní gá dúinn ach gearrscéalta an Phiarsaigh féin a léamh, chun doimhne an ghrá a bhí aige don Ghaeltacht agus do mhuintir na Gaeltachta a mhothú. Molaim go háirithe *Íosagán*, *Eoghainín na nÉan* agus *An Sagart*. Sa Réamhrá a scríobh sé ar *Íosagán agus Scéalta eile*, sonraítear méid a ghrá don Ghaeltacht féin agus do na daoine a thug ábhar na scéalta dó - muintir na Gaeltachta :

Ag cur na scéalta so in eagar dom, ní hionadh go bhfuil mo smaointe ar na cairde a d'innis dom iad agus ar an áit uaignigh ar chiumhais na hÉireann ina bhfuil a gcónaí. [...]Tá insithe agam sa scéal féin cé an áit agus cé an trath a gcuala mé *An Sagart*. Is maith is cuimhneach liom teach beag Nóra, agus an bheanín lách í féin, agus an triúr páiste. [...]Díbhse, a chairde dílse, a lucht insithe mo scéalta, idir bheag agus mhór, thoirbhirim agus thíolaicim an leabhrán so.(Mac Piarais)

Ar an iomlán, mar eagarthóir an *CS* d'éirigh leis an - dul chun cinn a dhéanamh i bhfoghlaím agus i labhairt na teanga. Foilsíodh a lán altanna ar chursaí teanga⁶ agus rinne sé sár-iarracht, ceachtanna a sholáthar chun cuidiú le daoine fásta i bhfoghlaím na teanga. Nuair a bhí an seans aige, mhol sé lucht na Gaeilge as na hiarrachtaí a rinne siad

an Ghaeilge a labhairt: 'Ba chúis áthais dúinn an oiread Gaedhilge agus do bhí gá labhairt ann.' ('Gaedhilg ag an Ard-Fheis', Eagarfhocal, CS, 23 Bealtaine 1903, 4) Ba léir dó, gurbh é an dul chun cinn ab'fhéarr a bhí déanta ag Conradh na Gaeilge ná, nach raibh 'náire' ar chainteoirí Gaeilge a dteanga a úsáid. Mhaigh sé i 1908 go raibh feabhas ar labhairt na teanga sna Gaeltachtaí, sna scoileanna agus ar fud na tíre i gcoitinne.⁷ Bhíodh sé i gcónaí ag iarraidh misneach a mhúscailt sna cainteoirí Gaeilge, ionas go mbeadh muinín acu astu féin, a dteanga dhúchais a labhairt agus a úsáid:

and we feel justified in asserting, first that everywhere the shame of speaking Irish is all but dead; secondly that in many places the habit of speaking English, especially to children, has been checked, and in some instances, eradicated; thirdly that in a number of the most important Irish - speaking districts, Irish speaking children are being *educated in Irish* - which means they, and the generations which will spring from them are safe as regards the language. ('The Year', Eagarfhocal, CS, 4 Eanáir 1908, 9)

Bhí dóchas aige go dtiocfadh an lá ina mbeadh gach Éireannach in ann na rialacha céanna a úsáid i scríbhneoireacht na Gaeilge ach go mbeadh a hindibhidiúlacht féin ag baint le gach canúint i ngach Cúige. Ba é sin an fréamh a bheadh ag cách, - cainteoirí dúchais na tíre agus cainteoirí a d'fhoghlaim an Ghaeilge - chun teanga náisiúnta na hÉireann a chur chun cinn.⁸

Bhí baint ag an teanga lena lán gnéithe de shaol na hÉireann agus ní dhearna Pádraig Mac Piarais dearmad riamh, agus é ina eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha, gur fealsúnacht an Chonartha a bhí á craobhscaoileadh agus á poibliú aige. Ba í cúis na teanga, bun agus barr a thréimhse eagarthóireachta. Bhí forbairt eile ag brath ar fhorbairt agus ar leathnú na teanga. Déanann Cathal Ó Háinle achoimre maith ar an dea-obair a rinne sé ar son na teanga agus é i mbun eagarthóireachta ar an CS:

Ar an gcaoi chéanna ghlac sé le fealsúnacht Chonradh na Gaeilge go mba den riachtanas é, an Ghaeilge a chur i réim arís má bhíodhas le hanam na hÉireann a athshlánú. Thuig sé go raibh gnéithe eile den dúchas ann freisin, ach ghlac sé leis gan cheist go mba í an teanga an sine ba láidre sa slabhra agus shaothraigh

sé gan staonadh ar a son. Mar léachtoir, mar scríbhneoir agus go háirithe mar eagarthóir ar an *Claidheamh Soluis* sna blianta 1903-9, ghríosaigh sé pobal na hÉireann leis an nGaeilge a fhoghlaim agus a labhairt agus a scríobh, thug sé moladh agus treoir do scríbhneoirí na Gaeilge, agus d'ionsaigh sé na foráis agus na pearsana sin Stáit agus Eaglaise a bhí ag déanamh failí sa Ghaeilge nó a bhí ina haghaidh, agus rinne sé a chion féin mar dhrámadóir agus mar scéalaí, chun nualitríocht chruthaitheach sa Ghaeilge a chruthú. (Ó Háinle, 1979, 8-9)

6. CONRADH NA GAEILGE

Is éard atá i gceist sa chaibidil seo ná an iarracht a rinne an Piarasach chun obair Chonradh na Gaeilge a chur chun cinn sa CS le linn a thréimhse eagarthóirtheachta, a léiriú.

Pléifear

- a) an tacaíocht, an spreagadh agus an chomhairle a thug Pádraig Mac Piarais do chonraitheoirí agus do mhuintir na hÉireann i gcoitinne, maidir le fealsúnacht agus obair an Chonartha a chur i bhfeidhm
- b) an obair a rinne sé ar son an Oireachtais
- c) an fhógraíocht a thug sé d'fhéilte an Chonartha trí fhoilsiú na dtuairiscí agus na n-altanna
- d) an iarracht a rinne sé airgead a bhailiú do Ghluaiseacht na Teanga
- e) an pháirt a ghlac sé, mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha, i gconspóidí agus i gceisteanna polaitíochta an Chonartha.

6.1 An tacaíocht, an spreagadh agus an chomhairle a thug an Piarasach do lucht léitheoireachta an CS chun fealsúnacht an Chonartha a chur i bhfeidhm:

Ba é príomhchuspóir Chonradh na Gaeilge ná an teanga Ghaeilge a chur chun cinn sa tír seo arís. B'éard a bhí i gceist, ná go mbeadh muintir na hÉireann bródúil as a dteanga dhúchais agus a dtír dhúchais ionas go gcothófaí tírghrá iontu. Bhí cur síos ar fhealsúnacht an Chonartha sa *Freeman's Journal* i 1893:

The object of the Gaelic League should be to substitute for this degrading and unnatural feeling, so foreign to the intellectual and spiritual character of the Irish Celt, a just and natural pride in the possession of a language which is at once noble, powerful and beautiful in itself, and the surest mark and best guarantee of national existence. (Ó Súilleabháin, 1981, 18)

Cláraíodh Pádraig Mac Piarais i gConradh na Gaeilge ar an dara lá de Dheireadh Fómhair 1896 ar mholadh ó Sheosamh Laoide agus ó Eoin Mac Neill.¹ Toghadh é mar bhall den ardchoiste ar an gcúigiú lá de Dheireadh Fómhair 1898.² Cé go raibh sé ag staidéar san ollscoil, agus ag múineadh ranganna Gaeilge ag an am céanna, níor chaill sé ach sé chinn de na céad is a naoi gcruinniú sa chéad dhá bhliain dó ar an gCoiste.³ Faoi mar a deir Ruth Dudley Edwards: 'the commitment was total.' (Edwards, 1990, 26)

Ar ndoigh bhí sé dílis d'fhealsúnacht an Chonartha agus ba léir dó gur chóir do Chonraitheoirí uilig a bheith mar an gcéanna. Bhí caighdeán ard aige dó féin i gcúrsaí a bhain le hathbheochan na teanga agus le hathbheochan na tíre: 'His devotion to the Gaelic league was anchored in a strong belief that cultural nationalism would save the soul of the country.' (ibid., 152) Tá sé riachtanach an dearcadh agus an dílseacht seo a thuiscint chun an tacaíocht a thug sé do léitheoirí an *CS* a thuiscint i gceart. Rinne sé gach iarracht fealsúnacht an Chonartha a chur os comhair léitheoirí an *CS*. Léirigh sé ag deireadh na bliana 1903 an seasamh a bhí ag Conradh na Gaeilge in Éirinn:

The Gaelic League stands for the Intellectual Independence of Ireland. It stands for Irishism in the homes, in the Schools, in the churches, in the press and on the platform; in the market places and on the public boards. [...] It stands for the ascendancy of the Gael, qua the Gael, in every department of the public and private life of the land. ('Cohesion', Eagarfhocal, *CS*, 5 Nollaig 1903, 4)

Ba é a chreideamh go raibh an dá rud ag brath ar a chéile agus nach bhfeicfí fás ná forbairt in Éirinn gan teanga dhúchais. B'fheasach don Phiarsach, mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha, go raibh sé d'iallach air a chur ina luí ar léitheoirí an

CS, go raibh siad ag obair ar son leas na tíre chomh maith leis an nGaeilge má bhí siad i ndáiríre faoi obair an Chonartha:

A Chairde, ní ar mhaithe leis an dream so nó leis an dream úd, ní ar mhaithe leis an gCúige seo ná leis an gCúige úd, ní ar mhaithe leis an nGaedhilg féin atá Connradh na Gaedhilge - acht ar mhaithe le hÉirinn. ('An Gnó ata romhainn', Eagarfhocal, CS, 14 Deireadh Fómhair 1905, 6)

Ba é a thuairim gurbh iad na huirlisí ab'fhearr a bhí ag na hÉireannaigh chun an tír a chur ar bhealach a leasa arís ná, imeachtaí an Chonartha: 'the materials with which we are to build up a new Ireland are to be found in the classes and the feiseanna, the Craobhacha and the Coisdí of the League.' ('Realities', Eagarfhocal, CS, 25 Lúnasa 1906, 6)

Bhí fhios ag an bPiarasach go raibh uirlis aige chun stair agus cuspóirí Chonradh na Gaeilge a chur os comhair mhuintir na hÉireann. I 1906, phléigh sé bunú Chonradh na Gaeilge agus bunú iris oifigiúil an Chonartha. D'fhorbair sé an tuairim a bhí aige go mbeadh athbheochan tionsclaíochta agus ealaíne da n-éireodh le hathbheochan na Teanga.⁴ Ó am go ham scríobhadh sé faoi aidhmeanna an Chonartha agus an dóigh ina bhféadfadh Conraitheoirí, na haidhmeanna sin a chur i bhfeidhm.⁵ Bhain sé úsáid as altanna a scríobh údair éagsúla chun tuairimí agus fealsúnacht an Chonartha a chur ina luí ar léitheoirí an CS. Tá na haltanna seo uilig cláraithe sna hAguisíní ag deireadh an tráchtais. Ba mhaith ab eol dó an tairbhe a bhainfidís as tuairiscí idirnáisiúnta. Ábhar bolscaireachta a bheadh iontu agus chuideoidís go mór leis an gCúis. I rith a thréimhse eagarthóireachta foilsíodh tuairiscí ó chraobhacha i dtíortha eile agus féilte Éireannacha i dtíortha eile. I 1909, tháinig beirt bhan chuig an Oireachtas chun tuairisc a dhéanamh air. Rinne Pádraig Mac Piarais an-iarracht, mar eagarthóir an CS, na mná seo a chur in aithne dá léitheoirí agus mhol sé dóibh aire mhaith a thabhairt don bheirt acu, de bharr an aitheantais a thabharfaidís d'obair an Chonartha. Is fiú an píosa a scríobh se futhu a

léamh, chun an iarracht a rinne sé chun obair an Chonartha a chur ar aghaidh ar leibhéal idirnáisiúnta, a thuiscint:

Chomh maith le bheith ina scríbhneoir, is clos dúinn go ndearnadh Miss Sawyer obair mhór chun an chuid is filídeachta de dhrámaí Liam Yeats a chur ar an ardán agus iad do léiriúghadh i Nuadh Eabhrac. [...] Inghean mic do'n Laoch Venezuelach General Paez is eadh an bhean eile. [...] Paez agus Bolibhar an dá laoch budh thréine in san gcogadh sin i gcoinne na Spáinneach. [...] budh cheart do gach deagh Ghaedheal bheith go muintireach leo. Mar dúbhramar cheana tá siad chun scríobh ar ár ngluaiseacht-ne agus rachadh an sgríbhinn seo chun tairbhe dúinne de réir mar thabharfar feasa agus eolas dóibh ar ar gcuid saothair. ('Cuartheoirí Oirdhearca chuig an Oireachtas', *CS*, 1 Lúnasa 1908,6)

Thagair sé go minic don obair a bhí le déanamh ag baill an Chonartha agus bhí fhios aige go raibh conraitheoirí ann a bhí in ainm a bheith ag obair agus go raibh conraitheoirí eile ag deanamh a ndíchill. Níor ghabh sé leithscéal le haon duine a bhí páirteach i nGluaiseacht na Teanga: 'Tá obair agus obair ann. Tá obair an duine dhúthrachtaigh agus tá obair an duine fhuar-the. Ní dóigh linn gur fearrde an chúis an duine fhuar-the.' ('Dícheall', 'Cúrsaí an tSaoghail', *CS*, 3 Samhain 1906, 3)

Rinne sé iarracht fosta sna heagarfhocail, a chur ina luí ar Chonraitheoirí, a thábhachtaí is a bhí obair an tSamhraidh.⁶ I rith a thréimhse eagarthóireachta, thug sé tús áite do thábhacht abhbheochan na teanga d'Éirinn. Mhínigh sé a ndualgaisí teanga dá léitheoirí agus ghlac sé gach faill, mar eagarthóir an *CS*, na dualgaisí úd a chur i gcuimhne dóibh.

Faoi mar a deir Ruth Dudley Edwards:

Pearse set out to explain to his readers their duties to the cause, and reminded them of these duties throughout his period of office. In innumerable editorials he expounded his belief that the supreme calling was the preservation of the Irish Language, an objective which should occupy the souls and minds of the Irish people: no other cause could even approach it in importance. (Edwards, 1990, 70)

Mhol an Piarsach do na craobhacha gur chóir dóibh comhbraitheachas a chothú idir baill na craoibhe.⁷ Bhí fhios aige nach n-oibreodh eagraíocht ar bith, gan dea-thoil na n-

oibríthe. Ní hamháin go raibh aontacht na mball riachtanach, ach bhí fhios aige go raibh gá le traenáil san eagraíocht chomh maith. Thuig sé go ndeachaigh traenáil na mball le ceannaireacht na Craoibhe agus go raibh dea-thraenáil ag brath ar dhea-thoil bhaill na Craoibhe:

It must not be forgotten that an organisation depends upon the general efficiency of its units, both in their internal affairs and in their capacity for co-operation and cohesion. The foundations must be firm, well designed well-laid. ('Spade work', Eagarfhocal, *CS*, 1 Iúil 1905, 6)

Ar ndóigh, níor ghné nua d'eagarthóireacht pháipéar oifigiúil Chonradh na Gaeilge an ghné seo. Pléann Aisling Ní Dhonnchadha an ghné seo d'eagarthóireacht Eoin Mhic Néill i 1898 agus é ina eagarthóir ar *FL*:

Uaireanta, chuirfeadh sé máthair ab an-chrosta i gcuimhne do dhuine, - é ag gearán faoin easpa suime agus an leisce, faoi Ghalldachas nó thromshuan chontaetha áirithe. Os a choinne sin mholadh sé díograis agus dúthracht na gCraobhacha maithe gníomhacha go hard na spéire. (Ní Dhonnchadha, 1987, 243)

Ba mhaith ab eol don Phiarsach an tábhacht a bhain le foilsiú tuairiscí na gCraobhacha ach ó thús a thréimhse eagarthóireachta, thuig sé na fadhbanna a bhain le foilsiú na dtuairiscí seo uilig ó gach aird den tír. Mhol sé do thimirí na gCraobhacha tuairiscí a fhoilsiú sna páipeir áitiúla agus gan ach na heachtraí a raibh baint ar leith acu le Gluaiseacht na Teanga a sheoladh chuig an *CS*. D'fhoilsigh sé na tuairiscí seo i gcolún dár bh ainm 'Cogarnach na gCraobh'. Seo mar a scríobh sé faoi na fadhbanna a bhí os a chomhair ag tús a thréimhse eagarthóireachta:

We have found it necessary to discontinue publication of the Branch Reports in the form in which they have hitherto appeared. This week we have received as many Branch Reports as would fill our entire issue. In future, we shall, under the heading 'Cogarnach na gCraobh' deal briefly with the striking points in the work of each Craobh. Craobhacha are urged to send their formal reports to the local press and to send us reports only of outstanding events, and phases which will be of interest to Leagues in general. Communication to be dealt with under

this head must reach the office not later than Monday morning. ('Cogarnach na gCraobh', *CS*, 14 Márta 1903, 6)

Ar ndóigh bhí fhios aige go raibh luach ar leith ag baint leis na tuairiscí úd i scaipeadh eolas Chonradh na Gaeilge agus go bhfaigheadh na Craobhacha uilig tacaíocht ina gcuid oibre as an eolas seo, ach eagarthóir forásach, eagraithe a bhí ann agus thuig sé gur mhó an tairbhe a bhainfeadh lucht na Gaeilge as na tuairiscí seo sna páipéir áitiúla, ná mar a bhainfidís as tuairiscí i bpáipéar náisiúnta, mar an *CS*. Lean sé ar aghaidh, ag iarraidh fhiúntas na dtuairiscí seo a chur ina luí ar léitheoirí an *CS*.⁸

B'fheasach don Phiarsach gur ghá do Chonradh na Gaeilge gach gné de shocháil mheánaicmeach na hÉireann a chur san áireamh. Foilsíodh alt sa *CS* i 1908 ag iarraidh ar gach aicme sa tír páirt a ghlacadh i nGluaiseacht na Teanga ach cuireadh béim ar leith ar rannpháirtíocht na meánaicme san alt.⁹ Scriobhann Aisling Ní Dhonnchadha gurbh amhlaidh a bhí an scéal i 1918 leis - gur: 'bhain an meon meánaicmeach le Conradh na Gaeilge.' (Féach Ní Dhonnchadha, 1987, 252)

Rinne an Piarsach an - iarracht, aos óg na tíre a mhealladh isteach i nGluaiseacht na Teanga. Ar ndóigh, mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha, thagair sé go minic don ról a bhí acu in athbheochan na teanga agus na tíre. Sa *CS* shoiléirigh sé an ról a bhí acu maidir le cúrsaí oideachais, cúrsaí teanga, cúrsaí an Chonartha, cúrsaí litríochta agus cúrsaí na hÉireann i gcoitinne. Déanfar tagairt don ghné seo dá eagarthóireacht i ngach caibidil sa tráchtas de réir mar a oireann na pointí a rinne sé don ábhar a bhíonn i gceist. Rinne sé an-obair ar son bhunú chraobhacha don aos óg.¹⁰ I 1909 bhunaigh sé colún nua do dhaoine óga a bheadh in ann altanna dá gcuid féin a fhoilsiú sa *CS*. D'fhéach sé le cothrom na féinne a thabhairt dá gcuid scríbhneoireachta:

Beimid ag súil le sgéalaibh ó na Craobhachaibh d'Éirinn Óig, ó na Sgoltachaibh, idir Sgoltacha Náisiúnta agus Sgoltacha meádhonacha agus ó na Coláistibh ar fud na tíre. Más leis an nGaedhilg bhaineas na scéalta sin, is ceadmhach iad a

sgríobhadh i nGaedhilg nó i mBéarla; acht más le cleasaibh lúith nó le rud ar bith seachas an Ghaedhilg féin a bhaineas siad níor mhór iad a sgríobhadh i nGaedhilg. ('Éire Óg', CS, 6 Feabhra 1909, 5)

B'amhlaidh an scéal dó mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha maidir le cothrom na féinne do chailíní na gcraobhacha. Sonraítear a dhíograis i dtaobh rannpháirtíocht na gcailíní i gcraobhacha don aos óg i 1906, nuair a bhí sé ag iarraidh na craobhacha seo a phoibliú agus a chur chun cinn:

It is essential that any scheme that may be adopted should include the girls as well as the boys. Indeed the girls are from almost every point of view, more important. Girls in due course grow to be women; and it is women, let a mere man frankly admit it - who play the chief part in moulding the morality and culture of the nation's homes. If it is necessary to capture the boys' schools for Ireland, it is a thousand times more necessary to capture the girls' schools. ('School Branches- Na Girseacha', 'Gleo na gCath', CS, 29 Meán Fómhair 1906, 7)

Sa chéad eagrán eile, labhair sé amach níos láidre i gcoinne chraobhacha na mbuachaillí. Bhí sé ag freagairt do litir a tháinig ó Shasana ag scríobh faoi bhunú 'Boys Brigade' i mBaile Átha Cliath. D'fhreagair sé:

The idea of a Boy's Brigade does not appeal to us:[...] We want a bold and generous scheme embracing all Ireland and providing for the gearr-chailí as well as for the gasúr. ('Na Páistí', 'Gleo na gCath', 6 Deireadh Fómhair 1906, 7)

Ar ndóigh i 1908 mhol sé obair na mban i gConradh na Gaeilge go hard na spéire.¹¹ Scríobh sé gurbh fhearrde eagraíocht ar bith, mná a bheith páirteach inti. Ba é a thuairim gurbh fhearrde Conradh na Gaeilge na mná gan amhras.

Ar an iomlán rinne sé éacht ar son chur i bhfeidhm fhealsúnacht Chonradh na Gaeilge agus é ina eagarthóir ar an *CS*. Faoi mar a deir Cathal Ó Háinle:

Ar an gcaoi chéanna ghlac sé le fealsúnacht Chonradh na Gaeilge go mba don riachtanas é an Ghaeilge a chur i réim arís má bhíothas le hanam na hÉireann a athshlánú. (Ó Háinle 1979, 8)

Scríobh Pádraig Mac Piarais go minic faoin dul chun cinn a bhí déanta ag Conradh na Gaeilge ina lán gnéithe d'athógáil na tíre. Thosaigh sé ag cur síos air seo nuair a bhí sé ina chéad bhliain d'eagarthóireacht an *CS*. Bhí tábhacht ar leith ag baint leis an gcur síos ar dhul chun cinn an Chonartha ansin, de bhrí go raibh siad ag ceiliúradh go raibh Conradh na Gaeilge ar bun le deich mbliana anuas.¹² Ba ghnách leis na sleachta seo a chríochnú le nóta dóchais go leanfadh an obair ag aghaidh. Ghlac sé an fhaill chun a chur ina luí ar lucht léitheoireachta an *CS*, a thábhachtaí is a bhí an obair a bhí á déanamh ar son athbheochan na teanga agus na tíre. Rinne sé achoimriú maith ar fhealsúnacht na hoibre i 1906 nuair a d'fhoilsigh sé sa cholún 'Thoughts':

'The Gaelic League is putting a new country on the map of Europe' - An Craoibhín in San Francisco. ('Thoughts', *CS*, 7 Aibreán 1906, 3)

6.2 An obair a rinne an Piarsach mar eagarthóir an *CS* ar son an Oireachtais agus ar son na bhféilte a ceiliúradh i rith na bliana:

Rinne Pádraig Mac Piarais sár-iarracht mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha féilte an Chonartha a chraobhscaoileadh sa *CS*. Ba í an fhéile a ba thábhachtaí a ceiliúradh ná an tOireachtas. Socraíodh ar an Oireachtas a bhunú ar an seachtú lá déag

de mhí Bealtaine 1907.¹ Phléigh an Piarsach stair an Oireachtais i 1905 agus scríobh sé go raibh amhras faoi ar dtús, ach faoi dheireadh gur glacadh leis go mbeadh Oireachtas gach bliain. Bhí sé ar Choiste an Oireachtais ó 1899 ar aghaidh ach nuair a ceapadh é mar eagarthóir ar an *CS*, d'éirigh sé as go luath ina dhiaidh sin. Idir an séú lá de mhí Meithimh 1899 go dtí an t-aonú lá is tríocha de mhí Mhárta 1900, d'fhreastail sé ar dhá cheann is fiche as cúig chinn is fiche de chruinnithe an Choiste.²

D'fhoilsigh an Piarsach fealsúnacht an Oireachtais agus d'éirigh go maith leis an dearcadh a bhí aige ar Oireachtas na Gaeilge a chur os comhair a lucht léitheoireachta. Ba í sin an obair a ba thábhachtaí a bhí le déanamh aige don Oireachtas mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha. Gan dabht, ba í an chúis ar bunaiódh Oireachtas Chonradh na Gaeilge ná chun:

litríocht nua-aimseartha a chur ar fáil [...] agus faoi choimirce na Féile seo reachtáladh comórtais liteartha iomadúla chun nuacheapadóireacht i nGaeilge a chur chun cinn. (Caerwyn Williams, Ní Mhuiríosa, 1985, 346-7)

Pléadh tábhacht an Oireachtais maidir le cúrsaí litríochta i gCaibidil a Ceathair, ach bhí gnéithe eile a bhain le hOireachtas na Gaeilge agus rinne Pádraig Mac Piarais an-iarracht gach gné d'Oireachtas na Gaeilge a chur os comhair a léitheoirí chun suim na nGael i bhFéile mhór bhliantúil an Chonartha a mhúscailt. Chuir sé an-bhéim ar thábhacht an Oireachtais mar chuid de ghnáthshaol Ghaeilgeoirí na tíre. Scríobh sé gur cruinniú do chách a raibh suim acu i gcúrsaí na tíre a bhí ann. Roimh an seachtú Oireachtas i 1903, scríobh sé go bhfaighfí 'delightful glimpses of the inner life of the Gael' ag an Oireachtas. (Féach 'The Oireachtas', Eagarfhocal, *CS*, 4 Aibreán 1903, 4) Lean sé ar aghaidh ansin ag léiriú gurbh é príomhghnó Oireachtas na Gaeilge, ná áit chruinnithe a sholáthar do phobal na Gaeilge chun teagmháil lena gcomhdhaoine:

The chief significance is as a rallying point for the scattered units which make up the fighting force of Gaeldom. [...]a meeting place for North and South, East and West, where under congenial circumstances, points of view may be exchanged, prejudices worn down, the spirit of loyal and generous comradeship fostered. (ibid.)

Scríobh Pádraig Mac Piarais tuairisc ar an Oireachtas gach bliain a reachtáladh é agus é i mbun eagarthóireachta. Chomh maith leis sin foilsíodh duilleacháin an Oireachtais le heagráin an *CS*.³ D'fhoilsigh sé a lán altanna, amhrán agus áistí a bhain duaiseanna ag an Oireachtas. Tá na háistí, na haltanna agus na hamhráin seo uilig cláraithe sna hAguisíní ag deireadh an tráchtais. Nuair a scríobhadh sé faoin Oireachtas, bhíodh sé i gcónaí dóchasach agus misniúil. I 1904, scríobh sé go raibh an-dul chun cinn déanta ó thaobh uimhir na n-iomaitheoirí de.⁴ Bhí naoi gcéad iomaitheoir is caoga páirteach ann an bhliain sin agus ba é an uimhir ab airde a bhí ann roimhe sin ná sé céad. Rinne sé sár-iarracht i gcónaí, Gaeilgeoirí a ghríosú chun páirt a ghlacadh sna comórtáis.⁵ Tar éis an Oireachtais i 1907, scríobh sé gur comhthoghadh cúig chéad tríocha is a trí chraobh i gcomparáid le ceithre chéad seachtó is a trí chraobh tar éis an Oireachtais i 1906.⁶ Bhí fhios aige an tábhacht a bhain le cruinniú na nGael i suíomh mar seo. Ba seans é dóibh a nGaelachas agus a ndúchas a chur in iúl agus a cheiliúradh. Sonraítear an taitneamh agus an sásamh a bhain sé féin agus conraitheoirí uilig as an Oireachtas sna heagarfhocail agus sna sleachta uilig a scríobhadh air sa *CS*. Sa scríbhneoireacht sin léirigh sé tábhacht an Oireachtais i bhféilire an Chonartha agus chuir sé in iúl do léitheoirí an *CS*, an sult agus an tsástacht a bhainfidís as a bheith páirteach ann. Bhí sé ag iarraidh a chur ina luí ar na Gaeil gur chuid de shaol nua na hÉireann ab ea é: 'Yes LIFE is the word which best sums up the Oireachtas.' ('Life', Eagarfhocal, *CS*, 10 Lúnasa 1907, 7)

Ba chuid den Oireachtas í an Ard-Fheis.⁷

Trí bliana tar-éis bhunú Chonradh na Gaeilge gaireadh an chéad Chomhdháil de thoscairí as na craobhacha éagsúla. Is féidir a rá gurbh í an Chomhdháil seo, sa Chaife Rioga i mBaile Átha Cliath ar an 25 Lúnasa 1896, an chéad Ard-Fheis. Is díreach as an ard-fheis sin a tháinig an tOireachtas, an fhéile Ghaelach is tábhachtaí sa tír ó shin i leith agus croí lár Ghluaiseacht na Gaeilge. (Mac Aonghusa, 1993, 59)

Cé gurbh iomaí alt a scríobh an Piarsach ar an Oireachtas féin, scríobh sé faoi imeachtaí agus faoi cheisteanna na hArdfheise chomh maith. Ar ndóigh bhain sé úsáid as an *CS* mar uirlis chumarsáide chun na ceisteanna conspóideacha agus ceisteanna a raibh baint acu le saol mhuintir na hÉireann a pléadh ag an Ard fheis, a chur os comhair a léitheoirí. Go bunúsach, b'iad na ceisteanna sin ná, na hábhair atá pléite sa tráchtas seo: ceisteanna oideachais, litríochta, teanga, creidimh, eaglaise, riaradh Chonradh na Gaeilge agus ceisteanna a bhain le gnáthshaol na ngnáthdhaoine. Chuir sé in iúl do léitheoirí an *CS* cad go díreach a bhí i gceist leis an Ard Fheis: 'Is í an Ard - Fheis Parlaimint Chonradh na Gaedhilge.' ('An tOireachtas', Eagarfhocal, *CS*, 9 Bealtaine 1903, 4)

Phléigh sé bunú na hArd fheise i 1904⁸ agus ag tús a thréimhse eagarthóireachta léirigh sé gur úsáideadh córas daonlathach chun an pharlaimint seo a thoghadh: 'Three hundred strong, elected on the most democratic imaginable basis - the thinkers, writers and workers of the Gael.' ('The Ard-Fheis', Eagarfhocal, *CS*, 2 Bealtaine 1903, 4)

Fiú ag an tús ba mhaith ab eol don Phiarsach tábhacht an daonlathais do Ghaeil na hÉireann. Bhí sé an-riachtanach ag an am sin, tacaíocht mhuintir na hÉireann a thuilleamh agus b'fheasach dó, de bhrí gur cine cloíte a bhí ann le fada an lá, nach

ndéanfaidís aon dul chun cinn mura léireófaí gur eagraíocht chothrom, a raibh údarás chothrom aici ab ea Conradh na Gaeilge. Níl aon dabht ach gurbh é seo an claonadh a bhí aige agus é ag plé cheisteanna na hArdfheise.

Ceiliúradh agus reachtáladh Seachtain na Gaeilge go hiondúil i mí Márta. Scríobh an Piarsach eagarfhocail ar thábhacht na seachtaine seo i ngnáthshaol na nGael sa mhí seo gach bliain i rith a thréimhse eagarthóireachta. Ba iad na gnéithe den tseachtain seo a ba luachmhaire maidir le dul chun cinn obair an Chonartha ná:

a) go raibh príomhchathair náisiúnta ag muintir na hÉireann arís agus gurbh é Conradh na Gaeilge faoi deara na céime chun tosaigh seo. Scríobh sé faoin ngné seo de mhórshiúl na teanga i 1904 agus i 1905:

it's significance consisted not so much in its bigness as in the facts that lay behind it - Dublin's capacity to organise, Dublin's great purpose to be worthy, at long last to be the capital of an Irish nation. ('The Language Procession and after', Eagarfhocal, CS, 19 Márta 1904, 6)

Not the least of the achievements of the Gaelic League is that it has given Ireland what she has never had since Tara fell - a national capital. ('A National Capital', Eagarfhocal, CS, 18 Márta 1905, 6)

b) An dara gné de mhórshiúl Sheachtain na Gaeilge ab ea an siombalachas a bhain leis i nGluaiseacht na Teanga. Léirigh an Piarsach gurbh amhlaidh neart an mhórshiúil agus neart agus cumhacht Ghluaiseacht na Teanga. Rinne sé iarracht mar eagarthóir an CS, a chur ina luí ar Chonraitheoirí agus Ghaeilgeoirí na tíre an tábhacht a bhain lena rannpháirtíocht sa mhórshiúl: 'The Language Procession which passes through the streets of our capital on Sunday next symbolises the Language Movement.' ('The Procession and what it means', Eagarfhocal, CS, 10 Márta 1906, 6)

Caithfidh gur éirigh leis sa chás seo mar chuir sé abairtí ón *Irish Times* i gcló an tseachtain ina dhiaidh sin. Is é seo ceann de na habairtí a foilsíodh ann: 'The Gaelic

League is a living and important force in Ireland.'! ('The Procession', Eagarfhocal, CS, 17 Márta 1906, 6)

6.3 An pháirt ghníomhach a ghlac Pádraig Mac Piarais mar eagarthóir an CS i gcúrsaí polaitíochta, i gcúrsaí airgeadais agus i gconspóidí an Chonartha:

Cúrsaí Polaitíochta:

Ba í príomhaidhm pholaitiúil an Phiarsaigh mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha ná, poiblíocht a thabhairt do dhearcadh an Chonartha ar chúrsaí polaitíochta. Phléigh sé an dearcadh seo go minic sa CS. Mhínigh sé seasamh oifigiúil an Chonartha i dtaobh pholaitíocht na tíre - an seasamh a scríobhadh síos i mBunreacht an Chonartha. Ghlac sé an seans arís chun fógairt dá léitheoirí gurbh é príomhchúram Chonradh na Gaeilge, ná an teanga Ghaeilge a chaomhnú agus a chur chun cinn:

Our constitution declares that the League shall be non-political i.e. that the League shall not identify itself with any political party. [...]Those who are members of the Gaelic League and who are in touch with its spirit and doings know that it has no use for politics. They know that its purpose is to preserve the Irish Language and extend its use because of the obvious fact that without the National Language there can be no nation. ('The Gaelic League and Politicians', Eagarfhocal, CS, 11 Meán Fómhair 1909, 9)

Cé gurbh é polasaí oifigiúil Chonradh na Gaeilge gan a bheith gníomhach i gcúrsaí polaitíochta na hÉireann, d'admhaigh an Piarsach go raibh baint ag Conradh na Gaeilge le saol cathartha na hÉireann agus de dheasca an cheangail sin, bhí sé de dhualgas ar

shaoránaigh na tíre, páirt a ghlacadh i riaradh chúrsaí na tíre agus go raibh sé de cheart acu a gcearta a éileamh agus a dtuairimí a nochtadh. D'fhógair an Píarsach sa *CS* go raibh an ghné seo de pholaitíocht fite fuaite le dualgaisí saoránachta.¹ Scríobh sé faoin dualgas seo ar shaoránaigh na hÉireann sa *CS*. Rinne sé iarracht suim na nGael a mhúscailt agus a spreagadh cé nach ndearna sé iarracht a chur ina luí ar léitheoirí an *CS*, go raibh sé d'iallach orthu bheith *gníomhach* i gcúrsaí polaitíochta, chun an dualgas seo a chomhlíonadh. Phléigh sé léacht a thug Mr Alfred Webb do chraobh 'Young Ireland' sa 'United Irish League' i 1905. Cé gur mhol Mr Webb Conradh na Gaeilge as ucht a chuid oibre, ba é tuairim an Phiarsaigh go raibh lochtanna le fáil sa léacht ar an dearcadh polaitiúil a bhí á chraobhscaoileadh aige. D'úsáid Mr Webb an téarma 'unfortunate', chun an seasamh a ghlac dhá nuachtán sheachtainiúla i mBaile Átha Cliath, ar náisiúnachas polaitiúil, a leiriú. D'fhreagair an Píarsach nach raibh fhios aige árbh é an *CS* ceann de na nuachtáin a bhí i gceist aige agus chuir sé an dearcadh a bhí á chraobhscaoileadh aige féin agus ag Conradh na Gaeilge i gcló:

The League is non-sectarian; it does not follow that it preaches the doctrine of 'no religion'. The League is non-political; it does not follow that it preaches the doctrine of no - politics. In point of fact, we believe that the Gaelic League actually promotes sane thinking in politics as it promotes sane thinking all round. The League teaches Irishmen to take an intelligent interest in everything that bears on the national welfare. [...]Personally we believe it to be the duty of every citizen to interest himself in the political life of the nation; and we have yet to discover that either in theory or in practice the League tends to encourage its members to shirk any of the duties of citizenship. ('Nationality, Politics and the Gaelic League', Eagarfhocal, *CS*, 1 Aibreán 1905, 7)

Chuir an Píarsach béim ar an dearcadh seo ag deireadh 1905 nuair a phléigh sé turas An Chraoibhín go Meiriceá. Sular fhág An Craoibhín an tír, thug sé óráid ar chéimeanna an 'Gresham' i Sráid Uí Chonaill. Chuir sé polaitíocht an Chonartha i gcomparáid le daonlathas na Gréige - ag rá gur fheil sí do gach saoránach sa tír agus go raibh gá leis an gcineál polaitíochta sin, cé nach eagraíocht pholaitiúil ab ea Conradh na Gaeilge.² San

eagrán céanna scríobh sé gur cuma cén pholaitíocht a chleacht baill an Chonartha. Ach dá nglacfadh páirtí polaitíochta ar bith seasamh i gcoinne na Gluaiseachta, gurbh éigean don Chonradh seasamh ina choinne agus an argóint a phlé:

The League is no more concerned with what political platform its members stand on than it is with what altar they worship at. [...]If the propoganda of a political party prove directly or indirectly prejudicial to the language movement, the League can and must take the field against that Government. ('The League and Politics', 'Gleo na gCath', CS, 11 Samhain 1905, 7)

B'shin é go díreach an modh oibre a chleacht sé agus é i mbun eagarthóireachta ar an CS. Forbrófar an ghné seo dá chur chuige eagarthóireachta i gCaibidil a Seacht. Rinne an Píarsach an - iarracht bheith cothrom ina dhearcadh ar chúrsaí polaitíochta agus uaireanta, d'fhéadfaí a rá go raibh sé ró-chothrom, rud a ghnóthaigh naimhde dó. Thuig sé go maith nárbh fhéidir leis féin páirt ghníomhach a ghlacadh i bpolaitíocht na hÉireann mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha ach níor chuir sé sin cosc lena shuim san ábhar ná lena dhícheall chun muintir na hÉireann a spreagadh chun suim a bheith acu i gcúrsaí polaitíochta. Seo mar a phléann Ruth Dudley Edwards a dhearcadh polaitiúil:

He had little faith in Irish political parties, but neither was he hostile to them; he suffered no discomfort in following the League's non-political policy of supporting candidates, of any party, who embraced League objectives. He took a keen passive interest in Irish politics throughout his editorship of the *Claidheamh* but he was regarded even by many respectable Leaguers as being dangerously right wing because he was prepared to give credit, where credit was due, to the British government, the National Board and other aunt sallies. (Edwards, 1990, 152)

Cúrsaí Airgeadais:

Bhí tuiscint ar leith ag an bPíarsach do chúrsaí poiblíochta. Chuir sé an tuiscint seo i bhfeidhm chun muintir na hÉireann a ghríosú chun airgead a fháil do Ghluaiseacht na Teanga i rith a thréimhse eagarthóireachta. Bhí uirlis phoiblíochta aige agus d'úsáid sé í ar leas an Chonartha. Bhí colún seachtainiúil ar leith sa *CS* ar foilsíodh na sintiúis airgid ann ó chraobhacha agus ó dhaoine aonaracha. Ba mhínic a chuir sé i leith mhuintir na Gaeilge go raibh siad sásta an teanga a ligint chun báis, de bharr easpa tacaíochta do Chonradh na Gaeilge ó thaobh chúrsaí airgeadais de.¹ Chun fiúntas an airgid agus riachtanas an airgid a chur ina luí ar Chonraitheoirí, rinne sé iarracht an dualgas a bhí orthu, iad féin a eagrú chun airgead a bhailiú chun obair an Chonartha a chur chun cinn, a mhúscailt iontu.² Cháin sé muintir na hÉireann go láidir i 1908 mar gheall ar an difear idir an méid a caitheadh ar ólachán i gcomparáid leis an airgead a bailíodh don Ghluaiseacht. Scríobh sé gur bailíodh cúig mhíle punt don bhliain agus gur tháinig dhá mhíle ó Mheiriceá ach níor chuir sé sin isteach air a oiread is a chuir an caiteachas ar ól isteach air:

There is a woeful disparity between, say, Ireland's annual drink bill of £13,000,000 and Ireland's annual contribution to the war-chest of the movement on whose success depends the continued existence of historic Irish Nationality. ('What the League is doing', *Eagarfhocal*, *CS*, 7 Márta 1908,9)

Ar ndóigh chuir sé i bhfad níos mó béime ar chúrsaí airgid i mí Márta ná i mí ar bith eile. Thug sé le fios do léitheoirí an *CS* gurbh í príomhaidhm Sheachtain na Gaeilge ná airgead na bliana a bhailiú. Thagair sé do chúrsaí airgid sna heagarfhocail i mí Márta gach bliain nuair a bhí sé i mbun eagarthóireachta ar an *CS* agus bhíodh corrtagairt dó i 'Gleo na gCath' fosta, mar shampla:

In all seriousness and with due deliberation we write that the maintenance of the campaign in the Irish-speaking territory - which really means the future of the

language movement- depends directly on the result of the coming collection. ('The Language fund', 'Gleo na gCath', CS, 15 Feabhra 1908, 7)

Ba í an príomhpháirt a ghlac Pádraig Mac Piarais i mbailiúchán an airgid ná gur dhírigh sé aird lucht na Gaeilge ar thábhacht an airgid sa Chonradh agus ní raibh eagla air riamh, airgead a éileamh ó léitheoirí an CS ar mhaithe le dul chun cinn na teanga. Cé nach féidir a rá gurbh é sin an bua ba láidre a bhí aige, ba obair thábhachtach í agus níor lig sé le faillí na dualgaisí a bhí faoina chúram mar eagarthóir ar an CS. Ar ndóigh ní raibh sé féin go maith riamh maidir le riaradh chúrsaí airgeadais.³ Ba é sin ceann de na laigí a léirigh sé i rith a shaoil. Ach níor lig sé don chonstaic sin cosc a chur leis ina chuid oibre mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha. D'oibrigh sé go dúthrachtach, dícheallach chun airgead Chonradh na Gaeilge a bhailiú agus choinnigh sé cuntas ar an airgead do léitheoirí an CS: 'Chuir sé a mharc áirithe féin ar Chonradh na Gaeilge le méid a mhisnigh, lena cheannródaíocht agus lena thuiscint ar phoiblíocht.' (Mac Aonghusa, 1993, 63)

Ba iad na tréithe úd a tháinig chun cinn dó i riaradh chúrsaí airgeadais do Chonradh na Gaeilge agus é ina eagarthóir ar an CS.

Conspóidí an Chonartha:

Ba iad na príomhchúiseanna easaontais i gConradh na Gaeilge le linn eagarthóireacht an Phiarsaigh ná, an cheist ar thailí don Ghaeilge mar ábhar breise, polasaí dátheangach an Choiste Ghnótha, an cheist ar Ghaeilge éigeantach i Má Nuad agus san Ollscoil Náisiúnta, agus an díospóireacht faoi ionadaíocht na nGael ar Sheanad na hOllscoile Nua. Phléigh an Piarasach na ceisteanna seo go mion sna heagarfhocail i 1908 agus 1909, go háirithe, ó mhí Márta go mí Bealtaine 1908.¹ Reachtáladh Ard Fheis speisialta

chun dul i ngleic le cuid de na fadhbanna seo agus faoi dheireadh réitíodh na ceisteanna uilig le díospóireacht chothrom. D'fhoilsigh Pádraig Mac Piarais socraithe na hArd-fheise ar an tríú lá déag de mhí Meithimh 1908. Ar ndóigh, lean díospóireacht na hollscoile ar aghaidh go deireadh a thréimhse eagarthóireachta agus níor socraíodh ansin í ach oiread. Tá na ceisteanna seo uilig pléite i gCaibidil a Trí.

Bhí ceist chonspóideach amháin eile a chothaigh easaontas idir chonraitheoirí. Nuair a chaill Seán Ó Ceallaigh a phost sa *Freeman's Journal*, chreid sé gur cuireadh as a phost é mar gheall ar chuairt a thug An Craoibhín, an Máirtíneach agus Úna Ní Fhaircheallaigh ar fhear eagair an nuachtáin, ag gearán faoin gcanúint a úsáideadh i gcolún na Gaeilge sa pháipéar. Ba é tuairim Uí Cheallaigh go ndúirt siad gur chóir na canúintí uilig a úsáid in áit aon chanúint amháin agus de bhrí gur bhain sé féin úsáid as canúint na Mumhan amháin, gur chaill sé a phost. Chuir an Piarasach na litreacha uilig, a seoladh chuige, mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha, i gcló agus bhí seans ag cách a dhearcadh féin a chosaint agus a chur chun cinn.²

Cé go ndearna sé sár - iarracht bheith oibiachtúil, bhí gné eile ag baint leis an gconspóid seo - buntomhas nach bhféadfá a chur san áireamh sna ceisteanna conspóideacha eile - an buntomhas pearsanta. Duine pearsanta, duine daonna a bhí i gceist sa chonspóid seo. Bhí ceangal díreach ag an gconspóid le cúrsaí teanga ach ní ceist náisiúnta a bhí ann. Nuair a chuirtear na gnéithe seo den chonspóid san áireamh, ní féidir a shéanadh gurbh í seo an chonspóid ba ghairne do cheisteanna mhuintir na hÉireann iad féin ag an am. Chreid Seán Ó Ceallaigh gur chaill sé an modh a bhí aige chun slí bheatha a bhaint amach, de bharr socrú dhaoine áirithe ar Choiste Gnó Chonradh na Gaeilge agus na modhanna ar bain siad úsáid astu chun an socrú sin a chur

i bhfeidhm. Chosain Pádraig Mac Piarais dearcadh an Chonartha mar ba é an príomhghnó a bhí faoina chúram mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha, ná an teanga Ghaeilge a chur chun cinn. Má bhí sé ar leas dhul chun cinn na teanga, ní raibh aon dul as ach na canúintí uilig a úsáid i gcolún na Gaeilge sa *Freeman's Journal*. Ní raibh rogha aige ach iomlán a thacaíochta a thabhairt do dhearcadh an Chonartha, cé go raibh trua aige mar dhuine daonna, do stáid Sheáin Uí Cheallaigh fosta. Bhí sé dílis don chúis agus ba mhaith ab eol dó, na deacrachtaí a bhí le sarú aige. Bhí sé réidh chun cibé obair agus cibé íobairt a bhí riachtanach a dhéanamh chun na deacrachtaí sin a sharú agus idéil an Chonartha a chur i gcrích. Faoi mar a deir Ruth Dudley Edwards: 'At the *Claidheamh* he used only one criterion in making judgements on contemporary events - did they help or hinder the language movement?.' (Edwards, 1990, 72)

Mar eagarthóir ar an *CS* léirigh sé féin a chothroime is a bhí sé i leith chanúintí na Gaeilge ach níor leor é sin chun a chruthú do Sheán Ó Ceallaigh nach ionsaí pearsanta air féin a bhí i gceist. Is léir ón litir a scríobh Seán Ó Ceallaigh chuig an *CS* a foilsíodh ar an aonú lá déag de mhí Aibreáin 1908 gur chreid sé nach raibh an Piarasach ag iarraidh cothrom na féinne a thaispeáint agus ar ndóigh nach raibh sé de cheart aige mar eagarthóir oifigiúil an *CS* tuairim d'aon sórt a nochtadh. Ba mar seo a chríochnaigh Seán Ó Ceallaigh an litir:

I submit, in conclusion that you are not officially called on to take sides in the matter. My presentation of the case, remember, is not an attack on the Coiste Gnótha but a necessary exposure of the methods of certain of its members, who, unfortunately, have brought the Gaelic League into contempt. In the circumstances, it is not for you to defend them and I must therefore, request that you hold the scales fairly between working members of our common organisation. ('Lucht an Fheill', *CS*, 11 Aibreán 1908, 6)

Admhaíonn an Píarsach, nuair a thugann sé freagra ar an litir go bhfuil trua aige do Sheán Ó Ceallaigh ach thar aon rud eile gur eagarthóir oifigiúil ar pháipéar oifigiúil an Chonartha é agus go n-éilíonn an eagraíocht sin agus an post sin a dhílseacht agus a fhreagracht:

Our sole concern in *An Claidheamh* has been to show that 'the change in the Irish column' was not brought about by the visit of An Craoibhín and the others to the *Freeman* office and we think that this has been shown clearly by An Craoibhín's and Mr Brayden's letters. [...] We submit that we 'held the scales fairly' by giving room to each side to state its case. [...] Does Seán hold that it is our duty to remain strictly neutral whilst such a campaign of libel and slander is carried on against the leaders of the language movement? To do so would be to abdicate our function. For Seán himself we have a good deal of sympathy. He may well exclaim 'Save me from my friends.' On him as on us this controversy has been forced. But no personal feeling for ourselves or for others would justify us in condoning by silence the attacks of moral thugs on the personal honour of the men and women who have made the Language Movement including An Craoibhín himself, struck down as he is by illness. (ibid.)

Ar an iomlán, sheas sé ar son chearta an Chonartha sna conspóidí uilig a pléadh sa *CS* i rith a thréimhse eagarthóireachta. Bhí an bua aige an suíomh a mheas agus claonadh oibiachtúil a léiriú air. Thug sé cothrom na féinne don dá thaobh i ngach ceist a ndearnadh díospóireacht uirthi sa *CS* ach ní raibh amhras ar bith riamh faoina dhílseacht do fhealsúnacht Chonradh na Gaeilge ar gach ábhar.

Beidh cuimhne buan ar an bPíarsach mar gheall ar an bpáirt a ghlac sé i stair na tíre seo, ach baineann mír rí-thábhachtach dá shaothar leis na blianta a chaith sé ag obair ar son an Chonartha agus ba mar eagarthóir ar an *CS*, a d'fhág sé a rian ar Chonradh na Gaeilge. Pléann Cathal Ó Háinle an obair seo:

Ma d'íobair sé a anam sa bhliain 1916, bhí sé tar-éis íobairt eile a dhéanamh ón mbliain 1896 i leith, íobairt na n-uaireanta fada anróiteacha a chaith sé i mbun saothair ar son an dúchais mar bhall de Chonradh na Gaeilge, mar léachtóir, mar iriseoir, mar eagarthóir, mar oideachasóir agus mar scríbhneoir cruthaitheach. Ba é an trua é dá mba ar a shaothar ar son neamhspleáchas polaitiúil na tíre amháin a chuimhneofaí agus go ndéanfaí dearmad dá shaothar ar son an dúchais.

Mar d'fhágfadh sé sin leathmhaing ar an tuiscint a bheadh againn ar shaothar a shaoil. (Ó Háinle, 1979, 7-8)

7. TÍR NA hÉIREANN

Léireófar stáid na tíre mar a léiríodh é le linn eagarthóireacht an Phiarsaigh ar an CS sa chaibidil seo. Caithfear saol na hÉireann mar a bhí sé ag an am a phlé faoi na fo-theidil seo a leanas, chun tuiscint an Phiarsaigh ar mhórchéistean na linne a léiriú:

- (i) Cúrsaí eacnamaíochta
- (ii) Cúrsaí Sóisialta
- (iii) Cúrsaí Polaitíochta
- (iv) Cúrsaí Creidimh.

Sula dtosnófar ar na mórchéistean a chíoradh, tá sé riachtanach bunfhealsúnacht an Phiarsaigh ar Thír na hÉireann mar náisiún inti féin a léiriú agus an tslí ar éirigh leis an fhealsúnacht sin a chur in oiriúint do shaol na hÉireann i rith a thréimhse eagarthóireachta, a thaispeáint.

7.1 Tuairimíocht an Phiarsaigh ar Éirinn:

Is gá an tréimhse agus spiorad na tréimhse féin a thuiscint chun cúrsaí agus imeachtaí na tíre a chíoradh i gceart. Bhí béim ar leith ar cheistean áirithe agus bhí tábhacht ar leith ag baint le heachtraí speisialta, de bharr choinníollacha áirithe socheolaíochta agus polaitíochta na linne. Ní hamháin go rabhtas ag iarraidh an Ghaeilge a athbheochaint ach bhíothas ag iarraidh náisiún a thógáil chomh maith:¹

Nuair a tugadh faoi athbheochan na Gaeilge sa cheathrú dheireanach den naoú céad déag, bhíothas ag tabhairt, ní hamháin faoin teanga a shlánú agus a chur i réim arís mar urlabhra phobail, ach, trína bhithin sin, faoi shlánú na féiniúlachta Gaelaí freisin. Faoi thionchar an náisiúnachais eitneachultúrtha neamhpholaitiúil (Fishman, 1972, 3-5) agus gan bheann ar an náisiúnas polaitiúil (*ibid.*) a bhí sé seo a dhéanamh, biodh gur fíor gurb í an ghluaiseacht ar son athbheochan na Gaeilge a ghin ar ball cuid mhór den fhuinneamh a bhain leis an ngluaiseacht chun neamhspleáchas polaitiúil a bhaint amach i dtosach an fichiú haois (Ó Cuiv 1969,6, *passim*). (Ó Háinle, 1994, 745)

Bhí i bhfad níos mó le déanamh ag muintir na hÉireann ná gnáthchúrsaí na tíre a chur faoi smacht. Bhí spiorad na féiniúlachta le cothú sa tír fosta chun tír neamhspleách, fhadbhreathnaitheach a thógáil. Bhain an Píarsach úsáid as an tuairimíocht seo chun aird a phobail léitheoireachta a dhíriú ar chúrsaí eacnamaíochta, ar chúrsaí sóisialta, ar chúrsaí polaitíochta agus ar chúrsaí creidimh. Ba mhaith ab eol dó go raibh seans aige, mar eagarthóir an *CS*, tírghrá a chothú i ngnáthmhuintir na hÉireann ionas go spreagfaí suim na ndaoine in imeachtaí náisiúnta na tíre. Dá ligfí do mhuintir na hÉireann a dtuairimíocht féin a fhorbairt ar náisiúntacht agus dá n-éireodh leis mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha, cuidiú le forbairt agus le dul chun cinn na tuairimíochta sin, bhí fhios aige nach mbeadh sé i bhfad sula seasfadh tír na hÉireann ar a boinn féin arís - lena polasaithe féin in úsáid aici agus claonadh Gaelach ar ghnéithe tábhachtacha na tíre:

Our motive power is not parochialism, not provincialism but nationalism. [...] We stand for an Ireland erect and buoyant, looking out on the world from her own thoughts, speaking out her message in her own way. ('Sursum Corda!', *Eagarfhocal, CS*, 21 Márta 1903, 4)

Thuig an Píarsach go raibh sé d'iallach air an treoir a thabhairt dá lucht léitheoireachta. Mhol sé dóibh bheith misniúil agus muinín a bheith acu as an obair a bhí faoina gcúram.² Chreid sé gurbh í an eochair a bhí ag muintir na tíre chun tírghrá a chothú agus a mhúscailt i saol na ndaoine ná díbirt iomlán an bhéarlachais as cúrsaí laethiúla na ndaoine. Bheadh ar mhuintir na hÉireann an 'teach' a ghlanadh suas.³ Mura ndéanfaí amhlaidh mhillfeadh an 'Seóininsim'(mar a thug sé air) an carachtar náisiúnta.⁴ Ar ndóigh i 1916, nuair a scríobh sé sa 'Murder Machine' léirigh sé gur shíl sé gurbh é polasaí oideachais na Sasanach ná a chur ina luí ar scoláirí na hÉireann gur chóir dóibh náisiún na hÉireann a shéanadh.⁵ Foilsíodh alt sa *CS* i 1904 agus mhínigh Diarmaid Donn ann gurbh é córas Gallda Shasana sa tír seo faoi deara dhrochstáid na tíre agus na

náisiúntachta: 'Sé a fhad is a ghearr gurab iad dlíge éagcóracha Shasana a d'fhág Éire siar mar tá sí.' ('An rud a d'fhág Éire siar', 'Cúrsaí an tSaoghail', *CS*, 2 Iúil 1904, 3)

Phléigh Aice Milligan an difríocht idir 'Náisiúnachas' agus 'Gaelachas' sa *CS* i 1904 agus pléadh díospóireacht ar an ábhar idir an *CS* agus *Inis Fáil* ag deireadh 1904 agus ag tús 1905.⁶ Chun idirdhealú a dhéanamh idir Náisiúntacht, Náisiúnachas agus Gaelachas, bhain an Piarsach úsáid as alt a foilsíodh roimhe sin sa *CS* dárbh ainm 'Nationality and Autonomy'. Is léir ón bpíosa go raibh sé soiléir ina dhearcadh mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha, cad go díreach a bhí i gceist le náisiúntacht na hÉireann:

1. 'Nationality' is the sum total of all the characteristics which mark off a people as a distinct entity
 2. 'Nationalism' (sometimes used as a synonym of 'Nationality') is the spirit of active patriotism.
 3. 'Gaelicism' is the traditional spirit of Ireland which inheres mainly in the language, literature and core of Ireland.
- ('Nationalism and Gaelicism', 'Gleo na gCath', *CS*, 17 Nollaig 1904, 6)

Ba mhaith ab eol dó, an obair a bhí le déanamh ag Gaeilgeoirí ionas go dtógfaí náisiún na hÉireann arís. Bhí sé riachtanach go mbeadh gach institiúid agus gach eagraíocht in Éirinn gníomhach in athógáil an náisiúin. Thagair sé don obair seo i 1913 i gcomhthéacs an Chórais Oideachais: 'The new education system in Ireland has to do more than restore a national culture. It has to restore manhood to a race that has lost it.' (*Irish Education 1913*, Ó Buachalla, 1980, 366)

Rinne an Piarsach léirmheas fabhrach ar an leabhar *Ireland in the new Century* le Horace Plunkett i 1904. Chreid sé go raibh an-chosúlacht idir dearcadh Horace Plunkett agus fealsúnacht an Chonartha: 'that Ireland must be recreated from within.' ('Sir Horace Plunkett on the Movement', 'Gleo na gCath', *CS*, 5 Márta 1904, 4) D'fhorbair

sé an pointe seo ag deireadh a thréimhse eagarthóireachta i 1909, nuair a mhínigh sé gurbh ionann anam duine agus náisiún tíre.⁷ Is léir gur chreid sé mar eagarthóir an *CS* gurbh éigean do mhuintir na hÉireann muinín a bheith acu astu féin mar dhaoine, sula mbeidís in ann bheith gníomhach agus páirt fhiúntach a ghlacadh i ndul chun cinn na tíre. Faoi mar a deir an tAthair Martin Brennan:

The more a nation and an individual feel that they have something peculiarly their own to contribute to mankind the more will they prize and esteem themselves, the more will they be heartened to develop that unique set of values which they possess. (*Language, Personality and the Nation*, Brennan, 1969, 74)

Léirigh an Píarsach an fhealsúnacht chéanna i rith a thréimhse eagarthóireachta. B'fheasach dó go raibh an-bhaint idir athbheochan tíre agus athbheochan theanga chun náisiún a chur ar a boinn féin arís. Chreid sé go musclófaí tírghrá i muintir na hÉireann dá mbeidís in ann a dteanga dhúchais féin a úsáid mar ghnáthmheán cumarsáide. Phléigh sé an tábhacht a bhain le cothú an tírghrá i dtíortha ar fud an domhain i gcomthéacs dhul chun cinn náisiún tíre.⁸ agus cuireadh tuairimocht scríbhneoirí eile ar fhiúntas agus ar luach theagasc an tírghrá i gcló chomh maith.⁹ Ba é an sampla ab fhéarr a bhí aige chun an ceangal idir athbheochan náisiúin agus theanga a léiriú ná an Ungáir.¹⁰ 'Perhaps the fact which most clearly stands out in the story of national revival so brilliantly told in this pamphlet is that the revival had its beginning in a language movement.' ('Hungary and Ireland', 'Gleo na gCath', *CS*, 26 Samhain 1904, 6)

Bhí sé ag plé an phaimfléid *The Resurrection of Hungary*, sa sliocht sin agus is léir óna scríobh sé ann, an t-ardmheas a bhí aige ar dhea-obair mhuintir na hUngáire. Ní hamháin gur chuir siad an tír ar a boinn arís ach d'iompaigh siad saol na tíre bun os cionn go hiomlán lena ngníomhartha, lena ndílseacht dá ndúchas, agus trína dtírghrá:

At first, they were reviled by the garrison element, and by the seóinín and ignorant elements of the people, but their determination and persistence turned

the language of the peasantry into the language of the nation and their boycott of foreign goods led directly to the growth of Hungary as a great industrial country. ('The National Language in Hungary', 'Gleo na gCath', *CS*, 19 Meitheamh 1909, 7)

Mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha rinne sé a dhícheall spiorad an tíghrá a mhúscailt agus a chothú i ngnáthmhuintir na hÉireann. Thuig sé dá n-éireodh leis doimhneacht thábhacht an tíghrá a chur in iúl dá léitheoirí, go n-éireodh leis anam na léitheoirí a nochtadh agus as sin a d'fhásfadh síolta náisiún na hÉireann arís. Ba í sin an phríomhaidhm a bhí ag pháipéar oifigiúil an Chonartha¹¹ agus chomhlíon sé na dualgaisí a bhí faoina chúram. Ba é sin an bunchloch a chuirfeadh eacnamaíocht, polaitíocht agus cúrsaí sóisialta na hÉireann ar bhealach a leasa arís.

7.2 Cúrsaí Eacnamaíochta:

Ba é creideamh an Phiarsaigh, mar eagarthóir an *CS*, go raibh saibhreas mór sa tír seo, dá mbainfí úsáid as tobar na n-acmhainní dúchasacha. Bhí dul chun cinn eacnamaíocht na hÉireann ag brath ar eolas na ndaoine, chun an tairbhe ab'fhearr a bhaint as a dtír dhúchais, as a mbuanna dúchais agus as a n-acmhainní dúchais féin. Ba thábhachtaí talamh na hÉireann mar acmhainn dhúchasach ná foinse ar bith eile sa tír. Mar eagarthóir ar an *CS*, rinne an Piarasach sár-iarracht i rith na bliana 1903, fíricí agus míniú Bhille nua na talún a chur ina luí ar léitheoirí an *CS*. Mhínigh sé do na feirmeoirí an dóigh ab'fhearr dóibh a dtailte a cheannach agus na foinsí airgeadais a bhí ar fáil dóibh chun é seo a dhéanamh. Ag tús thréimhse eagarthóireachta an Phiarsaigh, scríobh An Matal alt ag moladh Mhíchil Mhic Dhaibhthí as ucht a chuid díograise ar son thailte na hÉireann. Chuir sé an-bhéim ar údaras agus ar sheilbh na nGael ar a raibh tuillte acu agus mhínigh sé dóibh an tslí ab'fhearr dóibh chun tairbhe a bhaint as. Chreid sé gurbh í seo an t-aon tslí réalaióch a bhí os a gcomhair amach. Gan seilbh a ghlacadh ar a

dtailte féin, bheidís ina sclábhaithe choíche: 'Caithfidh Clanna Gaedheal a bheith na sealbhadóirí ar a dtalta féin agus iad a bheith saor ó chíos agus ó cháin aca sa deire.' ('Ceist na Talamhna', 'Cúrsaí an tSaoghail', *CS*, 4 Aibreán 1903, 2)

Phléigh Conan Maol dearcadh na bhfeirmeoirí i gcomparáid le dearcadh mhuintir na mbailte móra. Is léir ón bpíosa gur chreid sé nach raibh na feirmeoirí ag déanamh a ndíchill chun tír na hÉireann a chur ar a boinn féin arís:

Deirtear nuair do bheidh a dtalamh féin ag na feirmeoirí go mbeidh athrúghadh sgéil againn. Ní dóich liom é. [...]Is dóigh leis an bhfeirmeoir gurab é féin Éire agus nach bhfuil ag muintir na mbailtí móra acht a gcuid airgid agus a gcuid aimsire do thabhairt ar a shon. Is mithid dó dhúiseacht agus an fhírinne do chlos. ('Cogarnaigh', *CS*, 25 Iúil 1903, 1)

I 1905, scríobh an Piarsach faoi chlamhsán na bhfeirmeoirí faoin aimsir. Ba é a thuairim gur chóir dóibh éirí suas agus a bheith buíoch den aimsir a bhí acu. Is léir nár thuig sé go hiomlán go raibh cúis ghearáin acu agus é ag iarraidh iad a ghríosú chun oibre.¹ Chreid an Piarsach go raibh athshlánú na teanga agus na tíre ag brath ar mhuintir na Gaeltachta ach i ndeireadh na dála nach ndéanfaí aon dul chun cinn gan dílseacht agus díograis na ndaoine iad féin. Rinne an Piarsach comparáid idir *The Irish Agricultural Organisation Society* agus Conradh na Gaeilge i 1908. Phléigh sé cuspóir na heagraíochta - sé sin, slánú shaol na tuaithe - i gcomhthéacs cheann de chuspóirí an Chonartha, sé sin, slánú shaol na Gaeltachta. Sonraítear a mhuinín as an eagraíocht seo ina chuid scríbhneoireachta sa *CS*:

The Irish Agricultural Organisation Society has set before itself the saving of country life and we look to it for assistance in the saving of the Gaedhealtacht from which most of the inspiration and the energy in the Ireland of today comes. ('Co-operation and the Gaedhealtacht', 'Gleo na gCath', *CS*, 21 Samhain 1908, 7)

I rith thréimhse eagarthóireachta an Phiarsaigh, foilsíodh a lán altanna ar luach chrainn na hÉireann. Feicfead teidil na n-altanna seo sna hAguisíní ag deireadh an tráchtais. Ba é Tomás P. Ua Nualláin a scríobh mórchuid na n-altanna ar chrainn agus ar adhmaid na tíre. Fograíodh, fosta, na socraithe faoi Lá na gCrann agus Sheachtain na gCrann gach bliain sa *CS*.² Nuair a bhíodas ag iarraidh socrú a dhéanamh faoi Lá na gCrann i 1904, mhínigh an Phiarsach an tuairimíocht a bhí taobh thiar de agus chuir sé in iúl do léitheoirí an *CS*, an fiúntas a bhain le clárú lá áirithe i gcomhair na hoibre sin: 'Do bheimis deimhnitheach annsoin go mbeadh na crainn á gcur agus i gceann fiche éigin bliadhna go mbeadh dealramh fóghanta ar ghnúis na tíre.' ('Lá na gCrann', Eagarfhocal, *CS*, 26 Márta 1904, 6)

Léirigh sé arís a fhadhreathnaithí is a bhí sé i gcomhair thodhchaí na hÉireann i mí Meán Fómhair 1904, nuair a scríobh sé gur chóir do na comhairlí contae: 'seift éigin chun maoile na hÉireann a chlúdúghadh' a chur ar bun. ('Cur na gCrann', Eagarfhocal, *CS*, 24 Meán Fómhair 1904, 6) Ba mhaith ab eol don Phiarsach nach mbainfeadh glúin na linne sin an tairbhe as 'cur na gcrann' ach gur fiúntach an gníomh é do na glúnta a bhí le teacht: 'Is iad na daoine a thiofadh i n-ár ndiaidh - ne a bhainfidh toradh ar saothair.' (ibid.)

Bhí fhios aige dá bhféadfaí na hacmhainní dúchasacha a fhorbairt agus eolas a bheith ag cách, chun iad a chur chun tairbhe eacnamaíoch na tíre, go bhforbrófaí ansin ar thionsclaíocht na hÉireann. Chreid sé gur: 'chuir dlíghthe Shasana na hoibreacha agus an tráchtáil ar gcúl.' ('Oibreacha na hÉireann', Eagarfhocal, *CS*, 27 Feabhra 1904, 4) Mura raibh muintir na hÉireann réidh chun dul i mbun oibre dóibh féin agus obair a sholáthar dóibh féin, níorbh fhiú dóibh bheith ag gearán faoi dhrochstáid eacnamaíoch na tíre: 'Cad 'n-a thaobh ná féadfaimis obair do sholáthar cois baile dóibh.

[...]Caithfimid tosnúghadh uainn féin.' ('Déantúis Cois Teineadh', Eagarfhocal, CS, 4 Aibreán 1903, 4) Chreid sé fosta nach ndéanfadh sé maitheas do spiorad na hÉireann, cabhair a fháil ó thíortha eile. Bhí sé práinneach go mbainfeadh muintir na hÉireann úsáid as a mbuanna féin: 'Acht ná bimis 'ar mealladh féin ag iarraidh chongnaimh iasachta; Biodh rud agat féin nó bí 'na éagmuis.' ('Do Ghnó féin - Déantúisí na hÉireann', Eagarfhocal, CS, 31 Deireadh Fómhair 1903, 4)

Ba léir dó go raibh trí bhealach chun airgead a choinneáil sa tír, chun cuidiú le heacnamaíocht na tíre:

- a) tionscail bhaile a thionscnaimh agus a spreagadh
- b) earraí Gaelacha a cheannach
- c) postanna a thabhairt do Ghaeilgeoirí ionas go gcoinneófaí sa bhaile iad. Dá gcoinneófaí lucht na Gaeilge cois baile, choinneófaí an teanga beo, agus bheadh an tír slán.

Ba é dearcadh an Phiarsaigh ná nach mbeadh fás ná forbairt ar chúrsaí teanga ná ar chúrsaí cultúrtha na hÉireann, gan lucht na Gaeilge agus ar ndóigh níorbh fhéidir le Gaeilgeoirí fanacht in Éirinn gan atmaisféar fábhreach eacnamaíochta. Mhínigh Stair na hÉireann cúis dhrochstáid chúrsaí eacnamaíochta sa tír. Bhí sé diongbhailte, sa ról a bhí aige mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha, nach dtarlódh an rud céanna arís:

A coherent cultural evolution had little chance against the incessant and savage religious and ethnic warfare of the seventeenth century, the penal legislation of the eighteenth century that attempted to degrade the Gaelic - speaking Roman Catholic Irish to illiterate penury or the Famine and subsequent almost instinctive emigration of the nineteenth century that accelerated an already marked linguistic shift toward English. (O Leary, 1994, 2)

Ní thiocfadh feabhas ar eacnamaíocht Ghaelach na tíre mura bhfanadh na Gaeilgeoirí sa tír. Bheadh orthu traenáil a dhéanamh, chun na scileanna a bhí acu cheana féin a

fhorbairt dóibh féin, sa dóigh go mbeidís in ann iad a úsáid chun cúrsaí eacnamaíochta a chur chun cinn arís agus sa dóigh go bhfoghlaimedh na daoine a bhí ag teacht ina ndiaidh na scileanna tionsclaíochta seo a bhí ag a sinsear.

Chun tionsclaíocht na hÉireann a chur chun cinn bhí fhios ag Pádraig Mac Piarais go raibh sé d'iallach ar na daoine iad féin, modhanna gnó a ghearradh amach dóibh féin. Rinne sé iarracht, mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha, a chur ina luí ar na léitheoirí gur ghá dóibh gnó-eagraithe a dhéanamh díobh féin. Mhínigh sé dóibh gur chóir déantúisí cois tine a fhorbairt sa tír chun tairbhe a bhaint as buanna mhuintir na tíre. Chun an gníomh seo a chur i gcrích, thuig sé gur chóir coistí a bhunú láithreach.³ Léirigh sé samplaí ón Eilbhéis, ó Thír na bPleimeann⁴ agus ón Ungáir⁵ chun a thaispeáint dá lucht léitheoireachta gur gníomh indéanta a bhí ann. Rinne sé sár - iarracht muintir na hÉireann iad féin a ghríosú i dtreo na ndéantúisí baile, a bhíodh á bplé sa tír ag an am.

Foilsíodh sraith altanna ar thionsclaíocht sna Gaeltachtaí. Nuair a cuireadh tús leis na haltanna seo i 1904 thagair sé don chéad alt a foilsíodh san eagrán sin ar 'The Handloom spinning and weaving of Donegal' (CS, 25 Iúil 1903,5).

Mhínigh sé do léitheoirí an CS cúis theip na dtionscal seo:

Many well meant efforts on behalf of Irish rural industries have resulted in crude failure exactly because of that very want to which our contributor of this week refers - a due reverence for local industrial traditions. ('Gleo na gCath', 25 Iúil 1903, 5)

Rinne sé tagairt do na haltanna seo arís i mí Meán Fómhair 1903.⁶ Phléigh sé na tionscail i gCiarraí a phléigh 'Mr Boland'. Scríobh sé go raibh ionadh air a mhéid díobh a bhí ann agus nár chóir d'éinne a rá nach raibh obair le fáil in Éirinn, de bhrí go raibh

mórchuid na dtionscal seo ag seasamh ar a mboinn féin. Feicfear liosta na n-altanna seo sna hAguisíní.

Bhíodh sé de nós aige, ó am go ham, mar eagarthóir an *CS*, samplaí ar leith a ghlacadh chun feabhas na tionsclaíochta Éireannai a léiriú. Ba iad na samplaí a ghlac sé ná 'Dún Emer' - 'a home of aesthetic Irish Industry, especially of tapestry, embroidery and printing, founded last year just outside Dundrum, Co. Dublin by some Irish ladies of talent and enterprise.' (Máire Pelly, 'Dún Emer', *CS*, 4 Iúil 1903, 5), 'The Galway Woollen Industry'⁷ 'The Irish Farm Produce Company',⁸ 'The Kilkenny Woollen Factory'⁹ agus 'an sgoil saothair do chur ar bun sa gCladach' i nGaillimh. ('An Cladach', *Eagarfhocal, CS*, 5 Bealtaine 1906, 5)

Ba é bun agus barr an scéil ná gur bhraith freagracht dhul chun cinn eacnamaíocht na hÉireann ar chách - na gnó-eagraithe chomh maith le gnáthmhuintir na tíre. Mura gceannófaí na hearraí Gaelacha, níorbh fhiú trácht ar bhunú tionscal. Dá gceannófaí earraí Gaelacha, chuirfí cosc leis an imirce.¹⁰ Phléigh an Píarsach an dualgas a bhí ar shaoránaigh na hÉireann earraí Gaelacha a cheannach agus a fhógairt i 1908 nuair a scríobh sé tuairisc a pléadh ag cruinniú de chuid The Dublin Industrial Development Association:

Many aspects of our trade and industrial life were set forth, but the strident note of the meeting was that the individual citizen, whether worker or capitalist, rich or poor, is bound to give his undivided support to the legitimate products of the country. ('Gleo na gCath', *CS*, 5 Nollaig 1908, 7)

D'fhógair sé earraí Gaelacha ar leith a raibh luach ar leith acu i dtíortha eile. Ceann de na hearraí seo ab ea na spéaclaí a rinneadh i mBaile Átha Cliath don Phápa:

Irish enterprise and skill are recognised everywhere but at home. From Rome comes an order to an Irish manufacturer - Mr. P. Cahill, Wellington Quay, for

spectacles for the use of His Holiness, the Pope. When Ireland was Irish our relations with the continent were close and intimate in trade as in other things. At present, England stands a barrier to thought and enterprise. We are glad that a Gaelic Leaguer like Mr. Cahill is leading the way across this barrier. ('Gleo na gCath', *CS*, 3 Deireadh Fómhair 1903, 4)

Foilsíodh alt le Máire De Buitléir i 1903, a léirigh go raibh mná na hÉireann freagrach as ceannach na n-earraí Gaelacha. Is fiú an sliocht seo a léamh, chun tuiscint ar chumhacht agus ar thionchar na mban ar chúrsaí eacnamaíochta a léiriú. Críochnaíonn sé mar seo:

Most of the shopping and marketing of the country is done by women, and owing to this fact, hundreds of thousands of pounds must pass through their hands annually. If all Irish women determined never to buy an article of foreign manufacture when a similar article is manufactured in Ireland and refused to be put off insisting on being supplied with what they ask for, the emigration statistics would be considerably altered. (Máire De Buitléir, 'A Word to the Women', *CS*, 30 Bealtaine 1903, 5)

Ba é tuairim an Phiarsaigh, mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha, go raibh gá le Taispeántas Náisiúnta chun earraí Gaelacha a chur chun cinn agus a fhógairt. Pléadh díospóireacht bheag sa *CS* i mí Aibreáin 1904 faoi bhuntaistí an Taispeántais Náisiúnta i gcomparáid le buntaistí an Taispeántais Idirnáisiúnta. Chuir sé a dhearcadh féin ar an gceist seo in iúl i mí Feabhra 1904. Ba í an aidhm a bhí leis an Taispeántas Idirnáisiúnta ná, go dtabharfaí seans do mhuintir na hÉireann, foghlaim ó cheardaíocht thíortha eile sa dóigh go ndéanfaí aithris ar a n-earraí. Cáineadh Conradh na Gaeilge de bharr an tseasaimh a ghlac siad i leith an Taispeántais. Faoi dheireadh chuir Pádraig Mac Piarais tuairimíocht oifigiúil an Chonartha i gcló sa *CS*:

The campaign of slander and misrepresentation which the supporters of the Police - aided International Exhibition have seen fit to inaugurate against the Gaelic League renders it desirable that the League's actual position on the question should be put to the public in the clearest possible light. [...]the objections are 'on industrial grounds' [...]that at the present juncture a huge advertisement for foreign goods will prejudice the incipient industrial

movement. ('The League and the Exhibition Controversy', *Eagarfhocal*, CS, 2 Aibreán 1904, 6)

Nuair a cuireadh i leith an Chonartha go raibh eagla ar Chonraitheoirí roimh iomaíocht iasachta, ba é freagra Eoin Mhic Néill ná: 'We are not but we object to expending £150,000 on advertising the goods of our industrial rivals. [...]The extension of their Market here means the contraction of ours.' (ibid.)

Rinne an Piarsach corthagairt don Taispeántas Náisiúnta agus don Taispeántas Idirnáisiúnta i rith na bliana 1904.¹¹ Ach ba é an focal deiridh a bhí aige ar an díospóireacht i mí Aibreáin ná: 'Féadfam Taisbeánadh Idir - náisiúnta bheith againn nuair a bhéas ár dteanga, ár mionach agus ár náisiúntacht againn.' ('Taisbeánadh', *Eagarfhocal*, CS, 16 Aibreán 1904, 6)

Chreid an Piarsach go gcoinneófaí Gaeilgeoirí na hÉireann sa tír seo da gcuirfí fostaíocht ar fáil dóibh. I 1908 rinne sé iarracht muintir na hÉireann a ghríosú chun bheith gníomhach i gcúrsaí fostaíochta na hÉireann. Chuir sé in iúl dóibh nár leor dóibh comhrá a dhéanamh faoin bhfadhb seo agus go raibh sé thar am bheith gníomhach agus páirt iomlán a ghlacadh chun slite beatha a chur ar fáil do Ghaeilgeoirí na tíre:

Is cinnte nach mór dúinn rud éigin a cheapadh; tá na sean-Ghaedhilgeoirí ag fághail bháis, 's tá na Gaedhilgeoirí óga ag imtheacht, ar thóir slighe - bheathadh i dtíorthaibh eile's ní choinneochaidh caint 'sa mbaile iad. ('Slighe - bheathaidh do Ghaedhealaibh', 'Cúrsaí an tSaoghail', CS, 22 Lúnasa 1908, 3)

D'iarr sé ar an aos óg bheith faireach ar shiopadóirí, ar lucht gnó, ar oifigí agus ar bhoird phoiblí i gcoitinne, chun deis fhostaíochta a fháil.¹² Tár éis Mórshiúil na Teanga i 1908, scríobh sé gur chóir d'fhostóirí na tíre a n-aird a dhíriú ar chonraitheoirí óga mar gheall ar dhíograis a gcuid oibre do Chonradh na Gaeilge. Ba é a thuairim gur léirigh a

ndílseacht don chúis a dhéine is a d'oibreoidís dá mbeidís fostaithe. Bhí a ndícheall déanta ag aos óg na tíre ar son eacnamaíocht na tíre agus bhí ard-mholadh tuillte acu:

Let it not be forgotten by the manufacturer, the merchant or the shopkeeper, that a youth who has the spirit and energy to devote his spare time to the study of the Language and history of his country, will display similar energy in other directions, it will not stop short at the Gaelic League classes. Let them remember also that it has become a matter of principle and honour with every Gaelic Leaguer to support Home Industries and can it be denied that this has already exercised a most beneficial influence in promoting Irish manufacturers and putting on their feet, so to speak, industries that were in the last ditch?. ('Sunday's Demonstration', *Eagarfhocal*, *CS*, 19 Meán Fómhair 1908, 9)

I rith a thréimhse eagarthóireachta sonraítear an bhéim a chuir Pádraig Mac Piarais ar an gceangal idir eacnamaíocht na hÉireann agus dul chun cinn na teanga agus ní airsean a bheadh an milleán dá dteipfí ar an iarracht. Ach i ndeireadh na dála, cé gur méadaíodh ar líon na gcainteoirí Gaeilge, bhí sé ró-mhall, ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta de, do lucht na Gaeilge. Ba iad lucht na Gaeilge na daoine ba laige i gcúrsaí eacnamaíochta na hÉireann. Mar a scríobhann Cathal Ó Háinle:

an chuid sin de lucht na Gaeilge ar éirigh leo dul chun cinn i gcúrsaí eacnamaíochta is sóisialta sa dara leath den ochtú céad déag, d'iompaigh siad ar an mBéarla. Is fíor go ndeachaigh líon na gcainteoirí Gaeilge i méid go suntasach sa chuid dheireanach den ochtú céad déag agus sa chéad leath den naoú céad déag mar go ndeachaigh daonra na tíre i méid go han-tapa sa tréimhse sin, ach b'iad lucht na Gaeilge an chuid de phobal na tíre ba laige go heacnamaíoch, go sóisialta is go polaitiúil (Ó Murchú, 1985b, 25). Chomh maith leis sin, is ag dul i laghad a bhí an céadatan de dhaonra na tíre a bhí ag sealbhú na Gaeilge mar theanga dhúchais ó lár an ochtú céad déag amach. (Ó Háinle, 1994, 746)

7.3 Cúrsaí Sóisialta:

Bhí an imirce ar cheann de phríomhfhadhbanna sóisialta ag tús an chéid seo. Léirigh an Piarsach, ina chuid scríbhneoireachta sa *CS*, gur chreid sé gur fhadhb shóisialta a bhí

ann, a raibh baint aici le gach saoránach sa tír ach go raibh sé de dhualgas ar an rialtas, réiteach na faidhbe a fháil.¹ Léirigh sé gurbh iad muintir na tíre féin a réiteodh an fhadhb dá gcuideoidís leis na heisimircigh:

In final resort, therefore, the emigration fiend, like the Anglicisation fiend, can be strangled only by the nation's educators. [...]The educators, in the sense in which we use the word, are the parents, the public men, the professional classes, the press, the platform, the school, the clergy. These can stop emigration; these can accomplish de-anglicisation. ('Gleo na gCath', *CS*, 12 Meán Fómhair 1903, 4)

Mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha, chuir sé in iúl dá léitheoirí go raibh dlúthcheangal idir imirce na nGael agus dul chun cinn ghluaiseacht na Teanga.² I 1903, ba cheist mhór í ag an Ard-Fheis.³ Chuir sé cuid de litir a scríobh Fionán Mac Coluim, faoin iarracht a rinneadh chun 'An Sprid' a léiriú, i gcló sa *CS*. B' éigean dóibh 'Táilliúr na gCos' a athrú cúpla uair de bharr na himirce. Ba é tuairim an Phiarsaigh, gur fianaise é seo, go raibh an imirce ag bagairt go mór ar chúrsaí cultúrtha na hÉireann agus mar thoradh air sin, ar chúrsaí Teanga: 'The Emigration terror is threatening the very existence of the Language Movement.' ('Gleo na gCath', *CS*, 25 Aibreán 1903, 4)

Ba dhéine é ar mhuintir na Gaeltachta ná ar dhream ar bith eile sa tír. Cháin sé iad go mór de bharr an drochmheasa a bhí acu, ar a raibh acu, go háirithe an drochmheas a bhí acu ar a gcuid tailte. Chreid sé go raibh sé d'iallach ar mhuintir na hÉireann iad 'a choimeád annso ar ais nó ar éigean' ('An Imirce arís', *Eagarfhocal*, *CS*, 19 Aibreán 1905, 6), de bhrí go raibh sé riachtanach duine ar bith a raibh an teanga aici nó aige ó dhúchas, a choimeád sa tír, ar mhaithe le dul chun cinn na teanga. I mí Meithimh 1903, scríobh sé gur imigh dhá mhilé eisimirceach níos mó i mí Bealtaine na bliana sin ná mar a d'imigh i mí Bealtaine 1902.⁴ I 1904 thagair sé arís do mhéadú na himirce i mí Aibreán agus i mí Bealtaine. Scríobh sé gur fhág 'cúig mhíle dhéag duine den dream is

fearr le fágáil innti' an tír sna míonna ud. ('An tSíor-Imeacht', Eagarfhocal, *CS*, 9 Aibreán 1904, 6)

Ar ndóigh, níor thuig sé go hiomlán riachtanais na nGaeilgeoirí. Ba rud réalaióch dóibh anró an tsaoil agus an bochtanas. Ba í seo an tslí ba chiallmhaire dóibh chun tosnú arís agus slí mhaireachtála a bhunú dóibh féin:

this failure to understand deprivation was fundamental to his attitude on another great issue of this period - emigration. It was not an attitude unique to him. Colleagues of his like Mary Hayden were equally innocent of the raw reasons for emigration - fear of a mean life on the land which provided subsistence at least, poverty and hunger for many. (Edwards, 1990, 78)

Chuir sé isteach go mór ar Pádraig Mac Piarais, mar eagarthóir an *CS*, go raibh aos óg na tíre agus gnáthdhaoine i gcoitinne, sásta coinníollacha diana oibre a fhulaingt i dtíortha eile -coinníollacha nach bhfulaingeoídís ina dtír dhúchais féin, dá bhfanfaidís sa bhaile.⁵

Pléadh an t-ábhar seo go mion sa *CS* ag deireadh na bliana 1903. Chuir scríbhneoirí ar leith a dtuairimí in iúl ach ar an iomlán chreid siad uilig gur luigh réiteach na faidhbe i gcóras aicme na tíre. Scríobh Alice Milligan altanna sa *CS*, faoin gcineál oibre a bhí á déanamh ag na heismircigh i dtíortha eile.⁶ Ó thaobh na mban de, ba léir di go raibh cléirigh, múinteoirí agus a leitheid sásta obair thí a dheánamh i dtíortha eile ach nach ndéanfaidís an obair chéanna anseo in Éirinn, de bharr rialacha sean-aimseartha: 'As a matter of fact, if our girls would only have sense, and these rules of caste were less rigorous, they would do just as well in Ireland.' (Alice Milligan, 'The Emigration Question and Employment for Women', *CS*, 1 Lúnasa 1903, 5)

Thug Séamas Mac Manus freagra ar na haltanna a scríobh sí i mí Dheireadh Fómhair agus mhínigh sé go raibh náire ar dhaoine óga, obair i measc a gcomhdhaoine.⁷ D'aontaigh Máire Bean Uí Cheallaigh le Séamas Mac Manus ach thug sí an díospóireacht níos faide ar aghaidh. Chreid sí gur luigh réiteach na faidhbe in athbheochan na Teanga. Dá mbeadh teanga na hÉireann beo, ní bheadh an bhaothghalántacht seo sa tír:

Young people here will do any kind of work, no matter how badly paid, that raises them is their own estimation from the status of mere labourer or domestic servant and this attitude of theirs is frequently, I think with Séamas Mac Manus a result of the false views of life that are common amongst us. [...]Class distinctions are far too rigid here and though the lines of demarcation are quite imaginary, if you dare to overstep the invisible limit, you are soon made aware of your mistake. [...]If we had again an Irish-speaking Ireland, I feel sure there would be room for no such thing in it as this cursed snobbishness which is like a blight upon the country. (Máire Bean Uí Cheallaigh, 'The likes of us and the likes of them', *CS*, 26 Nollaig 1903, 5)

Ar ndóigh ba é sin bunchloch thuairimíocht Alice Milligan. Chreid sí go daingean gur ghá an Ghaeilge a fhí isteach i ngnáthshaol na tíre chun bunús na bhfadhbanna sóisialta ag an am a réiteach.⁸ Ní hamháin gur chreid an Piarsach go raibh an t-aos óg - an chuid ab'fhearr de dhaonra na hÉireann - ag imeacht, ach chomh maith leis sin, ba ró-léir dó go rabhthas á n-oiliúint in Éirinn agus go raibh oiliúint agus traenáil mhaith faighte acu sular fhág siad.⁹ Samhlaíodh dó go raibh 'Éire ag beathúghadh agus ag oileamhaint searbhfóghantaí le sgaoileadh anonn i n-aisge ag muintir Mheiriceá.' ('Cailteanas de bharr na hImirce', *CS*, 8 Lúnasa 1903, 1)

Ach bhí gné amháin nár chuir na scríbhneoirí uilig san áireamh. Ní raibh duine ar bith ar son na himirce. Ar ndóigh a mhalairt ar fad a bhí fíor. I ndeireadh na dála, mar a scríobh Michael Ó Maoláin sa *CS*, níorbh fhiú dóibh lucht na Gaeilge a cháineadh de bharr na himirce mar ní raibh 'neart ag a bhfurmhór air.' (Michael Ó Maoláin, 'Imirce na nGaedheal', *CS*, 3 Deireadh Fómhair 1903, 2)

Gan amhras, bhí dul chun cinn na teanga agus fadhb na himirce fite fuaite le chéile agus ní féidir a shéanadh go ndeachaigh an Piarsach i ngleic leis an dá thaobh agus é i mbun eagarthóireachta. Is léir óna chuid scríbhneoireachta sa *CS* go raibh tuiscint aige ar shaol na Gaeltachta ach gur dócha gur roghnaigh sé, gan béim ró-mhór a chur ar an taobh seo de shaol na Gaeltachta. Ar ndóigh mar eagarthóir ar pháipeár oifigiúil an Chonartha, bhí sé ag iarraidh a chur ina luí ar mhuintir na Gaeltachta an saibhreas a bheadh á threigean acu dá rachaidís thar sáile.¹⁰ Ach biodh gur fíor é sin, is léir óna chuid scríbhneoireachta sa *CS*, go raibh sé dall ar úsáid ar Bhéarla ag lucht na Gaeltachta agus an dóigh gur slí éalaithe a bhí ann dóibh. Ba léir dóibh go raibh an bhaint idir an Béarla agus an imirce chun céim in airde a ghlacadh.¹¹ Mar a deir Ruth Dudley Edwards:

His old beliefs that the natives of the Gaeltacht should be content to stay and preserve their unique heritage was manifested in an address to the people of Rosmuc on the need to uphold the language. A heckler shouted in Irish : 'It's not much use when you go past the Burned House!' The Burned House was the landmark which marked the boundary of the Gaeltacht; beyond that point a knowledge of English was essential if a living was to be made. (Edwards, 1990, 79)

Ar an iomlán phléigh sé cúrsaí sóisialta na hÉireann go mion mar eagarthóir an *CS*. Mura n-úsáidfí an Ghaeilge mar theanga chumarsáide shóisialta, ní thiocfadh fás ná forbairt ar Ghluaiseacht na Teanga. Ba iad na príomhábhair a pléadh i rith a thréimhse eagarthóireachta ná, tionchar na clainne ar shocháí na hÉireann, caithimh aimsire, cluichí, ólachán, úsáid na Gaeilge in áiteanna poiblí, cúrsaí sláinte agus fostaíocht sna Boird Poiblí. Tá na hábhair seo cláraithe sna hAguisíní ag deireadh an tráchtais.

Ba é tuairim an Phiarsaigh gurbh é saol na clainne, croílár shocháí na hÉireann. Ba mhínic a scríobh sé faoi ról na dtuismitheoirí i ndul chun cinn Ghluaiseacht na Teanga.¹² Dá gcuirfí an Ghaeilge á labhairt i dteaghlaigh na hÉireann, bheadh Éire

Gaelach arís: 'If we make our hearthsides Irish, we make Ireland Irish.' ('The Homes and the Schools', Eagarfhocal, CS, 11 Aibreán 1903, 4)

Chreid sé gur dhualgas náisiúnta do thuismitheoirí na tíre ab ea labhairt na Gaeilge.¹³ D'fhorbair Marbhán an pointe seo faoi thionchar na dtuismitheoirí ar labhairt na Gaeilge i 1904. Ba é an tuairim a bhí aige ná: 'mara mbeidh an Ghaeidhilg ag leanbhaidh na hÉireann gurab iad na maithreacha a bheidh freagarthach ann.' ('I dtaobh na mban', CS, 16 Iúil 1904, 5) Chreid an Piarsach gur chóir do thuismitheoirí bheith dáiríre ina bhfreagracht dá bpáistí agus chuir an droch-íde a fuair páistí na hÉireann isteach go mór air. Ba léir dó nár tugadh cothrom na féinne dóibh ina dteaghlaigh féin.

He was without cruelty himself, and often in his *Claidheamh* days deplored the primitive and callous attitude of the Irish people to children and animals and praised the enlightened approach of the English. (Edwards, 1990, 132)

Cháin sé aithreacha na hÉireann go láidir i 1904 nuair a phléigh sé an dóigh ar chaith siad a gcuid airgid ar ólachán agus tobac in áit airgead a chaitheamh ar a gclanna:

The average Irish parent will tell you that he cannot afford to buy toys for his children - that he finds it hard enough to buy boots. Yet he manages to keep himself in tobacco and drink!. ('The Children', Eagarfhocal, CS, 26 Samhain 1904, 6)

Ar an iomlán, tá sé suimiúil a dhéine is a bhí an Piarsach ar ólachán sa tír. Ghoill sé go mór air nuair nár dúnadh na tithe tabhairne don Fhéile Náisiúnta, Lá le Padraig.¹⁴ I 1903 mhol sé na ceithre chéad fiche is a cúig cinn as naoi gcéad de thithe tabhairne a dúnadh, ach chríochnaigh sé le nóta amhrasach: 'We cannot say whether the 425 include those who kept their back doors open.' ('Gleo na gCath', CS, 4 Aibreán 1903, 4) Cháin sé na tabhairneoirí go mór arís i 1906. Scríobh sé go raibh an t-airgead uilig ag dul go dtí Seaghán Buidhe ('Ólachán nó Saoirse - Cia aca?', Eagarfhocal, CS, 27 Eanáir 1906, 6), agus gur mhór an trua é, gurbh éigean dóibh, oifigigh ghallda a úsáid chun cosc a

chur le díol an óil Lá le Pádraig.¹⁵ I 1907, phléigh sé ról an Chonartha sa Chumann Ólséanta¹⁶ ach ba é dearcadh an Phiarsaigh, go raibh sé d'iallach ar mhuintir na hÉireann socrú éigin a dhéanamh chun fadhb an óil sa tír a réiteach.

Arís, ghlac sé sampla ó Mhór-Roinn na hEorpa chun réiteach na faidhbe a chur os comhair léitheoirí an CS. Samhlaíodh dó go ndeachaigh formhór na ndaoine chuig na tithe tabhairne seo ar mhaithe le comhluadar in áit óil. Dá gcuirfí 'Cafes' cosúil leis an Mór-Roinn ar fáil do na daoine seo, b'fheasach dó go laghdófaí, ar a laghad, ar fhadhb an óil.¹⁷ Ach i ndáiríre bhí sé ag snámh in aghaidh an easa. Traidisiún a bhí ann, traidisiún a bhain le sean-nósanna na nGael agus bheadh sé dodhéanta do Ghluaiseachtaí mar seo, cúrsaí sóisialta agus traidisiúnta mar seo a athrú. Ba é an cuspóir a bhí aige ná an 'traidisiún' seo a leathnú amach agus a fhorbairt chun todhchaí fiúntach a thógail dá chomh Éireannaigh:

Yet despite the attempts of progressives like Pearse and Moonan to secure the past and turn without undue delay toward the wider world of the future, the nativists managed to a significant degree to impose their somewhat claustrophobic notion of *Gaelachas* on the Revival as a whole; all too often their legitimate insistence that the tradition be protected degenerated into a campaign of sterile preservationism. (O Leary, 1994, 31)

Ba chuid de thraidisiún sóisialta na hÉireann é traidisiún an ólacháin. Mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha, chuir Pádraig Mac Piarais in iúl dá léitheoirí gur bhain rialacha áirithe le córas sóisialta na tíre seo. Ní raibh áit ar bith ag meisceoireacht sa chóras sin. Foilsíodh altanna le Máire de Buitléir agus le Donnchadh Ó Laoghaire ar an gcóras seo.¹⁸ Scriobh Máire de Buitléir go raibh sé tábhachtach do Ghaeilgeoirí a n-aird a dhíriú ar athbheochan na Teanga agus na tíre ach gurbh fhiú aire a thabhairt don chóras sóisialta chomh maith. I 1903 chuir an Pocaire i leith na nGael gur cine leisciúil a bhí ann agus gurbh é sin an fath gur shíl muintir Shasana gur cine salach a bhí ann.¹⁹ Phléigh an Píarsach féin an tionchar a bhí ag 'daoine móra' agus 'Bearlóirí' ar an gcóras

sóisialta. D'admhaigh sé go raibh meas tuillte ag cuid mhaith de na daoine seo: 'the country squire, the big grazier, the wealthy shopkeeper, the priest, the doctor, the P.L.G., the schoolmaster or schoolmistress...' ach ar an iomlán, nach fiú sampla na ndaoine seo a ghlacadh mar chód sóisialta mar i gcomhthéacs na teanga, 'daoine móra' agus 'Béarlóirí' a bhí iontu: 'Their whole influence in the community is thus thrown against the language.' ('Two Forces', Eagarfhocal, *CS*, 26 Deireadh Fómhair 1907,7)

Ach ar ndóigh ní ar son chúrsaí cumarsáide amháin a bunaíodh Conradh na Gaeilge. Cuireadh a lán gnéithe de shaol na hÉireann san áireamh. Bheadh ar mhuintir na hÉireann glacadh leis go mbeadh Béarla in úsáid go sóisialta sa tír. Ba mhaith ab eol don Phiarsach, mar eagarthóir an *CS*, gurbh é sin an bealach ab fhearr chun forbairt agus dul chun cinn a dhéanamh. D'admhaigh sé go minic sa *CS* nach raibh Conradh na Gaeilge ag iarraidh an Béarla a scrios - go raibh siad ag iarraidh an Ghaeilge a fheabhsú agus a chur chun cinn. Mar a deir Cathal Ó Háinle:

Go deimhin, mura mbeadh i gceist le hathbheochan na Gaeilge ach cúrsaí cumarsáide is léir nárbh fhiú an tairbhe an trioblóid mar go raibh an Béarla ar fáil do phobal na tíre seo mar mheán cumhachtach cumarsáide agus mar mheán caidrimh leis an dá phobal mhóra taobh thoir agus taobh thiar d'Éirinn. (Ó Háinle, 1994, 745)

D'ainneoin na gconstaicí a bhí ina éadan rinne an Piarsach sár-iarracht teanga dhúchais na hÉireann a fhí isteach i ngnáthshaol na ngnáthdhaoiné. Nuair nár tugadh cead ainmneacha Gaeilge a úsáid ar chairteacha, throid sé ar son chearta na ndaoine a bhí ag iarraidh a n-ainmneacha Gaeilge féin a úsáid. Bhain sé úsáid as an *CS* mar uirlis chumarsáide chun poibliócht a thabhairt don obair a rinne na daoine a bhí i gceist ar son na ceiste sin agus chun cearta mhuintir na hÉireann a chraobhscaoileadh.²⁰ Scríobh sé, gur a bhuíochas do na fir chéanna a ceadáíodh ainmneacha Gaeilge a chur ar

chairteacha. D'ainmnigh sé 'Tádhg Ó Ghlasán', 'Bairtliméad Ó hEidhir', 'Liam Ó Siordan' agus 'Niall Mac Giolla Bhríghde'.

Cháin an Piarsach siopadóirí Bhaile Átha Cliath go tréan i 1903 nuair a dhiúltaigh siad do chuid Ghaeilge chárta an Chonartha, faoi dhúnadh na siopaí ar Lá le Pádraig, a thaispeáint i bhfuinneoga na siopaí:

We dislike meanness. 'Meanness' is a rather mild word to describe the conduct of Sundry Dublin shopkeepers who displayed the Gaelic League's notice of closing card on Lá Fhéile Pádraig *with the Irish words carefully torn off*. Is Irish such an unclean thing that it would pollute the window of a Westmoreland Street tailor or an O'Connell Street waterproof manufacturer?. ('Gleo na gCath'. CS, 28 Márta 1903, 4)

Dhá ócáid ar leith a bhí sna heachtraí seo, ach foilsíodh altanna fosta ar úsáid na Gaeilge ar thraenacha²¹ agus ar úsáid na Gaeilge d'ainmneacha shráideanna Bhaile Átha Cliath²² agus é ina eagarthóir ar an CS.

Thuig an Piarsach - go raibh sé práinneach go mbainfí úsáid as an nGaeilge i saol poiblí na hÉireann chun an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga shóisialta na hÉireann. I rith a thréimhse eagarthóireachta thagair sé go minic d'easpa úsáid na Gaeilge sna Boird Poiblí. I 1903, d'fhoilsigh sé seasamh oifigiúil an Chonartha ar cheapacháin oifigeach na mBord Poiblí. D'admhaigh sé gur bhain rialacha ar leith le ceapacháin sna Gaeltachtaí ach gur chóir go dtabharfaí tús áite, ar a laghad, do chainteoirí Gaeilge sna ceanntair eile:

At the risk of being accused of unnecessary repetition, let us restate the position of the League on this subject of Irish - speaking officials. In Irish - speaking districts, the objective should be to secure that a competent speaking acquaintance with Irish be made an essential condition in ALL appointments to offices, in the gift of public bodies but more especially to such posts as medical officer or midwife. In non - Irish speaking districts it is sufficient to insist that PREFERENCE be given to candidates acquainted with Irish. ('Gleo na gCath', CS, 12 Nollaig 1903, 5)

Cháin sé lucht stiúrtha na mBord Poiblí i rith a thréimhse eagarthóirtheachta de bharr an easpa suime a léiríodh i gcainteoirí Gaeilge do cheapacháin airithe.²³ Ba chomhartha neamhómóis na fógraí a cuireadh suas sna ceanntair Ghaeltachta ag lorg oibríthe, de bhrí nach raibh Gaeilge ar bith ar na fógraí do na postanna, fiú amháin.²⁴ Ar an taobh eile den scéal, mhol sé Comhairlí Contae ar leith a thug aitheantas d'fhoghlaim na Gaeilge mar cháilíocht do cheapacháin.²⁵

I 1905, phléigh an Piarsach stáid na Gaeilge in Oifig an Phoist.²⁶ Chuir sé isteach go mór air gur léir go raibh siad ag obair in éadan na Gaeilge de bhrí nach nglacfaí le bearta a raibh seoltaí Gaeilge orthu. Eagraíocht phoiblí eile a fograíodh sa CS, de bhrí go raibh fadhb acu le seoltaí Gaeilge ab ea na comhlachtaí traenach.²⁷ Mar eagarthóir ar pháipeár oifigiúil an Chonartha, ba í an ghné ba thréine a ghoill ar an bPiarsach ná an dearcadh cúngaigeantach a bhí ag na comhlachtaí seo ar an gconspóid seo:²⁸

They dictate to their customers how to address their parcels, refuse business because Irish is used and at the same time refuse to adopt any suggestions that would give them a staff capable of doing their business. ('Gleo na gCath', CS, 26 Meán Fómhair 1903, 5)

B'amhlaidh do stáid na Gaeilge i mBanc na hÉireann. Phléigh an Piarsach litir a fuair sé i 1903 faoi léitheoir a chuaigh isteach sa bhanc chun airgead a fháil. Níor tugadh an t-airgead dó, de bhrí gur shínigh sé a ainm i nGaeilge. Ach nuair a chuaigh sé isteach i mBanc na Mumhan agus Laighean tugadh an t-airgead dó agus fáilte.²⁹

Ba léir don Phiarsach go raibh sé d'iallach air, mar eagarthóir an CS na Boird Phoiblí seo a ghríosú agus a mhealladh i dtreo úsáid na Gaeilge mar ghnáththeanga laethiúl. Bhí sé díograiseach san iarracht a rinne sé, an teanga Ghaeilge a fhí isteach i ngnáthshaol na ngnáthdhaoine ach bhí gné amháin in easnamh sna Boird Phoiblí agus ní

raibh neart aige féin air - toil na n-oifigeach. Gan é seo, bheadh sé an-deacair dó dul chun cinn a dhéanamh:

The restoration of Irish requires firstly that the language be learned and secondly that it be used as a normal means of communication. The first can hardly be achieved without good teaching, aided by the textbooks, dictionaries, grammars and so on that are ancillary to learning a language. For the second an act of will is necessary in addition to an adequate knowledge of the part of the users. (Ó Cuiv, 1969, 129)

Ní raibh ceachtar de na heilimintí seo i láthair sna Boird Phoiblí.

Thuig an Piarsach go raibh gá le hathbheochan nósanna Gaeilge chomh maith. D'fhéach sé le sean - nósanna Gaelacha agus cultúr Gaelach a chur chun cinn i ngnáthshaol na nÉireannach. Phléigh sé caithimh aimsire na nGael ó am go ham sa CS. Mhol sé do na Craobhacha, gan barraíocht béime a chur ar 'fhoghlaim' agus iarracht a dhéanamh 'rinne agus ceol na hÉireann a chur ar fáil do bhail na gCraobhacha.' ('Caitheamh aimsire', Eagarfhocal, CS, 23 Aibreán 1904, 6) Ar ndóigh deineadh a lán plé ar rincí Gaelach i míonna tosaigh 1908.³⁰

Cuireadh tús le colún dar theideal 'Luth-chleasa na nGael' i mí Márta 1905. Ba é Oscar na Féinne a scríobh na sleachta ar lúthchleasa agus ar chluichí na nGael i 1905, go háirithe. I 1907, agus go háirithe i 1908 agus 1909, scríobh 'Torna' sraith altanna ar chluichí Gaelacha. Ba é an teideal a bhí ar an gcolún ná 'Ar Fhaitheche na hImeartha'.³¹

Rinne an Piarsach sár-iarracht cúrsaí reatha an domhain agus cúrsaí reatha na hÉireann a chur os comhair a phobail léitheoireachta agus ghríosaigh sé muintir na hÉireann chun oiliúint a chur orthu féin i ngach gné de seo.³² Bhí sé forásach agus fadbhreathnaitheach go leor chun tairbhe an eolais sin, i gcomhthéacs dhul chun cinn na tíre agus na teanga a thuiscint. Ar ndóigh, ba mhaith ab eol don Phiarsach an tairbhe a bhainfí as féin-oiliúint

agus oideachas. Bhí claonadh na fiosrachta ann féin agus b'fheasach dó tionchar an oideachais seo ar dhuine. D'fhéach sé le haird an phobail a dhíriú ar fhadhbanna sóisialta shochoáí na hÉireann. Rinne sé sár-iarracht a chur ina luí ar mhuintir na hÉireann gurbh é an gléas ab fhearr a bhí acu chun réiteach na faidhbe a fháil ná iad féin. Chreid sé gurbh é an treoir ab fhearr dóibh, ná a chur ina luí ar chách go raibh sé d'iallach orthu cuidiú leo féin. Thabharfadh an scil sin an chumhacht dóibh dul i ngleic le fadhbanna eile chomh maith. Trín mhódh sin, chuirfi deis ar fáil don duine daonna féin, a chumas féin i gcúrsaí sóisialta agus i ngach gné den saol, a fhorbairt. Ar ndóigh, léirigh sé an fhealsúnacht seo i gcúrsaí oideachais. Ba cheann de scoileanna 'Ré an Oideachais Nua' é Scoil Éanna agus chuir sé an-bhéim ar fhorbairt mheon an duine aonair ann:

The Schools of the New Education, diverse in origin and organisation displayed a common basic stance on educational reform; they were committed to the democratic concept of the individual's importance and to providing an education which allowed the student the freedom to develop his talents and personality. (Ó Buachalla, 1980, (xxi))

Mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha, chuir an Piarsach na firicí os comhair na léitheoirí agus mhol sé dóibh an tslí ab fhearr dóibh chun na fadhbanna sóisialta seo a réiteach. Bheadh orthu a n-intinn féin a dhéanamh suas sa deireadh. I 1903 foilsíodh tuairiscí ar an mBolgach Dé ionas go mbeadh na daoine aireach air.³³ D'oibrigh sé go díograiseach i 1907 chun cuidiú le díbirt na hÉitinne. Mhol sé cumann na mBan as an obair a bhí á déanamh acu maidir le scaipeadh eolais i dtaobh na hÉitinne. Chuir sé ná firicí a bhí á scaipeadh acu i gcló, agus mhol sé do chách iad a chur ar fáil i ngach teaghlach:

Is maith liom a thabhairt fá ndeara go bhfuil Cumann na mBan ar son Sláinte na hÉireann ag gabháil le n-a n-ais eolas a sgaipeadh i measc an Phobail Ghaedhealaigh i dtaoibh na heitinne. Ní tógfar orainn an méid seo a bhaint as

cearcalán atá dá chraoibhsgaoileadh aca fã lathair. Badh mhaith an rud é dá léighfidhe os ard é i ngach uile theaghlach agus i ngach uile theach Phobail agus theach sgoile san nGaedhealtacht. ('An Eitinn', 'Cúrsaí an tSaoghail', *CS*, 2 Samhain 1907, 3)

San eagrán céanna foilsíodh alt leis an Dochtúir Séamus Ó Beirn faoi ról Chonradh na Gaeilge i scrios na hEitinne.³⁴ Sa chéad eagrán eile pléadh an Eitinn arís agus cuireadh litreacha i gcló, ó dhaoine a bhronn airgead ar an gConradh trí mheán an *CS*, chun cuidiú le scaipeadh an eolais ar Eitinn (*CS*, 9 samhain 1907, 3). Scríobhadh a lán tuairiscí ar an Eitinn idir 1907 - 1908³⁵ agus foilsíodh na bealaí ab fhearr chun cuidiú le scrios an ghalair. Ba mhaith ab eol don Píarsach, go raibh scrios an ghalair ag brath go hiomlán ar ghníomhaíochtaí mhuintir na hÉireann féin, ach go raibh sé d'iallach air, mar eagarthóir ar pháipeár oifigiúil an Chonartha, na modhanna chun cuidiú leo féin a chur os a gcomhair. Mhol an Píarsach an Dochtúir Ó Beirn as ucht a chuid oibre i dtaobh na haicíde i 1909.³⁶ I 1907, chuir sé fadhb na himirce i gcomparáid le fadhb na hEitinne. Ba léir dó faoin am seo, go raibh gá le himirce i gcásanna áirithe ach a mhalairt ar fad a bhí fíor don Eitinn. Bheadh ar mhuintir na hÉireann fein eolas a chur orthu féin, chun fios a bheith acu na céimeanna ba chóir dóibh a ghlacadh, chun an Eitinn a ruaigeadh agus a sheachaint: 'Emigration, as things stand in lar - Chonnachta, is almost an economic necessity. It would require revolution to remove its causes. But consumption is largely avoidable.' ('To fight Consumption', 'Gleo na gCath', *CS*, 2 Samhain 1907, 7)

Is léir ó na tuairiscí seo uilig sa *CS* go raibh an Píarsach sásta dul i ngleic le fadhbanna sóisialta na linne. Léirigh sé gur dhuine coinsiasach a bhí ann agus gur chreid sé gur uirlis fhiúntach a bhí sa *CS* chun na hábhair seo uilig a phlé agus chun deis scríofa a thabhairt do dhuine ar bith a raibh tuairim ar bith aige nó aici ar na fadhbanna áirithe.

7.4 Cúrsaí Polaitíochta:

Bhí saol an Phiarsaigh féin fite fuaite le polaitíocht na hÉireann, cé nar ghlac sé páirt iomlán i gcúrsaí polaitíochta na hÉireann go dtí 1913 ar aghaidh. Fiú nuair a bhí sé gníomhach in Óglaigh na hÉireann bhí sé ann ar son leas na tíre amháin:

Ón uair ar bunaíodh Óglaigh na hÉireann sa Rotunda i Samhain 1913, tháinig méadu ar ghníomhaíocht an Phiarsaigh i gcúrsaí polaitíochta. [...]Bhí coimhlint ón tús i gcoiste na nÓglach idir lucht leanúna an Réamónaigh ar theastaigh uathu go mbeadh na hÓglaigh mar chrann taca ag Sasana agus iad sin, an Piarsach ina measc, gurbh é leas na hÉireann amháin a bhí mar aidhm acu. (Ó Buachalla, 1979, 67)

Is léir óna chuid scríbhneoireachta sa *CS* gurbh amhlaidh dó, ag tús an chéid. Rinne sé iarracht sa *CS* bheith dóchasach as cúrsaí polaitíochta na hÉireann agus ag tús a thréimhse eagarthóireachta, léirigh sé a dhaingne is a chreid sé, go gcuideodh na páirtithe polaitíochta le dul chun cinn athbheochan na teanga in Éirinn. 'Potential friends' a bhí iontu, dar leis:

We are convinced that the Irish Parliamentary Party and the United Irish League would lend their influence to a general movement for the return by Irish - speaking constituencies of Irish - speaking representatives to District Councils, County Councils and the Parliamentary party itself. ('A Forward Policy', *Eagarfhocal, CS*, 12 Meán Fómhair 1903, 4)

Nuair a thosaigh Mr James Bryce ar a phost mar Príomhrúnaí na Breataine in Éirinn, cheistigh an Piarsach an fáth nár léirigh sé a dhílseacht do Ghluaiseacht na Teanga ach chríochnaigh sé arís ar nóta dóchasach de bhrí go ndúirt Mr Bryce: 'It is a wholesome thing that people should care for the history and intellectual achievements of their race.' ('The Government and the Language', 'Gleo na gCath', *CS*, 20 Eanáir 1906, 7)

Ar ndóigh, cáineadh an Piarsach go mór de bharr an tseasaimh pholaitiúil a ghlac sé ar ábhair éagsúla, go háirithe an seasamh oscailte a ghlac sé sa *CS* ar The Irish Council Bill i 1907.¹ Ach arís ba é a phríomhchúram ná leas na hÉireann agus sa chás seo, ba é

oideachas na hÉireann a bhí i gceist. Léirigh sé an dearcadh seo arís i 1909 nuair a scríobh sé nárbh ionann neamhspleáchas polaitiúil agus náisiún Gaelach. Bhí forbairt na hÉireann ag brath go hiomlán ar an teanga:

Dá mbeadh Éire dealuighthe ar fad ó Shasana i gcás poilitidheachta i mbáireach, is docha go mbeadh sí i n-a náisiún Ghaedhealach óir an fhaid is do bheadh an Béarla n-a ghnáth - theangain ag Gaedhealaibh, pé saoirseacht a bheadh inti, ní bheadh i nÉirinn tar-éis an tSaoghail ach náisiún Gallda. ('Dá Ríribh', Eagarfhocal, CS, 6 Feabhra 1909, 3)

Choinnigh sé na hidéil sin os a chomhair amach i rith a shaoil² agus nuair a scríobh sé sa CS ar chúrsaí polaitíochta na hÉireann, ba léir gur chreid sé gurbh é príomhchonstaic dhul chun cinn pholaitíocht na hÉireann ná easpa úsáid na Gaeilge i measc na bpolaiteoirí. Nuair a phléigh Pádraig Mac Piarais na toghcháin i rith a thréimhse eagarthóireachta, thug sé treoir do na Craobhacha faoin dóigh ar chóir dóibh a n-intinn a dhéanamh suas. Scríobh sé i 1904 agus i 1905 gur seoladh ciorcláin chuig na Craobhacha go léir agus gur chóir do bhaill na Craoibhe, dearcadh an iarrthóra i dtaobh na Gaeilge a chur san áireamh thar aon rud eile nuair a bhéidís ag vótaíl.³ Bhíodh sé i gcónaí ag obair ar son leas an náisiúin agus é i mbun oibre do Ghluaiseacht na Teanga. Mar a scríobh sé féin i 1915 san 'Irish Volunteer':

I do not know who among the Gaelic leaguers that have joined the Volunteers has been foolish enough to suggest that he 'cares for the language merely as a sort of stimulant in the fight for nationhood'. Certainly not I: I have spent the best fifteen years of my life teaching and working for the idea that the language is an essential part of the nation. I have not modified my attitude in anything that I have recently said or written; I have only confessed (and not for the first time) that in the Gaelic League I have all along been working not for the language merely, but for the nation. (Féach Edwards, 1990, 229)

I 1906, cháin sé na polaiteoirí sna ceanntair Ghaeilge.⁴ Scríobh sé go raibh siad ag baint úsáide as an mBéarla, chun a ngnó uilig a chur os comhair an phobail. Ba é a thuairim gurbh fhéidir a rá i ndáiríre, go raibh siad ag iarraidh an teanga a mharú. I 1906, rinne

sé ionsaí ar leith ar 'Stíophan Mac Fhinn' de bhrí nar labhair sé Gaeilge ina chuid óráidí don fheachtas toghcháin.⁵ Cháin sé é de bhrí gur labhair Tomás Ó Dómhnaill i nGaeilge ar a shon ach gur toghadh é sa deireadh. Sa chéad eagrán eile foilsíodh a lán litreacha ar an ábhar céanna. Scríobh Stíophan Mac Fhinn féin ceann díobh, á chosaint féin de bhrí gur bhain sé úsáid as an nGaeilge ina fheachtas. Níor gheill an Píarsach afách. Léirigh sé gurbh é seasamh an eagarthóra, nár tugadh cothrom na féinne don Ghaeilge san fheachtas, de bhrí gur tugadh óráidí i mBéarla sna Gaeltachtaí:

We did not write that no Irish speeches were delivered in Bearna, Caisleán Gearr, Mion - Loch or in the other Irish - speaking villages embraced on the constituency; we wrote that English Speeches *were* delivered. And our position is that English speeches *ought not* to have been delivered. ('Gan acht Gaedhilg san nGaedhealtacht', Eagarfhocal, *CS*, 17 Samhain 1906, 7)

Thar aon rud eile, ba í an fhealsúnacht pholaitíochta a léirigh sé sa *CS*, ná go raibh dul chun cinn pholaitíocht na hÉireann ag brath ar athbheochan na Teanga. Cé go raibh polaitíocht na tíre beo, briómhar ag tús an cheid, bhí sé chomh tógtha suas le cúrsaí teanga gur thug sé tús aite don ghné sin de chúrsaí polaitíochta ina chuid scríbhneoireachta sa *CS*, ach níor lig an Píarsach le faillí a throid ar son náisiúntacht na hÉireann agus é ag plé cúrsaí polaitíochta na tíre. Mar a deir Ruth Dudley Edwards:

The first decade of the twentieth century was a period of intense political activity in Ireland, but most of it passed Pearse by. [...] It says much for Patrick Pearse that he kept his reverence for the constitutional nationalists even after he was committed to a revolutionary path. His only criterion was that a man should have worked for Ireland and accordingly, just as in his constitutional days, he had an affection for the Fenians and the rebels of 1848, so in his revolutionary period he could still find praise for O'Connell and Parnell. Certainly he was always a nationalist. (Edwards, 1990, 152)

7.5 Cúrsaí Creidimh:

Léirigh an Píarsach ina chuid scríbhneoireachta sa *CS* gur ghné thábhachtach de shlánú an Chreidimh ab ea athbheochan Theanga dhúchais mhuintir na hÉireann. Scríobh sé sa *CS* go raibh an dearcadh seo bunaithe ar a fhealsúnacht féin, sé sin, nach raibh creideamh mhuintir an Bhéarla in Éirinn chomh láidir is a bhí creideamh mhuintir na Gaeilge. Ionas go mbeadh na Gaeil in ann a gcreideamh féin a chleachtadh i gceart, bheadh sé riachtanach dóibh a dteanga dhúchais féin a úsáid chun a mianta a chur in iúl. B'ionann cráifeacht agus labhairt na Gaeilge agus ní mhairfeadh craifeacht na ndaoine gan an Teanga: 'An English-speaking Ireland as intensely religious as was Irish - speaking Ireland is one of the things which the imagination is unable to conceive.' ('Language and Faith', 'Gleo na gCath', *CS*, 21 Meán Fómhair 1907, 7)

I 1906, léirigh sé a láidre is a chreid sé sa cheangal idir creideamh agus Gluaiseacht na Teanga nuair a phléigh sé Oireachtas na bliana sin. Scríobh sé gurbh éard a bhí san Oireachtas ná: 'A Nation's Act of Faith in God and itself.' ('An Act of Faith', Eagarfhocal, *CS*, 4 Lúnasa 1906, 6)

Chreid sé mar eagarthóir an *CS*, go raibh an Chríostaiócht beo in Éirinn¹ agus chuir sé i gcló aon ghníomh neamhchoitianta a tharlaíodh, a raibh baint aige le creideamh na ndaoine. I 1909 thosaigh duine óg nach raibh ar a chumas siúl roimhe sin, ag siúl i gCnoc, Co Mhuigh Eo. D'fhoilsigh an Píarsach scéala na míorúilte i 'Sgéala ar an nGaoith'.²

Bhí fhios aige go raibh Béarlachas ag sleamhnú isteach san Eaglais agus go raibh an-tionchar ag an Eaglais ar chúrsaí Teanga na hÉireann. Ag an am sin, samhlaíodh Béarla le rachmas, le dul chun cinn agus le measúlacht. Ba mhaith ab'eol dó gurbh éigean don

chliarlathas comhartha na measúlachta a léiriú, chun muintir na hÉireann a mhealladh i dtreo na Críostaíochta. Scríobh an Piarsach féin sa *Macaomh* faoin ngné seo den Chríostaíocht: 'The great enemy of practical Christianity has always been respectable society.' (Féach Edwards, 1990, 171)

Mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha, labhair sé amach go láidir in éadan na measúlachta seo agus léirigh sé an géarghá a bhí sa tír le labhairt na Gaeilge, i measc Chléir na hÉireann. Thuig an Piarsach tionchar na hEaglaise ar ghnáthmhuintir na hÉireann agus chuir sé isteach air go mór, an tslí gur ligeadh an Ghaeilge le faillí sna ceanntair Ghaeilge. Thuig sé go raibh gá le sagairt a raibh Gaeilge acu sna Gaeltachtaí agus thagair sé don ghné seo de chúrsaí eaglaise na Gaeltachta sa *CS*. I 1906, thagair sé do na sagairt sna Gaeltachtaí. Is léir ó na heagarfhocail gur mhaith ab eol dó an aird a thug muintir na Gaeltachta ar Chléir na hÉireann.³ Ar ndóigh ba léir dó go raibh an Ghaeltacht ag brath ar na sagairt, chun an Ghaeilge a chur chun cinn arís. Dá n-éireodh leis an gCléir a chur ina luí ar an bpobal an tábhacht a bhain le labhairt na Gaeilge sna tithe, go poiblí agus i ngach gné de shaol na hÉireann, bheadh an-obair déanta ar son Ghluaiseacht na Teanga:

The Church, when all is said is the influence which most profoundly affects both the private and the public life of Irish men and women and it is almost self-evident that speaking generally, the church's attitude towards the Irish movement makes all the difference between success and failure of that movement. ('A Voice from the Grave', Eagarfhocal, *CS*, 27 Deireadh Fómhair 1906, 7)

De bharr a thuisceana ar thionchar na hEaglaise ar ghnáthmhuintir na hÉireann bhí fhios aige méid na tairbhe a d'fhéadfaidís a dhéanamh ar son labhairt na Gaeilge. Thuig sé nach bhféadfaí brath ar aon eagraíocht ná ar aon institiúid amháin chun an Ghaeilge a shabháil. Scríobhann Donnchadh Ó Súilleabháin faoin ngné seo dá chuid scríbhneoireachta sa *CS*. Scríobhann sé: 'nach raibh sé ag iarraidh ar an gcléir an

Ghaeilge a shábhail. Ní raibh sé ach ag iarraidh orthu gan cuidiú le marbhú na teanga.' (Ó Súilleabháin, 1981, 92)

Léirigh sé a dhaingne is a chreid sé i gcumhacht na sagart sa tír.⁴ Thuig sé de dheasca na cumhachta sin, gurbh éigean don Ghluaiseacht, an Ghaeilge a choinneáil beo i gColáiste Phádraig, Má Nuad chun an Ghaeilge a choinneáil beo ar fud na tíre.⁵ Nuair a phléigh sé ceist na Gaeilge éigeantaí i Má Nuad i 1907, cháin sé na sagairt a bhí reidh chun dul i measc phobal na Gaeltachta gan an phríomhtheanga chumarsáide ar fhoghlaim acu:

Missionaries to foreign countries must needs learn the language of their flocks. Missionaries to the Irish Speaking districts of Ireland are now definitely 'dispensed' from the same obligation. ('The Situation at Maynooth', *Eagarfhocal, CS*, 23 Samhain 1903, 7)

Ar ndóigh rinne an Piarasach sár-iarracht cothrom na féinne a thabhairt do chléir na hÉireann. Thuig sé an tionchar a bhí acu ar mhuintir na hÉireann agus an ról a bhí acu i sochaí na tíre. D'ainneoin sin, ní raibh eagla air riamh, agus é ina eagarthóir ar an *CS* ionsaí a dhéanamh ar ról na cléire agus an chliarlathais, i gconspóidí áirithe na hÉireann.⁶ Mar a deir Ruth Dudley Edwards:

For a man from such a conventional family, with such a conventional education, he was surprisingly independent - minded when it came to the clergy. He had little of the automatic reverence for the priesthood common among his contemporaries. (Edwards, 1990, 19)

I 1908, nuair a foilsíodh sa *CS* gur chreid Cardinal Logue go raibh tuairiscí i nuachtáin áirithe i gcoinne na hEaglaise, d'fhoilsigh an Piarasach polasaí eagarthóireachta an *CS* ar thuairiscí dá leithéid. Lean sé ar aghaidh ag an deireadh ag léiriú go raibh drochmheas aige ar na sagairt nach raibh toilteanach obair ar son na Teanga ach gur thuig sé go raibh an-bhuíochas tuillte ag daoine ar leith sa chléir as ucht a gcuid oibre ar son na Gluaiseachta. Is fiú an sliocht a léamh chun dearcadh oifigiúil an Phiarsaigh, mar

eagarthóir an *CS*, ar chléir na hÉireann agus an ról a bhí acu in athbheochan na tíre agus na teanga, a thuiscint:

We are sure however, his Eminence does not hold the Gaelic League responsible for what appears in papers other than the Official organ of the League, which is the only paper entitled to speak officially on its behalf. And, as long as we have charge of it, we shall take good care that nothing shall appear in it, that can be construed, even in the remotest degree, as an attack upon the Catholic clergy or an attempt to rouse any section of the community against them or against any other section of our fellow countrymen. [...] Much as we deplore the apathy of many priests, who could render great services to the Irish Language Movement, we freely and thankfully acknowledge, the immense services which the Catholic clergy as a body have rendered the movement and we still look to them as our strongest allies. Throughout the history of the league, priests have occupied and we are glad to say, still continue to occupy a foremost place on its councils. ('Cardinal Logue and the Gaelic League', *Eagarfhocal, CS*, 4 Iúil 1908, 9)

Ba rud pearsanta don Phiarsach an reiligiún⁷ ach nuair a bhí sé ina eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha, phléigh sé dearcadh na bProtastúnach ar Ghluaiseacht na Teanga agus ar Náisiúntacht na hÉireann. Nuair a phléigh sé ceist na hOllscoile Náisiúnta, rinne sé idirdhealú idir fealsúnacht na hOllscoile Náisiúnta agus fealsúnacht na hOllscoile Caitlicí.⁸ Pléann Ruth Dudley Edwards a dhearcadh ar an ngné chráifeach den ollscoil: 'He did not want a specifically Catholic University - Irish, yes, but not 'a water-tight denominational Institution with doors rigidly barred against non - Catholics.' (Edwards, 1990, 76)

Scríobh sé ar ról na bProtastúnach i nGluaiseacht na Teanga i 1904. D'admhaigh sé gur eagraíocht neodrach a bhí sa Chonradh ach d'ainneoin sin gur Caitlicigh agus náisiúnaithe ab ea formhór bhaill an Chonartha. Léirigh sé an t-amhras a bhí ar Phrotastúnaigh na hÉireann faoi Ghluaiseacht na Teanga i gcoitinne nuair a scríobh sé futhu i 1904 agus i 1906:

Protestants form, or should form, part of the Irish nation equally with Catholics; Protestants are concerned, or should be concerned with the conservation of the

national identity equally with Catholics; yet the fact remains that Irish Protestants as a body, view the language movement with suspicion, not to say, dread. ('Protestants and the Movement', 'Gleo na gCath', *CS*, 20 Lúnasa 1904, 7)

Cé go sonraítear an díomá a bhí air de bharr easpa suime na bProtestánach sa Ghluaiseacht i 1904, sonraítear an dóchas a bhí aige faoi chomhpháirteachas na bProtestánach i ndul chun cinn náisiúntacht na hÉireann i 1906.⁹

Bhí an dearcadh neamhchlaonta seo a léirigh sé i dtaobh chúrsaí creidimh na hÉireann, agus é ina eagarthóir ar pháipeár oifigiúil an Chonartha, ina chomhartha ar gach ábhar a phléigh sé ar Thír na hÉireann sa *CS*. Pléadh na gnéithe seo ar fad de shaol na hÉireann go cothrom agus go hoibiachtiúil nuair a chuirtear na constaicí a bhí roimhe le sarú, san áireamh. Faightear pictiúr an-soiléir de shaol ghnáthmhuintir na tíre ag an am ó thréimhse eagarthóireachta an Phiarsaigh ar an *CS*.

8. CONCLÚIDÍ

Luaigh mé ag tús an tráchtais seo gurbh é príomhábhar an tráchtais ná an léargas a fhaightear ar mheon Phádraig Mhic Piarais agus é i mbun eagarthóireachta ar pháipéar oifigiúil Chonradh na Gaeilge - an *CS*. De thoradh an taighde atá curtha i láthair sa tráchtas seo, tuigfidh an léitheoir

(a) feabhas eagarthóireacht an Phiarsaigh ar an *CS* agus

(b) tábhacht ré a eagarthóireachta i gcomhthéacs mhúnlú a chuid tuairimíochta féin.

(a) Eagarthóir den chéad scoth a bhí ann agus ba mhór an t-athrú a tháinig ar an *CS* ó thús a thréimhse eagarthóireachta ag tús 1903 go deireadh a thréimhse eagarthóireachta ag deireadh 1909. Ní hamháin go ndearna sé sár - iarracht cúrsaí teanga, cúrsaí litríochta, cúrsaí an Chonartha, cúrsaí oideachais agus gnáthchúrsaí na hÉireann a phlé go hoscailte, ach chomh maith leis sin, is léir gur chreid sé go daingean sna luacha a chuir sé os comhair a lucht léitheoireachta maidir leis na hábhair seo uilig.

Sheas sé ar son luacha Gaelacha na hÉireann agus chuaigh sé i ngleic leis na hábhair chonspóideacha. Cé gur tugadh dearcadh cothrom ar na hábhair a pléadh sa *CS*, is léir ó na hábhair uilig a pléadh sa tráchtas seo gur éirigh leis an bPiarsach a chlaonadh féin a chur ar ghnéithe áirithe de shaol na linne. Feictear dom gur léirigh sé dearcadh an - chothrom ach go ndeachaigh sé thar fóir in amanna de bhrí go raibh sé chomh diongbhailte go mbeadh an focal deireanach aige féin mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha.

Ina ainneoin sin, ní féidir tábhacht agus tionchar na ndíospóireachtaí a pléadh sa *CS*, a shéanadh. Ba mhór an chumhacht a bhí ag an bPiarsach mar eagarthóir an *CS* agus ba

mhór an tionchar a bhí aige ar chúrsaí oideachais, ar chúrsaí litríochta, ar chúrsaí teanga, ar chúrsaí Chonartha, agus ar chúrsaí na hÉireann i gcoitinne. Ní foláir méid na n-altanna a foilsíodh sa *CS* a chur san áireamh chun tionchar an Phiarsaigh ar shaol na linne a thuiscint i gceart.

Rinne sé an-obair ar son Ghaelú na hÉireann agus caithfear aitheantas ceart a thabhairt dó de bharr na hoibre seo. Ceanglaítear an Piarasach le Ré na hAthbheochana ach ar ligeadh le faillí, i ndáiríre an obair cheannasach a rinne sé i mbun eagarthóireachta ar an *CS*?

(b) Ní raibh aon teorainn lena dhíograis i rith a shaoil ach de thoradh na hoibre seo, measaim go bhfuil an - tábhacht ag baint leis an thréimhse seo i saol an Phiarsaigh féin. Ba thréimhse í a raibh an - tionchar aici air féin, ar a chuid tuairimíochta agus ar a chuid gníomhaíochtaí. Mhúnláigh imeachtaí na linne an - chuid dá chuid tuairimíochta ar na hábhair a pléadh sa *CS*. Níl aon amhras ach gur chuir Pádraig Mac Piarais tús deimhnitheach, díograiseach lena chuid oibre ar an *CS* agus cé gurbh fhéidir an rud céanna a rá faoina thréimhse eagarthóireachta i gcoitinne, is eagarthóir difriúil ar fad atá againn ag deireadh a thréimhse eagarthóireachta ná mar a bhí againn ag an tús. Mothaítear díograis an duine óig ag an tús agus ag an deireadh ach eagarthóir aibí a bhfuil a theoricí forbartha féin aige, atá os ár gcomhair ag deireadh thréimhse eagarthóireachta an Phiarsaigh. Samhlaítear dom, ón obair seo gur thréimhse ar leith i múnlú aigne an Phiarsaigh í. Bhí sé ag tosú ar chruthú a thuairimíochta nuair a thosaigh sé ag obair ar an *CS*. Ní hamháin go bhfeictear na conspóidí seachtracha a bhí á bplé in Éirinn ag an am, sa *CS*, ach chomh maith leis sin, feictear conspóidí inmheánacha an Phiarsaigh, mar shampla, na deacrachtaí a bhí aige le labhairt na Gaeilge sna Gaeltachtaí, le cliarlathas na hÉireann, le cód sóisialta

na nÉireannach, le litríocht Angla - Éireannach, le forbairt an Éireannaigh i gcóras oideachais na hÉireann, gan ach roinnt de na conspóidí inmheánacha a lua. Éiríonn leis fosta a thuairimíocht, a fhealsúnacht féin agus a theoiricí féin a nochtadh go cruinn sa *CS*.

Athraíonn a sheasamh ar na hábhair a phléitear sa *CS* sa dóigh go bhfeictear sa deireadh duine neamhspleách, duine a bhfuil teoiricí dá chuid féin aige agus is é toradh na forbartha sin ná, go bhfuil an misneach aige agus go n-aithníonn sé féin go bhfuil sé in am dó a chuid díograise a chaitheamh leis an ábhar is tábhachtaí do i bhforbairt an duine agus i bhforbairt na tíre, 'sé sin cúrsaí oideachais. Ag deireadh thréimhse eagarthóireachta Phádraig Mhic Phiarais, tá a chuid oibre críochnaithe. Rinne sé a dhícheall. Chuir sé a chroí ina chuid oibre agus d'éirigh sé as mar ba mhaith ab eol dó go raibh sé ag éirí níos deacra dó a bheith oibiachtúil agus é ag druidim i dtreo dheireadh a thréimhse eagarthóireachta. D'éirigh sé as nuair ba léir dó go raibh sé in am dó éirí as agus mar is léir ón taighde seo, bhíodh sé ionraic sna socruithe a deineadh sa *CS* agus b'amhlaidh dó nuair a bhí sé in am dó éirí as.

Measaim, de bharr an taighde seo, gur éachtach í an obair a rinne sé agus é i mbun eagarthóireachta agus cé gur mór an trua ar bhealach amháin gur éirigh sé as nuair a bhí an méid sin oibre déanta aige, d'fhéadfaí a rá go léiríonn fad a thréimhse eagarthóireachta ní hamháin a ionraice is a bhí sé agus tionchar na tréimhse sin ar a shaol féin, ach chomh maith leis sin, a fheabhas agus a éifeachtaí is a bhí sé mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha.

Mar a phléigh mé ag tús an tráchtais ba iad príomhthréithe thréimhse eagarthóireachta an Phiarsaigh ná:

- (i) an dóigh a ndeachaigh sé i ngleic le Gaelú na hÉireann mar eagarthóir ar an *CS* agus an droichead a thóg sé idir lucht na Gaeltachta, lucht na gcathracha agus gnáthmhuintir na hÉireann
- (ii) an léargas a thug sé ar shaol na hÉireann agus a fheiliúnaí is atá an tuairimíocht a bhí aige ar chúrsaí na hÉireann don lá atá inniu ann
- (iii) an léargas a fhaightear ar mheon an Phiarsaigh féin mar dhuine agus mar eagarthóir nuair a bhí sé i mbun eagarthóireachta.

Ceanglófar na gnéithe seo de thréimhse eagarthóireachta an Phiarsaigh sa Chaibidil seo.

8.1 An dóigh a ndeachaigh an Piarsach i ngleic le Gaelú na hÉireann agus an droichead a thóg sé idir muintir na Gaeltachta, agus gnáthmhuintir na hÉireann:

Phléigh an Piarsach an ceart a bhí ag gach Éireannach a bheith Gaelach, go mion sa *CS*. Ba chuma cén áit sa tír arbh as iad, ba chuma cén creideamh a chleacht siad, má rugadh duine in Éirinn, ba chuid dá oidhreacht an Gaelachas: ‘Gaelicism is the birthright of us all; of Protestant as of Catholic, of Unionist as of Nationalist, of non-native speaker, as of native speaker, of North as of South.’ (‘Ulster’, *Eagarfhocal*, *CS*, 24 Nollaig 1904, 6)

Is é mo bharúil gurbh í seo an tréith ba láidre agus ab éifeachtaí a bhí aige, chun muintir na hÉireann uilig a aontú le chéile. Ba í an lúb a ba thréine sa slabhra ná an Gaelachas. Bhí luach amháin i bpáirt ag gach Éireannach sa tír agus ba é an luach sin ná gur Éireannaigh a bhí iontu uilig. Mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha, rinne an Piarsach sár-iarracht a chur ina luí ar mhuintir na hÉireann uilig go raibh sé de cheart acu agus de dhualgas orthu an Gaelachas seo a fhorbairt. Bhain sé úsáid as uirlisí éagsúla chun a fhealsúnacht a chur i bhfeidhm agus phléigh sé na gnéithe de shaol na

hÉireann a raibh baint acu le cur chun cinn Ghaelachas na tíre. Thuig sé go maith an t-easaontas idir na Cúigí agus idir dreamanna áirithe i sochaí na hÉireann agus d'fhéach sé le hÉireannaigh uilig ar fud na tíre a aontú le chéile chun an tír a chur ar bhealach a leasa arís. Sílim gurb é an nóta is treise a shonraítear i rith a thréimhse eagarthóireachta ar an *CS* ná a dhíograisí is a d'oibrigh sé chun an t-aon tréith a bhain le gach saoránach in Éirinn, 'sé sin an Gaelachas - a chur chun cinn. Ba é sin an bunsmaoineamh a bhí aige chun droichead a thógáil idir muintir na Gaeltachta, muintir na gcathracha agus gnáthmhuintir na hÉireann:

Ach tá Éire os cionn gach Cúige díobh. Is í is máthair dúinn go léir agus má tá cion againn dáiríribh uirthi agus má's fonn linn í dul chun cinn is éigin dúinn gan a cúram a chur dinn go deo. ('Gaedhealachas', Eagarfhocal ,*CS*, 24 Meitheamh 1905, 6)

8.2 An léargas a thug an Piarsach ar shaol na hÉireann agus a fheiliúnaí is atá an tuairimíocht a bhí aige ar chúrsaí na hÉireann don lá atá inniu ann:

Ar ndóigh ba mhaith ab eol don Phiarsach gur bhain an 'Gaelachas' seo le gach gné de shaol na hÉireann. Thuig sé go raibh sé d'iallach air, mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha na heilimintí uilig a nascadh le chéile, a fhorbairt agus a chur os comhair léitheoirí an *CS* ionas go dtuigfeadh pobal na gcathracha tábhacht shaol na tuaithe agus ionas go dtuigfeadh muintir na tuaithe saol mhuintir na gcathracha. Ní féidir a shéanadh as an méid a scríobh sé sa *CS* ar an-chuid gnéithe de ghnáthshaol na hÉireann gur éirigh go maith leis.

I gCaibidil a hAon pléadh an cúlra staire inar tógadh an Piarsach agus inar bunaíodh an CS. Cine cloíte ab ea muintir na hÉireann ag deireadh an naoú haois déag agus ní raibh mórán muiníne ag gnáthÉireannaigh as an gcóras ná de dheasca sin, as an nGaelachas. Pléadh an ghné seo de shaol na hÉireann in *Irisleabhar na Gaedhilge* i 1886:

But not only are the educational rights of the Irish - Speaking population entirely ignored, but the legal rights in the higher law courts and in the petty session courts, their rights as dispensary patients, as tax and rate payers and in various other capacities are persistently disregarded. (Ó Súilleabháin, 1981, 4)

Is léir óna eagarthóireacht ar an CS gur thuig an Piarsach go maith an tionchar a bhí ag an easpa cumhachta seo ar a saol féin ar ghnáthÉireannaigh. Ní raibh cead cainte acu ina dtír dhúchais féin. Rinne sé iarracht an fhadhb seo a réiteach, mar eagarthóir ar an CS. Gléas cainte a bhí sa pháipéar - gléas cainte Gaelach. Mar eagarthóir d'éirigh leis dul i ngleic lena lán fadhbanna. Bhain sé úsáid as slí oscailte chun ceisteanna na linne a phlé - ceisteanna oideachais, litríochta, teanga, an Chonartha, eacnamaíochta, creidimh, sóisialta, agus polaitíochta.

I gCaibidil a Dó, pléadh polasaí eagarthóireachta an Phiarsaigh - a chuspóirí agus na modhanna a d'úsáid sé chun

(i) an CS a athrú ó iris go nuachtán

(ii) béim a chur ar Ghaelú an nuachtáin.

Léiríodh fosta na buanna eagarthóireachta a tháinig chun cinn agus é ina eagarthóir. Tar éis an tsaoil, ní raibh sa CS ach páipéar oifigiúil seachtainiúil. Chonradh na Gaeilge agus cé nárbh é 'the leading organ of opinion in the country' ('Sinn Féin', Eagarfhocal, CS, 14 Márta 1903, 4), d'éirigh le Pádraig Mac Piarais, thar aon rud eile, dearcadh na nGael a léiriú agus a phlé. Thug sé an t-aitheantas a bhí tuillte ag Gaeil na hÉireann ar ais dóibh. Ba í sin an aidhm a chuir sé os a chomhair agus é ag tosú ar a thréimhse eagarthóireachta. Ní hamháin gur éirigh leis ach chomh maith leis sin chuir sé ina luí ar

léitheoirí an *CS*, go raibh sé de cheart acu bheith muiníneach as an tuairim a bhí acu i dtaobh chúrsaí na hÉireann:

As the organ of militant Gaeldom, this paper has a well-defined mission before it. It will be its duty to put clearly the point of view of the Gael: to make articulate the thoughts and hopes and ambitions of those who dwell in the Gaelic places. (ibid.)

Thosaigh sé le nóta réabhlóideach, dána dearfach agus b'amhlaidh a lean sé ar aghaidh i rith a thréimhse eagarthóireachta. Ní raibh aon amhras ach go bhfaigheadh an Ghaeilge tús áite sa *CS* i rith thréimhse eagarthóireachta an Phiarsaigh. Ach an raibh sé chomh tógtha suas le cúis na Teanga gur chuir sé gnéithe áirithe de shaol na tíre ar leataobh agus é ina eagarthóir ar an *CS*? Deir Muiris Ó Droighneáin:

'Ainne agens agit propker finem' adeir an fealsamh; agus na daoine nár theastaigh uatha acht amháin an Ghaedhilg d'athbheochaint, ní fada gur dheineadar dia beag den Ghaedhilg féin agus den Ghaedhealachas. (Ó Droighneáin, 1937, 16)

Cé gur féidir a rá gurbh amhlaidh don Phiarsach, ní dhearna sé dearmad riamh de na riachtanais a bhain le hathbheochan na Teanga agus na tíre agus na torthaí a thiocthadh astu nuair a bhí sé i mbun eagarthóireachta ar an *CS*. Chuir sé an-bhéim ar athbheochan intleachtúil na hÉireann agus ba léir dó nach bhfaighfí saoirse iomlán na hÉireann choíche gan saoirse intleachtúil. Ar ndóigh ba iad na hábhair ba chóngráí dá chroí - cúrsaí oideachais agus cúrsaí teanga - a chuideodh le muintir na hÉireann an tsaoirse intleachtúil seo a bhaint amach:

Intellectual freedom must precede political or national freedom; the first case of every race struggling to maintain their national existence is to educate their people on national lines and through the medium of their own tongue. ('The New University: Irish essential for matriculation', *Eagarfhocal, CS*, 22 Lúnasa 1908, 9)

D'fhorbair sé an pointe sin nuair a phléigh sé go raibh dul chun cinn eacnamaíocht agus tionsclaíocht thíre ag brath ar an tsaoirse intleachtúil seo:

Industrial and commercial prosperity can only come from the intellectual development of the people on national lines: intellectual patriotism is the foundation on which the industry and commerce of every nation has been raised. The man who is not a patriot, as well as a scholar will never become a pioneer in any scheme for the elevation and betterment of his fellow countrymen; but when men are trained to love their country, and all that belongs to it, they will then be ready to devote their lives to her service, whether in the marts of commerce, the factory, the workshop or in the chemical laboratory. (ibid.)

Thar aon rud eile, feictear dom óna chuid scríbhneoireachta sa *CS*, gur thuig an Píarsach tábhacht luach an oideachais i saol an duine. Pléadh an ghné seo d'eagarthóireacht an Phiarsaigh i gCaibidil a Trí. B'ionann dó, oideachas ceart agus déanamh an duine. Bhí siad ag brath ar a chéile.¹ Thuig sé gairm an mhúinteora agus an gá le cleachtadh na hindibhidiúlachta sa ghairm sin. Fiú amháin, ag an am sin, ba léir dó go raibh oiliúint ollscoile de dhith ar mhúinteoirí náisiúnta na hÉireann chun traenáil agus oiliúint iomlán a chur ar fáil dóibh.² Ar ndóigh ag Comhdháil na Múinteoirí i Sligeach i 1905, gabhadh buíochas leis an *CS*, as an tacaíocht a tugadh d'éilimh na múinteoirí ann:

A further resolution was adopted thanking *An Claidheamh Soluis* for its advocacy of the teachers' claims and of the rights to primary education in general, and pledging to us the support of the delegates. ('The Teachers' Congress', *Eagarfhocal, CS*, 6 Bealtaine 1905, 7)

Phléigh an Píarsach a lán gnéithe de chúrsaí oideachais na hÉireann agus é i mbun eagarthóireachta - Bunoideachas, Meánoideachas agus Ardoideachas. Bhí tuiscint ar leith aige ar chúrsaí oideachais agus sílim féin gur phioc sé amach na heilimintí ba thábhachtaí a bhain le gach gné d'oideachas na hÉireann ar gach leibhéal. Bhí fhios aige mura n-oibreodh an córas ag gach céim, agus ag gach leibhéal nach sarófaí choíche na fadhbanna a bhí le réiteach. Oideachas náisiúnta Gaelach a bhí riachtanach in Éirinn, dar leis, agus ag an am sin, is é mo thuairim go ndearna sé éacht ar son oideachas na hÉireann mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha: 'If the soldier, writer and

teacher sometimes tripped one another in practical matters, Pearse was nonetheless at his peak as a theoretical educationalist.’ (Edwards, 1990, 205)

Gné eile de Ghaelú na hÉireann ab ea cur chun cinn litríocht na hÉireann. As a bhfuil pléite sa tráchtas seo, i gCaibidil a Ceathair is léir go ndearna an Piarasach sár-obair chun litríocht na Gaeilge a phoibliú agus a dhíriú i dtreo stíl agus foirm nualitríocht na hEorpa.³ Léirigh sé dearcadh fadbhreathnaitheach, forásach i dtaobh litríocht na Gaeilge sa *CS*. Pléann Aisling Ní Dhonnchadha an dearcadh seo i gcomhthéacs a ghearrscéalta féin:

Bhí Pádraig Mac Piarais, Pádraic Ó Conaire agus Piaras Béaslaí ar an dornán scríbhneoirí nach raibh faoi dhaoirse ag an meon indírthe agus an tsíorfhéachaint siar. Thuigeadar agus ghlacadar leis go bhféadfaí ábhar agus ceardaíocht na gearrscéaláíochta a fheabhsú ach féachaint i dtreo scríbhneoirí na Mór-Roinne. (Ní Dhonnchadha, 1987, 296)

Pléadh agus rinneadh léirmheastóireacht ar gach cineál litríochta sa *CS*⁴ agus thuig an Piarasach go maith an chéim a tógadh nuair a foilsíodh *Séadna* leis an An Athair Peadar: ‘Here at last is Literature [...] The appearance of *Séadna* marks an epoch for with it Ireland has once again become creative [...] The seeds of life are here.’ (‘*Séadna* and the future of Irish Prose’, *CS*, 24 Meán Fómhair 1904, 8)

Phléigh sé an ceangal idir prós na Gaeilge, caint na ndaoine agus litríocht an tseachtú haois déag.⁵ Rinne sé tagairt fosta do thábhacht fhilíocht na Mumhan san ochtú céad déag mar fhoinse staire.⁶ Creidim féin, de thoradh na hoibre seo, go raibh tuiscint domhain aige ar riachtanais na litríochta Gaelaí agus gur bhain sé úsáid as an *CS* chun an litríocht a chur chun cinn agus a dhíriú i dtreo nualitríocht na hEorpa. Phléigh sé an -chuid gnéithe de litríocht na hÉireann agus rinne sé díospóireacht ar theoiric na

litríochta Angla-Éireannaí chomh maith. Ach ar an iomlán, is léir dom ón taighde ar an *CS* gur chuir sé ina luí ar léitheoirí an *CS* gur chóir do mhuintir na hÉireann a n-aird a dhíriú ar litríocht Ghaelach thar aon litríocht eile:

An Claidheamh's views as to what is and what is not Irish Literature are well known. Literature which is in Irish is Irish Literature, literature which is not in Irish is not Irish Literature. ('About Plays and Acting', *CS*, 13 Aibreán 1907, 8)

I ndáiríre, ní féidir a shéanadh, go raibh sé chomh tógtha suas le cur chun cinn litríocht Ghaelach na hÉireann sa *CS*, gur lig sé le faillí an saibhreas a bhain le litríocht Angla-Éireannach na hÉireann. Theip air an fiúntas a bhain leis an litríocht sin a aithint i gcomhthéacs athbheochan na tíre. D'ainneoin sin d'admhaigh sé i 1907 go raibh tábhacht ar leith ag baint leis an drámaíocht Angla - Éireannach i gcomhthéacs fhorbairt ealaín na haisteoireachta i ndrámáíocht na hÉireann.⁷ D'aithin sé an gá a bhain le forbairt ealaín na haisteoireachta agus bhí an ceart aige. Chun tuiscint réadach a fháil ar chumadh drámaí, bheadh ar aisteoirí na hÉireann tuiscint a fhorbairt ar scileanna na drámaíochta Gaelaí. Ar ndóigh tá na scileanna seo á bhforbairt go fóill i gcúrsaí drámaíochta na hÉireann.

Bhain sé usaid as an *CS* chun an t-eolas a bhí aige ar fhás agus ar fhorbairt na litríochta a scaipeadh. Arís léirigh sé go raibh Gaelú na litríochta riachtanach, ionas go bhfaigheadh gnáthmhuintir na hÉireann tuiscint don litríocht ach thuig sé go maith nár leor é sin. Bheadh ar lucht a chomhaimsire múscailt agus dul sa bhfiontar chun na scileanna a threoródh iad i dtreo na nualitríochta a fhoghlaim. Bhí sé féin réidh na céimeanna riachtanacha a ghlacadh chun an chéim ar aghaidh seo a stiúradh agus chun seasamh nua-aimseartha ar litríocht na hÉireann a spreagadh: 'He was developing a position on literature far more modern in outlook than most of his League colleagues - he had one foot in the literary world outside.' (Edwards, 1990, 92)

B'amhlaidh dó faoi chúrsaí teanga sa tír. Pléadh teoiricí teanga an Phiarsaigh mar a léiríodh iad sa *CS* i gCaibidil a Cúig. Cé gur thug sé le fios dúinn sa *CS*, gurbh é ceann de na príomhchuspóirí a bhí aige, mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha, ná athbheochaint na teanga, thuig sé go maith go raibh pictiúr i bhfad níos iomláine ná sin le feiceáil. Ba í an teanga Ghaeilge bunchloch na náisiúntachta ach níorbh ionann sin agus a rá gurbh í an teanga an t-aon bhealach amháin, a bhí ag Gaeilgeoirí na tíre chun Gaelú, saoirse agus náisiúntacht iomlán na hÉireann a bhaint amach: 'As we put it a few weeks ago, the speaking of Irish is not an end but a means to an end, the end is Nationality.' ('Gleo na gCath', *CS*, 20 Lúnasa 1904, 7)

Bhí fhios aige nach mairfeadh an Teanga mura labhrófaí í. Luigh freagracht bheocht na Teanga le muintir na Gaeltachta. Sonraítear arís, an dearcadh nua-aimseartha a bhí ag an bPiarsach sa *CS* ar an seasamh a ghlac sé ar chaomhnú na Teanga. Go dtí an lá atá inniu ann, coinníodh an Teanga beo sna ceanntair Ghaeltachta de bhrí gur cuidíodh le muintir na Gaeltachta an teanga a chur chun cinn. Tugadh na seansanna a bhí tuillte acu dóibh, chun fanacht ina n-áiteanna dúchais féin agus ba shoiléire arís as sin, an fhealsúnacht gur ghné luachmhar, thábhachtach de Ghaelachas na hÉireann a bhí i labhairt na Gaeilge. Ba é sin go díreach an soiscéal a chraobhscaoil Pádraig Mac Piarais mar eagarthóir ar an *CS*: 'Is é labhairt na Gaeilge a neartú agus a chaomhnú, go háirithe sna réigiúin ina raibh sí go tréan ag an bpobal, an aidhm a chuir Conradh na Gaeilge roimhe.' (Mac Aonghusa, 1993, 2)

Mar eagarthóir ar pháipéar oifigiúil an Chonartha, rinne an Piarsach iarracht aidhmeanna an Chonartha a chomhlíonadh agus ghlac sé páirt ghníomhach in imeachtaí Chonradh na Gaeilge chun aidhmeanna an Chonartha a chur chun cinn. Pléadh tionchar thréimhse eagarthóireachta an Phiarsaigh ar Chonradh na Gaeilge i gCaibidil a Sé.

Lean sé ar aghaidh agus léirigh sé a dhiongbhailte is a bhí sé go gcuirfí aidhmeanna an Chonartha i gcrích trí na moltaí a rinne sé sa *CS* do chách, chun an teanga a choinneáil beo sna Gaeltachtaí. De dheasca mo chuid taighde, ní dóigh liom gur féidir a rá nach raibh tuiscint aige ar bhochtanas mhuintir na Gaeltachta mar gheall ar na hiarrachtaí a rinne sé a chur ina luí ar ghnáthléitheoirí an *CS*, a thábhachtaí is a bhí sé do dhul chun cinn Ghaelú na tíre, go mbeadh gach Éireannach páirteach i saol na Gaeltachta ar leibhéal amháin ná ar leibhéal eile - ó thaobh cúrsaí oideachais de, ó thaobh cúrsaí polaitíochta de, ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta de, ó thaobh cúrsaí creidimh de agus ó thaobh cúrsaí sóisialta de. Leag sé amach na teoracha ina chuid scríbhneoireachta sa *CS*. Níorbh éigean dá lucht léitheoireachta ach na teoracha amhlaidh a leanúint agus a chur i bhfeidhm. Bhí difríocht idir na teoracha a leag sé síos do Ghaeilgeoirí na tíre agus na teoracha a leag sé amach do mhuintir na Galltachta. Thuig sé nach réiteodh Gaeilge éigeantach sna scoileanna fadhb labhairt na Teanga. Chreid sé go daingean i dteoiric an Dátheangachais agus rinne sé an-iarracht an teoiric sin a fhorbairt agus a leathnú amach ar fud na tíre. Ní féidir a shéanadh go raibh gá le labhairt na Gaeilge ach ar ndóigh, ag an am sin, níor tógadh gach Éireannach le Gaeilge. Mar sin, arís bhí siad ag brath ar an gcóras oideachais chun luacha na Gaeilge agus an Ghaelachais a fhorbairt. Ní féidir a shéanadh go bhfeictear go minic i dtreo na scoileanna, sa lá atá inniu ann, chun teoiricí nua a chur i bhfeidhm. Ba é réiteach na faidhbe ná an Dátheangachas.

Duine daonlathach ab ea an Piarsach agus tuigeadh dó dá bhfaigheadh Gaeil na hÉireann an seans chun a n-intinn féin a dhéanamh suas agus a rogha eolach féin a phiocadh, go roghnóidís an Ghaeilge. Dá bhfaighidís seans an Ghaeilge a fhoghlaim mar theanga bheo, mhairfeadh sí. Diaidh ar ndiaidh shleamhnaigh an Ghaeilge isteach sna scoileanna mar ábhar éigeantach agus cuireadh béim ró-mhór ar scríbhneoireacht,

litriú agus léitheoireacht na Gaeilge. Fágadh labhairt na teanga ar lár. Dá gcuirfí cuid de theoiric an Phiarsaigh ar Dhátheangachas i bhfeidhm i gcóras oideachais na hÉireann, mar a phléigh sé é sa *CS*, bheadh seans ann go mairfeadh an Ghaeilge mar theanga bheo sna scoileanna sna ceanntair Ghalltacha, chomh maith le scoileanna eile na tíre. Phléigh Desmond Ryan teoiric an Phiarsaigh ar Dhátheangachas i dtaca le fadhb an Tuaiscirt in Éirinn. Scríobh sé gur bhraith réiteach fhadhb an Tuaiscirt ar: 'the bilingualism of Patrick Pearse and (in) the glowing faith and charity and national pride of Douglas Hyde.' (Ryan, 1939, 240)

Is féidir a rá go bhfuiltear ag dul thar fóir a rá gurbh é réiteach fhadhb an Tuaiscirt ná Dátheangachas an Phiarsaigh ach tá níos mó i gceist ná an Dátheangachas féin. Is í an fhealsúnacht dhaonlathach taobh thiar den Dátheangachas, a thugann le fios dúinn gurbh eol don Phiarsach gurbh í an teanga an eochair a d'osclódh doirse na saoirse de bhri go dtabharfadh sí seans do gach Éireannach a G(h)aelachas a chur in iúl. Ní raibh polaitíocht ná creideamh ag baint léi - teanga, agus mar gheall air sin, uirlis chumarsáide a bhí inti - uirlis a scriosfadh ballaí agus a thógfadh droichid.

Cé gur thuig an Piarsach tábhacht agus tionchar athbheochan na Gaeilge ar athbheochan na hÉireann, is léir óna thréimhse eagarthóireachta ar an *CS* gur thuig sé go mbeadh sé ró-idéalach a bheith ag smaoineamh go réiteodh athbheochan na teanga fadhbanna na hÉireann. Léiríodh an ghné seo d'eagarthóireacht an Phiarsaigh ar an *CS* i gCaibidil a Seacht. As a bhfuil curtha os ár gcomhair maidir le dearcadh an Phiarsaigh ar cheisteanna móra sa tráchtas seo, is léir go raibh tuiscint domhain ag an bPiarsach ar mhórcheisteanna na linne ach i ndáiríre, cé gur thuig sé na mórcheisteanna, nior thuig sé go hiomlán luacha ghnáthmhuintir na tíre. Rinne sé sár-iarracht a chur ina luí ar

léitheoirí an *CS* go raibh sé d'iallach orthu an 'Seóinínism', mar a thug sé féin air, a dhíbirt:

But in Ireland where wealth and power and - most insidious of all - social influence are all combined to denationalise and demoralise the people, Seóinínism is a national danger which threatens to rot the fibre of the national character. [...]What we must banish from the minds of all sections of the Irish people is that tendency toward slavish imitation which is the result and the auxiliary of Anglicisation. ('The Seóinín', *Eagarfhocal, CS*, 15 Meán Fómhair 1906, 6)

Bhíodh sé i gcónaí ag iarraidh dearcadh níos leithne a léiriú do léitheoirí an *CS* agus ba mhór an tionchar a bhí aige ar stair agus ar chultúr na tíre seo de bharr na tuairimíochta sin. Ba mhaith ab eol dó agus é i mbun eagarthóireachta ar pháipéar oifigiúil an Chonartha an chumhacht a bhí aige chun athbheochan na hÉireann a threorú i gceart. Bhí sé ag obair ar son idéil an Chonartha agus d'éirigh leis a lán gnéithe de shaol na hÉireann a fhí isteach ina chuid oibre. De bhrí gur ghlac sé seasamh oscailte, leathan mar seo maidir le cúrsaí eagarthóireachta, braitear toradh a chuid oibre, ní hamháin ar Stair na hÉireann ach fosta, ar Chonraitheoirí an lae inniu. Deir Muiris Ó Laoire:

Ní féidir a shéanadh nach raibh tionchar mór ag teoiricí agus tuairimíocht Phádraig Mhic Phiarais ar stair pholaitiúil agus chultúr na tíre seo. Ó thaobh Stair Athbheochan na Gaeilge féin de, níor samhlaíodh in aigne na ndaoine ach teoiricí an Phiarsaigh le príomhfhócas idé - eolaíocht an Chonartha, ionas go meastar fós, céad bliain tar éis a bhunaithe, gur Phiarsaigh iad baill uilig an Chonartha. (Muiris Ó Laoire: 'Athbheochan Teanga: Scéal na hEabhraise agus na Gaeilge 1880 - 1930: Tráchtas le haghaidh Chéim Dhochtúireachta 1995, Coláiste Phádraig, Má Nuad, 274)

Sílím gur léir óna bhfuil léirithe agam sa tráchtas seo ar chúrsaí na hÉireann, gur thuig an Píarsach dá n-éireodh le muintir na hÉireann dearcadh na Mór-Roinne ar chúrsaí sóisialta, ar chúrsaí polaitíochta, ar chúrsaí oideachais agus ar chúrsaí eacnamaíochta a

thuiscint, go bhfaighidís saoirse intinne ar a laghad agus as sin a d'eascródh agus a d'fhorbródh a saoirse iomlán féin. Ach i ndáiríre ba iad sin na luacha a bhí aige féin.

Tuigtear de thoradh na hoibre seo, gurbh é dul chun cinn Ghaelú na hÉireann agus fhorbairt na hÉireann a phríomhchúram mar dhuine agus mar eagarthóir. Bhíodh sé i gcónaí ag baint trialach as cibé modhanna a d'oír dó ag an am, chun an cuspóir sin a chur ar aghaidh. Léirigh Liam Ua Domhnaill ina léirmheas ar *An Macaomh* sa *CS* i 1909, gur chreid sé gurbh í an obair chéanna a bhí á déanamh ag an bPiarsach i *An Macaomh*.⁸ Ach i ndeireadh na dála spreag cuspóirí seachliteartha mórchuid scríbhneoirí de chuid na hAthbheochana⁹ agus b'amhlaidh don Phiarsach. Pléann Caerwyn Williams agus Ní Mhuiríosa (1985) an fuinneamh sin a bhí i bPádraig Mac Piarais i gcomhthéacs a chuid litríochta:

Bíodh is go raibh feith na litríochta sa Phiarsach ba le cúrsaí tírghrá agus polaitíochta agus ní leis an litríocht a chaith sé tromlach a dhúthrachta: ní chun an fheith liteartha a bhí ann a shaothrú is mó a ghabh sé don scríbhneoireacht. (Caerwyn Williams agus Ní Mhuiríosa, 1985, 363)

D'fhéach sé le saol na hÉireann a athrú. Is léir dom ón léamh atá déanta agam ar a thréimhse eagarthóireachta ar an *CS*, go ndearna sé scathántacht ar shaol na hÉireann i gcoitinne. Ní raibh na hacmhainní aige chun gach ábhar, gach fadhb agus gach ceist a phlé go mion ach thug sé léargas dúinn óna mhodh eagarthóireachta ar na hidéil a bhí aige i dtaobh dhul chun cinn agus Ghaelú na hÉireann. Is é mo bharúil gur tugadh léargas maith ar an obair a bhí idir lámha aige i *St Columbas* (iris bhliainiúil Chonradh Choilm Naofa i Má Nuad) : 'An Claidheamh is very valuable in as much as it is the mirror in which is reflected the working of that spirit which is revolutionising Ireland.' ('The Voice of Maynooth', Eagarfhocal ,*CS*. 20 Bealtaine 1905, 6)

8.3 An léargas a fhaightear ar mheon an Phiarsaigh féin mar dhuine agus mar eagarthóir nuair a bhí sé i mbun eagarthóireachta:

De thoradh mo chuid oibre ar an tráchtas seo is léir dom go mbraitear fuinneamh an Phiarsaigh ar an obair a rinne sé sa *CS*. Duine fuinniúil, bríomhar, cothrom, díograiseach a bhí ann - tréithe a shonraítear i rith a thréimhse eagarthóireachta. Dá óige is a bhí sé agus é i mbun eagarthóireachta ar an *CS*, bhí sé aibí, agus léirigh sé an cumas a bhí ann, mórcheisteanna na linne a phlé agus a chíoradh. Eagarthóir ar leith a bhí ann agus chuir sé a shéala féin ar an *CS* agus ar Éirinn. Ón obair seo is léir gur thug sé gnó ar bith, a raibh baint aige leis chun críche nuair a bhí sé ina eagarthóir ar an *CS*.

Deir Cathal Ó Háinle go raibh:

a oiread sin a dhéanamh aige go bhféadfaí a áiteamh nach bhféadfadh sé aon ní a dhéanamh ar fónamh. Ach bhí díograis an mhisiúnaí, an aspail, ag baint leis agus bhí sé suite de go raibh an ceart aige féin. Ba é sin a mhórbhua, agus a mhórlaige san am céanna. (Ó Háinle, 1979, 9)

Nuair a phléitear a dhiongbhailte is a bhí an Píarsach a thuairim féin a nochtadh i gcomhthéacs a thréimhse eagarthóireachta ar an *CS*, samhlaítear dom tar éis an saothar seo a chur le chéile gur díograis na hóige a bhí ann - díograis agus idéalachas an duine óig. Bhain sé úsáid as an mbua sin chun mórcheisteanna na hÉireann agus an domhain a phlé agus a chur os comhair a lucht léitheoireachta. De thoradh na hoibre seo, faightear léargas ar dhuine fadbhreathnaitheach, forásach, neamheaglach, neamhchlaonta a bhí toilteanach seasamh ar a bhoinn féin, agus cáineadh a ghlacadh mar rud dearfach a chuideodh le forbairt an duine. Ar ndóigh scríobh sé sa *CS*, gur rud fiúntach a bhí sa cháineadh de bhrí gur chóir do chách bheith aireach ar

neamhfhoirfeacht an duine daonna: ‘Criticism is always a compliment; to one conscious of human imperfections, unmeasured praise is an insult.’ (‘About Plays and Acting’, *CS*, 13 Aibreán 1907, 8)

Ní féidir a shéanadh go raibh meon ar leith aige. Niorbh ionann a mhodh machnaimh agus modh machnaimh an ghnáthdhuine. Bhí sé chomh tógtha suas le Gaelú agus le saoirse na hÉireann, go ndearna sé dearmad dá idéil phearsanta féin. Bhí sé difriúil ón ghnáthÉireannach ¹ ach an féidir a rá, dá thoradh sin, go raibh sé difriúil ó lucht a chomhaimsire? Ní dóigh liom é. Bhí suim ar leith acu uilig i nGaelú na hÉireann ar leibhéal amháin ná ar leibhéal eile ach ón tuiscint a fhaightear ón taighde seo, is léir dom go seasann sé amach de bharr na hoibre a rinne sé mar eagarthóir agus de dheasca na dúthrachta a léirigh sé i dtaobh na hoibre céanna:

Go fiú is mura mbeadh aon bhaint aige le cúrsaí polaitíochta agus réabhlóideachais, bheadh trácht fós ar Phádraig Mac Piarais mar phearsa eisceachtúil, neamhchoitianta agus mar oideachasóir ceannródach. (Mac Aonghusa, 1993, 68-9)

Ní féidir gan tábhacht na hoibre seo a thuiscint de dheasca an mhionléargais a fhaightear ar mheon an Phiarsaigh. Faightear léargas air ar leibhéal nach bhfaighfí in áit ar bith eile de bhri go bpléitear an oiread sin de ghnéithe áirithe de shaol an duine agus de shaol Éireannach na linne a raibh an *CS* i gcló. Nuair a bhí mé i mbun na hoibre seo, ba léir dom go bhfaighfí léargas iontach ar Ré na hAthbheochana dá ndéanfaí taighde ar iriseoireacht na tréimhse sin. Luadh an oiread sin nuachtán agus irisí de chuid na tréimhse sin sa *CS*, gurbh fhiú clárú a dhéanamh ar an litríocht, ar na léirmheasanna, ar na sleachta ar chúrsaí reatha agus ar na tuairiscí uilig a foilsíodh iontu. Tá súil agam go bhfuil tús curtha agam leis an obair sin de thoradh na hoibre seo ach go deimhin, tá an t-uafás oibre le déanamh go fóill.

